# Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais 2019

Todhchaí faoi Bhláth a Chothú



BORD BIA
IRISH FOOD BOARD



# ÁR **gCUSPÓIR**

**Táirgí sármhaithe bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a chur ar fáil don domhan uile, agus dá bharr sin fás agus inbhuanaitheacht táirgeoirí a chinntiú.**

# CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

**Cuirtear ár gcuspóir in iúl tuilleadh trí bhíthin na sé chuspóir straitéiseacha seo a leanas:**

1. Cur go gníomhach le rathúlacht agus le forbairt thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann.
2. Cur le cáil bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann, bunaithe ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe, i measc tomhaltóirí agus ceannaitheoirí trádála in áit an mhargaidh.
3. Bheith ina fhoinse údarásach do léargas straitéiseach a nascann deiseanna margaidh leis an tionscal.
4. Cur chuige comhoibríoch leis na príomhghníomhaireachaí bainteach le fónamh do bhia, deoch agus gairneoireacht na hÉireann a threorú
5. Coinneáil le deiseanna atá ag teacht chun cinn agus freagairt go gníomhach do shaincheisteanna suntasacha margaidh a bhfuil tionchar acu ar an tionscal.
6. Luach ar airgead a sheachadadh ar chaiteachas.

# RÁITEAS STRAITÉISE

Mar seo a leanas ár bhfís do thionscal bia agus dí na hÉireann, mar a chuirtear in iúl i Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2019-2021:

**Aithníonn custaiméirí mórthimpeall an domhain go bhfuil bia agus deoch na hÉireann den scoth: go bhfuil sé ar ardcháilíocht, saintréitheach, agus á ndéanamh ag raon éagsúil táirgeoirí cruthaitheacha ó ionad oileánda uathúil agus ámharach.**

**Leagann ár dtáirgeoirí síos an caighdeán domhanda i dtáirgeadh inbhuanaithe – iad ag teacht leis an bhfreagracht atá orainn go léir don phláinéad, don sochaí agus do na glúnta atá le teacht.**

**Tá gach rud againn a theastaíonn do chóras bia níos fearr, níos inbhuanaithe. Ní raibh am níos fearr riamh chun gníomhú agus sampla a thabhairt don domhan.**

Forbraíodh an Ráiteas Straitéise i gcomhthéacs athruithe sa timpeallacht oibriúcháin agus próiseas fairsing, fadréimseach rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara. Tacaíonn an Plean Straitéiseach go hiomlán le Food Wise 2025, tuarascáil an Choiste Straitéise Agraibhia, comhordaithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara (DAFM), a leagann amach an plean straitéiseach d'fhorbairt na hearnála agraibhia chomh fada le 2025, agus cuireann leis. Tá ceithre Thosaíocht Straitéiseacha aitheanta againn a bheidh mar bhunús lenár bhfís chun tacú le fás an tionscail bia, dí agus gairneoireachta.

1. **Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint**
2. **Léargas d'fhonn Fás a Chumhachtú**
3. **Cáil maidir le Fás a Thógáil**
4. **Ceannaireacht trí bhíthin Daoine**



## Á cur i láthair an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

De réir Alt 22 den Acht um an mBord Bia 1994, tá áthas ar an mBord a Thuarascáil Bhliantúil agus a Chuntais Bhliantúla a chur i láthair an Aire don 12 mhí dar críoch 31 Nollaig 2019.

**Dan MacSweeney**

Cathaoirleach

# CLÁR

## Ár nGnó


06 Figiúirí Onnmhairithe
10 Ráiteas an Chathaoirligh
18 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
36 Athbhreithnithe Earnála:
36 Feoil agus Beostoc
43 Bia agus Deochanna
51 Gnólachtaí Beaga agus an Earnáil Orgánach
56 Gairneoireacht
62 Seirbhísí


## Ár Rialachas


80 Ráiteas maidir le Rialachas agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird
88 Struchtúr Eagraíochtúil
91 Bord Bhord Bia
92 Bord Bia: Bord Bianna Tomhaltóra
93 Bord Bia: Bord Feola agus Beostoic
94 Bord Bia: Bord Déiríochta
95 Bord Bia: Bord Dearbhaithe Cáilíochta
96 Bord Bia: Bord Gairneoireachta


## Ár gCuntais


98 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
100 Ráiteas ar Rialú Inmheánach
102 Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
103 Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach
104 Ráiteas maidir le Staid Airgeadais
105 Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid
106 Nótaí atá mar Chuid de na Ráitis Airgeadais
117 Íocaíochtaí Deontais maidir le hAirgeadas Margaíochta

# ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ NA hÉIREANN (€13.2bn)


**Thaifead earnáil bia agus dí na hÉireann ardú suntasach ar luach na n-onnmhairí 2019 – ardú 8% go dtí €13.2bn. Ba é sin an chéad uair a raibh luach os cionn €13bn ar onnmhairí bia agus dí na hÉireann agus b'ionann é agus ardú 67% ar luach na n-onnmhairí bia agus dí sna deich mbliana ó 2010.**

Fás láidir 8% ba chúis le baint amach an luacha onnmhairí sin de €13.2bn nach bhfacthas riamh cheana, mar gheall ar an treocht dearfach domhanda ó thaobh soláthar/éileamh ar phróitéin ainmhíoch agus déiríocht, rud a spreag ardú leanúnach ar an éileamh ar tháirgí Éireannacha. Baineadh sin amach i dtimpeallacht trádála a bhí ag éirí níos casta an t-am ar fad, mar gheall, go príomha, ar laghdú ar an muinín as an ngeilleagar domhanda, luaineacht sna príomh-airgeadraí agus praghsanna athraitheacha tráchtearraí.

Bhí tionchar díreach ar onnmhairí bia agus dí na hÉireann ag an úsáid níos mó a bhain rialtas na Stát Aontaithe as taraifí chun beartas trádála a chur in iúl.


Chonacthas go raibh tionchar ag an timpeallacht chasta fhoriomlán sin ar fheidhmíocht earnála ar bhealaí éagsúla. Tháinig fás níos mó ná 10% ar onnmhairí déiríochta, d'ainneoin lagú ar phraghsanna roinnt de na príomh-thráchtearraí.





**8%**

**An t-ardú ar luach onnmhairí, go dtí €13.2bn**



**67%**

**An t-ardú ar luach onnmhairí sna deich mbliana ó 2010**

Sa tionscal mairteola, cuireadh béim, sa dara leath den bhliain, ar an bpraghas a bhí á íoc le táirgeoirí, mar thoradh ar na dúshláin a bhain le 2018 chomh maith le laghdú ar an éileamh sna príomh-mhargaí. D'eascair cúinsí as sin inar cuireadh dian-srianta ar onnmhairí mairteola agus uaineola ar feadh roinnt seachtainí, agus tháinig laghdú dá bharr sin ar onnmhairí sa dá chatagóir sin in 2019. Mar thoradh ar an tionchar a bhí ag Fiabhras Afracach na Muc (ASF) ar an éileamh domhanda ar phróitéin ainmhíoch, tháinig ardú suntasach ar phraghsanna muiceola, as a lean an luach ab airde riamh ar onnmhairí san earnáil sin.

Tháinig fás 12% ar Bhianna Ullmhaithe, arna spreagadh ag éileamh láidir i margadh na Ríochta Aontaithe. An rath leanúnach a bhí ar uisce beatha Éireannach sna Stáit Aontaithe an phríomhchúis le fás 20% ar an earnáil deochanna. Tháinig fás 2% go dtí €580m ar onnmhairí bia mara, agus toradh maith ar an éileamh ar tháirgí ardcháilíochta san Áise.

Táirgí déiríochta a bhí i 34% de luach iomlán na n-onnmhairí bia agus dí as Éirinn sa bhliain 2019, rud a léirigh fás as cuimse agus éileamh domhanda leanúnach. Tharla an fás sin i gcomhthéacs an linn bhainne ba mhó a chonacthas riamh agus praghsanna tráchtearra maolaithe i gcás go leor príomhtháirgí déiríochta, rud a léirigh speisialtóireacht leanúnach na hearnála agus a cumas ardphraghas a ghearradh ar tháirge.

Feoil agus beostoc a bhí i 30% den líon iomlán onnmhairí, agus mairteoil an cion ba mhó de sin. Cé go raibh praghsanna domhanda na feola láidir le linn 2019, ba dhúshlánach iad praghsanna i bpríomh-mhargaí na hÉireann; an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach, agus chuir sin brú suntasach ar tháirgeoirí mairteola agus uaineola.

Bhí bliain láidir ag uaineoil, a bhuíochas d'éileamh as cuimse ón tSín. Tháinig ardú 8% ar an luach cé nach raibh aon athrú ar an méid táirgeachta.

Pigmeat, driven by extraordinary demand from China, had a strong year with value increasing 8% while production volumes stayed flat.

**Onnmhairí Bia agus Dí na hÉireann (€m)**

| | 2018 €m | 2019(p) €m | 2019 v 2018 % +/- |
|---|---|---|---|
| Táirgí & comhábhair déiríochta | 3,992 | 4,398 | 10 |
| Mairteoil* | 2,418 | 2,346 | -3 |
| Muiceoil | 836 | 885 | 6 |
| Éineoil | 291 | 309 | 6 |
| Caoireoil | 315 | 318 | 1 |
| Ainmhithe Beo | 175 | 167 | -5 |
| Bianna Ullmhaithe | 1,855 | 2,079 | 12 |
| Deochanna | 1,553 | 1,861 | 20 |
| Bia Mara | 570 | 580 | 2 |
| Gairneoireacht & gránaigh inite | 228 | 266 | 17 |
| **BIA AGUS DEOCH IOMLÁN** | **12,233** | **13,209** | **8** |

*lena n-áirítear conamar inite

Foinse: Bord Bia/CSO


# DÁILEADH MARGAIDH ONNMHAIRÍ BIA AGUS DÍ NA hÉIREANN (%)

**Leanann éagsúlú margaidh ar aghaidh de réir mar a fhorbraíonn agus a chothaíonn onnmhaireoirí Éireannacha caidrimh i margaí úra, agus i margaí atá ag teacht chun cinn, go háirithe san Áise.**

**Léiriú ar an éagsúlú leanúnach in onnmhairí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann ab ea cinn scríbe na n-onnmhairí. An Ríocht Aontaithe a fuair 34% den líon iomlán onnmhairí, an AE a fuair 35% agus margaí idirnáisiúnta a fuair 31%. Ba é sin an chéad uair a raibh an céatadán onnmhairí iomlána chuig margaí idirnáisiúnta níos airde ná 30%.**

Onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe a bhí i 34% de na honnmhairí iomlána bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann, i gcomparáid le 37% in 2018. €4.4bn an luach iomlán a bhain le honnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe in 2019, laghdú beag i gcomparáid le 2018. Ba í sin an chéad bhliain a chuaigh cion níos mó onnmhairí chuig tíortha ilchríochach an AE, seachas chuig an Ríocht Aontaithe. €4.0bn, nó 31% den líon iomlán onnmhairí, a bhí i luach na n-onnmhairí chuig margaí idirnáisiúnta.


€4.8bn, nó 35% den líon iomlán onnmhairí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann (€13.2bn), a bhí i luach na n-onnmhairí chuig tíortha ilchríochach an AE.



**Déiríocht a bhí i**

**34%**


**den luach iomlán onnmhairí bia agus dí as Éirinn in 2019**




**Feoil agus beostoc a bhí i**

**30%**

**de na honnmhairí ar fad**


31%
Margaí Idirnáisiúnta
34%
An Ríocht Aontaithe
33%
An chuid eile den AE


2018
2019(p)
40%
30%
20%
10%
0%
37%
34%
34%
35%
29%
31%
An Ríocht Aontaithe
An chuid eile den AE
Margaí idirnáisiúnta



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

**D'ainneoin na ndúshlán mór a chonacthas sna ceannlínte arís agus arís eile in 2019, ba í ceann de na blianta ab fhearr riamh d'fheidhmíocht na hearnála agraibhia, rud a dhearbhaigh a seasamh mar fhoinse bia, dí agus gairneoireachta den scoth, a tháirgtear ar bhealach inbhuanaithe, agus a léiríonn uaillmhian na hearnála, eadhon luach a sholáthar ar bhonn feidhmíocht atá domhanda amach is amach. Agus sin á dhéanamh, thuairiscigh an tionscal dúchasach is mó in Éirinn fás ó thaobh luacha agus méide de, nuair a sháraigh onnmhairí bia, dí agus gairneoireachta €13bn den chéad uair agus iad á seoladh chuig os cionn 180 tír.**

Baineann an rath sin ó thaobh onnmhairithe de le níos mó ná feidhmíocht mhargaidh agus conairí fáis; is cuid lárnach é de chumas na hearnála agraibhia luach eacnamaíochta, fostaíocht agus maitheas sóisialta a chruthú agus a chothabháil i réigiúin tuaithe, imeallacha agus cósta na hÉireann.

Agus deireadh ag teacht leis an tréimhse deich mbliana seo, is iomaí ábhar mórtais ann sa mhéid a baineadh amach le 10 mbliana anuas. Cruthaíodh 10,000 post nua san earnáil agraibhia, rud a fhágann go bhfuil sí freagrach as 173,000 post nó 7.7% d'fhostaíocht iomlán na hÉireann. Díol suntais é gur as an earnáil sin a thagann tuairim is 10% d'onnmhairí iomlána na hÉireann agus 23% de láimhdeachas thionscal déantúsaíochta na tíre. Is tábhachtach freisin go bhfuil an rannchuidiú eacnamaíochta iontach sin chun tairbhe phobail agus theaghlaigh ar fud na tíre. Is ionann é agus fás agus inbhuanaitheacht. Faoi choimirce Food Wise 2025 de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus trí bhíthin rannpháirtíocht i gclár Origin Green de chuid Bhord Bia, tá an tionscal agraibhia, ar leibhéal na feirmeoireachta, an táirgeora agus an phróiseálaithe, tiomanta fás agus luach a sholáthar, trí bhíthin chleachtais inbhuanaithe lena gcinnteofar go leanfaidh feirmeoireacht theaghlaigh dá ról lárnach ó thaobh an timpeallacht tuaithe a mhaoirsiú.

Cé go raibh go leor gnéithe dearfacha i scéal 2019, bhí dúshláin ann freisin in earnálacha áirithe. Níorbh fhéidir a sheachaint, is dóigh, i bhfianaise na luaineachta polaitiúla as cuimse a chonacthas sa Ríocht Aontaithe mar thoradh ar an mBreatimeacht, go mbeadh tionchar aige sin ar mheon na dtomhaltóirí agus an lucht ghnó ansin. Braitheadh an tionchar iarmhartach sin níos gaire don bhaile, agus laghdú ar an éileamh ar mhairteoil mar chuid den chúis leis na praghsanna níos ísle a íocadh le feirmeoirí mairteola.



**10,000**

**post cruthaithe san earnáil agraibhia le deich mbliana anuas**



**tá an earnáil freagrach as**

**10%**

**d'onnmhairí iomlána na hÉireann**




Léiriú ar fhrustrachas a bhí san imshuí ar shaoráidí próiseála ar feadh roinnt seachtainí, tréimhse thar a bheith dúshlánach don earnáil uile. Táthar ag súil go rannchuideoidh na comhráite agus pléití a rinneadh i measc páirtithe leasmhara ó shin, agus tionscnaimh amhail an Tascfhórsa an Mhargaidh Mairteola, a bhfuil Bord Bia ina chomhalta de, le torthaí níos dearfaí do chách sa bhliain amach romhainn. Seachas an Breatimeacht, d'imir dúshláin pholaitiúla eile tionchar ar tháirgeoirí. Tá béim níos mó tagtha ar tharaifí, le blianta beaga anuas, mar bhealach le hagóidí trádála domhanda a bhainistiú, agus in 2019 chuir SAM taraif 25% ad valorem ar raon earraí AE mar thoradh ar an straitéis sin, rud a d'imir tionchar díreach ar onnmhairí déiríochta na hÉireann. Mura ndéantar an cinneadh sin a fhreaschur go luath, beidh tionchar aige ar onnmhairí luachmhara ime agus licéar uachtair chuig SAM in 2020 agus ina dhiaidh.

Anuas ar chinnteoireacht pholaitiúil, braithfidh feidhmíocht onnmhairithe ar chúrsaí soláthair agus éilimh domhanda, cúrsaí nach féidir a thuar, go minic. Chonacthas sin in 2019, mar ab amhlaidh le blianta roimhe sin, nuair a bhí tionchar ag eachtraí adhaimsire amhail triomach, tuile agus hairicíní, chomh maith le fadhbanna sláinte ainmhí, amhail Fiabhras Afracach na Muc (ASF), ar an aschur i roinnt de na príomhréigiúin táirgeachta bia ar domhan. Bhí iarmhairtí aige sin ar phraghsanna na bpríomh-thráchtearraí. Is dócha gurbh é an sampla ba mhó den chineál sin géarchéime i rith na bliana, an drochthionchar amach is amach a bhí ag ASF ar tháirgeadh i gcodanna móra den Áise, agus sa tSín ach go háirithe. Cé go bhfuil tús curtha leis an táirgeadh a atógáil sa tSín, níl soláthar in ann freastal ar an éileamh, agus beidh tionchar aige sin ar shreafaí trádála domhanda sa mhuiceoil agus i bpróitéiní eile go ceann tamall maith. In 2019, bhí an bhearna sin sa soláthar chun leasa tháirgeoirí Éireannacha agus rannchuidigh go díreach leis an líon is mó onnmhairí muiceola as Éirinn a chonacthas riamh. Bhí éifeacht ag droch-choinníollacha, lena n-áirítear triomach i roinnt den Eoraip, ar phraghsanna tráchtearraí eile.


Ba mhór idir an suaitheadh domhanda agus an táirgeadh talmhaíochta in Éirinn. Bhaineamar tairbhe as coinníollacha aeráide a bhí go maith, tríd is tríd, sa bhliain 2019. Tháinig feabhas mór ar fhás féir, ar thorthaí agus ar leas ainmhithe i gcomparáid le 2018 agus tháinig laghdú ar an ngá le bia ainmhithe a cheannach. Thug sé sin faoiseamh d'fheirmeoirí a raibh orthu déileáil le coinníollacha aimsire thar a bheith dúshlánacha in 2018. Sholáthair sé feabhsúcháin freisin, i dtéarmaí ualaí conablach níos mó. De réir Teagasc, tháinig ardú 7% ar an meánioncam feirme in 2019. Is ceart breathnú air sin i gcomhthéacs an dianlaghdú 21% a tharla in 2018, áfach.

Laghdú beag ar a n-ioncam an cás d'fheirmeoirí mairteola agus tharla sin, go príomha, mar gheall ar an gcúnamh eisceachtúil a fuair siad ag tús na bliana ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.



**€4.4bn**

**- luach iomlán na n-onnmhairí déiríochta**



**28%**

**- Ardú ar onnmhairí ime Éireannaigh**




Mar a tugadh ar aird níos luaithe, rinneadh sin a fhritháireamh i mbliain inar tháinig laghdú ar an soláthar eallaí, lagú ar an éileamh sa Ríocht Aontaithe agus inar tharla imshuí ag príomh-áiseanna próiseála na tíre. Laghdú ar onnmhairí mairteola agus uaineola an toradh air sin. Tháinig laghdú 7% go dtí €2.25bn ar onnmhairí mairteola agus tháinig laghdú comhchosúil, go dtí €294m, ar onnmhairí uaineola. Maidir leis an earnáil déiríochta, ar tháinig méadú an-tapa ar a lorg carbóin le blianta beaga anuas, bhí cúrsaí níos dearfaí. D'ainneoin praghsanna tráchtearraí a bheith ag titim, go háirithe i margadh an Aontais Eorpaigh, tháinig ardú 10% ar onnmhairí déiríochta iomlána, agus baineadh amach luach €4.4bn ina leith. Léiriú é rath na hearnála ar a cumas leanúnach leas a bhaint as sreafaí luacha brabúsacha. Tharla feidhmíocht an-mhaith ar feadh go leor margaí agus catagóirí éagsúla. Díol suntais ina measc siúd ab ea an t-ardú go dtí €218m a tháinig ar onnmhairí ime Éireannaigh chuig SAM, ardú 28% ar an mbliain roimhe sin, rud a rannchuidigh le luach foriomlán de €1.1bn a bhaint amach d'onnmhairí ime. Ba shuntasach i gcónaí é luach na n-onnmhairí déiríochta chun na Síne, arbh ionann iad agus €584m in 2019; an margadh tosaíochta idirnáisiúnta ba mhó d'onnmhairí déiríochta Éireannacha.

## Cuireadh fáilte roimh fhás ar agus ar mhéid na n-onnmhairí iomlána bia agus dí in 2019, mar athrú ar an meath ar luach a chonacthas i bhfeidhmíocht na bliana roimhe.

Rud eile a rannchuidigh leis sin ab ea an t-ardú 10% go dtí €2.32bn ar luach na n-onnmhairí bia ullmhaithe; ardú 8% go dtí €1.45bn ar luach onnmhairí alcóil Éireannaigh; ardú 6% go dtí €605m ar luach onnmhairí bia mara; agus ardú 8% go dtí €248m ar luach onnmhairí gairneoireachta agus gránach inite.

Ar ndóigh, fiú in earnálacha ina dtaifeadtar fás láidir, ní bheidh an fás sin aonfhoirmeach nó gan fadhbanna nó srianta suntasacha. Tá samplaí de sin i measc thorthaí an tionscail in 2019 ach, mar sin féin, ní mór breathnú ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán mar dhearbhú soiléir ar a chumas fás láidir, inbhuanaithe agus éagsúil a sholáthar, agus, trí bhíthin sin a dhéanamh, rannchuidiú le todhchaí dearfach agus cobhsaí do na mílte duine a bhraitheann ar an earnáil agraibhia dá slí bheatha. Is fiú aird a thabhairt freisin ar an méadú ar mhuinín agus ar chumas an tionscail cé go raibh éiginnteacht mhór ann uaireanta. Cé acu arbh é an bhagairt ó Bhreatimeacht gan mhargadh, éiginnteacht eacnamaíochta domhanda, luaineacht sna príomh-airgeadraí, luaineacht i bpraghsanna tráchtearraí nó taraifí a úsáid i mbeartas trádála, ba mhinic go raibh timpeallachtaí trádála deacra ag onnmhaireoirí na hÉireann, ach d'éirigh leo fás a sholáthar d'ainneoin na ndúshlán sin. I bhfianaise an luaineacht atá fós ann sa pholaitíocht agus san



**10%**

**- Ardú ar luach na n-onnmhairí bia ullmhaithe**

eacnamaíocht domhanda, ní dócha go dtiocfaidh deireadh leis na dúshláin sin go luath sa todhchaí. Mar sin féin, is féidir breathnú ar na figiúirí trádála a baineadh amach in 2019, ní hamháin mar dheireadh oiriúnach le deich mbliana a raibh fás mar bhunús leo, ach mar bhonn le dul chun cinn sna deich mbliana amach romhainn, ina bhféadfaidh an tionscal a bheith ag súil le cur leis an seasamh atá aige i margaí reatha agus dul isteach i margaí nua brabúsacha.

## DÚSHLÁN AN BHREATIMEACHTA

Bhí an Breatimeacht i measc na bpríomhábhar polaitíochta domhanda in 2019 agus ina ábhar an-tábhachtach do thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann. Dhealraigh sé níos mó ná uair amháin go bhféadfadh an Ríocht Aontaithe imeacht ón Aontas Eorpach 'gan mhargadh', rud a chruthaigh baol ó thaobh teorainn chrua ar oileán na hÉireann agus cur isteach nach bhfacthas a leithéid riamh cheana ar mhargadh atá thar a bheith tábhachtach. Cé gur cuireadh deireadh leis an mbaol sin, go héifeachtach, faoi dheireadh na bliana, tá ceist ann i gcónaí faoin gcaidreamh a bheidh idir Éirinn agus an Ríocht Aontaithe sa todhchaí. Beidh an cruth deiridh a bheidh air cinntitheach maidir leis an tionchar ar onnmhairí Éireannacha chuig an Ríocht Aontaithe. Ina theannta sin, tá ábhair imní mhóra fós ag lucht an tionscail iascaireachta, a bhfuil rochtain ar uiscí na Ríochta Aontaithe ríthábhachtach dóibh, maidir le cur isteach a d'fhéadfadh tarlú amach anseo.

D'ainneoin an atmaisféir pholaitiúil achrannaigh, ba thimpeallacht chobhsaí a bheag nó a mhór d'onnmhaireoirí a bhí sa Ríocht Aontaithe ó thaobh na heacnamaíochta de sa bhliain 2019. Bhí feidhmíocht láidir ag formhór na n-earnálacha, seachas an earnáil feola. Bhain soláthróirí déiríochta agus alcóil ach go háirithe tairbhe as cur chuige todhchaíochta stocála.

Ón mbliain 2016 i leith, cuireann uirlis anailíse riosca Bhord Bia, an Baraiméadar Breatimeachta, ar chumas Bhord Bia monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar dhúshláin an Bhreatimeachta, agus freagra a thabhairt orthu, agus a lúb aischothaithe láidir a úsáid chun tacaíocht agus faisnéis bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil. Sa tuarascáil is déanaí ón mBaraiméadar Breatimeachta a eisíodh i lár 2019, chonacthas dul chun cinn suntasach ar feadh an tionscail, maidir le slabhra an tsoláthair, custaim, bainistíocht malairte eachtrach, caidrimh le custaiméirí agus éagsúlú.

Fuarthas go raibh pleananna agus gníomh maidir leis an mBreatimeacht á dhéanamh ag 93% de na freagróirí, arbh ionann iad agus 72% de na honnmhairí ar fad chuig an Ríocht Aontaithe. Bhí mapáil ghníomhach déanta ar a slabhra soláthair ag 89% de ghnólachtaí. Léiríodh leis na torthaí sin gur thuig onnmhaireoirí na hÉireann gur ghá an caidreamh trádála le custaiméirí sa Ríocht Aontaithe amach anseo a bhainistiú ar bhealach straitéiseach agus caolchúiseach.

## AN COMHTHÉACS IDIRNÁISIÚNTA

Cé gur shaincheist trádála a bhí go mór chun tosaigh don tionscal é an Breatimeacht, níorbh é an t-aon cheann é. D'éirigh an teannas idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an tAontas Eorpach in olcas agus bhí iarmhairtí díreacha aige sin ar an tionscal anseo, nuair a thug SAM isteach taraifí ar raon earraí ón AE, lenar áiríodh táirgí déiríochta amhail im, cáis agus licéar uachtair. Cé nach riosca díreach d'agraibhia na hÉireann a bhí ann, cuireadh imní in iúl go forleathan san earnáil feirmeoireachta nuair a tugadh Comhaontú Comhlachas AE-Mercosur chun críche i lár 2019, i ndiaidh scór bliain d'idirbheartaíocht. Má dhaingneofar an comhaontú, tiocfaidh méadú mór ar an sreabhadh mairteola ó Mheiriceá Theas go dtí an AE. Níltear cinnte go ndaingneofar é, áfach, de bharr an imní a cuireadh in iúl go forleathan faoin tionchar atá ag an bhfeirmeoireacht mairteola ar an gcomhshaol, sa Bhrasaíl ach go háirithe. Tharla an-chuid triomaigh, tuile, agus stoirmeacha ar fud na cruinne in 2019 agus bhí tionchar aige sin ar shaolta na milliúin duine. Mar chuid den éileamh ar gníomh láidir chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, cuirfear níos mó agus níos mó béime ar chleachtais talmhaíochta.

Agus dlús á chur leis an móiminteam i dtreo na hinbhuanaitheachta, beidh ceannaireacht na hÉireann ina leith, go háirithe trí bhíthin an chláir Origin Green, ina buntáiste d'Éirinn sa mhargadh idirnáisiúnta agus seans maith go mbeidh sí ina teimpléad don ghníomhú a leanfaidh tíortha eile amach anseo.

Níos gaire don bhaile, beidh sraith iarmhairtí ag imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach a bheith ábhartha go díreach d'agraibhia na hÉireann in 2020. Trí bhíthin an buiséad foriomlán a bheidh ar fáil don Aontas Iomlán a laghdú go mór, is dóigh go n-imreofar tionchar ar chinnteoireacht an Choimisiúin Eorpaigh i dtaca leis an gComhbheartas Talmhaíochta (CAP) as seo go ceann deich mbliana. Cé nach n-imreofar tionchar ar an sprioc maidir le hearnáil talmhaíochta inbhuanaithe agus iomaíoch a thógáil san Eoraip, seans go n-éireoidh cúrsaí dúshlánach do na hacmhainní a bheidh ar fáil chun an sprioc sin a bhaint amach, agus chun tacú leis na feirmeoirí ar mian leo aistriú chuig cleachtais feirmeoireachta nua nó malartacha.

Dhá phríomh-shaincheist a d'aithin eacnamaithe a raibh fás eacnamaíochta maolaithe mar thoradh orthu in 2019 a bhí sa Bhreatimeacht agus sa teannas ó thaobh na trádála domhanda ar tháinig méadú air. Amhail dheireadh na bliana, thuar an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta fás domhanda 3.2% don bhliain, ag méadú go 3.5% in 2020. Thuar an Coimisiún Eorpach fás 1.9% ar an OTI sa limistéar euro in 2019, ag titim go 1.1% in 2020. Thuar an Bank of England scéal comhchosúil don Ríocht Aontaithe, agus OTI do 2019 tuartha le bheith idir 1.2-1.5%, ag maolú go 1% in 2020. Cé gur cheap go leor daoine go mbeadh cúlú eacnamaíochta ann, áfach, ba ghné choiteann ar fud an gheilleagair dhomhanda a bhí i dteacht aniar an chaiteachais tomhaltóirí. Príomhcheist maidir le 2020 ab ea conas é sin a chothabháil i gcomhthéacs raon dúshlán domhanda.

Léirigh praghsanna tráchtearraí seintimint ghnó mhaolaithe in 2019 agus laghdú mar threocht ghinearálta. Cuireadh laghdú ar phraghsanna ola a bhuíochas de theannas geopholaitiúil agus an bhagairt ó laghdú ar an éileamh. Mar chodarsnacht, ardú an treocht a bhí ag Praghasinnéacs Domhanda Bia an FAO. I mí na Samhna 2019, ba 177.2 pointe an meánmhéid a bhí aige, ardú 9.5% ón mbliain roimhe. Ardú ar phraghsanna próitéiní agus plandolaí ba chúis leis sin, agus b'ionann é agus an pointe ab airde le dhá bhliain anuas don Inneács. Bhí Praghasinnéacs Déiríochta an FAO 6% níos airde i mí na Samhna ná mar a bhí an bhliain roimhe agus bhí Praghasinnéacs Feola an FAO 17.2% os cionn an fhigiúir i mí na Samhna 2018. Thuar an FAO go mbainfeadh táirgeadh bainne domhanda 852m tonna amach sa bhliain 2019, ardú 1.4% bliain ar bhliain. Thit táirgeadh feola domhanda 1% bliain ar bhliain, síos go dtí 335m tonna.

Bhí bliain láidir ag an euro in aghaidh an steirling in 2019, ach léiríodh muinín in airgeadra na Ríochta Aontaithe arís faoi dheireadh na bliana nuair ab ionann 85p agus euro amháin. Mar chodarsnacht, tháinig laghdú ar luach an steirling in aghaidh an dollair - $1.14 ag tús na bliana agus $1.10 ag deireadh na bliana. Cuirfidh onnmhaireoirí fáilte roimh steirling lag, áfach, agus iad ag plé le dúshláin na dtaraifí sa bhliain amach romhainn.

**Leanadh leis an bpatrún d'fhás láidir ar gheilleagar na hÉireann sa bhliain 2019. Thuar an Coimisiún Eorpach fás eacnamaíochta 5.6% don tír, an fás ab airde san Aontas Eorpach.**

Ráta measartha boilscithe a bhí ann i gcónaí, 0.8%, ardú codánach ar fhigiúr 2018, agus thit an ráta dífhostaíochta go dtí 5%. Mheas an Coimisiún Eorpach go dtitfeadh ollfhiachas poiblí mar chéatadán den OTI go dtí 59% in 2019, ó 63.6% an bhliain roimhe.

Cé gur thit rangú na hÉireann ar Innéacs Iomaíochais Dhomhanda an Fhóraim Eacnamaíoch Dhomhanda, ón 23ú go dtí an 24ú háit, rangaíodh í sa 7ú háit ar domhan as 63 thír, maidir le hiomaíochas, i dtuarascáil ón scoil ghnó IMD atá lonnaithe san Eilvéis.

## RÁITEAS STRAITÉISE

Leagtar amach sa cháipéis Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú, Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2019-2021, pleananna uaillmhianacha na heagraíochta maidir le rath thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a fhás sna blianta sin ina mbeidh athruithe, dúshláin agus deiseanna nach bhfacthas riamh cheana. Léiríonn teideal na straitéise coincheap aontaitheach maidir le 'fás inbhuanaithe difreáilte' don tionscal, agus aithnítear sa cháipéis trí chatagóir athruithe a bhfuil tionchar díreach acu ar an tionscal. Tugann sí an bonneagar straitéiseach lena dtacóidh Bord Bia leis an tionscal bia, dí agus gairneoireachta chun dul i ngleic leo.

Aithníodh an trí chatagóir athruithe mar:

Macrafhórsaí an athraithe: na fórsaí sóisialta, teicneolaíochta, timpeallachta, eacnamaíochta agus polaitiúla a mhúnlaíonn agus a athmhúnlaíonn an timpeallacht ghnó ina bhfeidhmíonn an tionscal. Áirítear orthu sin:

- **Ardú ar an gcaomhnaitheacht**
- **Méadú fíorthapa ar uirbiú**
- **Cumhachtú eacnamaíoch méadaitheach na mban**
- **Sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar an 'Seanaois'**
- **Céimeanna saoil agus struchtúir teaghlaigh atá ag athrú**
- **Nascacht dhigiteach atá ag fás**
- **Brú méadaitheach ar an gcomhshaol**
- **Ardú ar ghalair neamhtheagmhálacha**

Comhrianta bia: na hathruithe agus an t-athailíniú sa chóras bia domhanda a bhfuil tionchar acu ar an tslí a n-aimsítear, a dtáirgtear agus a n-ithear bia. Áirítear orthu sin:

- **Brúnna nua ar phacáistiú**
- **Nuálaíocht talmhaíochta chun éifeachtúlacht a mhéadú**
- **Trédhearcacht cumasaithe don teicneolaíocht**
- **Ceannach faoi threoir ag algartaim**
- **Dearcthaí athraitheacha ar fheoil**
- **Inspioráid ar líne**
- **Bia mar leigheas**
- **Cur isteach ar chainéil**
- **Táirgí bia ilroinnte**

Treochtaí tomhaltóra: Léiríonn siad seo athruithe i ndearcthaí, luachanna agus iompar a thiomáineann athruithe i roghanna tomhaltóirí agus a thugann aghaidh ar a gcuid riachtanas. Déanann clár Treochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra de chuid Bhord Bia treochtaí a rianú ar bhonn leanúnach.

Ag eascairt as an tuiscint sin, tá ceithre thosaíocht straitéiseacha aitheanta don tréimhse 2019-2021 do Bhord Bia:

### 1 Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint

### 2 Léargas d'fhonn fás a chumhachtú

### 3 Cáil maidir le fás a thógáil

### 4 Ceannaireacht trí bhíthin daoine

Dearbhaíodh ionchais maidir le hathruithe, dúshláin agus deiseanna sa chéad bhliain den straitéis seo. Agus an straitéis mar thacaíocht threorach dó, tá Bord Bia tiomanta dul chun cinn a dhéanamh le béim ghéar ar ghníomhartha a dhéanfaidh difear san earnáil onnmhairithe agus bainistithe cainéal. Tabharfaidh sí léargais a chumasóidh an chinnteoireacht is fearr is féidir, a chuirfidh béim arís ar dhintiúir inbhuanaitheachta na hÉireann, agus a leanfaidh den infheistiú i ndaoine mar shócmhainní ríthábhachtacha sa difreáil iomaíoch agus san fhás.

I gcáipéis na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara dar teideal Food Wise 2025, tugtar an bonneagar straitéiseach trína ndéanann Bord Bia a rannchuidiú ar leith le rath earnáil agraibhia na hÉireann. Leagtar amach in Food Wise 2025 teilgin fáis uaillmhianacha bunaithe ar fhás inbhuanaithe ar onnmhairí agus is cosúil go mbainfear amach an sprioc maidir le honnmhairí bliantúla bia agus dí dar luach €19bn a ghnóthú faoin mbliain 2025, agus go gcruthófar 23,000 post nua breise agus é sin á bhaint amach.

## CONCLÚID

I mbliain ina raibh bagairtí agus éiginnteachtaí nach bhfacthas riamh cheana, is údar sásaimh é 2019 a thaifeadadh mar bhliain inar filleadh ar fhás ó thaobh toirte agus luacha de, maidir le honnmhairí bia agus dí na hÉireann. Trí bhíthin luach iomlán onnmhairí €13.2bn a bhaint amach, d'athdhearbhaigh an tionscal a sheasamh mar rogha soláthróra bia agus dí inbhuanaithe, ardcháilíochta, do chustaiméirí domhanda. Dearbhaíodh sa bhliain 2019 freisin gur ann fós do dhúshláin iarbhíre, maidir lena chinntiú go bhféadfaidh an fhís ó thaobh thionscal bia, dí agus gairneoireachta inbhuanaithe toradh inbhuanaithe a sholáthar do na príomh-sholáthróirí. Ba bhliain lán dúshlán agus údar imní don iliomad feirmeoirí agus iascaigh a bhí in 2019. De bharr go bhfuil an Breatimeacht ina ghné lárnach de go leor de na dúshláin a tháinig chun cinn, níl ann do réitigh éasca ná tapa, ach is ann do chúiseanna dóchais go bhfeicfear tuilleadh dul chun cinn agus réitigh sa bhliain 2020.

**Maidir leis an tionscal bia agus dí go ginearálta, breathnófar ar 2019 mar bhliain inar neartaíodh an tuiscint nach bhfuil gaireacht gheografach ná ailíniú cultúrtha ina réamhriachtanais don fhás a thuilleadh. Féadfaidh tionscal bia agus dí na hÉireann labhairt faoi láithreacht níos suntasaí anois, i níos mó margaí a sholáthraíonn níos mó luacha ná mar a bhfacthas riamh cheana. Léiriú air sin é an t-ardú os cionn €900m ar luach onnmhairí le linn na bliana. Cé go bhfuil srianta ann i roinnt catagóirí ó thaobh leathnú amach ar bhonn domhanda, tá sé ag éirí níos soiléire agus níos soiléire nach ann do shrianta ó thaobh uaillmhianta an tionscail tríd is tríd.**

Sa chéad bhliain de straitéis trí bliana nua Bhord Bia, creidim go bhféadfaimid labhairt go muiníneach faoinár gcumas méadaitheach cur lenár líon cliant agus éascaíocht a dhéanamh do thionscal atá ag éirí níos compordaí lena seasamh domhanda. Trí bhíthin The Thinking House, tá ról lárnach á imirt ag Bord Bia maidir le smaointeoireacht straitéiseach agus gníomhartha chuideachtaí bia agus dí na hÉireann a éascú, faisnéis a thabhairt dóibh agus iad a chur chun cinn. Trí bhíthin Origin Green, táimid ag tacú le díograis na gcuideachtaí sin a ndintiúir a léiriú, mar cheannairí sa táirgeadh inbhuanaithe. Ba mhór an onóir dom fónamh i mo Chathaoirleach sa bhliain thábhachtach agus spéisiúil seo. Ba phléisiúr agus ba phribhléid dom fónamh i gcomhar le bord éirimiúil agus dícheallach a bhí tiomanta gan staonadh do ghníomhartha cuiditheacha agus táirgiúla a chuir ról agus cuspóir Bhord Bia chun cinn. Is mian liom buíochas agus ómós a chur in iúl do mo chomhghleacaithe agus do chomhaltaí na gcúig fho-bhord, agus d'fhoireann feidhmiúcháin Bhord Bia, faoi cheannas cumasach an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin Tara McCarthy.

Is maith a thuigim gur iomaí duine sa phobal feirmeoireachta a chuir bliain dhúshlánach agus dheacair isteach, agus gur iomaí duine sa phobal iascaireachta atá beagán buartha faoin todhchaí. Ní fhéadfaidh mé ach deimhniú a thabhairt daoibh go ngeallaimid cabhrú libh i gcónaí, bealach ar bith is féidir linn. Creidimid go bhfuil ár straitéis rialaithe, Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú, Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2019-2021, leagtha amach chun sin a éascú.

Is mian liom freisin buíochas a chur in iúl as tacaíocht agus tiomantas an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD, agus an Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle, TD, a d'oibrigh gan staonadh, ina ról faoi seach, chun leasa an tionscail in 2019.

Agus sinn ár n-ullmhú féin chun dul i ngleic leis na dúshláin nach bhfacthas a leithéid cheana a tháinig chun cinn sa bhliain 2020, is mór an sásaimh dom fáilte a chur roimh an gcéad Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara eile, Charlie McConalogue, TD. Tá comhpháirtíocht láidir idir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Bord Bia le fada an lá, maidir le dul i ngleic leis na dúshláin a mbíonn tionchar acu ar an tionscal, agus táimid ag súil le bheith ag obair leis an Aire chun cur leis an gcomhpháirtíocht sin sna blianta amach romhainn.

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an Ard-rúnaí, Brendan Gleeson, agus le gach ball foirne sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. A bhuíochas do chomhoibriú agus do chomhpháirtíocht, neartaíomar an tionchar a bhíonn ag na gníomhaíochtaí uile a ndéanaimid i gcomhar. Fuaireamar tacaíocht thar a bheith luachmhar ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, mar is gnách, rud a chuir ar ár gcumas doirse ar fud an domhain a oscailt do thionscal bia agus dí na hÉireann.

Neartaíodh an comhoibriú lenár gcomh-eagraíochtaí Stáit le linn 2019 agus gabhaim buíochas le Teagasc, le Bord Iascaigh Mhara, le Fiontraíocht Éireann agus le hOifig na nOibreacha Poiblí as a gcuid tacaíochta agus comhoibrithe. Ar deireadh, gabhaim buíochas lena Shoilse, Uachtarán na hÉireann Micheál D. Ó hUigínn, as a ról mar phátrún Bloom agus as a thacaíocht leanúnach do theachtaireacht na hinbhuanaitheachta i ngach a ndéanann sé.

Féachann Bord Bia le sármhaitheas a sholáthar thar ceann an tionscail ar an bhfónann sé, agus cheiliúir sé 25 bliain ar an bhfód dó sa bhliain 2019. Le linn na tréimhse sin, tá athrú agus leathnú tagtha ar Bhord Bia, ar go

leor bealaí. Daoine gairmiúla tiomanta a d'oibrigh ann i gcónaí, daoine a bhfuil an-spéis acu sa tionscal bia, dí agus gairneoireachta agus daoine atá tiomanta luach a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara.

Tá an comóradh 25 bliain seo á cheiliúradh againn le teachtaireacht a thugtar go han-soiléir sa cháipéis straitéiseach reatha: is iad na daoine an acmhainn is fearr a bhí ag Bord Bia riamh.

Is cúis áthais dom a lua go ndearnadh ceiliúradh i rith na bliana ar cháil Bhord Bia mar chomhpháirtí a bhfuil muinín as i measc lucht an tionscail agus na dtomhaltóirí, nuair a rangaigh staidéar bliantúil RepTrak® 2019 Bord Bia mar an eagraíocht is creidiúnaí in Éirinn.

D'ainneoin na ndúshlán, na héiginnteachta agus na ndeiseanna ar dhócha a dtiocfadh chun cinn in 2020 agus an tuarascáil seo á hullmhú, tá athrú mór tagtha ar na dúshláin, ar an éiginnteacht agus ar na deiseanna a luadh mar thoradh ar an ngéarchéim Covid-19.

Agus sinn ag athrú ó bhliain amháin lena bhain a lán dúshlán agus éiginnteachta go dtí ceann eile, tá aghaidh á thabhairt againn rud nach raibh aon súil leis agus nach bhfacthas a leithéid riamh cheana: Covid-19 agus an scrios a chuir sé ar an saol agus ar ár ngeilleagar. Cé nach féidir linn an tionchar deiridh a bheidh aige a thuar fós, níl amhras ach go n-oibreoidh Bord Bia agus gach ball foirne ann gan staonadh chun leasa feirmeoirí, táirgeoirí agus an tionscail níos leithne, agus sinn ag dul i ngleic leis an dúshlán ollmhór seo.

Mar fhocal scoir, tugaim dearbhú go mbeidh an díograis agus an uaillmhian mar shaintréith dár bhfeidhmíocht sa bhliain amach romhainn, ar an gcaoi chéanna is a bhí siad san am atá caite.

**Dan MacSweeney**

Cathaoirleach

*Tá tuilleadh eolais agus nuashonruithe faoi ghníomhaíochtaí Bhord Bia le fáil ag* ***www.bordbia.ie*** *nó trí bhíthin sinn a leanúint ar líne ag* ***www.facebook.com/bordbia*** *nó* ***Twitter@bordbia.***





# Athbhreithniú an **Phríomhfheidhmeannaigh**

**Sa bhliain 2019, ba bheag nár chruthaigh cúrsaí polaitiúla idirnáisiúnta, go háirithe an éigeandáil maidir leis an mBreatimeacht, briseadh géarchúiseach sa tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann, ach tháinig téarnamh mór ar an bhfás ar luach onnmhairí Éireannach freisin, mar thoradh ar fhás leanúnach agus éagsúlú láidir margaidh.**

€13.2bn an luach a bhí ag onnmhairí bia, dí agus gairneoireachta in 2019. B'ionann sin agus ardú 8% ar a luach, i gcomparáid le 2018, agus ardú 5% ar an méid. Ciallaíonn sin gur tháinig fás eisceachtúil €900m ar onnmhairí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann le linn na bliana.

Is léir gur fheidhmíocht fíormhaith a bhí ansin, i dtimpeallacht thar a bheith éiginnte, ní hamháin maidir leis an mBreatimeacht, ach maidir leis an timpeallacht trádála domhanda tríd is tríd. Thaispeáin an fheidhmíocht sin an patrún fáis a bhí mar shaintréith de na deich mbliana seo caite. Ní scéal é a bhí gan castacht agus dúshláin, ar ndóigh, agus braitheadh tionchar an Bhreatimeachta go hindíreach agus go láidir, mar sin féin, i seintimint maolaithe tomhaltóirí agus san fhás mall eacnamaíochta sa Ríocht Aontaithe, rudaí ba chúis le laghdú ar an éileamh i roinnt príomhchatagóirí. Mairteoil an chatagóir onnmhairí bia agus dí Éireannacha ba mhó ar imríodh tionchar air, nuair a thit luach na n-onnmhairí 15% de bharr laghdú ar éileamh i gcainéil seirbhíse bia ach go háirithe. Bhí iarmhairtí díreacha aige sin ar an earnáil feirmeoireachta a bhí ag streachailt cheana féin leis na dúshláin a tháinig chun cinn in 2018. Chuir imshuí grúpaí feirmeoireachta ag monarchana próiseála feola ar feadh roinnt seachtainí i Lúnasa agus Meán Fómhair tuilleadh brú ar fheidhmíocht onnmhairithe mairteola agus uaineola . Táthar ag súil go gcruthóidh seintimint tomhaltóra níos fearr sa Ríocht Aontaithe in 2020, in éineacht le tuilleadh éagsúlaithe sa mhargadh d'onnmhairí mairteola, chomh maith le comhphlé níos fearr i measc páirtithe leasmhara, comhthéacs níos dearfaí don fhás sa bhliain seo chugainn.

Géarú ar an éagsúlú margaidh a bhí mar théama i mbeagnach gach earnáil d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann i mbliana. Chonacthas sin sa mhiondealú ar sciar an mhargaidh, agus An Chuid Eile den AE ag glacadh le formhór na n-onnmhairí den chéad uair riamh; 35%, i gcomparáid le 34% don Ríocht Aontaithe agus 31% do mhargaí idirnáisiúnta. Ardú €400m ar onnmhairí chuig Mór-roinn na hEorpa ba chúis leis an athchalabrú sin, agus ardú €500m ar onnmhairí chuig margaí idirnáisiúnta, in aghaidh fheidhmíocht sách cobhsaí sa Ríocht Aontaithe. Cé gur féidir breathnú ar fheidhmíocht margaidh i mbliain amháin ar bith mar 'ghrianghraf' den tréimhse seachas mar fhianaise ar threocht chinnte, níl aon amhras ach go dtreisíonn feidhmíocht 2019 an tuairim gur ar bhonn idirnáisiúnta amach is amach atá na deiseanna fadtéarmacha d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann. Níltear ag déanamh beag de thábhacht na Ríochta Aontaithe dár dtionscal, ach ní mór fáilte mhór a chur roimh chumas onnmhaireoirí leas a bhaint as deiseanna nua agus a gcríocha a leathnú amach ar bhealaí suntasacha.

Tá Bord Bia tiomanta le fada an lá tacú le honnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe agus don éagsúlú margaidh, agus tá an dá rud sin neadaithe i nDifreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú, Ráiteas Straitéise 2019-2021.



Cuirtear an tiomantas sin in iúl go hinbhraite trí bhíthin an iliomad clár agus gníomh de chuid Bhord Bia; leathnú straitéiseach a oifigí idirnáisiúnta; agus tionscnaimh amhail Origin Green, lena dtugtar seasamh ceannaireachta do thionscal bia agus dí na hÉireann sa díospóireacht dhomhanda faoin inbhuanaitheacht. In 2019, lean Baraiméadar Breatimeachta dá ról a fheidhmiú, maidir le hanailís bunaithe ar fhíricí a chur ar fáil ar shuíomh an tionscail i bhfianaise na ndúshlán arna gcruthú ag imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus maidir lena chur ar chumas Bhord Bia acmhainní agus tionscnaimh a dhíriú ar na háiteanna ina raibh tacaíocht de dhíth. Dearbhaíodh le sonraí ó 2019 go raibh mais chriticiúil bainte amach ag cuideachtaí Éireannacha ó thaobh dul i ngleic le go leor de na dúshláin arna gcruthú ag an mBreatimeacht. Cé gur seachnaíodh Breatimeacht gan mhargadh ar deireadh in 2019, níl aon amhras ach go gcuirfidh na hullmhúcháin atá déanta ar chumas onnmhaireoirí na hÉireann freagairt níos muiníní a thabhairt nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcéim aistrithe in 2020 agus nuair a thosóidh an caidreamh nua idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe.

Go hidirnáisiúnta, ba thorthúil taighde Bhord Bia in 2019 ar na deiseanna á gcur i láthair ag príomh-mhargaí tosaíochta. Bhí róil ag obair an líonra oifigí thar lear, ag eagrú mhisin trádála shaindírithe agus ag eolas faoi mhargaí a bheith á fhorbairt ag The Thinking House, d'fhonn cur leis an bhfeasacht faoi na deiseanna arna soláthar ag na margaí sin. In go leor cásanna, dearbhaíodh an poitéinseal sin sa bhliain 2019 trí bhíthin ardú mór ar onnmhairí.

## Anailíse earnála

Baineadh amach an filleadh ar fhás luacha sa tionscal bia agus dí, lenar baineadh amach onnmhairí €13.2bn, an figiúr ab airde riamh, trí bhíthin fheidhmíochtaí láidre earnála i raon leathan margaí. Cé gurbh é an Breatimeacht an dúshlán ba mhó d'onnmhaireoirí, bhí éiginnteachtaí agus luaineachtaí eile i margaí ar fud an domhain chomh maith. D'éirigh le honnmhaireoirí plé go rathúil leis na dúshláin sin ach úsáid chliste a bhaint as faisnéis faoi mhargaí, bainistiú láidir a dhéanamh ar chaidreamh le custaiméirí, bheith iomaíoch ó thaobh praghsanna agus sruthanna luacha nua a fhorbairt.

Dearbhaíodh ról an táirge onnmhairithe is mó in Éirinn – déiríocht – mar cholún lárnach sa tionscal bia agus dí in 2019 nuair a tháinig fás 11% go dtí €4.4bn ar onnmhairí. Ag tógáil ar leibhéil fáis chomhchosúla le blianta beaga anuas, ba shuntasach feidhmíocht 2019 i bhfianaise na bpraghsanna maolaithe do thráchtearraí déiríochta ar fud an Aontais Eorpaigh agus buaic a bheith sroichte leis an éileamh ar phúdair chothaithe speisialaithe i margadh na Síne. Ina theannta sin, cruthaíodh castacht nach bhfuil ag teastáil ag an taraif ad valorem 25% a chuir SAM ar earraí déiríochta ón AE i mí Dheireadh Fómhair, a mbeidh an tionchar is dírí aige ar onnmhairí ime, cáise agus licéar uachtair na hÉireann, castacht is dóigh a mbeidh tionchar aici ar fheidhmíocht in 2020. D'ainneoin an méid sin, baineadh amach fás tuairim is €400m ar luacha agus éagsúlú mar shaintréith den dul chun cinn agus den fhás sin. Tá an tSín agus SAM ar chinn de na ceithre mhargadh onnmhairithe is fearr don earnáil anois. B'fhiú €584m na honnmhairí déiríochta chuig margadh na Sine in 2019. Cé go bhfuil lorg idirnáisiúnta seanbhunaithe ag onnmhairí ime, púdar speisialaithe agus licéar uachtair na hÉireann, bhí bliain mhaith ag an earnáil a bhraith go traidisiúnta ar an Ríocht Aontaithe. I rith na bliana, ghlac margaí sa chuid eile den AE le buaicphointe stairiúil de 32% d'onnmhairí cáise na hÉireann agus ghlac margaí idirnáisiúnta le 23%. Comhartha maith é sin don straitéis maidir leis an riosca a bhaineann le bheith ag brath an iomarca ar mhargadh na Ríochta Aontaithe a mhaolú, agus baineadh sin amach trí bhíthin tuiscint dhomhain ar riachtanais an tomhaltóra i margaí tosaíochta. Maidir leis an earnáil feola agus beostoic, torthaí measctha a baineadh amach in 2019. Thit luach foriomlán onnmhairí 1% go €3.9bn agus dea-scéal a bhí ann do chatagóirí amhail muiceoil agus éineoil. Maidir le muiceoil, cuireadh borradh 14% faoi onnmhairí go dtí beagnach €1bn a bhuíochas d'ardú tobann ar phraghsanna tráchtearraí domhanda i lár na bliana, mar thoradh ar thionchar an ASF sa tSín. Toradh as cuimse don chatagóir a bhí ann. Tháinig fás níos measartha 5% ar an éileamh ar éineoil freisin, agus b'fhiú €305m an líon iomlán onnmhairí. Le fás 48% ar luach onnmhairí éineola Éireannaí chuig an gcuid eile den AE dearbhaíodh an patrún éagsúlaithe sa tionscal Maidir le catagóir onnmhairí feola na hÉireann, ba bhliain dúshlánach don mhairteoil a bhí in 2019, ar go leor bealaí. Mar gheall ar éileamh maolaithe sa chroí-mhargadh, an Ríocht Aontaithe, agus ar an imshuí ag monarchana feola a chuir deireadh le honnmhairí ar feadh roinnt seachtainí, bhí laghdú 7% ar onnmhairí ag deireadh na bliana, i gcomparáid le 2018, arbh fhiú iad agus €2.25bn.


Bhí bliain dhúshlánach ag táirgeoirí uaineola freisin. Bhí soláthar láidir ag an Ríocht Aontaithe chuig Mór-roinn na hEorpa agus ba bheag éilimh a léirigh na príomh-mhargaí, rud a mhaolaigh feidhmíocht onnmhairí.
Bhí tionchar ag an imshuí ag monarchana feola ar onnmhairí freisin, rud a d'fhág nár baineadh leas as roinnt príomh-dheiseanna onnmhairithe sna míonna deiridh den bhliain. Luach foriomlán de €294m a luadh le honnmhairí uaineola, síos 7% ar 2018.

Bhí feidhmíocht láidir in 2019 ag bianna tomhaltóra ullmhaithe, lena n-áirítear feoil bhreisluacha agus bia mara, deochanna neamh-mheisciúla, píotsaí agus earraí bácúis, agus bianna ullmhaithe, lena n-áirítear púdair déiríochta saibhrithe. Tháinig fás ar luach na dtáirgí sin. B'fhiú €2.66bn bianna tomhaltóra ullmhaithe i rith na bliana, ardú ó €2.5bn in 2018, feidhmíocht a bhí nasctha go mór le tuilleadh dul i bhfód i príomh-mhargaí i Mór-roinn na hEorpa, amhail an Fhrainc, an Ghearmáin, an Bheilg agus an Eilvéis. Tháinig fás 12% go dtí €2.32bn ar luach na n-onnmhairí bianna ullmhaithe, a bhuíochas d'athbheochan san fhás ar onnmhairí púdar déiríochta saibhrithe, i ndiaidh roinnt blianta d'fhás ciúin.



**12%**

**An t-ardú ar luach bianna ullmhaithe in 2019**



**8%**

**An t-ardú ar onnmhairí dí**

Tá suíomh uathúil ag earnáil dí na hÉireann i stair chultúir agus eacnamaíochta na tíre agus í ar cheann de na hearnálacha a raibh an fheidhmíocht ab fhearr aici le blianta beaga anuas. Tháinig ardú ar luach onnmhairí go dtí €1.45bn, ardú 8% ar an bhfigiúr in 2018, agus uisce beatha a threoraigh cuid mhaith den fhás sin.





B'ionann onnmhairí uisce beatha agus líon iomlán de €727m in 2019, ardú beagnach ceithre oiread ar luach na n-onnmhairí a taifeadadh ag tús na 2000idí. Is é SAM an margadh is mó, gan amhras, ach tháinig margaí nua chun cinn freisin, amhail an tSeapáin, an margadh is mó san Áise d'uisce beatha Éireannach. Rinneadh onnmhairí €10m chuici in 2019.

Sa tSín, ní raibh feidhmíocht na hearnála bia mara ró-mhaith in 2019 mar gheall ar dhianchuótaí do phríomhspeicis, cur isteach ollmhór ar an táirgeadh bradáin orgánaigh ag deireadh na bliana agus laghdú ar an éileamh ar roinnt phríomhspeiceas sliogéisc. D'ainneoin sin, léirigh onnmhaireoirí solúbthacht agus díograis ach ardú 6% go dtí €605m a chur ar luach onnmhairí.

Baineadh sin amach trí bhíthin fheidhmíocht láidir sna margaí nua agus seanbhunaithe. Rinneadh go maith sa Ríocht Aontaithe ach go háirithe; tháinig fás 11% go €53m ar onnmhairí. A bhuíochas d'fhás éachtach 40%, ardaíodh onnmhairí chun na Síne go dtí €51m, agus bhí feidhmíocht mhaith margaidh i dtíortha amhail an Nigéir, an Éigipt agus an tSeapáin.

Cuireadh fáilte roimh an téarnamh ar an earnáil gairneoireacht inite in 2019, i ndiaidh blianta dúshlánacha, mar thoradh go príomha ar steirling lag, Tháinig fás 8% go dtí €248m ar líon iomlán na n-onnmhairí. Ba iad muisiriúin agus gránaigh ba mhó a bhí i gceist, agus is í an Ríocht Aontaithe an príomh-mhargadh dóibh. B'fhiú €104m na honnmhairí muisiriún, ardú 4% ar 2018. Chabhraigh an bhéim ar thorthaí táirgiúlachta, táirgí ar luach níos airde agus boilsciú ar phraghsanna miondíola le borradh a chur faoi thorthaí. B'ionann gránaigh agus onnmhairí €94m, agus ba é Tuaisceart Éireann an príomh-mhargadh. Bhí onnmhairí cobhsaí €18.5m ag an earnáil gairneoireachta taitneamhachta.

## Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú

Ba í 2019 an chéad bhliain inar cuireadh straitéis trí bliana Bhord Bia, Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú, i bhfeidhm. Tugtar ceithre cholún straitéiseacha sa straitéis, ina leagtar amach gníomhaíochtaí agus cláir Bhord Bia don tréimhse 2019-2021. Mar a thug an Cathaoirleach ar aird ina ráiteas, tá na colúin straitéiseacha sin ceaptha cur ar chumas na heagraíochta freagairt do riachtanais an tionscail ar an mbealach is éifeachtaí is féidir i dtréimhse d'athrú nach bhfacthas riamh cheana. Tá targaidí agus príomhtháscairí feidhmíochta leagtha amach ag Bord Bia maidir lena sheirbhísí a sholáthar sa tréimhse trí bliana, lena dtugtar creat chun dul chun cinn agus rath a thomhas.

Tá an Ráiteas Straitéise ceaptha tacú le Food Wise 2025, plean straitéiseach na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, maidir le forbairt na hearnála agraibhia amach go 2025.

Sa chuid seo a leanas den Tuarascáil Bhliantúil, leagtar amach gníomhaíochtaí Bhord Bia in 2019 de réir mar a thagann siad leis na ceithre cholún straitéiseacha:

1. Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint
2. Léargas d'fhonn fás a chumhachtú
3. Cáil maidir le fás a thógáil
4. Ceannaireacht trí bhíthin daoine

# COLÚN STRAITÉISEACH 1: **RATHÚLACHT AGUS FÁS SA MHARGADH A THIOMÁINT**

*Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh*

Go bunúsach, is ionann tacaíocht Bhord Bia do thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann agus gealltanas cúnamh a thabhairt do chumas fáis na hearnála agus an cumas sin a fhorbairt.

Éilíonn an tosaíocht straitéiseach, rathúlacht sa mhargadh a thiomáint, cuir chuige éagsúla a léiríonn na riachtanais le haghaidh léargais, ullmhaithe agus forbairt an mhargaidh, chun dul sa tóir ar fhás.

Mar léiriú air sin, is féidir na gníomhartha agus na cláir a ndéantar faoin gcolún straitéiseach seo a dheighilt ina dtrí fho-shraith:

- Ullmhú margaidh
- Ábhair chliaint a ghiniúint agus gníomhachtú margaidh
- Comhpháirtíochtaí straitéiseacha

## Ullmhú margaidh

Cuimsítear raon leathan scileanna agus forbartha straitéisí le gníomhaíochtaí Bhord Bia um ullmhú margaidh agus tá siad ceaptha eispéiris rathúla a chinntiú do chliantchuideachtaí agus iad ag iontráil i margaí. Leagtar béim ar straitéis margaíochta tráchtála, forbairt cumais, slabhra soláthair agus eolas faoin margadh trí bhíthin chreat Bhord Bia, Plan to Grow. In 2019, leagadh amach sprioc le go bhfaigheadh 120 cuideachta tacaíocht chun ullmhú don mhargadh agus ghlac thart ar 35 chuideachta páirt i gcuairteanna chun iad a ullmhú le hiontráil sa mhargadh.

## Forbairt ar straitéis earnála

Agus aitheantas á thabhairt don ghá le straitéisí earnála atá domhain agus cothrom le dáta chun tuiscint níos fearr ar na margaí ina bhfeidhmíonn siad a thabhairt do chuideachtaí, forbraíodh raon leathan tuarascálacha léargais mhargaidh in 2019 agus roinneadh leis an tionscal iad. Áirítear orthu:

- Straitéis don Mhargadh Déiríochta
- Straitéis don Mhargadh Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe
- Straitéis do Ghnólachtaí Beaga
- Straitéis don Mhargadh Feola
- Straitéis don Mhargadh Biotáille (2020-2022)

## Straitéis Margaíochta Tráchtála a Fhorbairt

Déanann foireann forbartha cumais Bhord Bia straitéisí margaíochta tráchtála a chruthú i gcomhar le cliantchuideachtaí trí bhíthin thionscnaimh amhail ceardlanna grúpa, sráid-dreacha, taighde leabharlainne agus ceardlanna agus cruinnithe saincheaptha do chuideachtaí. Le linn 2019, tugadh 17 dtionscadal cliaint chun críche. Tionóladh sraith ceardlann um straitéisí margaíochta tráchtála le cliaint ar leithligh freisin.

## Pleananna cliant comhpháirtí

Ag tosú i mí na Samhna 2019, tá tionscnamh nua tugtha isteach ag Bord Bia lena ndéanann cliantchuideachtaí pleananna saincheaptha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, pleananna ina leagtar amach go soiléir na gníomhaíochtaí agus na tionscnaimh a chruthóidh fás sa bhliain amach rompu. Leis na pleananna sin, tugtar clár oibre soiléir, uainithe do Bhord Bia, le go mbeidh sé ina chomhpháirtí soláthair. Ghlac cúig chuideachta dhéag sa chéad leathadh amach den tionscnamh sin.

## Cúrsaí Digiteacha

Tionóladh trí cheardlann cliaint in 2019 le 43 cliantchuideachtaí agus rinneadh ceithre thionscadal um margaíocht dhigiteach. Bhí dioplóma creidiúnaithe um fhorbairt ghairmiúil mar chuid de chlár 2019 freisin.

## Clár Barainneachta don Ghairneoireacht

Rinneadh tuairim is 13 thionscadal faoin gClár Barainneachta don Ghairneoireacht i rith na bliana, agus thuairiscigh rannpháirtithe coigiltis shuntasacha agus arduithe ar tháirgiúlacht mar thoradh ar rannpháirtíocht. Beidh athbhreithniú agus meastóireacht deiridh bliana ar an scéim mar fhaisnéis do ghníomhaíochtaí cláir amach anseo.

## Clár Barainneachta do Tháirgeoirí Muc

Soláthraíodh 29 dtionscadal faoin gClár Barainneachta do Tháirgeoirí Muc, tionscnaimh 'barainneachta' agus 'plus' ina measc. Scaipfear an méid a foghlaimíodh ón gclár go luath in 2020.

## Clár na hEorpa um Lipéad Príobháideach

Agus é ceaptha cabhrú le cuideachtaí Éireannacha straitéisí um lipéad príobháideach a chur chun cinn i margaí nua, soláthraíodh raon seisiúin shaincheaptha.

## Seimineár Margaíochta Feola

D'fhreastail os cionn 180 toscaire ar an Seimineár Margaíochta Feola bliantúil. Díríodh ar nuashonruithe agus réamhaisnéisí um an fhorbairt margaidh agus cuireadh tacaíochtaí Bhord Bia don earnáil in iúl.

## Lá Oscailte na nGnólachtaí Beaga

Leis an seimineár bliantúil seo, tugadh deis do Bhord Bia an raon iomlán acmhainní a chuireann sé ar fáil do tháirgeoirí beaga bia a thaispeáint, chomh maith leis an tacaíochtaí arna gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí eile. D'fhreastail os cionn 140 ar an ócáid.

## Seimineár Beostoic agus Bia Mara le Bord Bia agus an Roinn Talmhaíochta

Bhí an ócáid seo, ar ar fhreastail 25 ionadaí ar an earnáil onnmhairithe beostoic, ceaptha nuashonrú ar fhorbairtí agus tacaíochtaí margaidh a thabhairt.

## Scileanna Idirbheartaíochta do Ghnólachtaí Beaga

Tá an tionscnamh seo ceaptha uirlisí a thabhairt do ghnólachtaí beaga chun a scileanna idirbheartaíochta a fheabhsú agus iad ag labhairt le ceannaitheoirí. D'fhreastail ionadaithe ar 20 cliantchuideachtaí ar an ócáid.

## Na Meáin Shóisialta do Ghnólachtaí Beaga

Deis do ghnólachtaí beaga tuiscint a fháil ar an tslí a bhféadfaidh ardáin meán sóisialta cabhrú le caidreamh le sprioclucht féachana. D'fhreastail os cionn 20 ionadaí ar chuideachtaí ar an ócáid.

## Ceardlann um Éagsúlú Cainéal

Ceardlann do chuideachtaí a fhreastalaíonn ar an gcainéal miondíola in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe faoi láthair ar mian leo straitéis um dhul isteach sa tseirbhís bhia a fhorbairt. D'fhreastail ionadaithe ar 35 chuideachtaí ar an gceardlann.

## Clár Deontais (MAP) agus an Clár Athraithe Céime (SCP)

Fuarthas 175 iarratas ar dheontas 2019. Bhain 150 le MAP, 14 le MAP agus SCP araon, agus 11 le SCP. Ceadaíodh deontais dar luach iomlán €1,022,500 do 156 chuideachta.

## Ullmhú don Bhreatimeacht

Ó 2017, tá tomhas á dhéanamh ag Baraiméadar Breatimeachta Bhord Bia ar dhul chun cinn an tionscail, agus sonraí mar fhaisnéis ag a thosaíochtaí cláir.

In 2019, rinne 130 cuideachta an Baraiméadar Breatimeachta, arbh ionann sin agus 72% de na honnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe. Astu sin, thug 93% le fios go raibh siad i mbun pleananna agus gníomhartha maolaithe agus dúirt 89% gur mhapáil siad a slabhra soláthair, as a lean straitéisí níos láidre um bhainistiú caidreamh. Sheol an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD, an Baraiméadar an 25 Meitheamh.

Ar an méid a lean go díreach as torthaí ón mBaraiméadar Breatimeachta bhí forbairt ar Chlár Ullmhaithe Custaim. Faoi dheireadh 2019, bhí páirt glactha ag 133 chuideachta, arbh ionann sin agus 51% d'onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe. Dhírigh an Cheardlann um Meantóireacht agus um an slabhra soláthair don Bhreatimeacht ar thuiscint chliaint ar lóistíocht, riachtanais chustaiméirí agus bainistiú slabhra soláthair. Amhail dheireadh na bliana, bhí an cheardlann agus an mheantóireacht déanta ag 84 chliant.

## Ábhair chliaint a ghiniúint

Agus é ceaptha tacú le cliaint chun díolachán a ghiniúint, cabhraíonn gníomhaíochtaí Bhord Bia um ábhair chliaint a ghiniúint agus a thiontú le cliantchuideachtaí nascadh le líonra teagmhálacha na heagraíochta, cruinnithe a shocrú laistigh de mhargaí, agus páirt a ghlacadh i gcainteanna agus in idirbheartaíochtaí atá in ann aistriú ina sruthanna nua ioncaim. Cuireann líonra oifigí Bhord Bia thar lear acmhainn thábhachtach ar fáil chun an chéim sin den fhorbairt ghnó a fhorbairt. In 2019, a bhuíochas de ghníomhaíocht Bhord Bia sa réimse sin, gineadh 1,592 ábhar cliaint nua agus eagraíodh 1,183 chruinniú le ceannaitheoirí dá bharr.

Ar shamplaí de ghníomhaíochtaí den sórt sin a rinneadh in 2019 bhí:

- **an Afraic:** Faoi dheireadh 2019, bhí tuairim is 35 chruinniú le ceannaitheoirí tugtha chun críche, le cliantchuideachtaí agus le miondíoltóirí amhail PicknPay agus Shoprite.
- **Meiriceá:** Tionóladh tuairim is 43 chruinniú le ceannaitheoirí i rith na bliana le cuideachtaí lena n-áirítear Whole Foods agus B&A Brokers (an tOirthuaisceart & Florida).
- **An Áise:** In Singeapór (agus Tóiceo), tionóladh 129 gcruinniú le ceannaitheoirí, le cuideachtaí amhail Tung Lok Restaurant Group (An Áise Thoir Theas), Angliss, agus Classic Fine Foods. In Shang-hai, tionóladh 93 chruinniú le ceannaitheoirí, le gnólachtaí amhail JD.com, Hema, an déantúsóir déiríochta Yilli agus an chuideachta déiríochta Mengiu.
- **an Eoraip:** Tionóladh tuairim is 52 chruinniú le ceannaitheoirí in Dusseldorf, le cuideachtaí amhail Aldi Sud, EDEKA, Metro agus Frittenwerk. In Londain, tionóladh 87 ócáid um chruinniú le ceannaitheoirí leis na miondíoltóirí agus gnólachtaí móra go léir sa Ríocht Aontaithe amhail McDonalds agus Hilton Hotels. In Maidrid, óstáladh tuairim is 79 gcruinniú le ceannaitheoirí le cuideachtaí amhail El Corte Ingles, Mercadona, Alcampo agus Serpeska. In Milano, tionóladh 46 chruinniú le ceannaitheoirí le cuideachtaí amhail Carrefour, Conad, Amadori agus Coop. Tionóladh 81 chruinniú le ceannaitheoirí i bPáras le cuideachtaí amhail Promocash, Monoprix, Picard agus Metro.
- **An Meánoirthear:** In Dubai, tionóladh 68 gcruinniú le ceannaitheoirí le himdháileoirí amhail Fresh Express agus le miondíoltóirí amhail Carrefour Group, Spinney's, Waitrose agus Choithrim.

## Aontaí trádála

Ghlac Bord Bia páirt i 38 n-aonach trádála ar fud an domhain in 2019. Áiríodh orthu 11 san Áise, 13 san Eoraip agus trí cinn i SAM. Óstáladh 125 thaispeántóir ar leithligh ag seastáin trádála Bhord Bia ag ócáidí uathúla ar ar fhreastail 960,000 cuairteoir.

## Cuairteanna ceannaitheora agus misin trádála

- **Misean Trádála, an tSín:** Dhírigh an misean trádála i mí na Bealtaine ar fheoil agus déiríocht








agus bhí sé leagtha amach chun tarlú an t-am céanna leis an ócáid trádála SIAL in Shang-hai.

- **Misean trádála, an tSeapáin agus an Chóiré:** Ghlac cúig chuideachta feola agus déiríochta Éireannacha dhéag páirt sa mhisean, inar chuir saineolaithe an dá mhargadh i láthair agus inar tugadh sraith seimineár chun na caighdeáin 'is fearr san aicme' atá ag Éirinn maidir le táirgeadh bia a chur chun cinn.
- **Misean trádála, an Eoraip:** I mí na Samhna agus i mí na Nollag 2019, thug Bord Bia agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoin gcéad mhisean trádála chuig an Eoraip, ag díriú ar an Ísiltír agus ar an nGearmáin.
- **Cuairteanna isteach ó cheannaitheoirí:** Bíonn Bord Bia ina óstach ar chlár leathan cuairteanna ceannaitheoirí chun na hÉireann gach bliain. In 2019 áiríodh orthu sin ceannaitheoirí eallach beo ón Ailgéir agus ón Éigipt, agus iad a thabhairt chuig feirmeacha agus áiseanna tógála eallach a d'oirfeadh dá riachtanais. Mar chuid d'fheachtais Mairteola agus Uaineola an AE, ghlac oifigigh rialtais, agus lucht trádála agus na meán ón tSín páirt i gcuairteanna chun na hÉireann. Óstáladh ceithre chúrsa taistil ceannaitheora do chuideachtaí atá lonnaithe in Shang-hai, agus díríodh ar bhia mara agus ar fheoil. Óstáladh ceithre chúrsa taistil ceannaitheora do lucht na Seapáine agus díríodh ar allmhaireoirí bia mara agus feola. Socraíodh cúrsaí taistil do chuairteoirí is miondíoltóirí san Ísiltír, sa Ghearmáin, sa Fhrainc, san Iodáil, sa Spáinn, sa tSualainn, sa Pholainn agus sa Ríocht Aontaithe. Óstáladh dhá chúrsa taistil ceannaitheora do mhiondíoltóirí lonnaithe in Dubai.

## Gníomhachtú margaidh

Le leathnú líonra domhanda Bhord Bia, éascaíodh a bhearta chun gairmithe a chur i ngníomh i níos mó margaí agus, dá bharr sin, cliaint a nascadh le deiseanna. Cuid thábhachtach de sin é cur le tuiscint na gcliant ar an tslí a bhfeidhmíonn cainéil mhiondíola, seirbhíse bia agus déantúsaíochta i dtíortha faoi leith. I measc na ngníomhaíochtaí um ghníomhachtú margaidh a rinneadh in 2019 bhí:

- **An Áise:** Promóisean miondíola ar bhia mara agus deochanna i dtimpeallacht miondíola na Seapáine; promóisin feola, déiríochta agus bia mara i dtimpeallachtaí miondíola agus ar líne sa tSín.
- **An Eoraip:** Promóisin mairteola, uaineola agus cáise feirme sa timpeallacht miondíola san Ísiltír; clár laethanta blaiseadh mairteola mar phromóisean le custaiméirí is comhpháirtithe straitéiseacha sa Ghearmáin; promóisin mairteola agus uaineola i dtimpeallachtaí miondíola agus seirbhíse bia sa Fhrainc; promóisin mairteola agus bradáin sa Spáinn; promóisin mhiondíola mairteola agus bradáin san Iodáil; promóisin uaineola i dtimpeallachtaí seirbhíse bia sa tSualainn; agus taispeántais deochanna ag ócáid trádála biotáille sa Ríocht Aontaithe.
- **An Meánoirthear:** Promóisin bradán i siopaí in Dubai agus ócáid trádála a dhírigh ar Iftar (briseadh an troscaidh i rith Ramadan) le taispeántas de bhia Éireannach.

## Nuashonrú ar Marketplace

I ndiaidh Marketplace International in 2018, thug taighde iardain in 2019 le tuiscint gur ordaíodh luach €32m de tháirgí faoi dheireadh na bliana. As sin, bhain €9.4m le ceannaitheoirí ón tSín, an luach ba mhó a thuairiscigh margadh ar bith.

## Comhpháirtíochtaí straitéiseacha

Tugann Bord Bia faoi raon clár trína dtacaítear le caidrimh ghnó níos dlúithe le príomhchustaiméirí i margaí agus i gcainéil éagsúla. Éascaíonn siad sin tuiscint níos doimhne ar thosaíochtaí straitéiseacha na gcustaiméirí agus na honnmhaireoirí móra le cliantchuideachtaí agus tacaíonn siad le seasamh foriomlán na hÉireann mar sholáthróir réitigh agus an rogha comhpháirtí soláthair.

Seoladh an clár forbartha soláthróra *Grow with Aldi* i gcomhar le Bord Bia in 2018 agus an aidhm leis, cuideachtaí nua Éireannacha a aimsiú le bheith ina soláthróirí do shiopaí an mhiondíoltóra in Éirinn. In 2019, roghnaíodh thart ar 35 sholáthróir le bheith ar an liosta de sholáthróirí i siopaí Aldi ar bhonn trialach, ag tosú go luath i mí an Mheitheamh.

Mar ullmhúchán do bhliain iomlán ar an liosta, roghnaíodh cúig chuideachta chun páirt a ghlacadh i gceardlann bainistithe tráchtála i mí Iúil.

Tionóladh ceardlanna soláthróirí dar teideal *Lidl Kick Start* i mí an Mhárta agus i mí Iúil le haghaidh 40 cuideachta a ghlac páirt i dtriail phromóisin choicíse i siopaí Lidl in Éirinn, i mí Mheán Fómhair.

Reáchtáiltear *FoodService Academy* de chuid Bhord Bia i gcomhar le Musgrave

MarketPlace thar cheithre mhí agus is ceardlanna agus meantóireacht atá i gceist leis. Tugadh cuireadh do 10 gcuideachta páirt a ghlacadh i gclár na bliana 2019 agus bhí seacht gcuideachta curtha ar an liosta faoi dheireadh na bliana. Measadh gurbh fhiú €100,000 an luach díolachán do sholáthróirí Foodservice Academy 2019.

# COLÚN STRAITÉISEACH 2: **LÉARGAS D'FHONN FÁS A CHUMHACHTÚ**

*Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh*

Chun fás láidir agus inbhuanaithe a bhaint amach do thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann, teastaíonn tuiscint dhomhan ar na margaí agus ar na tomhaltóirí a bhfuil gnólachtaí na hÉireann ag díriú orthu. Léirítear gealltanas Bhord Bia maidir le léargas a thiomáineann fás i sraith chuimsitheach seirbhísí a dhíríonn ar thuiscint cheart ar dheiseanna margaidh agus ar iompraíocht tomhaltóirí a chothú. Faoi stiúir The Thinking House, mol taighde agus nuálaíochta den scoth de chuid Bhord Bia, féadtar gníomhaíochtaí léargais a dheighilt ina gceithre fho-shraith:

- Léargas Tomhaltóra agus Cultúir
- Treochtaí, Fadbhreathnaitheacht agus nuálaíocht
- Forbairt branda
- Léargas agus faisnéis faoin margadh

## Léargas Tomhaltóra agus Cultúir

Cuimsíonn léargais Bhord Bia táirgeoirí, feirmeoirí, margaí, cainéil, earnálacha agus léargais chultúir. Leis an gcur chuige fairsing seo, aithnítear go bhféadfaidh gach aschur den sórt sin foinsí idirdhealaithe iomaíoch a thiomáineann fás gnó ar fáil. In 2019, áiríodh ar na príomhtháscairí feidhmíochta chun léargas margaidh a sholáthar:

- Pleananna a fhorbairt do 40% de na cliaint chomhpháirtí chun príomhriachtanais seirbhíse a shainaithint.
- Rannpháirtíocht 30 cliantchuideachta i dtionscadail shaincheaptha léargais
- A chinntiú gur fhreastail ar a laghad 25% de chliaint ar sheisiúin bhliantúla léargais
- Ar a laghad 12 ócáid léargais tomhaltóra/ chultúir sa bhliain a óstáil
- Sástacht cliant ar a laghad 65% a bhaint amach in aiseolas ar ócáidí léargais
- Trí thionscadal léargais chultúir a sholáthar mar lón eolais d'aontaí nó misin trádála

## Treochtaí, fadbhreathnaitheacht agus nuálaíocht

Cuireann The Thinking House léargais dhoimhne ar threochtaí margaidh agus tomhaltóra ar fáil chun cláir nuálaíochta a spreagadh, cláir a dhíríonn ar an tomhaltóir, a thacaíonn le táirgí nua a fhorbairt agus a chabhraíonn le caidrimh níos doimhne a chothú le custaiméirí agus páirtithe leasmhara tábhachtacha. Áiríodh ar threochtaí, cláir agus ceardlanna in 2019:

Rinne an staidéar leanúnach domhanda ar Threochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra fiosrú ar shé phríomhthreocht tomhaltóra agus ar an tslí a bhfeidhmíonn siad trí bhíthin táirgí agus brandaí ag teacht ar an bhfód. Cuireadh na treochtaí is déanaí i láthair ag ceardlanna i mí Dheireadh Fómhair ar ar fhreastail níos mó ná 40 cuideachta.

- **Treochtaí Pacáistithe:** Staidéar domhanda ar threochtaí atá ceaptha fiosrú a dhéanamh ar na nuálaíochtaí is déanaí agus dea-chleachtas pacáistithe.
- **Future of Food 2044:** Déantar fiosrú sa staidéar fadbhreathnaitheachta seo ar threochtaí agus ar shaincheisteanna straitéiseacha. Tá torthaí le cur in iúl don tionscal in 2020.
- **Clár Tomhaltóra Taste n' Tell:** Leis na huirlisí seo, déantar coincheapa agus táirgí a thástáil le tomhaltóirí ar shlí chainníochtúil agus cuirtear ar chumas cliant feidhmíocht a smaointe agus a dtáirgí a thomhas. Tugadh faoi ocht dtionscadal in 2019.
- **Cláir Nuálaíochta Saincheaptha:** Amhail dheireadh na bliana, bhí Bord Bia ag obair le seacht gcliant ar thionscadail taighde saincheaptha.
- **Forbairt Branda:** Le tionscnaimh forbartha branda Bhord Bia, tugtar cúnamh do chuideachtaí le saineolas brandála bunaithe ar léargais bunaithe ar dheiseanna nuálaíochta ina n-earnáil.

## Fóram Branda

Tionóladh trí ócáid Fóram Branda in 2019. Dhírigh an ócáid i R1 ar infheistiú i mbrandaí le haghaidh luach fadtéarmach, agus d'fhreastail os cionn 85 ionadaí cliaint uirthi. Dhírigh an ócáid i R2 ar bhrandaí marthanacha a chothú agus roinneadh tuairimí faoi chuspóir, cumas, inbhuanaitheacht agus fás. D'fhreastail os cionn 90 ionadaí ar chliantchuideachtaí uirthi. Dhírigh an ócáid i R3 ar bhrandaí láidre i ndomhan plódaithe agus d'fhreastail os cionn 70 ionadaí ar chliantchuideachtaí uirthi.

D'fhreastail comhaltaí Fhóram Branda ar cheardlanna a dhírigh go géar ar Chothú Brandaí i rith na bliana. Áiríodh orthu sin:

- Tuin agus cóipscríbhneoireacht
- Margaíocht tionchaire
- Optamú físeán
- Grianghraif a ghlacadh le fón le haghaidh Instagram
- Dearadh pacáistithe

## Tionscadail um bhrandáil shaincheaptha do chliaint

In 2019, sholáthair Bord Bia 44 thionscadal um bhrandáil shaincheaptha. Díríodh ar sheoladh brandaí nua agus athnuachan brandaí i bhformhór na dtionscadal.

Faoin gclár SuperBrands, cuirtear obair forbartha branda shaincheaptha ar fáil do chuideachtaí beaga. In 2019, ghlac 15 chliant páirt sa chlár agus ba iad seoladh brandaí nua, athnuachan brandaí agus seirbhísí deartha na príomhaschuir.

I rith 2019, d'oibrigh Bord Bia le 20 cliant ar thionscadail shaincheaptha um Ghníomhachtú Branda, agus iad dírithe ar láithreacht bhranda níos fearr, soiléireacht agus scéalaíocht a sholáthar i bpríomhphointí teagmhála.

Leis an tSeirbhís Físeán Oideas de chuid an Fhóraim Bhranda, tugtar deis do chomhaltaí an Fhóraim Bhranda físeáin oidis 60 soicind ar fhad a dhéanamh chun a dtáirgí a thaispeáint. Léiríodh na físeáin i mí an Mheithimh agus i mí Dheireadh Fómhair. Ghlac 24 chuideachta páirt sa tionscnamh. Rinneadh na físeáin a optamú le haghaidh cuardaigh ar na meáin thraidisiúnta agus dhigiteacha. Faoin gclár Fóram Branda – Seiceáil Sláinte, déantar suirbhé mórscála ar líne ar shiopadóirí grósaeireachta, ar feadh réimse leathan catagóirí, chun cabhrú le húinéirí brandaí cinntí a dhéanamh chun a mbranda a fhás. In 2019, ghlac 64 chliantchuideachta i 46 chatagóir páirt. Scaipeadh tuarascálacha via ceardlann agus seisiúin faisnéise ar leithligh le cuideachtaí.

## Léargas agus faisnéis faoin margadh

Aithníonn Bord Bia gur ríthábhachtach chun fás a bhaint amach é léargas a sholáthar ar leibhéal margaidh faoi leith, agus le tuiscint ar thírdhreach, miondifríochtaí agus deiseanna gach margaidh.

Déantar na háiseanna den scoth um chuardach leabharlainne agus na seirbhísí den scoth um fhaisnéis margaidh in The Thinking House de chuid Bhord Bia, a optamú chun cur le heolas páirtithe leasmhara agus earnála faoi mhargaí atá curtha in ord tosaíochta. In 2019, rinne thart ar 4,850 cliant rochtain ar na seirbhísí leabharlainne, agus forbraíodh agus scaipeadh 15 Leabhar Fíricí/Roghbhlúire um Léargas Margaidh. Sholáthair The Thinking House de chuid Bhord Bia trí sheimineár earnála agus margaíochta d'earnálacha, margaí agus cainéil tosaíochta.

- Ceapadh an staidéar comhoibritheach le BIM dar teideal 'Inbhuanaitheacht Bia Mara' chun tuiscint a fháil ar ról na hinbhuanaitheachta san earnáil bia mara mar thionchaire ar chinntí maidir le foinsiú agus ceannach, agus chun deiseanna do sholáthróirí Éireannacha a shainaithint i gceithre mhargadh. Tabharfar an staidéar chun críche go luath in 2020.
- Rinneadh obair allamuigh in 2019 leis an staidéar um dhialann seacht lá dar teideal 'An méid a d'ith Éire aréir' – staidéar ar thomhaltóirí Éireannacha, a iompraíocht agus a nósanna maidir le hócáidí béilí. Cuirfear na torthaí i láthair an tionscail ag seisiún léargais go luath in 2020.
- In 2019, rinneadh an chéad chéim de thaighde chun an feachtas GróMór a mheas in aghaidh chuspóirí an fheachtais. Is éard is aidhm leis, aiseolas a fháil faoin athrú nach mór a chur ar an bhfeachtas amach anseo.
- Rinneadh taighde chun aiseolas a fháil ó rannpháirtithe faoin gClár Barainneachta Gairneoireachta in 2019, d'fhonn measúnú a dhéanamh ar infheistiú sa chlár sa todhchaí agus d'fhonn an méid a foghlaimíodh uaidh a optamú.
- Rinneadh comhthionscadal nuálaíochta idir Bord Bia miondíoltóir ón Ríocht Aontaithe, High Potential Navigator. Roghnaíodh cúig sholáthróir Éireannach chun páirt a ghlacadh ann in 2019.

# COLÚN STRAITÉISEACH 3: **CÁIL MAIDIR LE FÁS A THÓGÁIL**

*Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh*

Méadaíodh gus feabhsaíodh an cáil na hÉireann mar sholáthróir bia, dí agus gairneoireachta den scoth trí bhíthin a láithreacht mar onnmhaireoir domhanda a fhás.

I ndomhan lán le dúshláin chasta trádála, aeráide agus inbhuanaitheachta, ní mór an tiomantas don sármhaitheas a athdhearbhú go leanúnach. Oibríonn Bord Bia i raon sruthanna oibre agus clár lena chinntiú go bhfuil feasacht faoi láidreacht na cáile atá air agus faoina thiomantas don inbhuanaitheacht agus don cháilíocht mar lón eolais ag deiseanna margaidh méadaitheacha na hÉireann.

Is féidir na gníomhartha agus cláir sin a dheighilt ina gceithre fho-shruth mar seo a leanas:

- Éire mar shainrogha a chothú agus a chosaint
- Sainroghnú a chothú i margaí reatha
- Feasacht a chothú i margaí nua
- Cáil chorparáideach a spreagadh

## Sainroghnú a chosaint agus a fhás (margadh intíre)

Díríonn gníomhaíochtaí Bhord Bia sa mhargadh baile ar thomhaltóirí a spreagadh smaoineamh ar bhia, deochanna agus gairneoireacht na hÉireann a bhfuil dearbhú inbhuanaitheach acu, agus iad a shainroghnú.

Áiríodh ar na feachtais margaíochta baile 2019:

- Beidh an feachtas trí bliana arna chómhaoiniú ag an AE, 'Mushrooms Complement Everything' chun muisiriúin a chur chun cinn sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn ar siúl go dtí mí Eanáir 2021. Reáchtáladh céimeanna den fheachtas i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair, agus rinneadh tuilleadh gníomhaíochta caidreamh poiblí agus ar líne i mí na Samhna agus i mí na Nollag.
- Dhírigh an Feachtas Garraíodóireachta, GróMór, a reáchtáladh idir mí an Mhárta agus mí Mheán Fómhair, ar ghníomhaíocht dhigiteach agus físeán.
- Reáchtáladh an Feachtas Marc Cáilíochta Muiceola agus an cuspóir leis cur leis an minicíocht a cheannaíonn siopadóirí ban idir 30-60-bliana d'aois muiceoil le dearbhú cáilíochta. Fuarthas amach le meastóireacht gur chuimhin le 55% den spriocluct féachana an fógra teilifíse a fheiceáil agus go bhfaca os cionn 526,000 duine gníomhaíochtaí Facebook/Instagram.
- Díríodh an Feachtas Marc Cáilíochta Sicín ar chur leis an minicíocht a cheannaítear filléid sicín agus sicíní iomlána le dearbhú cáilíochta Bhord Bia. Fuarthas amach le meastóireacht gur chuimhin le 60% den spriocluct féachana an fógra teilifíse a fheiceáil agus go bhfaca 800,000 duine gníomhaíochtaí Facebook/ Instagram.
- Díríodh an Feachtas Marc Cáilíochta Muiceola agus Bagúin ar shiopadóirí ban 30-60 bliana d'aois, chun tomhaltóirí a spreagadh athrú chuig liamhás agus bagún le Marc Cáilíochta Bhord Bia a roghnú Chuimhnigh 68% den spriocluct féachana ar an bhfógra teilifíse a fheiceáil. Astu sin, dúirt 55% gur mhó an seans go gceannóidís liamhás agus bagún le dearbhú cáilíochta a cheannach amach anseo.
- Ceapadh an Feachtas Marc Cáilíochta Uibheacha chun an méid díolacháin uibheacha le dearbhú cáilíochta a ardú via an mhinicíocht agus an méid a cheannaítear gach turas a ardú. Chuimhnigh 45% den spriocluct féachana ar an bhfógra teilifíse a fheiceáil. Chonaic os cionn 568,000 duine na gníomhaíochtaí digiteacha ar Facebook/ Instagram.
- Dhírigh an Feachtas Marc Cáilíochta Uaineola ar chur leis an méid uaineola a cheannaíonn siopadóirí ban 30-60 bliana d'aois gach turas siopadóireachta. Chuimhnigh 55% den spriocluct féachana ar an bhfógra teilifíse a fheiceáil. Rinneadh os cionn 857,442 imprisean ar na gníomhaíochtaí digiteacha ar Facebook/ Instagram.
- Ceapadh an Feachtas Uaineola AE Cómhaoinithe ag an Eoraip chun ardú ar thomhaltas uaineola a spreagadh, i measc daoine óga ach go háirithe. Sroicheadh 72.7% den spriocghrúpa a bhuíochas d'fhógraíocht amuigh faoin aer. Sholáthair fógraíocht ar líne san Irish Times agus san Irish Independent 1.78 milliún imprisean. Sholáthair gníomhaíochtaí digiteacha ar Facebook agus Instagram 3.3 milliún imprisean.

- Ceapadh an Feachtas Iasc Geal chun iasc geal a chur chun cinn do bhéilí i rith na seachtaine agus ar an deireadh seachtaine. Chuimhnigh 52% den sprioclucht féachana ar an bhfógra teilifíse a fheiceáil agus sholáthair gníomhaíochtaí Facebook / Instagram 1.74 milliún imprisean.
- Thug an Feachtas Marc Cáilíochta Cineálach spreagadh do shiopadóirí an Marc Cáilíocht a chuardach go gníomhach. Thug meastóireacht ar an bhfógra teilifíse le fios gur chuimhnigh 68% den sprioclucht féachana ar é a fheiceáil.
- Léirigh taighde a rinneadh i lár 2019 an Marc Cáilíochta ar an leibhéal ab airde méadrachta fós maidir le feasacht (93%) agus claonadh chun ceannaigh (68%).
- Ghlac 700 scoil agus 118,000 dalta páirt sa Chlár Bia Sláintiúil Food Dudes /2019.

## Bloom

Ba é Bloom 2019 an 13ú bliain den fhéile garraíodóireachta agus gairneoireachta is mó in Éirinn. Ba é an ceathrú bliain a d'fhreastail breis agus 100,000 duine ar an bhféile agus baineadh amach an leibhéal sástachta cuairteora ba mhó riamh; 99.5%. Taifeadadh an leibhéal ab airde feasachta gur le Bord Bia Bloom freisin i mbliana, eadhon 94% de na cuairteoirí.

Bronnadh 11 bhonn óir ar ghairdíní taispeána, an líon ab airde riamh. Bhí rannpháirtíocht tionscail ar an leibhéal ab airde riamh agus ba léir an meon comhpháirtíochta, le rannchuidiú ó sheastán oideachais um Shláinte Plandaí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ón Scoil Orgánach.

Bhí comhpháirtithe nua ann, amhail Éire Sláintiúil, in éineacht le comhpháirtithe eile amhail Bord Iascaigh Mhara agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, chun saincheisteanna



tábhachtacha amhail an tionscnamh Aigéin Ghlana agus dramhbhia a chur in iúl.

Maidir le clúdach ag na meáin, d'éirigh thar cionn le Bloom 2019 agus AVE €4.5m bainte amach aige. Chaith tomhaltóirí €9m sa chúig lá den fhéile agus caitheadh €24m ar phlandaí amháin i ndiaidh na féile.

Tá rath i gcónaí ar bhricfeasta trádála Bloom. D'fhreastail 250 ceannaitheoir agus ionadaí sinsearach ó na hearnálacha miondíola agus seirbhíse bia ar an mbricfeasta trádála ar an láthair chun bualadh le cliantchuideachtaí. Bhí ardú 16% ar an líon daoine a d'fhreastail, i gcomparáid le 2018.

## Sainrogha a threorú i margaí seanbhunaithe

I gcomhthéacs timpeallacht atá ag athrú sna margaí is seanbhunaithe sa tionscal, tá Bord Bia ag infheistiú i gcumarsáid margaíochta chun tógáil ar dhearcthaí dearfacha agus chun sainrogha a threorú chuig bia agus deochanna Éireannacha.

Tá láidreachtaí na hÉireann ó thaobh na hinbhuanaitheachta bia, mar a chuirtear in iúl le Origin Green, á roinnt ar leibhéal B2B agus B2C.

Cuireadh feachtais mhargaíochta B2B do dhéiríocht agus do mhairteoil i ngníomh sna príomh-mhargaí tosaíochta seanbhunaithe (an Ríocht Aontaithe, SAM agus an Ghearmáin do dhéiríocht, agus an Ghearmáin agus an Iodáil do mhairteoil) i mí na Samhna 2019. Díríonn an ghníomhaíocht sin ar phríomh-cheannaitheoirí trádála trí bhíthin fógraí a chur i bhfoilseacháin trádála a bhaineann le hearnálacha faoi leith agus ar chainéil shóisialta, agus trí bhíthin fógraíocht dhigiteach a dhéanamh, ach úsáid a bhaint as na sócmhainní cruthaitheacha nua a forbraíodh le haghaidh Food Brand Ireland.

D'oibrigh Bord Bia ar roinnt tionscnamh chun feasacht a bhunú faoi shainiúlacht bhia agus dí na hÉireann, i gcomparáid le táirgí atá i gcomórtas leo, i margaí nua. Reáchtáladh feachtais Food Brand Ireland maidir le déiríocht, mairteoil agus bia mara i bpríomh-mhargaí margaí idirnáisiúnta.

Cuireadh feachtais margaíochta B2B do dhéiríocht, do mhairteoil agus do bhia mara i ngníomh sna príomh-mhargaí idirnáisiúnta, an tSeapáin agus an Chóiré Theas. Díríodh ar sprioc-cheannaitheoirí trádála trí bhíthin fógraí a chur i bhfoilseacháin trádála a bhaineann le hearnálacha faoi leith agus ar chainéil shóisialta, agus trí bhíthin fógraíocht dhigiteach a dhéanamh

Seoladh an chéad chéim den straitéis cumarsáide margaíochta trí bliana maidir leis an tSín i R4

2019 agus ceapadh í chun feasacht faoi shainiúlacht bhia na hÉireann a ardú, go háirithe mairteoil, déiríocht agus bia mara.

Ní mór branda corparáideach Bhord Bia, agus feasacht faoi phríomhchláir amhail Origin Green, a atreisiú go leanúnach agus go soiléir chun luach páirtithe leasmhara a uasmhéadú.

In 2019, thug Bord Bia faoi raon tionscnamh chun teachtaireachtaí branda a fheabhsú, agus béim faoi leith ar rannpháirtíocht feirmeoirí. Tugadh fúthu sin i gcomhréir le seasamh straitéiseach a bhranda chorparáidigh 'a bheith ina chatalaíoch d'fhás tráchtála inbhuanaithe bhia, deoch agus gairneoireacht na hÉireann'.

## Rannpháirtíocht feirmeoirí

In 2019, cuireadh straitéis tras-eagraíochta um rannpháirtíocht feirmeoirí a i ngníomh, bunaithe ar thaighde mionsonraithe a rinneadh i mí Iúil. Áiríodh ar an gcumarsáid dhíreach a rinneadh le feirmeoirí mar chuid den straitéis:

- 12 ghné-alt mhíosúla san *Irish Farmers Journal* faoi léargas margaidh agus cúrsaí domhanda
- Ocht siúlóid feirme réigiúnacha ar fheirmeacha mairteola agus déiríochta
- Freastal ar chruinnithe feirmeoirí
- Láithreacht ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta
- Láithreacht ag an Lá Déiríochta sa Chloch Liath
- Seimineár feola bliantúil
- Ábhar a sholáthar do na ríomh-irisí Agriland agus Co-op
- Físeán déiríochta a léiriú
- Cuairteanna ar mhargaí AE do bhuaiteoirí ghradaim cháilíochta

I gcomhthéacs na ndúshlán mór san earnáil mairteola i mbliana, b'éigean dul i ngleic le mearbhall agus le faisnéis mhíthreorach a bhí tagtha chun cinn faoin Scéim um Dhearbhú Cáilíochta agus faoi úsáid a bhaint as Marc Cáilíochta Bhord Bia. Ar na gníomhaíochtaí a bhain go sonrach le cumarsáid agus caidreamh mar thoradh air sin bhí:

- Bileog 'Ceisteanna Coitianta', dírithe ar fheirmeoirí, faoin Scéim um Dhearbhú Cáilíochta agus faoi úsáid a bhaint as an Marc Cáilíochta. Scaipeadh an bhileog ar na 50,000 comhalta sa bhunachar sonraí QA, agus tugadh faisnéis faoi ábhar na bileoige d'iniúchóirí freisin.
- Fógra raidió a tharraing aird ar 'dheasc chabhrach' Bhord Bia a thugann cúnamh agus tacaíocht maidir le hiniúchadh. Craoladh é ar 12 stáisiún raidió áitiúla.
- Bhuail pearsanra Bhord Bia ó na foirne Dearbhú Cáilíochta agus Feoil le chéile agus phléigh siad saincheisteanna maidir le dearbhú cáilíochta ar stáisiúin raidió áitiúla.
- Dhírigh ailt san *Irish Farmers Journal* ar an luach a bhaineann le dearbhú cáilíochta sa mhargadh.

Tabharfar faoi a thuilleadh tionscnamh chun rannpháirtíocht feirmeoirí a mhéadú in 2020.

## Rannpháirtíocht Chomhaltaí Origin Green a mhéadú

Thug Bord Bia faoi straitéis cumarsáide chun buntáistí inláimhsithe agus doláimhsithe Origin Green a chur in iúl do raon leathan páirtithe leasmhara in 2019. Áiríodh air sin an tionchar a bhíonn aige a chur in iúl go díreach le comhaltaí; saoránaigh a spreagadh éirí feasach faoin gclár agus a bheith bródúil as; buntáistí tráchtála inláimhsithe an chláir a bheith á bhfáil ag ceannairí gnó; agus cur leis an gcomhoibriú ar inbhuanaitheacht le piar-eagraíochtaí amhail Teagasc, BIM, Fiontraíocht Éireann agus IBEC. Agus Origin Green ag leathnú isteach chuig réimsí ar a ndíríonn an AE, amhail astaíochtaí uisce, dramhaíl agus níotráití, tá comhoibriú le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gach comhalta, feirmeoir agus páirtí leasmhar, ríthábhachtach chun feabhsúcháin ó thaobh na feidhmíochta inbhuanaitheachta a bhrú chun cinn go rathúil.

Cuireadh nuashonruithe míosúla ar fáil do chomhaltaí trí bhíthin ríomh-iris Origin Green. Tugadh ábhair do chomhaltaí cothrom le dáta agus rinneadh obair chun láithreán gréasáin Origin Green a fheabhsú, ó thaobh taithí an úsáideora agus ábhair de.

Amhail dheireadh 2019, mar seo a leanas a bhí rannpháirtíocht comhaltaí Origin Green ar leibhéal na déantúsaíochta, an mhiondíola agus na seirbhíse bia de.

| | |
|---|---|
| Líon iomlán cláraithe | 625 |
| Pleananna á bhforbairt | 156 |
| Dréacht-phleananna curtha ar aghaidh | 124 |
| Comhaltaí bailíochtaithe | 345 |

Ar leibhéal an mhiondíola agus na seirbhíse bia de, bhí 11 chomhalta bailíochtaithe sa chlár. Tá 14 cláraithe agus pleananna inbhuanaitheachta á bhforbairt go gníomhach acu.

Tionóladh naoi seimineár gréasáin tosaigh maidir le forbairt pleananna in 2019 agus d'fhreastail os cionn 20 cuideachta ag gach seisiún. Cuireadh Origin Green i láthair do chomhaltaí nua ag na seimineáir ghréasáin, sannadh meantóir tiomanta Origin Green dóibh agus ghlac siad páirt i gcúrsa forbartha pleananna sé seachtaine.

Amhail dheireadh 2019, bhí thart ar 54,000 comhalta ar táirgeoirí Origin Green iad agus roinnt acu páirteach i scéim amháin um dhearbhú cáilíochta inbhuanaithe nó níos mó. Tá 53,108 comhalta sa Scéim um Dhearbhú Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe, 16,092 comhalta sa Scéim um Dhearbhú Déiríochta Inbhuanaithe agus is ann do chomhaltaí i scéimeanna cáilíochta Bhord Bia maidir le héineoil, muiceoil, gairneoireacht taitneamhachta agus torthaí agus glasraí, etc.

Rinneadh líon iomlán de 35,733 iniúchadh ar Scéimeanna um Dhearbhú Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe (SBLAS) in 2019, ardú 2,179 i gcomparáid le 2018. Astu sin, rinneadh 78% ar fheirmeacha mairteola amháin, 18% ar fheirmeacha mairteola agus caorach, agus 4% ar fheirmeacha caorach amháin. Bhain 8% de na hiniúchtaí le hiarratasóirí nua nó le hath-iarratasóirí ar an scéim.

In 2019, cinneadh go dtabharfar an Scéim um Dhearbhú Déiríochta Inbhuanaithe (SDAS) agus SBLAS le chéile i Scéim nua um Dhearbhú Beostoic Inbhuanaithe, chun an dá scéim a nuashonrú ag an am céanna agus chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus costas a shábháil don dá scéim. Is é R4, 2020 an sprioc chun an caighdeán cumaisc a thabhairt chun críche.

Lean Bord Bia de bheith ag obair i gcomhar le Teagasc chun sainmhíniú a thabhairt ar mhairteoil agus déiríocht féar-chothaithe na hÉireann. Beidh an Caighdeán Féar-Chothaithe nua mar bhunús d'éilimh maidir le féar-chothú, rud a chinnteofar gur féidir an buntáiste mór sa réimse seo a léiriú go tréan.

Chuir an obair a rinneadh ar Origin Green in 2019 le hÉire a shuíomh mar cheannaire uathúil maidir le hinbhuanaitheacht. Mar léiriú air sin, beidh Bord Bia ina óstach ar an gCruinniú Mullagh Domhanda um Inbhuanaitheacht i mí Mheán Fómhair 2020 san Ionad Comhdhála, Baile Átha Cliath.

## Féilte, gradaim agus urraíocht

I measc na n-ócáidí bia a ndearna Bord Bia urraíocht orthu in 2019 bhí:

- A Taste of West Cork
- Listowel Food Fair
- Food on the Edge
- Tullamore Show
- Comórtas Uile-Éireann na Margaí Feirmeoirí

Áiríodh ar thionscnaimh bhia eile ar tugadh tacaíocht dóibh:

- World Steak Challenge
- Promóisean muiceola ag Féile Bhliain Nua na Síneach
- Margadh bia Chorcaí/Chiarraí
- Irish Food Writers Guild
- Gníomhaíochtaí promóisin san Ambasáid, Lá Fhéile Pádraig.

Thug Bord Bia tacaíocht do CAIS (Cheesemakers Association of Ireland), trí bhíthin rannpháirtíocht 11 déantóir cáise ag Bloom 2019 a chomhordú agus rinne urraíocht ar Ghradaim Cháise na hÉireann i mí na Samhna.

D'fhonn Turcaí, Caoireoil agus Liamhás a bhfuil Dearbhú Cáilíochta acu a chur chun cinn trí bhíthin oidis éagsúla don Nollaig, craoladh *Neven's Waterford Christmas Special* ar RTÉ 1, an 3 Nollaig agus an 10 Nollaig. 580,800 a bhreathnaigh ar an dá chlár.

Rinneadh taifeadadh in 2019 don dara sraith de *Neven's Irish Seafood Trails*, a tharraingíonn aird ar chadóg, colmóir agus faoitín na hÉireann, an tráth chéanna le feachtas fógraíochta náisiúnta trí bliana Bord Bia. Tá an clár le craoladh go luath in 2020.

## Tascfhórsa an Mhargaidh Mairteola

Iarradh ar Bhord Bia a bheith mar chuid den tascfhórsa nua chun sraith anailísí ar phraghsanna a dhéanamh chun críche measúnú a dhéanamh ar an margadh in imeacht ama. Faoi mhí na Samhna 2019, bhí trí anailís ar phraghsanna tugtha chun críche agus foilsithe ar bordbia.ie. Ina measc bhí:

- Praghasinnéacs don margadh mairteola: Táscaire míosúil ar phraghsanna margaidh do mhairteoil na hÉireann, an leibhéal mórdhíola agus miondíola.
- Praghas tagarmhairc onnmhairithe eallach: Dian-anailís ar phraghsanna eallach i bpríomh-mhargaí onnmhairithe na hÉireann chun 'praghas tagarmhairc onnmhairithe' a fháil.
- Táscaire margaidh scairtí: Cuireann scairteach agus seithe leis an luach foriomlán a fhaightear ón margadh. Baineadh úsáid as tuarascálacha a bhí ar fáil ón USDA chun a luach reatha in Éirinn a fháil amach.

# COLÚN STRAITÉISEACH 4: **CEANNAIREACHT TRÍ BHÍTHIN DAOINE**

*Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh*

Agus Éire ag iarraidh a bheith ina soláthróir bia, dí agus gairneoireachta den scoth, is iad na daoine a chomhdhéanann an tionscal an tsócmhainn is tábhachtaí atá aici. Is príomh-cholún straitéiseach de chuid ghníomhaíochtaí Bhord Bia é tacaíocht inmheánach agus sheachtrach a chur ar fáil le go bhféadfaidh an tallann sa tionscal feidhmiú ar an leibhéal is gairmí agus is féidir. Cuirtear an gealltanas sin in iúl sna fo-shruthanna seo a leanas:

- Cláir Fiontraíochta
- Daoine Seachtracha – Cláir Acadamh Tallainne
- Daoine Seachtracha – Meastóireacht ar Mhargaíocht agus Cumas
- Daoine Inmheánacha – Cáil agus Próifíl Bhord Bia
- Daoine Inmheánacha – Tiomanta d'Fhorbairt Cumais
- Daoine Inmheánacha – An Scoth i mBainistiú Daoine

## Cláir Fiontraíochta

Le cláir fiontraíochta Bhord Bia, spreagtar cultúr ina smaoiníonn daoine ar bhealach difriúil agus ina ndéanann siad breithiúnais bunaithe ar eolas lena dtugtar sruthanna luacha nua don tionscal.

Leis an Acadamh Bia, tugtar le chéile Bord Bia, Musgrave agus oifigí Fiontair Áitiúil chun tacú le gnólachtaí beaga tuiscint a fháil ar chainéal miondíola na hÉireann, agus rochtain níos mó a dhéanamh air. Ritheadh cláir faoin Acadamh Bia i mBaile Átha Cliath, sa Mhí agus i Loch Garman in 2019, agus 33 chuideachta rannpháirteach (féach Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha freisin).

Is tionscnamh comhoibritheach idir Bord Bia, Fiontraíocht Éireann agus Teagasc é *Food Works*, a dhíríonn ar fhiontraithe luath chéime agus athdhéanta agus é mar aidhm leis gnólachtaí bia inscálaithe a bhunú. Cuireadh seisear ar an ngearrliosta chun páirt a ghlacadh i gclár 2019. I mí na Samhna, rinne na fiontraithe cur i láthair do lucht féachana d'infheisteoirí féideartha agus d'ionadaithe gníomhaireachtaí.

Tá Cláir Acadamh Tallainne Bhord Bia, lena n-áirítear an Chomhaltacht Margaíochta, Céimí Idirnáisiúnta, Léargas agus Nuálaíocht, Bainistiú Slabhra Soláthair agus Ambasadóir Origin Green, leagtha amach chun dul i ngleic le bearnaí scileanna sainaitheanta agus foinse tallainne don todhchaí a chur ar fáil don tionscal.

Leis an gClár Comhaltacht Margaíochta, tugtar deis do chliaint Éireannacha acmhainní promóisin agus forbartha margaíochta ar an talamh a úsáid i margaí onnmhairithe. Thosaigh scór rannpháirtí amach sa 10ú Comhaltacht Margaíochta de chuid Bhord Bia i mí Iúil, agus na Comhaltaí i bhfeidhm i margaí lena n-áirítear UAE, an Ghearmáin, Vítneam, an Ríocht Aontaithe, SAM, an Chóiré, an tSín, Singeapór, Stócólm agus an tSeapáin. Oibreoidh siad ar 58 dtasc tráchtála le haghaidh 34 cliantchuideachtaí go dtí mí na Nollag 2020. Déanfar an tionchar ar fad, go háirithe forbairt díolacháin, a thomhas ag deireadh an chláir.

Luaigh na cliantchuideachtaí a ghlac páirt sa 9ú Comhaltacht Margaíochta díolacháin (déanta agus ionchasacha) €101m leis na tascanna a rinne na Comhaltaí thar a gceann.

Leis an gClár Ambasadóir Origin Green, cothaítear tuiscint chustaiméirí idirnáisiúnta ar an gclár inbhuanaitheachta Origin Green. Chríochnaigh deich rannpháirtí sa 4ú clár a gcuid oiliúna ar inbhuanaitheacht agus Origin Green i mí Mheán Fómhair. Beidh an chéad sraith socrúchán idirnáisiúnta ar siúl go dtí mí na Bealtaine 2020 le Albert Heijn (an Ísiltir), Britvic (Ríocht Aontaithe), Unilever (Ríocht Aontaithe) McDonalds, Sainsbury's, Sodexo, Amazon, Waitrose and Nestle.

Leis an gclár Slabhra Soláthair agus Soláthar, cothaítear léargas agus tuiscint ar chuntais phríomh-chustaiméirí agus cothaítear feidhmeannaigh forbartha gnó don todhchaí le haghaidh cliant Éireannach. Tá ochtar céimithe le taithí i mbun socrúcháin leis na cuntais seo a leanas; Brakes (Ríocht Aontaithe), Sainsbury's (Ríocht Aontaithe), Compass (Ríocht Aontaithe), McDonalds (Ríocht Aontaithe), Convergence Achats (an Fhrainc), HMS Host (Ríocht Aontaithe) agus MHW (dáileoir deochanna SAM).

Forbraíodh an clár Léargais agus Nuálaíochta chun cultúr margaíochta faoi threoir ag léargas a chruthú i gcuideachtaí bia agus dí na hÉireann.

Le clár Céimí Idirnáisiúnta Bhord Bia, cuirtear céimithe ar shocrúcháin in oifigí Bhord Bia i mBaile Átha Cliath agus thar lear.

Tá 32 chéimí nua rannpháirteach sa chlár MSc seo a mhaireann 23 mhí.

Is ríthábhachtach go méadófar an cháil atá ar Acadamh Tallainne Bhord Bia chun na feidhmeannaigh is mó a bhfuil tallann acu a mhealladh chuig tionscal bia agus dí na hÉireann.

Tá sé beartaithe ag Bord Bia go seasfaidh an branda Acadamh Tallainne d'ardchaighdeán barr feabhais ó thaobh tallann ghnó agus margaíochta a fhorbairt don tionscal bia agus dí.

Gnéithe riachtanacha iad cáil Bhord Bia a chothú agus é a bheith ina 'rogha fostóra' d'fhonn daoine éirimiúla a mhealladh, daoine ar mian leo an tionscal agus a ngairmeach laistigh de Bhord Bia a fhás, a luachanna a réadú agus paisean don mhéid a ndéanann siad a chur in iúl.

Ag an ócáid Ireland CSR RepTrak® 2019, ainmníodh Bord Bia mar an eagraíocht a bhfuil cáil uirthi as an Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) is fearr in Éirinn, dar le torthaí an staidéir Ireland CSR RepTrak® 2019.

Is príomh-thiománaí d'fhonn rath eagraíochtúil a bhaint amach iad tiomantas don fhorbairt cumais, agus Creat Inniúlachta a fhorbairt agus a neadú don fhoireann uile i mBord Bia, creat a atá ag teacht go dlúth le straitéis agus le luachanna

Bhord Bia agus lena gcruthaítear lánpháirtiú, ailíniú, soiléire agus fócas don fhoireann. Is í an inniúlacht 'Cinnteoireacht faoi Threoir ag Léargas' an tosaíocht reatha ar fud na heagraíochta. Cuireadh tús le Clár um Smaointeoireacht Léargasach i mBord Bia i mí Mheán Fómhair 2019. Beidh sé ar bun go dtí mí na Bealtaine 2020, agus cuirfidh 113 chomhghleacaí trí mhodúl ar leithligh, arna gcreidiúnú ag i gcrích Institiúid Margaíochta na hÉireann.

Sna cláir um Fhorbairt Bainisteoireachta, cuimsítear na prionsabail lárnacha uilechuimsitheacht, bainistiú daoine agus cuntasacht. Is príomh-thosaíocht don eagraíocht é cumas um bainistiú daoine a chothú ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí.

Tugadh tacaíocht do Phróiseas Forbartha Feidhmíochta Bhord Bia, a seoladh go hinmheánach i mí Eanáir 2019, trí bhíthin shraith cumarsáidí agus ceardlann d'fhonn cur chun feidhme a mhionchoigeartú. Ina theannta sin, tugadh cuireadh do bhainisteoirí sinsearacha páirt a ghlacadh i suirbhéanna 360° i mí na Samhna 2019, rud a chuir le pleananna forbartha pearsanta a fhorbairt in 2020.



## CONCLÚID

Is iomaí dúshlán a bhí roimh thionscal bia agus dí na hÉireann sa bhliain 2019 agus níor tháinig deireadh leo ar fad ag deireadh na bliana féilire. Ag breathnú amach romhainn, is saincheisteanna fós iad dúshláin an Bhreatimeachta, luaineacht trádála agus eacnamaíochta, athrú aeráide agus suaitheadh nádúrtha eile, chomh maith le héilimh athraitheacha tomhaltóra, saincheisteanna a éileoidh fócas, díograis agus réiteach leanúnach. An rud a dearbhaíodh in 2019 áfach, is ea ní hamháin go bhfuil ar chumas an tionscail freagairt ar raon dúshlán, ach go bhfuil sin á dhéanamh níos mó agus níos mó trí bhíthin theachtaireacht aontaithe faoin méid dá seasann Éire ó thaobh na cáilíochta, na hinbhuanaitheachta agus an bhainistithe custaiméirí straitéisigh de.

Cibé arb é i margaí reatha nó i margaí atá ag teacht chun cinn, is gá an teachtaireacht sin a athbheochan agus a athnuachan le go bhfanfaidh sí ina teachtaireacht láidir agus dearfach. Le linn 2019, d'oibrigh Bord Bia gan staonadh lenár gcliaint lena chinntiú go gcuirtear táirgí bia, dí agus gairneoireachta den scoth na hÉireann in iúl ar bhealach cumhachtach agus leanúnach, agus go gcuirtear an teachtaireacht in oiriúint don lucht féachana cuí. Le linn na chéad bliana dár straitéis nua, Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú, chuireamar an teachtaireacht sin in iúl agus sinn ag díriú go mór ar phraiticiúlachtaí ó thaobh díolacháin onnmhairithe a fhás, bíodh sin trí bhíthin ábhair chliaint a ghiniúint, caidrimh trádála a bhunú agus a chothú, nó cur chuige struchtúrtha a chinntiú chun leas a bhaint as deiseanna nua.

Cuirfidh infheistíocht Bhord Bia i nDearbhú Cáilíochta agus Origin Green; léargas agus taighde margaidh, forbairt cumais agus tallainne; gníomhachtú margaidh agus tosaíocht a thabhairt do mhargaí; agus fiontraíocht, cuirfidh sin leis an móiminteam fáis in 2020 agus níos faide.

Tugtar breis cumhachta don mhóiminteam sin lenár straitéisí láidre maidir le suíomh an mhargaidh a chosaint sa mhargadh baile agus sa Ríocht Aontaithe, leis an obair leanúnach chun ár suíomh san Eoraip a thógáil, agus leis an tiomantas um éagsúlú agus leathnú isteach i margaí nua idirnáisiúnta. Is iomaí cúis bhróid sa mhéid a baineadh amach sna réimsí sin in 2019, agus is iomaí rud le bheith ag súil leis agus an straitéis seo á brú chun cinn againn.

Is mian liom, mar fhocal scoir, mo bhuíochas a chur in iúl do Chathaoirleach Bhord Bia, Dan MacSweeney, a thug rannchuidiú ollmhór le Bord Bia le linn 2019. Gabhaim buíochas ó chroí le comhaltaí uile an Bhoird agus na gcúig fho-Bhoird, a bhí chomh diongbháilte céanna ina dtiomantas ó thaobh obair Bhord Bia a ailíniú leis na dúshláin atá os comhair an tionscail. B'fhiú go hollmhór a bheith ag obair leis na comhaltaí go léir agus sinn ag cur tús leis an gcéad bhliain den straitéis Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú.

Ba dheacair áibhéil a dhéanamh faoi rannchuidiú as cuimse an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD, agus an Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle, TD, i rith na bliana.

Ba phribhléid dom a bheith ag obair in éineacht leo agus iad ag tabhairt faoi na dúshláin ar fad a tháinig chun cinn i rith na bliana. Is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis an Ard-Rúnaí, Brendan Gleeson, agus lena fhoireann sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara as an gcúnamh ollmhór a thug siad le linn 2019.

Ar deireadh, agus chomh tábhachtach céanna, is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe i mBord Bia, a léirigh, arís, a gcumas seasta obair as cuimse a sholáthar. Bliain mhór don fhás agus don fhorbairt ab ea 2019 do Bhord Bia, agus fáilte curtha againn roimh bhaill foirne nua san eagraíocht, ár gcumas treisithe againn i raon leathan disciplíní agus méadú curtha againn ar ár gcumas athrú bríoch a thabhairt chun críche. Bhí Bord Bia 25 bliana ar an bhfód i mí na Nollag 2019. Creidim gur féidir linn a rá go muiníneach go bhfuil an eagraíocht níos láidre, go bhfuil níos mó tionchair againn agus go bhfuileamar i suíomh níos fearr chun ár sainchúram a bhaint amach ná mar ab amhlaidh tráth ar bith san am atá caite.

Go bunúsach, is moladh atá anseo do na daoine a oibríonn san eagraíocht agus a sholáthraíonn an scoth gach lá. Gabhaim buíochas leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD, agus lena Roinn as na hacmhainní a sholáthar lena chur ar chumas Bhord Bia fás, agus aitheantas á thabhairt acu gurb ionann an infheistíocht sin agus infheistíocht i bhfás agus i rath an tionscail bhia, dí agus gairneoireachta sa todhchaí.



Tá bród ar Bhord Bia as a chuid a dhéanamh sna deich mbliana seo caite inar tháinig fás ar thionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann agus tá sé tiomanta agus paiseanta faoina lánacmhainneacht a bhaint amach sa todhchaí. Tá fás ag teacht ar cháil na hÉireann as bheith ina foinse inbhuanaithe de bhia agus deoch ardchaighdeáin agus tá fás ag teacht freisin ar an sprioc atá againn, chun luach níos mó a thabhairt dár bpáirtithe leasmhara agus do chustaiméirí bhia agus dí na hÉireann, sa bhaile agus thar lear.

Táimid ag súil le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe uile sa bhliain amach romhainn agus rannchuidiú suntasach eile a dhéanamh leis an tionscal, na daoine agus an tír sin againne.

**Tara McCarthy**,

Príomhfheidhmeannach



# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: **FEOIL AGUS BEOSTOC**

## MAIRTEOIL

Tháinig laghdú tuairim is 60,500 ceann, nó 3.4%, ar sholáthairtí eallaigh i monarchana feola onnmhairithe sa bhliain 2019, rud a d'fhág gur 1.737 milliún ceann a bhí sa tréchur bliantúil iomlán. An cur isteach a tharla mar thoradh ar na hagóidí ag monarchana feola, go príomha, ba chúis leis an laghdú táirgthe sin, as a lean dúshláin eile le haghaidh phróiseálaithe mairteola agus críochnaitheoirí eallaigh. Bhí ardú 40,000 ceann ar thréchur roimh na chéad agóidí ag monarchana go luath i mí Lúnasa. Tháinig meath tapa ar an ardú sin ar tháirgeadh sna chéad seacht mí den bhliain agus cuireadh laghdú mór ar oibríochtaí go leor de na monarchana sin i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair.



Tháinig laghdú 6.2% nó 41,000 ceann ar an líon bullán a próiseáladh in 2019 agus tháinig laghdú 49,500, nó 12.5%, ar an líon bó. Rinne an t-ardú ar thréchur bodóg an figiúr sin a fhritháireamh, i bpáirt. Próiseáladh 17,000 ainmhí breise agus tháinig ardú 4,500 ar an líon tarbh óg. Tháinig laghdú 60,500 ainmhí ar an tréchur foriomlán don bhliain mar thoradh air sin.

Tháinig ardú 6.8kg (2%) ar an meán-mheáchan conablach ainmhithe mairteola a próiseáladh in 2019, mar gheall, go príomha, ar dhea-choinníollacha féaraigh le linn na bliana, chomh maith le moilleanna ar dhíolachán eallach críochnaithe le próiseáil níos déanaí sa bhliain.

Tháinig laghdú 1.5% go 624,000 tonna ar an méid mairteola a táirgeadh in Éirinn in 2019. Tháinig laghdú freisin ar onnmhairí mairteola, go dtí 560,000 tonna (gan scairteach san áireamh),a raibh luach iomlán €2.1bn air, rud arbh ionann é agus laghdú 10% ar an mbliain roimhe sin. Tháinig laghdú beag ar luach onnmhairí scairtí na hÉireann, go dtí €182m. Bhain luach iomlán na n-onnmhairí mairteola, scairteach san áireamh, beagnach €2.2bn amach, laghdú 7% ar 2018. Tharla an laghdú sin mar gheall ar an laghdú ar sholáthairtí eallaigh, go príomha, chomh maith le praghsanna margaidh níos ísle i gcuid mhór de 2019.

Bliain dhúshlánach a bhí ann maidir le praghsanna táirgeoirí, agus laghdú go €3.60/ kg ar an meánphraghas ar bhulláin R3 in 2019, laghdú 24c/kg i gcomparáid leis an meánphraghas in 2018. €3.60/kg an meánphraghas a taifeadadh do thairbh óga R3ar fud na hEorpa freisin, agus €3.88/kg an meánphraghas a íocadh as bulláin R3 sa Ríocht Aontaithe i rith na bliana.

## Margaí do Mhairteoil na hÉireann

Ba í an Ríocht Aontaithe an ceann scríbe ba mhó le haghaidh onnmhairí mairteola Éireannaí i gcónaí in 2019, cé gur tháinig laghdú go dtí 47%, nó tuairim is 265,000 tonna, ar an sciar onnmhairí de réir méide. Tháinig laghdú 11% ar onnmhairí mairteola Éireannaí chuig an Ríocht Aontaithe agus ní raibh mórán éilimh uirthi le linn na bliana. Taifeadadh laghdú suntasach ar dhíolachán in earnáil seirbhíse bia na Breataine ach go háirithe. Tháinig laghdú freisin ar an éileamh miondíola agus tháinig laghdú ar ídiú spólaí rósta agus stéigeacha sa Ríocht Aontaithe, agus tomhaltóirí ag roghnú gearrthacha níos saoire agus feoil mhionaithe.

Ba iad margaí ar Mhór-roinn an Aontais Eorpaigh an ceann scríbe onnmhairithe ba mhó do mhairteoil Éireannach in 2019, eadhon 48% de na honnmhairí. Ba é sin an chéad uair a bhí onnmhairí mairteola Éireannaí chuig margaí i Mór-roinn an AE níos airde ná onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe. Tháinig fás ar onnmhairí mairteola Éireannaí sa Fhrainc (+4%), san Iodáil (+2%) agus sa Ghearmáin (+2%). Níor tháinig aon athrú ar an méid onnmhairí chuig an Ísiltír, agus tháinig laghdú ar onnmhairí chuig an tSualainn, an Danmhairg agus an Spáinn.

Tháinig ardú drámatúil ar na honnmhairí chuig margaí idirnáisiúnta in 2019, ag margaí neamh-AE ag glacadh le 8% d'onnmhairí uile na mairteola Éireannaí. Tháinig feabhas ar choinníollacha i príomh-mhargaí na hÁise amhail na Filipínigh agus Hong Cong in 2019, de bharr an easnaimh phróitéine sa réigiún, mar gheall ar Fhiabhras Afracach na Muc (ASF). Osclaíodh margadh na Síne chuig mairteoil Éireannach i mí an Mheithimh 2018 agus tá an t-éileamh ag méadú ó shin. Faoi dheireadh 2019, an chéad bhliain iomlán d'onnmhairí mairteola chun na Síne, onnmhairíodh os cionn 12,000 tonna de mhairteoil Éireannach ann.

**8%**

**d'onnmhairí uile mairteola Éireannaí chuig margaí neamh-AE**

**12,000**

**tonna mairteola Éireannaí a onnmhairíodh chun na Síne in 2019**

## Promóisean Margaidh

Ba í 2019 an chéad bhliain inar cuireadh straitéis chúig bliana Bhord Bia maidir le feoil Éireannach i bhfeidhm. Faoin straitéis nua, dírítear na gníomhaíochtaí uile um fhorbairt mhargaidh agus promóisin ar na ceithre sprioc seo a leanas:

**1 An sciar de mhargaí tosaíochta a fhás**

Tá tosaíocht tugtha ag Bord Bia do na margaí is mó a bhfuil an poitéinseal acu fás ar mhéid agus luach a sholáthar maidir le mairteoil Éireannach agus le gníomhaíochtaí saindírithe sna margaí sin chun gnó le príomh-chustaiméirí a fhás. Treoraíonn sin an infheistíocht is mó sna margaí ar Mhór-roinn na hEorpa sa Ghearmáin, san Ísiltír agus san Iodáil, fad a leantar le hinfheistíocht chun suíomh na hÉireann i margadh na Ríochta Aontaithe a chothabháil.

**2 Comhpháirtíocht níos mó le príomh-chustaiméirí domhanda**

Chuir Bord Bia tús le tionscadail chomhpháirtíochta le dhá chustaiméir san Eoraip in 2019 a thugann poitéinseal mór chun fás a chur ar luach agus ar mhéideanna onnmhairí mairteola Éireannaí, agus tugadh tosaíocht dóibh le haghaidh infheistíochta saindírithe. Áirítear ar ghníomhaíochtaí faoin gclár seo léargais, seirbhísí margaíochta agus promóisin chatagóirí atá ceaptha suíomh na mairteola Éireannaí sa mhargadh a thógáil. Tá dul chun cinn á dhéanamh ar na tionscadail sin idir soláthróirí, custaiméirí agus Bord Bia, rud a sholáthraíonn príomhtháscairí feidhmíochta atá dírithe ar fhás.

**3 Mairteoil Éireannach a dhifreáil trí bhíthin phointí cruthúnais láidre agus infhíoraithe**

Tá cruthúnas á éileamh ag tomhaltóirí, níos mó agus níos mó, ar an méid a mhaítear maidir leis na táirgí a ídíonn siad. Is léir sin go háirithe i gcás na mairteola. Bunaithe ar léargais agus aiseolas ón margadh, tá cumas forbartha ag Bord Bia chun an méid a mhaítear a fhíorú chun freastal ar an treocht tomhaltóra sin. Leanadh den obair chun maíomh "Féar-Chothaithe" a fhíorú, iarratas ar PGI (tásc cosanta geografach) le haghaidh Mhairteoil Éireannach Fhéar-Chothaithe, agus rinneadh iarratas ar mhaoiniú ón AE le haghaidh mhairteoil diúil. Mar thoradh ar thionscnamh a d'fhorbair páirtithe leasmhara sa tionscal bia agus dí, Bord Bia ina measc, dar teideal Fírící Feola agus Déiríochta, forbraíodh agus rinneadh feachtas cumarsáide a mhol ról na feola deirge in aiste bia chothrom agus sláintiúil agus a thacaigh le dintiúirí inbhuanaitheachta na mairteola Éireannaí.

**4 Feasacht faoi agus sainroghnú mhairteoil Éireannach i margaí tosaíochta a fhás**

Bunaithe ar an tsamhail *Food Brand Ireland*, forbraíodh sraith ábhar margaíochta chun feasacht faoi agus sainroghnú mhairteoil Éireannach a fhás i margaí tosaíochta sonracha. Cuireadh tús leis an bhfeachtas méadaithe agus saindírithe sin sa dara leath de 2019 agus cuireadh i ngníomh é i bpríomh-mhargaí roghnaithe ar leibhéal B2B agus B2C. Cuireadh feachtas cuimsitheach mairteola B2B i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin, san Iodáil agus san Ísiltír, rud a mhéadaigh feasacht faoi agus tuiscint ar USPanna na mairteola Éireannaí sna cainéil seirbhíse bia agus miondíola. Baineadh leas as na hócáidí do chustaiméirí *Chefs' Irish Beef Club* agus *Acadamh Feola* d'fhonn feasacht faoi mhairteoil Éireannach agus díolachán na mairteola Éireannaí a bhrú chun cinn i gcomhar le soláthróirí agus a gcustaiméirí. Thacaigh feachtais mhairteola B2C le díolacháin mhairteoil le dearbhú cáilíochta sna ceithre mhargadh tosaíochta san Eoraip, trí bhíthin sainroghnú a bhrú chun cinn i measc sprioc-shiopadóirí mairteola i ngach margadh, bunaithe ar na buntáistí faoi leith a bhaineann le mairteoil le dearbhú cáilíochta. I measc na ngníomhaíochtaí bhí gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí, amuigh faoin aer, ar líne, ar raidió, fógraíocht nuachtáin, promóisin i siopaí, ailt fógraíochta agus feachtais tomhaltóirí saincheaptha le príomh-chustaiméirí. Chomh maith leis sin, rinne Bord Bia promóisin chun tacú le díolacháin shonracha le príomh sprioc-chuntais i margaí seanbhunaithe, i margaí nua agus i margaí lena mbaineann poitéinseal ard, amhail an tSín agus an tSeapáin.

## Léargas ar sholáthar eallaigh na hÉireann

Tugann anailís le déanaí ar bhunachar sonraí Aitheantais Ainmhithe agus Gluaiseachta na Roinne Talmhaíochta le tuiscint go dtiocfaidh laghdú éigean ar sholáthairtí eallaigh den scoth in 2020. Go sonrach, léiríonn sí níos lú ainmhithe a bheidh ag tarraingt ar dhá bhliain d'aois in 2020, mar thoradh ar an bhfás a tháinig ar onnmhairí beo le blianta beaga anuas. Meastar go dtiocfaidh laghdú 40,000-60,000 cheann ar thréchur in 2020.

### BEOSTOC

I rith 2019, baineadh amach onnmhairí eallaigh bheo as Éirinn tuairim is 300,000 ceann, ardú os cionn 20% ó 238,000 ceann an bhliain roimhe sin. Ba ó ardú ar onnmhairí laonna a tháinig na leibhéil trádála níos

airde, go príomha. Maidir le hioncam, níor tháinig athrú ar luach iomlán na n-onnmhairí beo as Éirinn, €110m, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Mínítear sin i bpáirt ag an rannchuidiú sách íseal, i dtéarmaí airgid de, a tháinig ón méid níos mó onnmhairí laonna, lena mbaineann luach coibhneasta níos ísle. Ina theannta sin, tháinig laghdú ar phraghsanna laonna coiscthe, eallach stóir agus eallach críochnaithe in 2019.

Onnmhairíodh 200,000 lao, ardú 25% nó 44,000 ceann. Mar ab amhlaidh le blianta beaga anuas, áiríodh ar na príomh-mhargaí do laonna Éireannacha in 2019 an Spáinn, an Ísiltír, an Iodáil agus an Fhrainc. Taifeadadh fás leanúnach i margadh na Spáinne; os cionn 79,000 lao Éireannach, ardú 11% ar an mbliain roimhe sin. Freaslannaigh Holstein fireannacha ar chaighdeán ní b'fhearr a bhí iontu seo den chuid ba mhó, mar aon le roinnt laonna crosantaigh-mairteola. Tháinig ardú ollmhór 72% go dtí 83,500 ceann ar onnmhairí laonna chuig an Ísiltír, a chuimsigh laonna Freaslannaigh Holstein fireannacha ní b'éadroime a raibh táirge laofheola i ndán dóibh.

Tháinig arduithe 13% agus 33% faoi seach ar onnmhairí laonna coiscthe agus eallaigh chríochnaithe, agus rinneadh an méid céanna onnmhairí eallaigh stóir leis an mbliain roimhe sin. Tháinig téarnamh láidir ar onnmhairí as Éirinn go dtí roinnt margaí eile in 2019; amhail ardú 25% go dtí 30,000 ceann ar thrádáil leis an Iodáil, agus ainmhithe Éireannacha níos iomaíche ó thaobh an phraghais de agus a bhí siad i séasúir roimhe sin, i gcomparáid le heallaigh as an Fhrainc, arb ionann iad agus os cionn 75% d'allmhairí na hIodáile. Tháinig laghdú 78% ar onnmhairí beo chuig an mBeilg mar thoradh ar ráig den ghalar gormtheanga sa mhargadh sin. Cuireadh 2,500 ceann eallaigh chuig an nGréig. Ar na margaí eile bhí an Pholainn 5,900 ceann, an tSlóvaic 1,900 ceann, an Rómáin 1,000 ceann, Poblacht na Seice 5,100 ceann, an Chasacstáin 1,000 ceann, an Túinéis agus ar deireadh, an Ailgéir, a bhfuair onnmhaireoirí rochtain uirthi in 2019.

In 2019, tháinig ardú 20% ar onnmhairí chuig margaí idirnáisiúnta. Ba í an Libia an príomh-cheann scríbe agus í ag glacadh le breis agus 11,000 ceann eallaigh bheo. Seoladh os cionn 10,000 eallaigh as Éirinn go dtí an Tuirc in 2019. Sin os cionn 2,000 níos lú ná 2018, agus airgeadra lag agus corraíl pholaitiúil fós chun tosaigh in idirbheartaíochtaí trádála.

B'ionann an leibhéal onnmhairithe eallaigh bheo chun na Breataine Móire agus leibhéal 2018, eadhon 5,500 ceann. Tháinig fás mór ar onnmhairí beo chuig Tuaisceart Éireann in 2019, áfach, ardú os cionn 50% go 33,000 ceann. Eallaigh chríochnaithe ba mhó a bhí sna honnmhairí beo sin, chomh maith le roinnt ainmhithe póraithe déiríochta.

Tháinig laghdú beag ar luach foriomlán na n-onnmhairí muc beo, bliain ar bhliain, go €48m. Onnmhairí chuig Tuaisceart Éireann an méid sin uile, beagnach, agus is beag cosaint a bhí ag an trádáil ar iarmhairtí féideartha an Bhreatimeachta. Tháinig laghdú 66% ar onnmhairí caorach beo i gcomparáid le leibhéal 2018, go dtí tuairim is 7,500 ceann.

## Promóisean Beostoic

Léirigh onnmhairí beo foinse tábhachtach iomaíochta agus asraon margaidh luachmhar do na catagóirí éagsúla stoic, go háirithe in 2019. Tacaíonn Bord Bia go gníomhach le forbairt na trádála onnmhairí beo trína Bainisteoir Earnála Beostoic i mBaile Átha Cliath, i gcomhar les na hoifigí margaidh ábhartha, go háirithe Maidrid, Milano agus Amstardam. Bíonn fócas láidir ar bheostoc freisin ag Bainisteoirí Margaidh Bhord Bia don Afraic, don Mheánoirthear agus do Mhoscó. Anuas ar eolas margaidh cothrom le dáta a chur ar fáil, socraítear tionscnaimh phromóisin chun íomhá agus cáil ainmhithe na hÉireann a fheabhsú.

## CAOIREOIL

Bhí tréchur caorach Éireannach thíos ó fhigiúirí 2018, ag titim go dtí 2.78 milliún ceann, breis agus 200,000 ceann níos lú ná an bhliain roimhe sin (-7%). Tharla an laghdú ar mhéid agus luach in 2019 mar thoradh ar sholáthairtí láidre sa Ríocht Aontaithe beagnach an bhliain ar fad, chomh maith le teannadh géar ar an soláthar i R3 agus laghdú ar an méid a seoladh le haghaidh próiseála. Tháinig laghdú breis agus 91,000 ceann ar tháirgeadh uascán, agus chonacthas treocht chomhchosúil maidir le caoirigh agus reithí cuileáilte, laghdú 90,000. Tháinig laghdú 20,000 ar an soláthar uaineoil earraigh. De bharr an laghdú ar uimhreacha sa chóras, tháinig laghdú ar an méid iomlán uaineola a táirgeadh in 2019 go 67,500 tonna, 2,000 tonna níos lú ná an bhliain roimhe sin. Sna chéad 8 mí de 2019, tháinig ardú 6% go 48,700 tonna ar an líon tréchuir. Bhí tionchar ag na hagóidí lasmuigh de mhonarchana mairteola i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair ar roinnt de na monarchana próiseála dé-speicis, rud a laghdaigh an figiúr tréchuir i R3. Mar thoradh ar choinníollacha innilte níos fearr in 2019, taifeadadh meáchain chonablach níos airde, agus cinn 2019 0.7 kg níos troime, ar an meán, ná cinn 2018.

Chabhraigh tréimhse na Cásca in 2019 leis an ardú ar onnmhairí sa chéad ráithe agus isteach i R2, agus féilte Críostaí agus Moslamach coicís óna chéile. Mar sin féin, tháinig laghdú 7% ar onnmhairí uaineola as Éirinn mar thoradh ar éileamh lag tomhaltóirí ar uaineoil Éireannach sna príomh-chinn scríbe, chomh maith leis an éiginnteacht maidir leis an mBreatimeacht.



Agus laghdú ar thréchur uaineola úir séasúir sa tríú agus sa cheathrú ráithe, chomh maith le laghdú ar an soláthar caorach diúltaithe, ba 54,000 tonna a bhí sa líon iomlán onnmhairí. €294m a bhí sa luach onnmhairí uaineola in 2019, laghdú 7% ón mbliain roimhe sin mar thoradh ar laghdú ar phraghsanna margaidh.

Bhí praghsanna uaineola ag geata na feirme in 2019 25c/kg níos ísle ná leibhéal 2018, ar an meán. €4.80/kg a bhí sa mheánphraghas caorach don bhliain, an meánphraghas ab ísle ón mbliain 2015.

Tháinig laghdú 16% go €87m ar onnmhairí uaineola Éireannaí chuig margadh na Fraince in 2019, agus tháinig ardú 4% go €57m ar onnmhairí Éireannacha chuig an Ríocht Aontaithe, d'ainneoin airgeadra a bhí ag dul i laige agus éileamh lag ó thomhaltóirí. Is í an Fhrainc an margadh foriomlán is mó fós do uaineoil Éireannach, le sciar 30% de na honnmhairí.

Tháinig laghdú tuairim is 30% ar luacha i margadh na Gearmáine in 2019, le luach onnmhairithe €30m. D'ainneoin sin, is é an tríú margadh is luachmhaire ag Éirinn é maidir le huaineoil. Tháinig laghdú 21% go €23m ar mhargadh na Beilge agus tháinig laghdú 4% go dtí tuairim is €23m ar luach onnmhairí uaineoil Éireannach chun na Sualainne.

Cé go bhfuil formhór na n-onnmhairí as Éirinn, ó thaobh an luacha de, fós ag dul go dtí an Fhrainc nó an Ríocht Aontaithe, is fiú a thabhairt ar aird gurb ionann luach na n-onnmhairí chuig margaí eile agus os cionn 50% den mhéid iomlán anois. Is ionann sin agus ardú 1% ar fhigiúirí na bliana roimhe sin, ina léiríodh gur bhain 50% de luachanna onnmhairithe le margaí lasmuigh den Ríocht Aontaithe agus den Fhrainc. Baineann 36% de luachanna cumaisc onnmhairithe le margaí éagsúlaithe, ardluacha amhail an Bheilg, an Ghearmáin agus an tSualainn anois (thíos 3% ó 2018).

Maidir le 2020, táthar ag súil san earnáil go dtiocfaidh fás arís ar uaineoil Éireannach, ag glacadh leis nach dtarlóidh aon teagmhas nach bhfuiltear ag súil leis a chuirfidh srian ar chumas soláthair na hearnála.

## Promóisin

Agus é mar chuspóir acu tomhaltóirí a spreagadh chun uaineoil Éireannach a bhfuil an Marc Cáilíochta aici a roghnú agus í a cheannach níos minice i rith an bhuaicshéasúir soláthair, dhírigh promóisin sa mhargadh baile ar raon leathan gníomhaíochtaí. Ina measc bhí gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí agus meán sóisialta, agus feachtas teilifíse 10 seachtain a craoladh i mí na Bealtaine, i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna. Agus aitheantas á thabhairt acu ar thábhacht na hearnála uaineola sléibhe, rinne Bord Bia, i gcomhar le páirtithe leasmhara sa tionscal, líon gníomhaíochtaí bolscaireachta, lenar áiríodh cuairteanna ceannaitheoirí isteach, promóisin mhiondíola agus ócáidí blaiste.

Chuir Bord Bia tús leis an tríú bliain agus an bhliain dheireanach den fheachtas promóisin a bhí á cómhaoiniú ag an AE, faoin téama 'Mairteoil agus Uaineoil ón AE – Sármhaitheas i Sábháilteacht agus Inbhuanaitheacha Bia' ar fud na Síne, Hong Cong agus na Seapáine. Is é an bunsprioc an fheachtais feasacht a neartú ar na hardchaighdeáin sábháilteachta bia, dearbhaithe cáilíochta agus inrianaitheachta a bhaineann le mairteoil agus le huaineoil ón Aontas Eorpach. D'éirigh leis an bhfeachtas cómhaoiniú 80% a fháil ón AE idir 2017 agus 2019, agus bhain caiteachas promóisin €3.75m leis ar deireadh. I measc ghníomhaíochtaí an tríú bliain den fheachtas bhí cuairteanna ceannaitheoirí isteach, cláir aistrithe eolais agus cuairt staidéir. Chomh maith leis sin,

bhí taispeántas ag Bord Bia ag roinnt seó trádála i mBéising, Chengdu, Hong Cong, Shang-hai agus Tóiceo, agus d'óstáil sé Sraith Chefs Master an tráth céanna le misean trádála faoi cheannas an Aire chuig an tSín i mí na Bealtaine 2019.

I ndiaidh d'Éirinn rochtain a fháil ar an margadh sa tSeapáin i mí an Mheithimh 2019, óstáladh seimineár teicniúil faoi mhairteoil agus uaineoil an AE, ócáidí blaiste uaineola Éireannaí san áireamh, le haghaidh príomh-allmhaireoirí agus imdháileoirí i dTóiceo

## Dearcadh

Le héifeacht ón 1 Meitheamh 2019, ní mór clib EID a bheith ar gach caora a bhíonn ag imeacht ó ghabháltas. Cosnóidh an t-aistriú seo go EID iomlán cáil na hÉireann mar fhoinse bia agus ainmhithe sábháilte agus slán. Fágfaidh sé go mbeidh córas inrianaitheachta caorach na hÉireann ar chomhchéim le tíortha iomaíocha eile a bhíonn ag onnmhairiú.

In 2020, is ar an 12 Aibreán a bheidh an Cháisc. Beidh Ramadan ann coicís ina dhiaidh sin, ón 23 Aibreán go dtí an 23 Bealtaine. Spreagfaidh am na n-imeachtaí ceiliúrtha seo éileamh ar thrádáil le linn na tréimhse sin.

Beidh tábhacht le mar a tharlóidh an Breatimeacht don tionscal onnmhairí uaineola. Cuirfidh na himpleachtaí a bhainfeadh le Breatimeacht crua leis na saincheisteanna lóistíochtúla d'onnmhaireoirí Éireannacha maidir le droichead talún na Ríochta Aontaithe a úsáid roimh choicís de na seachtainí is gnóthaí sa bhliain, an Cháisc agus Ramadan. Mar sin féin, beidh lámh in uachtair ag Éirinn ar onnmhairí de chuid na Ríochta Aontaithe go dtí an AE. Bíonn thart ar 95% d'onnmhairí na Ríochta Aontaithe le dul go tíortha de chuid AE-26, agus cuimsíonn an Fhrainc 50% de na honnmhairí seo agus ina dhiaidh sin, cuimsíonn an Ghearmáin 10% díobh.

## MUICEOIL

Agus praghsanna sách lag sa chúlra den 18 mí roimh R2 2019, bhain táirgeoirí na hÉireann tairbhe as ardú suntasach ar phraghsanna idirnáisiúnta ó lár 2019 i leith. Mar thoradh ar an ardú sin i dtáirgeadh, tháinig ardú beagnach 14% go €941m ar luach onnmhairí do 2019. Mar sin féin, de bharr onnmhairí muiceola níos ísle i rith na bliana, tháinig laghdú 4% go 254,000 tonna ar an méid a bhí ar fáil le haghaidh onnmhairiú.

Chuaigh an ráig d'Fhiabhras Afracach na Muc (ASF) sa tSín, a leathnaigh amach go dtí beagnach gach náisiún san Áise ón gcéad ráig sa tSín i mí Lúnasa 2018, i bhfeidhm go mór ar thrádáil domhanda. Mar gheall ar shrianta ar iompar muiceola, is deacair do thíortha a buaileadh fardail mhuiceola a bhogadh.

Bhí dian-tionchar ar an tSín ach go háirithe, agus í ar an táirgeoir muiceola is mó sa domhan, agus b'éigean don tír os cionn 130 milliún muc, os cionn 40% dá tréad náisiúnta, a leachtú.

Mar thoradh ar leachtú 25% den soláthar domhanda muc, tá easnamh mór próitéine sna réigiúin den Áise is mó ina ndeachaigh an galar i bhfeidhm ar thréada muc. Chinn an tSín a hallmhairí muiceola a ardú faoi os cionn trí mhilliún tonna, rud a d'éascaigh an fás ar phraghsanna a chonacthas i R3 agus R4.

B'ionann an meánphraghas muiceola in Éirinn in 2019 agus €1.66/kg, an meánphraghas bliantúil ab airde ó 2013 agus ardú suntasach os cionn 12% ar an meánphraghas in 2018, €1.38/kg. Bhí an praghas a fuarthas tuairim is €0.05/ kg faoi bhun mheánphraghas an AE in 2019.

## Margadh Intíre

Úsáideann Éire breis agus 50% d'aschur iomlán na muiceola sa tír seo, sciar atá thar a bheith ard don speiceas ar fad. D'fheidhmigh an earnáil mhuiceola in Éirinn go réasúnta láidir in 2018. Tháinig laghdú 3.4% go dtí os cionn 35,000 tonna ar an méid muiceola agus ispíní a díoladh ar leibhéal miondíola in 2019. Tháinig ardú 5% go dtí níos mó ná 20,000 tonna ar dhíolachán slisní liamháis chócaráilte, mar gur cheannaigh tomhaltóirí a bhí ann cheana ní ba mhinice é, mar aon le siopadóirí nua a bheith ann a cheannaigh an táirge seo. Bhí luach os cionn €412m ar dhíolacháin táirgí muiceola sa mhargadh baile in 2019.

## Margaí AE

Tá an Ríocht Aontaithe go fóill ar an margadh onnmhairithe a is suntasaí do mhuiceoil na hÉireann, agus ba ann a chuaigh 53% in 2019. Taifeadadh fás láidir sa Ghearmáin agus san Ísiltír ó thaobh onnmhairí de, thart ar 6% agus 17% faoi seach, i gcomparáid le figiúirí 2018. Cuimsíonn an Ghearmáin tuairim is 3.5% d'onnmhairí muiceola Éireannaí, rud a fhágann gurb é an ceathrú ceann scríbe is tábhachtaí. Tháinig laghdú 50% ar onnmhairí chuig an Danmhairg in 2019, ach is é an tríú margadh onnmhairí is mó atá againn go fóill. Is réasúnta iad na honnmhairí go dtí an Fhrainc agus an Spáinn i gcónaí, ach is margaí luachmhara iad seo le haghaidh táirgí lena mbaineann ardluach agus tháinig fás suntasach ar gach ceann díobh ó thaobh luacha de in 2019.

## Idirnáisiúnta

Tháinig fás nach bhfacthas riamh cheana ar mhargaí idirnáisiúnta amhail an tSeapáin agus an tSín in 2018. Tháinig ardú foriomlán 18% go 110,000 tonna ar onnmhairí chuig margaí idirnáisiúnta.

Tháinig níos mó ná méadú faoi dhó ar onnmhairí muiceola Éireannaí chuig an tSín, ó €73m go €151m, agus soláthróirí Éireannacha ag feidhmiú go maith d'ainneoin iomaíocht mhór ón nGearmáin, ón Spáinn, ón mBrasaíl, ó SAM agus ó Cheanada. Is sa tSín atá an margadh is mó do mhuiceoil Éireannach, agus méid ollmhór 82,000 tonna á onnmhairiú chuici. Ba í an dara margadh ba thábhachtaí í i rith 2019, i ndiaidh na Ríochta Aontaithe, maidir le honnmhairí muiceola Éireannaí.

Tháinig ardú 19% go €44m ar onnmhairí chuig an tSeapáin agus is í an dara margadh idirnáisiúnta is tábhachtaí í.

## Dearcadh

Meastar go n-imreoidh dinimicí príomh-mhargaí tionchar ar ionchais muiceola domhanda le haghaidh 2020, go háirithe san Áise agus san Eoraip, ach ní a oiread céanna, áit a bhfuil tionchar fós ar tháirgeadh ag dúshláin leanúnacha galair. Ba cheart go dtabharfadh sin deis do ghlan-onnmhaireoirí móra amhail SAM agus an Bhrasaíl chun a sciar den mhargadh san Áise a fhás sa bhliain amach romhainn.

Meastar go dtiocfaidh ardú 42% ar onnmhairí muiceola na Síne agus go mbainfidh siad 3.7 milliún tonna amach i rith 2020, méid nach bhfacthas riamh cheana, dar le USDA.

## ÉINEOIL

In 2019, tháinig ardú 5% go €306m ar luach onnmhairí éineola Éireannaí. Ó thaobh mhéide de, tháinig ardú measta 10% go dtí beagnach 150,000 tonna, i gcomparáid le leibhéal na blianta roimhe. An t-ardú 5% ar an líon éanlaithe éineola arna bpróiseáil in Éirinn a d'éascaigh an fás ar luch foriomlán na hearnála éineola. Ba é sin an táirgeadh ab airde riamh a taifeadadh maidir le táirgeadh éineola in Éirinn agus léiríonn sé an t-ardú leanúnach ar an tóir atá ar phróitéin feola gile mar go bhfeiceann tomhaltóirí éineoil mar rogha ildánach agus níos sláintiúla i gcomparáide le foinsí eile de phróitéin feola. Seoladh líon iomlán de 106 milliún éanlaith le haghaidh próiseála in 2019, an chéad uair a sáraíodh 100 milliún.

### Intíre

I rith 2019, tháinig ardú 3% ar an méid éineola a díoladh de réir mar a cheannaigh tomhaltóirí an chatagóir seo níos minice. D'fhan an praghas in aghaidh an chileagraim mar an gceanna, €5.56/kg. Tá níos mó tacaíochta tugtha ag an gcainéal seirbhíse bia d'éineoil a bhfuil Dearbhú Cáilíochta Bhord Bia aici le dhá bhliain anuas agus tá sé sin ag cabhrú le héileamh ar éineoil a bhfuil dearbhú cáilíochta aici a mhéadú.

### Onnmhairí

As an éineoil a onnmhairíodh as Éirinn in 2019, chuaigh 71% di go dtí an Ríocht Aontaithe, agus 87% de sin ag dul chuig an mBreatain Mhór. Is í an Afraic Theas an dara margadh onnmhairithe is mó d'éineoil Éireannach. Chuaigh €31m, nó 10% d'onnmhairí iomlána na héineola Éireannaí ann in 2019. Cé gur measadh go gcuirfeadh an "tobhach sábháilteachta talmhaíochta" nua, is é sin, 35% ar chnámha allmhairithe i ngearrthacha éineola, deireadh leis an margadh sin d'onnmhaireoirí Éireannacha, go héifeachtach, bhí éileamh ann i gcónaí. Níor taifeadadh ach laghdú beag 3%.

### Dearcadh

Beidh cúrsaí dúshlánach don tionscal éineola domhanda in 2020. Rachaidh na ráigeanna leanúnacha  ASF san Áise i bhfeidhm go mór ar an bhfáil fhoriomlán ar phróitéin i margaí áitiúla, ós rud é go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh laghdú ar an táirgeadh muiceola sa tSín, i Vítneam, sna Filipínigh, sa Chambóid, i Laos, agus i Maenmar. Go ginearálta, táthar ag súil le méadú breise ar an táirgeadh áitiúil sicíní agus lachan in Áise in 2020. Comhtháthóirí éineola áitiúla a bheidh i gceannas air sin agus aistreoidh feirmeoirí muc go dtí táirgeadh sicíní chun borradh a chur faoin soláthar.  Is riosca do thionscail phróitéine áitiúla iad na hinfheistíochtaí sin atá bunaithe ar fhaisnéis neamh-bhunúsach do thionscail phróitéine áitiúla. Tá luaineacht á gcruthú acu cheana féin i margaí amhail Vítneam, áit ar tháinig laghdú mór ar phraghsanna intíre sicíní.

Tá rochtain ar an tSín faighte ag SAM arís, i ndiaidh dóibh a bheith lasmuigh den mhargadh ar feadh ceithre bliana de bharr chás den Fhliú na nÉan (AI) in 2015. Tá rochtain ar go leor margaí domhanda á fáil ag an Rúis agus ag an Úcráin anois agus táthar ag súil go bhfaighidh tíortha Eorpacha rochtain níos fearr ar mhargadh na Síne, de réir a chéile, cé gur mall an próiseas é, go háirithe agus AI ag teacht chun cinn i roinnt de phríomh-stáit an AE, Éire ina measc.

# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: **BIA AGUS DEOCHANNA**



## TÁIRGÍ AGUS COMHÁBHAIR DÉIRÍOCHTA

Is í déiríocht an earnáil onnmhairithe bia is mó in Éirinn agus tá a suíomh mar cholún d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann coinnithe aici, agus fás 11% go €4.4bn tagtha uirthi in 2019. Ba í sin an tríú bliain as a chéile inar sháraigh luach na n-onnmhairí déiríochta €4bn agus baineadh sin amach d'ainneoin lagú ar phraghsanna i bpríomh-chatagóirí déiríochta go hidirnáisiúnta, go háirithe i gcatagóirí amhail ime.

D'onnmhairigh Éire déiríocht chuig 124 thír in 2019, Ba iad na cúig cheann scríbe ba mhó; an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír, an tSín, an Ghearmáin agus SAM. Bhí coinníollacha fabhracha aimsire ann den chuid is mó in 2019 dá bharr sin agus de bharr líon níos airde tréad déiríochta agus táirgiúlacht bó níos fearr, tháinig ardú 5.3% go dtí 7.98bn lítear ar tháirgeadh bainne in Éirinn.

Is é im an chatagóir is mó laistigh de phunann onnmhairithe déiríochta na hÉireann agus is ann a baineadh amach €1.1bn, nó aon cheathrú den luach iomlán onnmhairithe déiríochta in 2019. Tháinig fás suntasach ar dhíol ime i SAM arís in 2019. Is iad SAM an dara margadh is mó d'im, arbh ionann é agus €218m, ardú 28% ar 2018. Bhí ról lárnach ag Kerrygold sa scéal sin trí bhíthin fás ar an tóir atá air a bhaint amach; rangaítear é sa dara háit i measc brandaí ime i SAM faoi láthair.

Ó thaobh luacha de, ba í an cháis an dara chatagóir déiríochta Éireannaí ba mhó in 2019. Cé gur ábhar imní faoi leith é an Breatimeacht do sholáthróirí, bliain cuid mhór dearfach a bhí in 2019 maidir le hoscailteacht leanúnach an mhargaidh sa Ríocht Aontaithe agus an scéal níos leithne maidir le héagsúlú. Chabhraigh ardú méide 26% leis an ardú 22% go €998m a tháinig ar luach onnmhairí cáise. Is chuig an Ríocht Aontaithe a théann beagnach leath de na honnmhairí cáise Éireannaí agus tá an tionscal dírithe ar an margadh sin a chosaint, agus ag breathnú ar éagsúlú, de bharr méadú ar an aschur bainne.

Tá infheistíocht mhór i dtáirgeadh cáise nua ar bun mar fhreagairt air sin. De réir mar a bheidh fáil ar na táirgí seo, táthar ag súil le hardú ar onnmhairí chuig na margaí sin.

Mar thoradh ar ghlanadh amach stoic idirghabhála agus na praghsanna tráchtearraí is airde ón mbliain 2014, tháinig ardú 5% go €332m ar onnmhairí SMP. Táthar ag súil go leanfar den éileamh dearfach. Tá onnmhairí SMP thuas sa chuid is mó de na príomh-mhargaí onnmhairithe agus ar fud na hEorpa go ginearálta.

## Léargas d’fhonn fás a chumhachtú

In 2019, sheol Bord Bia a straitéis déiríochta don earnáil foriomlán, lena n-áirítear feirmeoirí agus próiseálaithe, ina n-aithnítear deiseanna breisluacha d’aschur déiríochta na hÉireann. I gcomhréir leis an straitéis nua, thug Bord Bia faoi líon tionscadal i margaí déiríochta tosaíochta le déanaí.

Sainaithníodh an tSín mar mhargadh fáis tosaíochta agus rinne Bord Bia taighde fairsing ar an gcatagóir cáise sa tSín le tagairt faoi leith dá húsáid le haghaidh píotsa, rud a bhfuil fás suntasach ag teacht air le blianta beaga anuas agus a chuireann deiseanna fáis ar fáil.

Rinne Bord Bia taighde eile chun scrúdú a dhéanamh ar fhírinne an scéil sa chatagóir cothú aosach, faoi láthair agus amach anseo, sa tSín agus sa tSeapáin. Cuimsítear leis an taighde sin trádáil, bealaí chuig an margadh agus eitneagrafaíocht tomhaltóirí, agus tarraingeoidh sé aird ar an deis do sholáthróirí déiríochta Éireannacha sa chatagóir seo atá ag fás go tapa.

Rinne Bord Bia taighde fairsing ar mhargaí déiríochta, lena n-áirítear an Chóiré Theas, Vítneam, an tSeapáin agus Meicsiceo. Tugtar achoimre sna tuarascálacha ar thorthaí an taighde léargais mhargaidh maidir le margaí úsáide deiridh do chomhábhair déiríochta sna háiteanna sin, agus tarraingíonn na torthaí aird ar dheiseanna tábhachtacha do chuideachtaí déiríochta Éireannacha maidir le nuálaíocht mar phointe difreála. Tá d’aidhm leis na tuarascálacha soiléire a thabhairt ar shuíomh iomaíoch, féinsoláthar intíre agus an chonair éilimh do gach comhábhar, chomh maith le feasacht faoin difreáil atá Éire in ann a sholáthar ó thaobh na hinbhuanaitheachta de. Luadh na ceannaitheoirí sna margaí agus tugadh a sonraí teagmhála, rud a thugann deis d’ábhair chliant a ghiniúint. Baineadh úsáid as na tuarascálacha ón gCóiré Theas agus ón tSeapáin mar fhaisnéis do ghné trádála an mhisin trádála a tharla i mí an Mheithimh 2019.

D’fhéach Bord Bia le fiosrú a dhéanamh ar riachtanais tomhaltóirí atá ag athrú sa tuarascáil *Functional Food & Beverages Playbook*, d’fhonn deiseanna nuálaíochta lena mbaineann ardphoitéinseal a shainaithint do dhéantúsóirí Éireannacha. Sa léargas cáilíochtúil agus cainníochtúil sin ar an margadh, déantar fiosrú ar riachtanais tomhaltóirí agus sainaithnítear deiseanna nuálaíochta sa réimse bia agus deochanna feidhmiúla.

Tarraingíodh aird sa tuarascáil seo ar an ról lárnach atá ag bia agus deochanna déiríochta ar shláinte na colainne, na putóige, an spioraid agus na hinchinne.

## Cáil maidir le fás a thógáil

Le maoiniú ón tionscal déiríochta, cuireadh an feachtas déiríochta B2B 2019 i ngníomh i margaí nua agus seanbhunaithe chun na buntáistí a bhaineann le hábhair déiríochta as Éirinn a tháirgtear ar bhealach inbhuanaithe a chur in iúl, chomh maith leis an tslí a gcuireann an Scéim um Dhearbhú Déiríochta Inbhuanaithe (SDAS) ar leibhéal na feirme struchtúr ar fáil chun an dearbhú agus an cruthúnas a dteastaíonn ó na margaí sin a sholáthar.

Seoladh an feachtas i margaí seanbhunaithe, sa Ríocht Aontaithe, i SAM agus sa Ghearmáin agus an cuspóir a bhí leis, sainroghnú déiríochta a chur chun cinn i measc chustaiméirí B2B.

Sna margaí nua, an tSeapáin agus an Chóiré Theas, ba é an cuspóir a bhí leis an bhfeachtas, feasacht faoi Éire mar fhoinsí déiríochta a chur chun cinn i measc sprioc-chustaiméirí B2B.

Cuireadh na feachtais i ngníomh i bpointí teagmhála margaíochta éagsúla, lena n-áirítear preas trádála agus fógraíocht dhigiteach a bhaineann leis an sprioclucht féachana.

Foilsíodh fógraí preasa agus ailt fógraíochta i bhfoilseacháin trádála a bhfuil ciorclaíocht chumaisc 274,000 acu sna margaí seanbhunaithe agus 401,000 i margaí nua.

Seoladh feachtas digiteach B2B sa tSín chun déiríocht Éireannach a chur chun cinn, ag díriú ar thomhaltóirí na Síne i gcathracha Shraith 1 agus Shraith 2, agus úsáid á baint as na meáin, príomh-threoraithe agus cuntas fíoraithe Weibo agus Wechat.

D’fhorbair Bord Bia agus Teagasc Caighdeán Féar-Chothaithe don déiríocht i gcomhar leis an tionscal agus cheadaigh INAB é. Is é cuspóir an chaighdeáin, margaíocht tháirgí déiríochta féar-chothaithe a éascú. Trí bhíthin an Chaighdeáin Féar-Cothaithe, féadfaidh an tionscal cruthúnas infhíoraithe a chur ar fáil, chomh maith le pointe difreála i margadh iomaíoch.

Más mian le próiseálaí Caighdeán Féar-Chothaithe Bhord Bia a úsáid ar tháirge, caithfidh an bainne ann a bheith 95% féar-chothaithe ar an meán, ar bhonn fliuchmheáchain. Cuireann an Scéim um Dhearbhú Déiríochta Inbhuanaithe (SDAS) agus samhail Féar-Chothaithe Theagaisc na sonraí agus an mhodheolaíocht tomhais ar fáil.

## Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint

Ghlac cuideachtaí déiríochta páirt in os cionn deich seó trádála agus misean trádála i rith 2019. Ina measc bhí Gulfood in Dubai (17–21 Feabhra), an fhéile bia is mó ar domhan, arna heagrú ag an Ionad Trádála Domhanda in Dubai, áit ar cuireadh fáilte roimh beagnach 100,000 cuairteoir as 160 tír, agus inar ghlac cúig phróiseálaí déiríochta as Éirinn spás ar sheastán Bhord Bia sa Halla Déiríochta. Mealladh ceannaitheoirí ón Meánoirthear, ón Afraic Thuaidh agus ón Áise. Ghlac Bord Bia páirt don dara huair, ar éileamh ón tionscal, san fhéile Gulfood Manufacturing (29–31 Deireadh Fómhair) in Dubai. Ghlac dhá chuideachta déiríochta as Éirinn páirt san fhéile. Tá PLMA in Amstardam (21-22 Bealtaine) ar cheann de na cruinnithe is mó de ghairmithe agus de cheannaitheoirí lipéad príobháideach. Óstáladh 25 chuideachta ar sheastán na hÉireann, agus ba sa chatagóir déiríochta a bhí aon trian de na rannpháirtithe ar an seastán.

Cuireadh fáilte roimh os cionn 115,000 cuairteoir, 20,000 leanbh ina measc, ag Bloom de chuid Bhord Bia (30 Bealtaine – 3 Meitheamh). Ghlac sé chuideachtaí déiríochta páirt sa Sráidbhaile Bia. Ina theannta sin, rinne Bord Bia urraíocht ar 11 dhéantóir cáise le go mbeadh láithreacht acu faoi mheirge CAIS.

Ag Mondial du Fromage in Tours, an Fhrainc (2–4 Meitheamh) cuireadh fáilte roimh 170 taispeántóir as 10 dtír. D'fhreastail breis agus 3,500 cuairteoir ar an ócáid, ina measc chefs, ceannaitheoirí miondíola agus imdháileoirí. Thug Bord Bia tacaíocht do dhá dhéantóir cáise a ghlac páirt ann.

Tugadh deis do chuideachtaí bualadh le príomh-cheannaitheoirí comhábhar bia agus breathnú ar na táirgí is nuaí ó ar fud an domhain ag *Food Ingredients Asia* in Bangkok, an Téalainn (9-13 Meán Fómhair). Cuireadh fáilte roimh os cionn 750 taispeántóir agus 20,000 cuairteoir. Rinne dhá chuideachta déiríochta Éireannacha ionadaíocht ar thionscal déiríochta na hÉireann agus iad i láthair ag seastán na hÉireann.

Tionóladh Anuga (5- h Deireadh Fómhair) in Cologne, an Ghearmáin agus bhí taispeántas ag ceithre chuideachta déiríochta ann.

Tionóladh *Food Ingredients Europe* (FIE) (3- 5 Nollaig) i bPáras agus bhí deis ag trí chuideachta déiríochta as Éirinn bualadh aghaidh ar aghaidh le cliaint reatha agus le cliaint nua.

Rinne *Irish Farmers Journal* óstáil ar an Lá Déiríochta i mBaile Phoinse (19 Samhain).

## Misin trádála

An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed, TD, a threoraigh an misean trádála chun na Síne an tráth céanna leis an Taispeántas SIAL na Síne in Shanghai (14–16 Bealtaine). Thug 30 feidhmeannach ó na hearnálacha feola agus déiríochta cuairt ar thrí chathair sa tSín. Bhuail an tAire Creed le péire de na cuideachtaí déiríochta is tábhachtaí sa tSín, Yili agus Mengniu.

Tionóladh an dara cuairt Aireachta chuig an tSeapáin agus chuig Poblacht na Cóiré ón 8–14 Meitheamh, agus bhí ocht gcuideachta déiríochta páirteach ann. Chuir an Misean Trádála seo leis an méid a baineadh amach i rith an chéad Mhisean Trádála chuig an dá thír sin i mí na Samhna 2017.

Sainaithníodh na tíortha sin sa staidéar um Beartú Tosaíochta Margaíochta, mar thíortha a sholáthraíonn deis d'onnmhairiú déiríochta de bharr daonra atá ag dul in aois agus éileamh atá ag méadú ar tháirgí déiríochta.

## Tallann

Cabhraíonn Clár Comhaltachta Bhord Bia le cuideachtaí bia agus dí Éireannacha deiseanna gnó thar lear a fhorbairt. In 2019, cuireadh 10 gcomhalta i socrúcháin i gcuideachtaí déiríochta i dtíortha amhail an Ghearmáin, Dubai, an tSeapáin, an Chóiré, an tSín, Singeapór, Vítneam, an Ríocht Aontaithe agus SAM. An ról atá ag Comhaltaí Margaíochta, oibriú ar thascanna thar lear, thar ceann thionscal déiríochta na hÉireann. Oibríonn mic léinn ar thionscadail éagsúla chuideachta agus iad ar shocrúchán sa mhargadh. Bíonn siad ag obair go dlúth le foireann Bhord Bia i rith a socrúcháin.

Leis an gClár Ambasadóir Origin Green (OGA), dírítear ar dhaoine a bheidh in ann glacadh le ról ollmhór i réimse na hinbhuanaitheachta a fhorbairt. Cuirtear beirt OGA ar shocrúcháin i gcuideachtaí a bhfuil gnéithe déiríochta acu, Nestlé agus Unilever.

## BIANNA TOMHALTÓRA ULLMHAITHE

Tá dlúth-bhaint lena chéile ag na catagóirí Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe (PCF) agus Bia Ullmhaithe a tháinig chun cinn chun freastal ar chuspóirí difriúla sa tionscal bia.

Cuimsíonn PCF raon leathan táirgí bia agus dí breisluacha, ina measc táirgí bia a ndearnadh próiseáil bhreise orthu – táirgí báicéireachta, píotsa, seacláid, milseogra, brioscaí, táirgí déiríochta tomhaltóra, sneaiceanna, úsc, anlainn, anraithí, feoil bhreisluacha, bia mara breisluacha, gairneoireacht bhreisluacha agus deochanna neamh-mheisciúla.

Is í fís Bhord Bia don earnáil PCF, go n-aithneoidh custaiméirí ar fud an domhain gur táirgí ardchaighdeáin, den scoth iad Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe na hÉireann, táirgí atá saintréitheach, arna ndéanamh ag

raon éagsúil táirgeoirí cruthaitheacha a bhfuil caighdeán tionscail do chleachtais táirgthe inbhuanaithe á leagan síos acu.

Measadh gur luach €2.66bn a bhí ag an líon iomlán onnmhairí PCF in 2019, lenar áiríodh Bianna Ullmhaithe dar luach €2.079bn, ardú 2% bliain ar bhliain. D'ainneoin na ndúshlán agus na héiginnteachta a bhain leis an mBreatimeacht, ba í an Ríocht Aontaithe an margadh onnmhairithe ba mhó don earnáil fós, dar luach €1.8bn in 2019 agus arbh ionann é agus 67% d'onnmhairí na hearnála, ardú 1% ar luach 2018.

Príomhréimse fócais don earnáil PCF in 2019 ab ea caidrimh reatha ghnó a chothabháil agus tacú le héagsúlú i margaí agus cainéil nua, agus leanfar den fhócas sin in 2020. Ina theannta sin, leanfaidh Bord Bia de nuálaíocht agus d'fhorbairt táirgí nua a spreagadh, ach oibriú go dlúth leis an Ionad Bianna Tomhaltóra Ullmhaithe i mBaile an Ásaigh, Baile Átha Cliath.

Tháinig fás 3% ar mhargadh miondíola na hÉireann anuraidh is fiú €10.9bn anois é. Meastar go bhfuil sé ar cheann de na margaí is iomaíche san Eoraip, de bharr nach bhfuil ach níos lú ná 0.5% sciarphointe idir na trí mhiondíoltóir is fearr. Tá fás suntasach tagtha an sciar den mhargadh atá ag miondíoltóirí lascaine freisin, agus siopadóireacht sa chainéal lascaine á déanamh ag os cionn 80% de líonta tí na hÉireann.

Tugadh luach €6.32bn do mhargadh seirbhíse bia na hÉireann in 2019 agus tuartar ráta fáis iolraithe 4.5% ó 2020 go 2023 ina leith. Tá go leor cliantchuideachtaí PCF ag breathnú níos faide ná an mhiondíol anois agus ag éagsúlú isteach as chainéal nua seo, a bhfuil fás ag teacht air, níos mó ná mar atá sa ghnáthchainéal miondíola. Léirigh torthaí taighde ar thomhaltóirí sa chainéal seirbhíse bia go bhfuil fás tagtha ar éileamh tomhaltóirí ar ócáidí seirbhíse bia laethúla, go bhfuil próiseas cinnteoireachta difriúil acu maidir le hócáidí a bhaineann le pléisiúr, agus go bhfuil níos mó úsáide á baint acu as teicneolaíocht agus meas níos airde acu ar sheirbhísí do chustaiméirí.

Príomh-thosaíocht do Bhord Bia in 2019 ab ea feidhmíocht déantúsóirí Éireannacha do mhargaí na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe a neartú trí bhíthin forbairt cumais, nuáil agus ábhair chliaint a ghiniúint. Dhírigh Bord Bia ar chumas an tionscail a fhorbairt trí bhíthin cheardlanna, cláir do mhiondíoltóirí, piar-fhoghlaim agus tacaíocht phearsanta a chur ar fáil do chuideachtaí i mbun cinnteoireachta tábhachtaí. Dírítear ar dheiseanna a chruthú chun ábhair chliaint a ghiniúint, trí bhíthin ócáidí 'buail leis an gceannaitheoir' agus faisnéis faoi chustaiméirí trádála a sholáthar.

Léirigh torthaí Bharaiméadar Breatimeachta Bhord Bia 2019 gurb é margadh na Ríochta Aontaithe an ceann is tábhachtaí fós do thionscal bia agus dí na hÉireann. D'ainneoin na ndúshlán, tá an chatagóir PCF ag feidhmiú go maith sa mhargadh agus freagra tugtha aige ar an éiginnteacht ach leas mór a bhaint as tacaíochtaí Breatimeachta Bhord Bia maidir le caidrimh le custaiméirí, slabhra soláthair, rialuithe custaim agus éagsúlú margaidh.

Aithnítear san earnáil gur ríthábhachtach faoi láthair é bainistiú láidir a dhéanamh ar chaidreamh le custaiméirí i margadh na Ríochta Aontaithe faoi láthair. D'éascaigh Bord Bia forbairt ar straitéisí saincheaptha margaíochta agus soláthair do chuideachtaí PCF, chomh maith le tacú le nuálaíocht trí bhíthin obair The Thinking House de chuid Bhord Bia. D'oibrigh Bord Bia lena chinntiú go mbeidh a ghníomhaíochtaí maidir le 'hullmhacht', 'rannpháirtíocht' agus 'caidreamh' ag freastal ar riachtanais chliantchuideachtaí a leanann d'fheabhas a chur ar a gcaidrimh seanbhunaithe sa Ríocht Aontaithe.

I rith 2019, cuireadh táirgí PCF na hÉireann go dtí margaí eile san Eoraip, agus cuimsíonn siad 25% de na honnmhairí anois, ardú 1.6% go dtí luach €666m. Is iad na príomh-mhargaí ina bhfuil an fás sin ag tarlú, an Ghearmáin (+11.6%), an Fhrainc (+7.7%), an Bheilg (+7.9%) agus an tSualainn (+16.4%). Dul chun cinn san earnáil lipéad príobháideach atá taobh thiar den fhás sin.

Tá éagsúlú chuig cainéil nua amhail lipéad príobháideach agus seirbhís bhia á dhéanamh ag cuideachtaí PCF, agus chuig margaí nua san Eoraip. Tá an Ghearmáin ina margadh níos tábhachtaí le díriú air anois do chuideachtaí PCF a fheiceann deiseanna an saineolas a fuair sin sa Ríocht Aontaithe a úsáid le custaiméirí sa Ghearmáin. Tá deiseanna curtha ar fáil ag seirbhís bhia, ach go háirithe, i margaí na Gearmáine agus na Fraince, áit a bhfuil leas á bhaint ag cuideachtaí as na treochtaí nua a thagann ó Mheiriceá agus atá ag teacht chun cinn iontu.



Tá cúrsaí ag breathnú go maith ó thaobh mhéadú lasmuigh de mhargadh na Ríochta Aontaithe freisin, le níos mó agus níos mó taighde ag tabhairt dúshláin na seilfré. Tá Bord Bia agus an earnáil PCF ag díriú ar dheiseanna san Eoraip a fhás sna cainéil bia as baile agus bia saoráideach agus tomhaltóirí ag lorg táirgí agus bia saoráideach ar cháilíocht níos airde. Ina theannta sin, tá níos mó cuideachtaí PCF ag dul san iomaíocht do ghnó lipéid phríobháidigh san Eoraip, agus á ghnóthú, agus réitigh nuálacha á chur ar fáil acu do thomhaltóirí Eorpacha sa réimse lipéid phríobháidigh, réimse atá ag fás. Trí bhíthin a slabhra soláthair athrú ó fhuaraithe go dtí reoite, tá cuideachtaí in ann éagsúlú agus onnmhairiú chuig margaí eile.

Cé gur sách beag an líon onnmhairí ón earnáil PCF chuig margaí idirnáisiúnta, bhí feidhmíocht láidir i SAM agus UAE i rith 2019. Is iad SAM an margadh is suntasaí don chatagóir PCF lasmuigh den AE faoi láthair, agus tháinig fás os cionn 22.7% air anuraidh, rud a chuir €7.2m leis an luach.

## Feoil bhreisluacha

Tháinig fás 4% ar earnáil na feola breisluacha in 2019 agus b'fhiú €640m na honnmhairí. Liamhás Éireannach an chatagóir is mó san earnáil seo agus tháinig fás os cionn 14% ar onnmhairí, rud a thiomáin feidhmíocht san earnáil. Dul chun cinn leanúnach i margadh na Ríochta Aontaithe ba chúis leis an bhfás, chomh maith le héagsúlú nua isteach i gcainéil seirbhíse bia i Mór-roinn na hEorpa.

Ar na dúshláin don earnáil sin tá íogaireacht praghsanna agus iomaíocht an mhargaidh. Mar sin féin, tá táirgeoirí Éireannacha ag feabhsú an méid a dtéann siad i bhfód i margaí amhail an Ghearmáin, i réimsí ina bhfuil láithreacht acu cheana féin, amhail earnáil na mbialann mearsheirbhíse. Tá fás níos mó ar na slabhraí sin ná mar atá ar an earnáil lánseirbhíse san Eoraip, agus deiseanna á gcur ar fáil do tháirgeoirí feola breisluacha Éireannaí a bhfuil tograí luacha éifeachtacha á soláthar acu.

## Milseogra

San earnáil milseogra, tháinig fás 2% ar onnmhairí seacláide Éireannaí, dar luach €256, in 2019. Ba chuig an Ríocht Aontaithe a ndeachaigh 92% d'onnmhairí seacláide Éireannaí, agus tomhaltóirí ag roghnú 'níos lú ach níos fearr a ithe'. Is sna cainéil mhiondíola den scoth is mó atá seacláid Éireannach san iomaíocht, i bhfoirm brandaí agus lipéid phríobháideacha.

Taobh amuigh de mhargadh na Ríochta Aontaithe, go háirithe sa Ghearmáin, san Ísiltír gus san Astráil, tháinig ardú 20% go €8.5m ar onnmhairí seacláide.

Is iad na treochtaí a bheidh chun tosaigh in 2020, meastar, inbhuanaitheacht agus 'níos fearr duit'. Tá níos mó agus níos mó treochtaí sláinte agus folláine ann, agus tomhaltóirí ag éirí níos airdeallaí ar an méid siúcra agus saille i dtáirgí. Tá siad ag roghnú bianna a bhfuil níos lú próiseála déanta orthu. An freagra atá ag déantúsóirí air sin, athbhrandáil a dhéanamh (sneaic só vs laethúil), srianadh sciar agus táirgí saor ó ghlútan. Tá úsáid níos mó á baint as teachtaireachtaí 'saor ó' agus feidhmiúlacht níos mó ag táirgí.

## Báicéireacht

Is fiú €296bn an margadh báicéireachta domhanda agus fás 2.6% bliain ar bhliain aige. In 2019, bhí luach measta os cionn €200m ag onnmhairí báicéireachta na hÉireann, agus feidhmíocht níos fearr ag luach ná ag méid sna príomh-mhargaí onnmhairithe. Aithnítear mar mhargaí tosaíochta Éire, an Ríocht Aontaithe, SAM, an Ísiltír, an Ghearmáin agus an Fhrainc. Tháinig fás mór ar an gcatagóir brioscaí agus luach €25m ar onnmhairí uile, go háirithe chuig an mBreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann, agus chuig margaí nua amhail UAE.

An treocht maidir le cáilíocht níos fearr, atá ag fás, is cúis leis an bhfás sin, agus comhábhair den scoth agus barántúlacht táirgí á lorg ag tomhaltóirí. Saintáirgí den cháilíocht is airde na príomh-fhoinsí nuálaíochta sna príomh-mhargaí; tá áit thábhachtach ag táirgeoirí ceardaí i margaí na Fraince agus na Gearmáine.

Treocht eile sa chatagóir seo é Sláinte agus Folláine. Agus níos mó imní orthu faoi ídiú siúcra, tá sneaiceanna só ar chaighdeán den scoth á lorg ag tomhaltóirí, nuair a roghnaíonn siad sneaiceanna. Tá drochthionchar ag imní faoi ídiú glútain agus rialú meáchain ar ídiú aráin. Tá rialacháin Rialtais maidir leis an méid siúcra a bhíonn i dtáirgí ag dul i méid agus tá an treocht maidir le lipéadú glan taobh thiar den fhás ar tháirgí atá 'saor ó', bunaithe ar phlandaí agus ar mhéid beag siúcra agus salainn.

## Bia saoráideach fuaraithe

Is príomh-thosaíocht i gcónaí é margadh na Ríochta Aontaithe don earnála onnmhairithe bhia saoráideach fuaraithe, de bharr theorainneacha seilfré, ach tá an margadh ciúin faoi láthair, i ndiaidh blianta maithe fáis. Dúshlán don earnáil seo é an ard-iomaíocht ó thaobh praghsanna, ar chuir an Breatimeacht borradh faoi, go háirithe i gcás sheirbhísí 'díreach in am'. Réiteach inmharthana do roinnt soláthróirí Éireannacha ab ea aistriú chuig an gcatagóir bianna reoite, rud a thug deis dóibh dul i bhfód i margaí eile san Eoraip agus iad féin a ullmhú don Bhreatimeacht.

Mar sin féin, níl sé de chumas ag gach cuideachta an t-aistriú sin a dhéanamh, mar go mbraitheann sé go mór ar an réimse táirgí atá acu.

D'fhonn cur leis an bhfás san earnáil seo, díreofar go príomha in 2020 ar dheiseanna i slabhraí soláthair Eorpach a shainaithint agus gníomhú in aghaidh shrianta maidir le seilfré, ach teicneolaíochtaí nuálacha a úsáid, chun an dóchúlacht go gcruthódh miondíoltóirí dramhaíl ar an láthair a laghdú. Tacaíonn an tIonad Bia Tomhaltóra Ullmhaithe (PCF) nua, atá á reáchtáil ag Teagasc, leis an earnáil sin, trí bhíthin taighde a dhéanamh ar phróiseáil bia nua agus nuálach, agus ar theicneolaíochtaí leasaithe agus pacáistithe a fhorbairt, fad a oibrítear chun síneadh a chur ar an seilfré do tháirgí PCF.

## Grósaeireacht

In 2019, tháinig fás dédhigiteach ar an gcatagóir grósaeireachta, mar gheall go háirithe ar 'chatagóir na hlodáile', lena n-áirítear anlann pasta, anraith agus úsc.

Tháinig fás 48% bliain ar bhliain, go dtí luach €54.7m, ar tháirgí gránaigh agus tháinig ardú 32% bliain ar bhliain, go dtí luach €34.6m, ar onnmhairí tae, caifé agus spíosraí.

Is chuig margadh na Ríochta Aontaithe a théann 98.13% d'onnmhairí grósaeireachta na hÉireann agus is chuig Tuaisceart Éireann a théann 22%, margadh a bhfuil fás láidir ag teacht air agus fás 10% bliain ar bhliain. Chruthaigh an Breatimeacht dúshlán mór don earnáil seo, leis an seans go dtiocfadh arduithe ar chostais agus le daoine ag éileamh ar onnmhaireoirí na hÉireann a stocshealúchas a ardú sa dá dhlínse. Tá dearcadh diúltach ag daoine ar an scéal, mar gheall go bhfuil drogall ar mhiondíoltóirí na Ríochta Aontaithe na costais agus na dleachtanna breise a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí na Ríochta Aontaithe.



## DEOCHANNA

Tháinig ardú go dtí €1.86bn ar líon iomlán na n-onnmhairí deochanna in 2019. Leanadh den fhás domhanda ar onnmhairí deochanna meisciúla in 2019, le hardú foriomlán 8% ón mbliain 2018, ó €1.215bn go €1.45bn. Uisce beatha Éireannach a bhí taobh thiar den fhás sin arís, agus éileamh dédhigiteach air in go leor margaí. Tá éileamh méadaitheach ag tomhaltaí ar fud an domhain ar bhiotáillí den scoth, agus treocht maidir le 'níos lú ach níos fearr' a ídiú, ag rannchuidiú le feidhmíocht láidir ag uisce beatha Éireannach agus ag licéir uachtair. Cuireadh luach €727m ar onnmhairí uisce beatha Éireannaigh don bhliain, ardú breis agus €75m, nó 11.6%. In ord tábhachta, níor tháinig athrú ar na príomh-mhargaí tosaíochta ó 2018; is iad sin Meiriceá Thuaidh, an Ghearmáin, An Fhrainc, an Ríocht Aontaithe agus an Rúis. I bhfianaise na mbagairtí ar an gcatagóir ó SAM agus ón Ríocht Aontaithe, táthar ag díriú ar mhargaí ardphoitéinsil eile, chun iad a fhorbairt. Áirítear orthu sin an Afraic Theas, an Astráil, an tSeapáin agus an tSín.

Sa chatagóir licéar uachtair Éireannach, coimeádadh an leibhéal onnmhairithe a bhí ann in 2018, eadhon 7.9m cás, d'ainneoin thionchar na dtaraifí a chuir SAM i bhfeidhm ar an táirge – éacht i ndáiríre. Is ar Mheiriceá Thuaidh a dhírítear cuid mhór de na hallmhairithe sin agus is tosaíocht é an gnó a chosaint, dá bharr sin. I measc na margaí tosaíochta eile atá á bhforbairt tá an Ghearmáin, an Spáinn, Meicsiceo agus an Astráil.

Is é jin an chéad chatagóir biotáillí eile is láidre ó thaobh na feidhmíochta de, le trí bliana anuas. Tá áit á chruthú aige dó féin i margaí idirnáisiúnta. Thosaigh sé amach go híseal agus tá fás dédhigiteach bainte amach aige le blianta beaga anuas. B'amhlaidh an cás in 2019, nuair a tháinig fás 17% chuig €9m ar onnmhairí i gcomparáid le 2018. Tá tóir leanúnach ar jin i measc tomhaltóirí na Ríochta Aontaithe, agus tá ról lárnach aige sa chultúr manglaim atá láidir go fóill, rud a fhágann gur féidir a bheith ag súil leis go leanfar den fhás le linn 2020. Is margadh é SAM ina bhfuil fás ag teacht ar an bpoitéinseal do dhéantúsóirí áirithe, agus i measc margaí eile ina bhfuil ardphoitéinseal don chatagóir, tá Ceanada, an Spáinn, an Ríocht Aontaithe agus an Astráil.

Bhí bliain dhearfach ag onnmhaireoirí beorach Éireannaí, inar tháinig fás tuairim is 2% orthu, i gcomparáid le 2019, a bhuíochas de nuálaíocht agus nádúr an táirge, atá thar a bheith éagsúil.

Tharla sin i gcomhthéacs ardú mór ar an leibhéal iomaíochta i roinnt margaí a bhí taitneamhach roimhe seo, go háirithe Ceanada. Tháinig fás ar onnmhairí na ceirtlise Éireannaí in 2019 freisin, go háirithe i bpríomh-mhargadh na Ríochta Aontaithe. Braitheann an táirge sin go mór ar an aimsir, agus chabhraigh an aimsir shár-mhaith sa Ríocht Aontaithe an samhradh seo caite le hardú 11% ar onnmhairí.

Cé go gcuimsíonn an Ríocht Aontaithe céatadán níos ísle d'onnmhairí in earnáil dí na hÉireann ná mar is amhlaidh in go leor tionscal eile, is ábhar imní mór é an Breatimeacht i gcónaí, go háirithe i bhfianaise fheidhmíocht láidir an uisce bheatha, na ceirtlise agus an jin sa mhargadh in 2019. Ina theannta sin, tá cogadh trádála fós ar bun idir SAM agus an AE agus tá bagairt ann fós ó mhéadú eile ar tharaifí.

D'ainneoin an bhagairt ó tharaifí, táthar ag súil go leanfar den fhás ar onnmhairí deochanna meisciúla as Éirinn in 2020 agus ina dhiaidh sin, á thiomáint ag an éileamh ar uisce beatha Éireannach den scoth, éileamh atá ag méadú.







Tá fás leanúnach, dinimiciúil ag teacht ar thírdhreach na táirgeachta. Tá 31 drioglann uisce beatha Éireannaigh i mbun táirgeachta ar an oileán agus 26 díobh lonnaithe i bPoblacht na hÉireann.

Is léiriú é sin ar mhuinín sa chatagóir faoi láthair. Mar sin féin, baineann rioscaí leis an iomarca spleáchais ar mhargadh SAM, go háirithe ó thaobh poitéinseal na hearnála baint gan choinne a bheith aici le hagóidí trádála. Breathnaítear ar an méid nach bhfuil ar eolas fós faoi shocruithe iar-Bhreatimeachta mar bhagairt agus ar an dá chúis sin, is tosaíocht don chatagóir é gnó reatha a chosaint, fad a fhorbraítear margaí nach bhfuil chomh haibí sin fós le haghaidh biotáillí Éireannacha.

Agus aitheantas á thabhairt don spleáchas ar mhargadh SAM, agus don éileamh níos mó san Áise ar uisce beatha Éireannach, sheol Bord Bia an Clár Áise Thoir le haghaidh Biotáillí Éireannacha i mí Feabhra 2019 le misean margaidh chuig Singeapór, Súl agus Tóiceo. I measc gníomhaíochtaí bolscaireachta eile bhí clár aontaí trádála Bhord Bia, ina measc ag Prowein Dusseldorf i mí an Mhárta. Tríd is tríd, rinne 15 chliantchuideachta óstáil ar níos mó ná 300 chruinniú B2B ar an seastán ag an imeacht trí lá sin. Reáchtáladh máistir-ranganna uisce beatha Éireannach ag seastán na hÉireann arís in 2019 do cheannaitheoirí a thug cuairt ar Prowein; d'fhreastail níos mó ná 160 aoi ar 14 rang. Chomh maith le bheith i láthair ag aontaí trádála, d'eagraigh Bord Bia roinnt mhaith ócáidí Buail Leis An Déantóir in Ambasáidí de chuid na hÉireann sa Fhrainc, i Moscó, i Singeapór, sa Chóiré, sa tSeapáin agus i Londain. Thug sin deis do sholáthróirí Éireannacha bualadh le ceannaitheoirí ina n-áit féin. Rinneadh cur i láthair ar an margadh, thug na brandaí cur i láthair, ócáidí blaiste agus cruinnithe duine-le-duine idir ceannaitheoirí agus soláthróirí.

## BIA MARA

Tháinig ardú tuairim is 5% go €600m ar luach onnmhairí bia mara Éireannacha chun filleadh ar fhás, d'ainneoin choinníollacha trádála a bhí dúshlánach in amanna. Chuaigh éiginnteacht faoin mBreatimeacht, steirling lag, srianta ar chuótaí agus teannas polaitiúil i bpríomh-mhargaí i bhfeidhm ar an earnáil, ach mar sin féin, taifeadadh ardú ar luachanna onnmhairí i mbeagnach gach catagóir bia mara, seachas iasc geal. Bhí dúshláin ann sa chatagóir ar an iomlán, ach go háirithe i gcás an bhradáin, áit ar tháinig deireadh leis an soláthar bradán úr orgánach sa dá mhí dheireanacha den bhliain.

Bhí cúig mhargadh AE chun tosaigh ó thaobh onnmhairí bia mara in 2019, eadhon an Fhrainc, an Spáinn, an Ríocht Aontaithe, an Iodáil agus an Pholainn, ná margaí a ghlac le tuairim is 57% de na honnmhairí iomlána, de réir luacha

B'ionann onnmhairí bia mara chuig na margaí uile san Eoraip agus 74% den onnmhairiú iomlán. B'ionann onnmhairí chuig an Ríocht Aontaithe agus 9%. B'ionann onnmhairí chuig na trí phríomh-mhargadh san Áise, an tSín, an Chóiré Theas agus an tSeapáin, agus os cionn 13% den onnmhairiú iomlán bia mara agus taifeadadh fás as cuimse sa tSeapáin, le hardú 51%. D'ainneoin choinníollacha dúshlánacha sa Nigéir, áit ar tháinig laghdú beag ar onnmhairí in 2019, is margadh tábhachtach don earnáil pheiligeach fós í, agus is ionann í agus 5% de na luachanna onnmhairí  iomlána. Bhí feidhmíocht láidir ag margadh na Ríochta Aontaithe freisin. Tháinig ardú 9% ar luachanna i rith 2019 agus tháinig ardú 5% ar onnmhairí chuig na príomh-mhargaí uile san Eoraip.

Ó thaobh fheidhmíocht chatagóirí ar leithligh in 2019, maidir leis an earnáil pheiligeach, chuaigh ísliú 12% ar chuótaí i bhfeidhm go díreach ar an méid a bhí ar fáil le honnmhairiú. Cuireadh ísliú 20% ar chuótaí ronnach agus faoitín gorm Éireannach agus cuireadh ísliú 25% ar chuótaí scadán. Bhí éileamh agus praghsanna láidre ar ronnach Éireannach, go háirithe san Áise agus san Eoraip. Ba san Áise agus san Eoraip a tharla an fheidhmíocht ab fhearr i margaí peiligeacha in 2019. Tháinig ardú tuairim is 71% ó thaobh luacha de ar pheiligeach Éireannach sa tSín agus bhí ardú 50% sa tSeapáin. Bhí fheidhmíocht mhaith ag príomh-mhargaí san Eoraip freisin, áit a bhfacthas fás ard dédhigiteach. Meastar gur tháinig ardú 8% ar luachanna onnmhairí iasc peiligeach in 2019

Tháinig laghdú beag ar luachanna onnmhairí sliogéisc Éireannach in 2019 agus an t-éileamh níos airde ná an soláthar arís i roinnt margaí, maidir le speicis áirithe. Tháinig laghdú 5% ar luachanna onnmhairí agus tháinig laghdú 7% ar mhéideanna in 2019. Bhí onnmhairí chuig an Eoraip mar an gcéanna, a bheag nó a mhór, bliain ar bhliain. An Fhrainc an margadh ba mhó le haghaidh onnmhairí sliogéisc Éireannach arís, áit ba chúis le 28% den díolachán. An Iodáil ba chúis le 22%, an Spáinn 13% agus an tSín 10%. Tháinig laghdú 15% ar luachanna onnmhairí san earnáil oisrí Éireannacha mar thoradh ar dhúshláin i margadh na Síne, ina n-éilítear oisrí Éireannach móra, agus iad i ngannchúis in 2019.

Bhí tionchar ag an éiginnteacht pholaitiúil i Hong Cong ar an éileamh freisin. Bhí éileamh láidir ann arís sa Ríocht Aontaithe. D'ainneoin an éiginnteacht maidir leis an mBreatimeacht, tháinig fás 18% ar an éileamh. Tá portán dearg na hÉireann ar cheann de na príomh-speicis sliogéisc a onnmhairítear gach bliain agus bhí bliain dhúshlánach ag an earnáil sin  in 2019 de bharr an laghdú ar an éileamh ar phortán próiseáilte sa tSín, cé go raibh feidhmíocht mhaith ó thaobh phortáin bheo.

Taifeadadh feidhmíocht láidir sna príomh-mhargaí onnmhairithe.

Fíorghliomaigh reoite an chatagóir onnmhairithe sliogéisc ba mhó in 2019, d'ainneoin dúshláin san earnáil sin in 2019 de bharr rósholáthar sa mhargadh. Agus an méid sin ráite, tháinig fás beagnach 6% ar luachanna onnmhairí chuig príomh-mhargaí na hIodáile agus na Spáinne. Leanadh d'iarrachtaí ó thaobh díolacháin a dhíriú ar mhargaí na hEorpa, san earnáil diúilicíní, go háirithe sa Fhrainc, áit a bhfuil éileamh maith ar dhiúilicíní orgánacha. Tá deis ann an margadh a fhorbairt tuilleadh ós rud é gur bronnadh deimhniú MSC ar iascach diúilicíní na hÉireann le déanaí agus tá an t-éileamh ar an deimhniú sin ag fás.

Tá ceithre mhargadh chun tosaigh i gcónaí maidir le honnmhairí iasc geal Éireannach – an Fhrainc, an Spáinn, an Iodáil agus an Ríocht Aontaithe. Na margaí sin ba chúis le beagnach 95% de na honnmhairí iomlána iasc geal in 2019. Bíonn feidhmíocht na speiceas sin ag brath ar chuótaí i gcónaí, agus bhí siad sin sách cobhsaí in 2019. D'ainneoin ceist an tsoláthair, a raibh tionchar aige ar onnmhairí R4, taifeadadh ardú luacha tuairim is 31% ar onnmhairí bradáin in 2019, rud a léirigh láidreacht an éilimh san earnáil agus praghsanna bradáin ag fanacht láidir sna príomh-mhargaí onnmhairithe. Ba iad an Fhrainc, an Pholainn, an Ghearmáin agus an Ríocht Aontaithe na príomh-mhargaí ab fearr don bhradán. Tríd is tríd, tréimhse dhúshlánach ab ea an bhliain 2019 do thionscal bia mara na hÉireann, mar gheall ar choinníollacha deacra trádála mar thoradh ar an éiginnteacht a bhain leis an mBreatimeacht, steirling lag, agus teannas polaitiúil sna príomh-mhargaí, chomh maith leis an dóchúlacht go dtiocfadh ardú ar tharaifí ar bhia mara na hÉireann chuig margadh SAM, a fógraíodh i R4 2019.

# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: **GNÓLACHTAÍ BEAGA AGUS ORGÁNACHA & ORGANIC**

**Is é an sainmhíniú a thugann Bord Bia ar earnáil na ngnólachtaí beaga, gnólachtaí a bhfuil láimhdeachas bliantúil níos lú ná €3.5m acu, a dhéanann ionadaíocht ar na hearnálacha uile ó dheochanna, bia mara, déiríocht, sainfheoil agus bianna ullmhaithe. Bíonn caidreamh ag Bord Bia le breis agus 450 cliant san earnáil seo, figiúr ina bhfacthas fás leanúnach le blianta beaga anuas. Bíonn tomhaltóirí ag cuardach bianna le barántúlacht agus bunáitíocht agus leanann soláthraithe áitiúla beaga, le raon éagsúil táirgí, an treocht seo. Earnáil shuntasach í earnáil na ngnólachtaí Beaga Bia agus Dí. Is fiú tuairim agus €300m-€450m í agus leanann sí uirthi ag fás. Léirítear éagsúlacht na hearnála freisin i bpróifíl gnólachtaí; ó nuathionscanta agus ceardaí, go stíl bheatha agus fiontair dírithe ar onnmhairí a fhásann go tapa.**



## Lá Oscailte na nGnólachtaí Beaga

Tionóladh Lá Oscailte na nGnólachtaí Beaga, ócáid bhliantúil, Dé Máirt an 22 Eanáir 2019 sa Midlands Park Hotel, Port Laoise, Co. Laoise. D'fhreastail os cionn 140 duine ar an ócáid. An téama a bhí ar ócáid 2019 'Do Phoitéinseal Gnó a Shainaithint'.

Cuirtear deis ar fáil ag an ócáid bhliantúil seo an raon iomlán acmhainní atá ar fáil do tháirgeoirí beaga bia, ó Bhord Bia agus ó ghníomhaireachtaí tacaíochta eile, a chur ar taispeáint. Bhí raon leathan seirbhísí faisnéise i láthair ag an ócáid. San áireamh ag deasca Bhord Bia bhí seirbhísí faisnéise agus Origin Green, cláir seirbhíse bia, Bloom agus airgeadas margaíochta. I measc na ndeasc eile ag gníomhaireachtaí bhí na hOifigí Fiontair Áitiúil, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, Comhlachas na nGnólachtaí Beaga, ISME, Fiontraíocht Éireann, FoodWorks agus Love Irish Food.

An tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle TD, a d'oscail an ócáid. I measc na n-aoichainteoirí bhí Douglas Faughnan, Kantar World panel; Conor Spacey, FoodSpace; Gerry Duffy, a labhair faoi Spriocanna a Leagan Amach agus Ceannaireacht, agus cainteoirí ó Bhord Bia lenar áiríodh an Príomhfheidhmeannach, Tara McCarthy; speisialtóirí ón bhfoireann Léargais, Grace Binchy agus Bainisteoir Sinsearach Bia & Dí Do Ghnólachtaí Beaga, Karen Tyner. Bhí dhá phainéal ann ar an lá, le hionadaithe ó Bhord Bia, Skillnet, FoodSpace, Kantar, Dunnes Stores agus Simpli Baked. Tionóladh seisiún faisnéise roghnach faoin mBreatimeacht, lena chur in iúl do ghnólachtaí beaga bia agus dí an tslí a bhféadfaidh Bord Bia cabhrú leo a bheith ullamh don Bhreatimeacht.

## Straitéis Bhord Bia do Ghnólachtaí Beaga 2019/2021

Bhí straitéis margaíochta tráchtála Bhord Bia d'earnáil na ngnólachtaí beaga mar bhonn faisnéis do thacaíochtaí Bhord Bia agus do thionscnaimh forbartha cumais d'earnáil na ngnólachtaí beaga in 2019 agus beidh arís go dtí 2021.

De ghnáth, díríonn gnólachtaí beaga ar an margadh baile, bíonn siad óg (<10 mbliana), bíonn siad féinmhaoinithe den chuid is mó agus fostaíonn siad níos lú ná deichniúr, ach beartaíonn siad cur go mór leis an líon daoine fostaithe sin. Soláthraíonn níos mó ná 30% de na gnólachtaí níos seanbhunaithe branda miondíoltóra, agus is iad onnmhairí is cúis le 16% den láimhdeachas laistigh den AE a thuairiscítear, leis an RA ar an margadh onnmhairithe is mó acu. Baineann níos mó ná leath de na cuideachtaí a dhéanann onnmhairiú (54%) leas as dáileoirí, agus déanann an chuid eile onnmhairiú go díreach chuig a gcustaiméirí deiridh.

Is í fís Bhord Bia do ghnólachtaí beaga gur

**'ghnólachtaí uathúla bia agus dí iad a aithneofar sa bhaile agus go hidirnáisiúnta mar tháirgeoirí oilte agus cruthaitheacha. Lorgóidh custaiméirí géarchúiseacha a dtáirgí ardcháilíochta agus fíor uathúla.'**

Sa straitéis, roinntear gnólachtaí beaga ina gcuideachtaí de réir cineáil: Ceardaí, Seanbhunaithe, Nuathionscanta agus i mBun Fáis. Forbraítear tacaíochtaí saincheaptha chun cabhrú le cuideachtaí i gcúig phríomhréimse: :

1. Faisnéis agus treoir
2. Tacaíochtaí ar líne
3. Forbairt cumais
4. Líonraí ábhartha
5. Daoine ábhartha a chur in aithne dá chéile

### Tacaíocht ar líne

Cruthaíodh leathanach gréasáin na nGnólachtaí Beaga in 2019, áit a roinntear faisnéis le gnólachtaí beaga faoi na tacaíochtaí atá ar fáil ó Bhord Bia agus ó ghníomhaireachtaí eile, chomh maith le faisnéis faoi ócáidí atá le reáchtáil agus léargais tomhaltóirí.

Cuireadh tús leis an obair ar Limistéar Foghlama Ar Líne de chuid Bhord Bia in 2019. Leis an uirlis seo, atá le seoladh go hoifigiúil i R4 2020, cuirfear ar chumas gnólachtaí beaga 'foghlaim ina gcuid ama féin'. Leis an Limistéar Foghlama Ar Líne, cuirfear ar chumas úsáideoirí scileanna nua a ghnóthú i modúil idirghníomhacha éagsúla. Beidh acmhainní breise ann freisin, amhail físeáin, grafaic faisnéise agus foirne uirlisí in-íoslódáilte, agus mar sin is acmhainn foghlama ilúsáide a bheidh ann do ghnólacht beag ar bith.

## Tacaíocht um Bhealaí chuig an Margadh

Maidir le bealach chun margaidh ó pheirspictíocht mhargadh na hÉireann, tairgeann Bord Bia raon tacaíochtaí do chliaint ghnólachtaí beaga.

Is comhthionscnamh é Food Academy de chuid Bord Bia, SuperValu agus Oifigí Fiontair Áitiúla (LEO). Forbraíodh Food Academy in 2013 agus mar sin bhí sé sé bliana ar an bhfód in 2019. Tá an clár tugtha chun críche ag breis agus 800 cuideachta, amhail ag mí Eanáir 2020, agus chuaigh earraí ó 35 tháirgeoir nua isteach i siopaí Supervalu in 2019. Cuireadh tús le clár 2019/2020 i mí Dheireadh Fómhair 2019 agus bhí 34 chuideachta rannpháirteach ann. Cuirfear táirgí na gcuideachtaí a n-éireoidh leo i mí na Bealtaine 2020. Bhí gach LEO sa tír páirteach sa Food Academy, astu féin nó le LEO máguaird.

Forbraíodh Grow with Aldi i gcomhar le Bord Bia agus tá sé sa dara bliain ar an bhfód dó anois. Tá an clár ceaptha cabhrú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide bhia agus dí na hÉireann a bheith curtha ar an liosta ag miondíoltóir náisiúnta. Faigheann rannpháirtithe meantóireacht saincheaptha agus rochtain ar cheardlanna saincheaptha le ceannaitheoirí Aldi agus le saineolaithe teicniúla Bhord Bia. In 2019, rinne 35 tháirgeoir Éireannacha breise a dtáirgí a sholáthar don 137 siopa Aldi ar fud na tíre faoin gclár sin.

Reáchtáladh an clár Kick Start de chuid Lidl don tríú bliain as a chéile. Tá iarrtha ag Lidl ar sholáthróirí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann táirgí a iontráil sa Chlár Forbartha Soláthróirí seo. Tá an clár, arna reáchtáil ag Lidl Ireland le tacaíocht ó Bhord Bia, ceaptha cabhrú le gnólachtaí beaga agus meánmhéide bhia agus dí na hÉireann a mbranda a fhás agus a líonra soláthair a thógáil.

Tá os cionn €650,000 infheistithe ag Lidl sa chlár ón mbliain 2017, agus cuireadh 116 táirge breise Éireannach ar díol le trí bliana anuas. In 2019, roghnaigh Lidl 43 sholáthróir Éireannacha chun oibriú leo, agus cuireadh 65 tháirge iontacha ar díol i bpromóisean bia ‘eagrán teoranta’ i rith mhí Mheán Fómhair.

Cheap Bord Bia agus an líonra Oifigí Fiontair Áitiúil an clár Food Starter chun cabhrú le cuideachtaí atá ag tosú amach ar ghnólacht bia a fhorbairt.  Cuireadh tús leis an obair ar an gclár i mí na Samhna 2017 agus leathadh amach é chuig gach LEO go luath in 2018. Reáchtáladh an clár dhá lá seacht n-uaire in 2019 agus ghlac 81 duine páirt ann.

Reáchtáiltear Acadamh Bia de chuid Bord Bia i gcomhpháirtíocht le Musgrave MarketPlace agus tá sé dírithe ar thacaíocht agus ar threoir shaincheaptha dá ngnólachtaí a chur ar fáil do rannpháirtithe. Féachann an clár le cabhrú leis na táirgeoirí atá rannpháirteach ann díolacháin sa mhargadh seirbhíse bia, nó sa mhargadh taobh amuigh den bhaile a fhás. Leis an tionscnamh sin, cuirtear deis ar fáil freisin fás a bhaint amach laistigh de ghnó seirbhíse bia Musgrave MarketPlace, a sholáthraíonn do bhreis agus 6,000 custaiméir gach seachtain, ó óstáin agus bialanna go tithe tábhairne agus tithe altranais. Ghlac deich gcuideachta páirt san Acadamh Bia in 2019.

## Oiliúint do mhargadh na bhfeirmeoirí

Tá ról ríthábhachtach i gcónaí ag margaí bia (nó margaí feirmeoirí) agus bealaí díreacha eile chun margaidh do chuideachtaí atá ag an gcéim thionscanta agus ina dhiaidh trí bhíthin rochtain ar riosca íseal chuig an margadh a chur ar fáil agus aiseolas díreach tomhaltóra.

Chuir Bord Bia ceithre cheardlann réigiúnach ar fáil in 2019 chun cabhrú le tacú le comhaltaí nua agus reatha den líonra margaí bia agus iad ag féachaint lena ngnó a fhás go díreach le tomhaltóirí. Bord Bia a chuir an oiliúint ar fáil i gcomhar le Margaret Hoctor as Kilmullen Farm a bhfuil an-taithí aici ina sealbhóir stainnín margaidh. D’fhreastail os cionn 55 rannpháirtí ar na ceithre cheardlann in 2019.

## FoodWorks

Oibríonn FoodWorks, príomhchlár géaraithe na hÉireann do ghnólachtaí nuathionscanta bia agus dí, le líon beag foirne bia nuathionscanta ardphoitéinsil a bhfuil smaoineamh gnó láidir bia acu. Tá sé d’aidhm ag an gclár, á reáchtáil ag Bord Bia, Fiontraíocht Éireann agus Teagasc, idéanna do tháirge nua nuálach a chothú agus a spreagadh a shásaíonn fíor-riachtanas margaidh agus a thacaíonn le fás tionscal bia na hÉireann ar scála domhanda. Ó 2012 i leith, d’oibrigh FoodWorks le breis agus 80 gnó tionscanta i bhforbairt idéanna gnó inscálaithe agus dírithe ar onnmhairiú.

Leanann Bord Bia dá rannpháirtíocht le roinnt de na príomh-ambasadóirí gnó in Éirinn chun cabhrú leis an gcéad ghrúpa eile sa tsraith fiontraithe bia agus dí agus gnólachtaí nuathionscanta ardionchais a fhorbairt.  David McKernan, Java Republic; Ann Murray, Lír Chocolates; Pat Rigney, The Shed Distillery, Stephen Twadell, Infheisteoir Bia agus Cóitseálaí Gnó; Larry Murrin, Dawn Farm Foods agus John O’Brien, O’Brien Fine Foods, na hambasadóirí.

Ar bhuaicphointí ratha an chláir go dtí seo:

- á rath ó thaobh onnmhairiú bainte amach cheana féin ag ceann as gach cúig cinn
- Tá ceithre mór-roinn i gceist leis na margaí domhanda a sroicheadh: an Eoraip, an Afraic, an Áise agus Meiriceá Thuaidh
- Aimsíodh breis agus €2.5m e mhaoiniú ó Fhiontraíocht Éireann.

I ndiaidh an phróisis iarratais fhoirmiúil, chuaigh sé chuideachta rathúla isteach sa chlár FoodWorks 2019. Tháinig deireadh leis an gclár i mí na Samhna nuair a rinne na cuideachtaí a gcur i láthair líon infheisteoirí ionchais, na dtrí ghníomhaireacht agus ambasadóirí FoodWorks.

Cuireadh tús i mí na Samhna 2019 le hearcaíocht don chlár FoodWorks 2020 agus tá na cuideachtaí rathúla le tosú i mí Feabhra 2020.

## Ceardlanna Cumais

D'eagraí an fhoireann um Ghnólachtaí Beaga ceithre cheardlann cumais do ghnólachtaí beaga in 2019. San áireamh sna ceardlanna bhí Scileanna Idirbheartaíochta, Praghsáil agus na Meáin Shóisialta. Ghlac os cionn 65 duine ar na ceardlanna, a tionóladh in oifigí Bhord Bia agus i láithreacha réigiúnacha. Leanfaidh Bord Bia de cheardlanna a chur ar fáil in 2020, agus an chéad cheann, Do Dháileoir a Roghnú agus a Bhainistiú, beartaithe don Seimineár Gnólachtaí Beaga i mí Eanáir.

## Bloom

Cuireann an Margadh Bia ag Bloom ardán do mhargaíocht, promóisean agus forbairt ghnó ar fáil do tháirgeoirí beaga bia. 67 táirgeoir bia agus dí rannpháirteach i margadh bia ag Bloom in 2019 lenar áiríodh 15 dtaispeántóir nua. Thug 115,000 duine cuairt ar Bloom i rith na féile cúig lá. Is gné seanbhunaithe ag Bloom é an Margadh Bia agus is deis taispeántais thábhachtach é freisin do tháirgeoirí le breis agus 200 ceannaitheoir trádála, as Éirinn agus ón RA ag freastal ar fháilte thrádála de chuid Bord Bia ag an imeacht. Méadaíonn an Margadh Bia feasacht ar chuideachtaí bia nua agus níos lú agus cuireann deis ar fáil freisin do chuideachtaí bia dul i ngleic leis an tomhaltóir agus díol go díreach leis. Bhí an sráidbhaile bia ag Bloom ina óstach freisin ar 27 táirgeoir beaga dí, sa Bloom Inn.

## Athbhreithniú ar an Earnáil Orgánach

Bunaíodh Grúpa Straitéiseach na hEarnála Orgánaí i mí an Mhárta 2018 chun straitéis a fhorbairt chun an earnáil bia orgánach a fhorbairt don tréimhse go dtí 2025. Tá an grúpa comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, Bord Bia, BIM, IFA, ICMSA, ICSA agus raon leathan páirtithe leasmhara ó na hearnálacha feoil, déiríocht, gairneoireacht, gránach agus dobharshaothrú orgánach.

Mar bhonn taca leis an straitéis seo tá fís maidir le bia orgánach na hÉireann, bunaithe ar a thréithe táirgthe nádúrtha, é a bheith mar rogha is mian le feirmeoirí, tomhaltóirí agus miondíoltóirí. An cuspóir foriomlán leis an straitéis, tuilleadh forbartha a dhéanamh ar earnáil bia orgánach inmharthana in Éirinn, agus cur le hinbhuanaitheacht dhintiúir bhia na hÉireann trí bhíthin raon leathan táirgí orgánacha a tháirgeadh chun freastal ar na deiseanna atá ag méadú sa mhargadh baile agus sa mhargadh onnmhairithe.

An Straitéis Orgánach 2019/2025 a bhí mar bhonn faisnéis ag gníomhaíochtaí Bhord Bia san earnáil orgánach in 2019.

## Rannpháirtíocht sa Seó Trádála Orgánach - BioFach

Comhordaíonn Bord Bia seastán na hÉireann gach bliain ag Biofach, an seó trádála orgánach is mó ar domhan, a thionóltar in Nuremberg na Gearmáine (13-16 Feabhra 2019). Bhí naoi gcuideachta orgánacha rannpháirteach in BioFach in 2019. Tionóladh an seó i mí Feabhra in Nuremberg agus tugadh os cionn 3,000 taispeántóir le chéile le breis agus 51,500 cuairteoir trádála as 143 thír. Rinne Bord Bia láithreacht na hÉireann ag Biofach a chur chun cinn go gníomhach trí bhíthin labhairt go díreach le ceannaitheoirí, agus cuireadh a thabhairt dóibh cuairt a thabhairt ar chuideachtaí Éireannacha  ag an seastán do bhrandaí 'Origin Green'.

Bhí Bord Bia mar óstach ag fáiltiú an lá a osclaíodh an ócáid. Bhí an tAire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle, TD, agus comhaltaí aonad orgánach na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, i láthair. Chuir Bord Bia catalóg taispeántóirí i mBéarla agus i nGearmáinis ar fáil, inar tugadh próifíl ar na cuideachtaí a raibh taispeántas acu. Scaipeadh an chatalóg sin go fairsing ag an seó ó Dheasc Faisnéise Bhord Bia. Thug an tAire Stáit sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Andrew Doyle, TD, cuairt ar an ollmhargadh orgánach *denn's Biomarkt*, áit ar sheol an soláthróir orgánach 'The Little Milk Company' a cháis chéadair orgánach.

## Gairdín Orgánach ag Bloom

Bord Bia i gcomhar le *School Earth Education* (SEED) a dhear agus a chomhordaigh an Gairdín Orgánach ag Bloom, mar phointe cruinnithe don phobal agus do scoileanna a bhí ar cuairt ann, le go bhfoghlaimeoidís níos mó faoi na príomh-phrionsabail orgánacha maidir le feirmeoireacht orgánach, feirmeoireacht, táirgeadh bia agus saibhriú na bithéagsúlachta.

Thug os cionn 115,000 duine cuairt ar Bloom i rith an deiridh seachtain agus, mar ab amhlaidh sna blianta roimhe, thug os cionn 925 leanbh scoile agus 145 múinteoir as 38 scoil cuairt ar an ngairdín. Tugadh lucht na scoileanna ar thuras thart ar an ngairdín agus ba chuid mhór den eispéireas iad cainteanna oideachasúla, taispeántais idirghníomhacha agus gníomhaíochtaí.

Bhí deis ag cuairteoirí a bheith ina n-eolaithe sóisialta agus iad féin a thumadh sa ghairdín, ag foghlaim ó na hoibrithe deonaithe SEED an tslí le speicis éagsúla feithidí agus bláthanna a shainaithint, agus an tslí le garraíodóireacht orgánach a dhéanamh. Fuair gach leanbh a thug cuairt ar an bhféile 'Pas Bloom' a thug deis dóibh limistéir bhreise, lenar áiríodh an Gairdín Orgánach a fhiosrú. Eisíodh beagnach 10,000 pas le linn an deireadh seachtaine.

## Gníomhachtú Margaidh

D'fhoilsigh Bord Bia dhá alt fógraíochta in 2019 chun an fháil ar tháirgí orgánacha agus feasacht tomhaltóirí fúthu a chur chun cinn. Eisíodh an chéad alt fógraíochta i mí Mheán Fómhair agus an dara ceann i mí na Nollag.

Foilsíodh an dá alt fógraíochta sna nuachtáin seo a leanas:

- ***Irish Farmers Journal*** – The Country Living
- ***Irish Times*** – Iris Deireadh Seachtaine
- ***Irish Independent*** – Iris Deireadh Seachtaine
- ***Irish Examiner*** – Iris Deireadh Seachtaine

## Oiliúint do Mhargadh Orgánach na bhFeirmeoirí

Reáchtáil Bord Bia Oiliúint do Mhargadh Orgánach na bhFeirmeoirí i mí Dheireadh Fómhair 2019. Reáchtáladh an oiliúint i gcomhar le Margaret Hoctor a bhfuil an-taithí aici ina sealbhóir stainnín margaidh. Tugadh cuairt ar na gairdíní orgánacha in ionad na hoiliúna, Teach Burtown i mBaile Átha Í, Co. Chill Dara. D'fhreastail táirgeoirí earraí orgánacha reatha agus ionchais ar an oiliúint.

## Turas Glasraí Orgánacha

Chuathas ar thuras glasraí orgánacha ón 29–31 Deireadh Fómhair chuig an mBriotáin sa Fhrainc. Roghnaíodh an Bhriotáin mar gheall gurb í an réigiún is gaire d'Éirinn (le nasc bád farantóireachta) i gcúinsí iar-Bhreatimeachta ina bhfástar glasraí. Le linn an turais, fuair gairmithe ón tionscal orgánach léargas faoin tslí lena modhanna táirgí a uasmhéadú in Éirinn, chomh maith le léargas ar threochtaí sa mhargadh. Grúpa táirgeoirí earraí orgánacha ó ar fud na hÉireann a thug an turas. Áiríodh ar an gcúrsa taistil:

- Cuairt ar Fheirm – Philipee De Kersabio
- Turas Feirme – TY Coz, Pol de Leon
- Biosem – cuideachta a fhásann plandaí
- Feirm Bohic
- Ollmhargadh Miondíola Biocoop

## Cruinniú Comhchomhairle AE

I gcomhréir le gníomh Bhord Bia sa Straitéis Orgánach maidir le 'cabhrú leis an tionscal tograí agus iarratais chómhaoinithe ar bith faoi Scéim Chómhaoinithe an AE um Chur Chun Cinn Earraí Talmhaíochta', bhuail Bord Bia leis na comhlachtaí orgánacha chun deiseanna maidir le togra cómhaoinithe féideartha don tionscal orgánach a phlé. Chuir Declan Fennel as Bord Bia léargas ar iarratais ar chómhaoiniú AE i láthair.

## Feoil – Cuairt Ceannaitheoirí Isteach

Reáchtáladh cuairt ceannaitheoirí isteach i mí Iúil 2019, ar ar fhreastail ceannaitheoirí ó mhiondíoltóirí Ruitenberg agus Marqt na hÍsiltíre. Thug siad cuairt ar mhonarchana feola, in éineacht le comhalta as oifig Bhord Bia in Amstardam.

## Feoil – Feachtas Ocado

Ag tógáil ar chomh maith ar éirigh le cur chun cinn na Scéime um Dhearbhú Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe (SBLAS), d'aimsigh Bord Bia promóisean ceithre-seachtaine eile leis an bpríomh- mhiondíoltóir mairteola orgánaí, Ocado, i mí an Mhárta 2019. Rinneadh tomhaltóirí a cheannaigh mairteoil le dearbhú cáilíochta agus an Marc Cáilíochta le feiceáil uirthi, a iontráil i gcomórtas a cuireadh chun cinn ar leathanach baile, leathanaigh lamairne feola agus aip Ocado. Ina theannta sin i mbliana, tugadh achoimre ar mhairteoil a raibh dearbhú cáilíochta aici, agus ar an Marc Cáilíochta, ar chúl an phacáiste dhigitigh ar feadh mhí an chomórtais agus ar chainéil Ocado ar na meáin shóisialta, a bhfuil os cionn 300,000 leantóir acu.

## Rannpháirtíocht Trádála

Le linn na bliana, chabhraigh Bord Bia le próiseálaithe Éireannacha a mbrandaí a fhorbairt agus caidrimh a chothú le custaiméirí i bpríomh-mhargaí, trí bhíthin chuairteanna staidéir isteach agus amach.



# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: **GAIRNEOIREACHT**

**An Margadh Táirgí Úra Miondíola**

**Bhí luach €1.6bn ar an margadh táirgí úra in 2019, torthaí faoi ndear €793m, glasraí €563m agus prátaí €235m. Chuir arduithe ar an meánphraghas agus meánmhéid a ceannaíodh leis an ardú ar luach an mhargaidh mhiondíola.**

**Bhí luach os cionn €400m ar an margadh seirbhíse bia úir.**

**€1.6bn**

**a bhí i luach an mhargaidh táirgí úra in 2019**

**4,000**

**heicteár de tháirgeadh glasraí páirce**

## Forléargas

Bhí coinníollacha éagsúla um fhás barr ann in 2019, ar feadh na línte táirgí difriúla, ach b'fhearr an séasúr ná an triomach a bhí ann in 2018. Ba dheacair don earnáil pleanáil don todhchaí mar gheall ar an éiginnteacht faoin mBreatimeacht agus faoin timpeallacht trádála.

Bhí praghsanna ag geata na feirme cosúil leis na praghsanna roimh an samhradh in 2018, rud a chruthaigh deacrachtaí trí bhíthin arduithe ar chostais ionchuir amhail saothar, leasachán, pacáistiú, etc. Bhí tréimhse fabhrach, ar an iomlán, san earrach agus go luath sa samhradh, ach tháinig athrú ar choinníollacha aimsire amach sa samhradh agus isteach san fhómhar. Bhí mí Lúnasa ar cheann de na míonna samhraidh ba fhliche le blianta beaga anuas.

Tháinig ardú drámatúil ar leibhéal an mhaoschláir agus tháinig sé píosa filleadh ar an ngnáthleibhéal. Bhí ganntanas saothair ann, rud a chruthaigh dúshlán suntasach do shaothróirí i rith na bliana, agus cé go raibh saothróirí in ann teacht ar shaothar thar lear tríd an Scéim um Cheadanna Oibre neamh-AE, ba phróiseas é a ghlac go leor ama agus níor éirigh le go leor saothróirí oibrithe a fhostú in am do na tréimhsí fómhair ba ghnóthaí acu.

## Barra Cosanta

Is iad trátaí, cúcamair, leitís agus luibheanna na príomh-bharraí san earnáil seo, a bhfuil luach aschuir os cionn €30m uirthi. Chuig margadh miondíola na hÉireann a dtéann formhór na mbarr. Tréimhse lag a bhí san earrach, le leibhéil ísle solais agus teocht faoi bhun an mheáin, ach rinne na barra cosanta agus sailéid go maith ag deireadh an tséasúir. Taifeadadh leibhéil ísle solais i mí Mheán Fómhair ach tháinig feabhas orthu an chuid eile den séasúr. Tuairiscíodh torthaí réasúnta, cosúil leis an mbliain roimhe. D'fhan an teocht sách cobhsaí, rud a chabhraigh le táirgeadh agus le tomhaltas.

## Glasraí Páirce

Tríd is tríd, b'fhearr 2019 ó thaobh táirgeadh glasraí páirce ná 2018, ina raibh dian- triomach sa samhradh. Tá os cionn 4,000 heicteár i mbun táirgeadh glasraí páirce agus luach aschuir €78m orthu. Barra fréimhe agus brasacaigh na barra is mó a fhástar. Bhí luach €563m ar an bpríomh-mhargadh miondíola intíre do ghlasraí (glasraí cosanta san áireamh) in 2019.

### *Brasacaigh*

Táirgeadh brasacach ba mhó a buaileadh ag na coinníollacha aimsire i rith 2019. Ba bheag deiseanna fómhair a bhí ann in go leor codanna den tír, nó gan deis ar bith ann. Thit báisteach throm i mí Lúnasa, rud a d'fhág na páirceanna faoi uisce agus tháinig deireadh le forbairt barr dá bharr. Bhí iarmhairtí uafásacha ag an ithir fhliuch ar an bhfómhar, agus cailleadh barra go hiomlán in áiteanna, cé gur tuairiscíodh gnáth-thorthaí in áiteanna eile. Tháinig laghdú ar thorthaí bhachlóga Brúiséile agus bhí coinníollacha an fhómhair thar a bheith deacair. Séasúr réasúnta a bhí ag táirgeadh cabáiste, mar sin féin.

## Barra Fréimhe

Bhí sé sách tirim ag tús an tsamhraidh agus thosaigh roinnt saothróirí ag uisciú. Mar sin, cuireadh fáilte roimh an mbáisteach i mí an Mheithimh agus i mí Iúil. Thosaigh an príomh-bharr in am, ach de bharr choinníollacha dúshlánacha fómhair amach sa samhradh, bhí rudaí ina gcíor thuathail do shaothróirí. Ba dheacair do shaothróirí cairéad agus meacan bán barra geimhridh a chur mar gheall ar na coinníollacha fliucha.

## Torthaí

Is é seo an chatagóir táirgí úra is mó, ar a raibh luach miondíola €793m in 2019. Úlla agus sútha talún an dá phríomh-bharr torthaí arna dtáirgeadh in Éirinn. €42m an luach aschuir ar an earnáil bogthorthaí. Déantar formhór na mbogthorthaí a tháirgeadh faoi chosaint anois, gloine nó poileitéin. Is iad sútha talún an barr is tábhachtaí sa mhargadh bogthorthaí agus is ó thús Aibreáin go dtí mí na Nollag an séasúr fáis.

### *Sútha Talún*

Bhí séasúr sútha talún na bliana seo níos fearr ná séasúr na bliana seo caite, a raibh tionchar ag an teas air. Tá ag éirí thar barr leis an gcineál nua, Centenary, atá in úsáid ag go leor saothróirí anois, ó thaobh cáilíochta agus ráta bainte, ach bhí na torthaí níos ísle.



## *Úlla*

Meastar gur €10m an luach aschuir a bhíonn ar úlla a fhástar in Éirinn. Tá roinnt úllord nua curtha le blianta beaga anuas. Bhí droch-thionchar tromchúiseach ar thorthaí ag sioc i rith na tréimhse bláthaithe in 2019. Thuairiscigh roinnt shaothróirí go raibh torthaí suas go 50% níos ísle ná an bhliain roimhe. Tuairiscíodh laghdú ar thorthaí ar fud na hEorpa in 2019.

## Muisiriúin

In 2019, tugadh luach ag geata na feirme de bhreis agus €119m ar an tionscal muisiriún agus táirgeadh 66,800 tonna muisiriún. Onnmhairítear 80% den táirgeadh ón tionscal muisiriún chuig margadh na Ríochta Aontaithe. Bhí díolacháin mhuisiriún sách cobhsaí sa mhargadh miondíola intíre. Bhí an leibhéal cosúil le leibhéal 2018 agus ba é díbhoilsciú praghais an dúshlán ba mhó. €104m an luach a bhí ar onnmhairí muisiriún in 2019, ardú 4% ar luach 2018.

Bliain dhúshlánach a bhí ann do tháirgeoirí muisiriún. Rinneadh comhdhlúthú leanúnach san earnáil agus díríodh níos mó agus níos mó ar ghnóthachain tháirgiúlachta chun cabhrú le cosaint in aghaidh luaineacht airgeadra agus arduithe eile ar chostais. Rud níos dearfaí, tá leathadh níos mó sa soláthar muisiriúin donn, rud a thugann slándáil ioncaim ar leibhéal na feirme. I margadh miondíola na Ríochta Aontaithe, chabhraigh treocht boilscitheach ghinearálta le praghas miondíola muisiriún a ardú, gan tionchar a imirt ar an méid a dhíoltar.

Cuimsíonn muisiriúin réamhphacáistithe, den chineál 'cupán dúnta' beagnach 50% de na honnmhairí muisiriún uile. Ar na príomh-threochtaí margaidh a chonacthas i dtimpeallacht miondíola na Ríochta Aontaithe, bhí laghdú ar luach. Cé go bhfuil na torthaí ó mhuisiriúin leathana níos ísle, bhí torthaí níos láidre ag muisiriúin dhonna, muisiriúin chnaipe agus muisiriúin Portobello. Chonacthas nuálaíocht agus forbairt ar tháirgí nua, nuair a cuireadh Vitimín D Vitimín B12 i muisiriúin. Tá tóir ag tomhaltóirí orthu sin agus tugann siad le tuiscint go mbeidh deiseanna breisluacha eile ann amach anseo.

Rachaidh dúshláin an Bhreatimeachta i bhfeidhm ar an earnáil go leanúnach, chomh maith le luaineacht steirling agus seintimint tomhaltóirí, rudaí atá riachtanach d'fheidhmíocht na hearnála. Cé go bhfuil díolachán cobhsaí ann, go dtí seo, d'ainneoin boilsciú praghsanna, tá seintimint tomhaltóirí lag cheana féin, agus is dócha go mbeadh mar thoradh ag lagú breise laghdú ar chaiteachas tomhaltóirí agus ardú ar an mbrú ar an earnáil.



## Prátaí

Measadh gurbh ionann táirgeadh prátaí in 2019 agus 338,000 tonna agus gurbh ionann an praghas ag geata na feirme agus €111m. Tháinig ardú tuairim is 90,000 tonna ar tháirgeadh, i gcomparáid le 2018. Is é Rooster an príomhchineál i gcónaí agus ar phríomhchineálacha eile áirítear Kerrs Pink, Queens agus cineálacha do tháirgeadh criospaí. Tháinig ardú ar na cineálacha do phróiseáil/sceallóga úra agus ar na cineálacha luath (Queens), agus bhí cineálacha sailéid cosúil leis an leibhéal in 2018. An margadh baile an príomh-mhargadh don tionscal prátaí agus cuireadh luach €235m air in 2019 ar leibhéal miondíola. Measadh gur os cionn 210,000 tonna a bhí sa mhéid díolacháin.

## Barra Taitneamhachta

Measadh gur €67m luach an aschuir ón earnáil taitneamhachta in 2019. Léiríonn an tomhas is déanaí ar an margadh garraíodóireachta go bhfuil luach €795m air, agus an chatagóir plandaí agus bláthanna ba chúis le haon trian den mhéid iomlán sin. Tríd is tríd, bhí bliain mhaith ag an margadh garraíodóireachta i ndiaidh tús mall nuair a bhí an teocht íseal san earrach. Rachaidh feidhmíocht na hearnála tógála i bhfeidhm ar dheiseanna don earnáil amach anseo.

Braitheann an earnáil gairneoireachta taitneamhachta go mór ar an Ríocht Aontaithe, maidir le díolachán, agus d'ainneoin athruithe airgeadra móra a spreag an Breatimeacht, d'éirigh le saothróirí plandaí agus duilliúr gearrtha a gcuid onnmhairí chuig an mBreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann a choimeád cobhsaí nó a mhéadú. Eisceacht a bhí san earnáil crann Nollag, áit a raibh tionchar ar onnmhairí ag ceann de na slabhraí ionad garraíodóireachta ba mhó sa Ríocht Aontaithe a bheith ag scor. Bhí onnmhairí bleibíní agus lus an chromchinn níos airde ná 2018. Bhí luach iomlán na n-onnmhairí cobhsaí, ag €18.5m, agus bhí sin comhdhéanta de: bleiblíní agus bláthanna, €1.7m; duilliúr, €4.8m; crainn Nollag, €3.7m agus stoc plandlainne, €8.3m. Is ionann stoc plandlainne crua agus €8.3m d'onnmhairí, ardú €1m ar 2018. D'fhéadfadh sin a bheith níos airde fós, ach bhí éileamh láidir ann sa bhaile agus atreoraíodh soláthar chuig an margadh intíre.

## Promóisin Ghairneoireachta

### *Mushrooms Complement Everything*

Cuireadh tús leis an bhfeachtas €2m "Mushrooms Complement Everything" arna mhaoiniú ag an AE agus ag an tionscal, i mí Aibreáin 2018. Díríonn teachtaireacht an fheachtais ar mhuisiriúin a mheascadh le feoil, 'Bring on the Blend'.

Ullmhaíodh líon mór sócmhainní digiteacha don fheachtas, ina measc 20 oideas físeáin nua, le húsáid ar Instagram ach go háirithe, a bhfuil an ráta rannpháirtíochta is airde aige as na hardáin mheán sóisialta go léir. Bíonn ráigeanna gníomhaíochta i mí Aibreáin agus i mí na Samhna gach bliain, ag díriú ar fhógraíocht dhigiteach, agus tugtar faoi ghníomhaíocht leanúnach freisin, lena n-áirítear caidreamh poiblí agus fógraíocht um fhocal cuardaigh ar Google. Baineadh amach torthaí iontacha; díreach faoi bhun 1.9m taispeántas físeáin in 2019, agus 81,000 cuairt ar an láithreán gréasáin.

### *Promóisean Prátaí*

Dhírigh an ghníomhaíocht maidir le promóisean prátaí ar chainéil dhigiteacha agus ar líne chun tomhaltóirí a threorú chuig an láithreán gréasáin potato.ie. Rinneadh gníomhaíocht phromóisin ar Lá Náisiúnta na bPrátaí go luath i mí Dheireadh Fómhair ar an teilifís, ar an raidió, sa phreas agus sna príomh-chainéil meán sóisialta. D'éirigh le hiarratas ar an AE, in éineacht le tíortha eile san AE agus le comhpháirtithe sa tionscal, maidir le feachtas trí bliana a dhéanamh ó 2020 go 2022, a bheadh dírithe ar mhílaoisigh chun tomhaltas prátaí sa mhargadh baile a ardú.

### *Promóisean Garraíodóireachta*

Lean an feachtas promóisin tomhaltóra garraíodóireachta dar teideal GróMór chun spreagadh a thabhairt don aoisghrúpa 35 go 45 dul i mbun garraíodóireachta, in 2019. Is tionscnamh é seo den ghrúpa lárionad garraíodóireachta faoi scáth Feabhas Miondíola Éireann agus tacaíocht aige ó thionscal an stoic plandlainne agus ó Bhord Bia. Is é cuspóir GróMór ceannaitheoirí reatha agus nua a spreagadh chun plandaí a cheannach agus méid an mhargaidh a mhéadú. Cuireadh tús le GróMor 2019 i mí an Mhárta le gníomhaíocht caidrimh phoiblí agus ar líne. Bhí breis agus 242,000 amharc ar fhíseáin ar na meáin shóisialta, tugadh 40,000 cuairt ar an láithreán gréasáin agus rinneadh 4,200 cuardach ar ionaid gharraíodóireachta.

### *Celebrate Strawberry Season*

Reáchtáladh '*Celebrate Strawberry Season*' ó mhí na Bealtaine go mí Mheán Fómhair 2019 agus is iomaí gnéithe a bhí ann, amhail bolscaireacht ar an bpacáiste, urraíocht ar raidió réigiúnach, cumarsáid sna meáin chlóite agus rannpháirtíocht ag tionchairí ar na cainéil mheáin shóisialta, Facebook agus Instagram, den chéad uair. Díríodh go mór ar na meáin dhigiteacha, ar sprioclucht féachana nua: na Mílaoisigh (daoine 18-34 bliana d'aois). Ar an ábhar i gceist bhí oidis nua agus físeáin oideas. Tugadh próifílí shaothróirí bogthorthaí,

lenar insíodh a scéalta i ngné-ailt sna meáin trádála talmhaíochta (i gcló agus ar líne) agus in asraonta na meán craolta.

Don dara bliain as a chéile, bhí sár-thaispeántas sútha talún na hÉireann ag Bloom, ar ar fhreastail 115,000 cuairteoir. San áireamh bhí blaiseadh cineálach de shútha talún na hÉireann agus cuairteanna ó 1,000 dalta bunscoile agus a gcuid múinteoirí.

I measc na ngníomhaíochtaí feachtais eile bhí ócáid seolta i mí na Bealtaine, míreanna meán pearsantaithe, gníomhaíocht tionchairí, i.e. comhoibriú ar oidis, lenar cruthaíodh 11 mias ar leithligh idir bricfeasta, sneaiceanna, lón agus dinnéar, agus gné-alt fógraíochta faoi shútha talún san iris *Easy Food*. Sroicheadh os cionn 3m duine sa chumarsáid ar raidió, i gcló, ar líne go digiteach agus ar na meáin shóisialta, i rith an fheachtais shéasúraigh.

## An Clár Bia Sláintiúil Food Dudes


Cuirtear Scéim Ghlasraí agus Thorthaí Scoile an AE i bhfeidhm in Éirinn tríd an gClár Bia Sláintiúil *Food Dudes*. Is tionscnamh athrú iompair dreasaithe fianaise-bhunaithe é an Clár Food Dudes atá á bhainistiú ag Bord Bia agus maoinithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus na Mara agus ag an Aontas Eorpach. Tá mar aidhm leis an gClár Food Dudes tomhaltas torthaí agus glasraí a mhéadú go leanúnach i measc daltaí bunscoile trí bhíthin torthaí agus glasraí a chur ar fáil le go mblaisfear iad arís is arís eile i gcaitheamh tréimhse idirghabhála 16 lá. Tacaítear leis sin trí bhíthin bearta coimhdeacha i bhfoirm eiseamláirí (Laochra *Food Dudes*) agus duaiseanna beaga; bíonn céim bhaile ann ina dhiaidh sin, ina dtugtar isteach torthaí agus glasraí ón mbaile ar feadh roinnt seachtainí.

In 2019, ghlac líon iomlán de 700 scoil agus os cionn 117,000 dalta páirt sa chlár Bia Sláintiúil *Food Dudes*. Ba í sin an chéad bhliain den timthriall trí bliana nua, inar cuireadh Céim 3 i bhfeidhm. 'An tSeachtain Food Dudes' a tugadh ar an gcéim sin, ina raibh laethanta blaiste breise, suas go cúig cinn, agus acmhainní oideachasúla nua, an Pas Bia Sláintiúil, a rolladh amach i scoileanna. Rinneadh athbhreithniú ar thástáil phíolótach, rud a thug deis físeáin agus ábhair chlóite an chláir a athfhorbairt. Gheobhaidh scoileanna teastas ar gach timthriall bliantúil a chur i gcrích, agus déanfar cur i láthair i scoileanna sa tríú bliain, ar an timthriall uile a chur i gcrích.

Rinneadh athbhreithniú ar dhintiúir inbhuanaitheachta agus ghlasa an chláir freisin i rith 2019. Cuireadh míreanna nach ndéanann díobháil don timpeallacht leis an gclár mar dhuaiseanna agus tá athbhreithniú a dhéanamh faoi láthair ar phacáistiú torthaí agus glasraí. Tá malairt roghanna inmhúirínithe agus in-bhithmhillte á dtriail anois le súil agus iad a thabhairt isteach sa chlár in 2020.

## Incredible Edibles

Is clár scoil-bhunaithe é *Incredible Edibles* a bhfuil mar aidhm leis leanaí a spreagadh chun a dtorthaí agus a nglasraí féin a fhás ar scoil agus sa bhaile, agus mar sin cur leis an bhfeasacht ar an ról atá acu in aiste bia fholláin agus chothrom. An tionscal gairneoireachta agus Bord Bia a dhéanann cómhaoiniú air, le tacaíocht ón Roinn Talmhaíochta, ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Sláinte. Déantar an clár a bhainistiú ar leibhéal na scoile ag an gcomhlacht oideachais agraibhia Agri Aware. Ghlac líon iomlán de 1,323 bhunscoil agus os cionn 48,000 dalta páirt sa chlár i rith 2019 agus d'aimsigh cumarsáid i gcló os cionn 590,000 léitheoir.



**48,000**

**an líon daltaí a ghlac páirt sa chlár Incredible Edibles in 2019**

## Healthy Heroes

Tionscnamh am lóin do bhunscoileanna é Healthy Heroes, á reáchtáil ag *Irish Bread Bakers Association* (IBBA) agus Bord Bia. Tá d'aidhm leis cabhrú le leanaí a nósanna itheacháin agus aclaíochta a athrú a fheabhsú. Tugann an clár deis do leanaí foghlaim faoin gcothú agus cuireann sé borradh faoina leibhéil ghníomhaíochta, i dtimpeallacht spraíúil, neamh-iomaíoch. Faigheann scoileanna cláraithe ar fud na tíre pacáistí saor in aisce don mhúinteoir agus do na daltaí, ina bhfuil acmhainní oideachasúla amhail leabhair oideas, bileoga fíricí agus faisnéis atá éasca le tuiscint faoi phirimid an bhia. Ina theannta sin, tugtar miontreoracha faoi chlub a bhunú ina scoil. I rith am lóin, tagann clubanna scoile le chéile chun lón a chaitheamh agus labhairt go neamhfhoirmiúil faoin gcothú, faoi threoir múinteora. Cothaíonn sin comhrá faoi na comhábhair a úsáidtear chun lón cothromaithe a ullmhú agus bíonn sealanna agus daltaí sinsearacha (Rang 5 agus Rang 6) gníomhaíochtaí bunaithe ar mholtaí a reáchtáil chun a gcluichí féin a fhorbairt. Tá an clár ar an gceathrú clár sláinte scoile is mó sa tír faoi láthair agus ghlac 809 scoil agus os cionn 53,000 dalta páirt ann in 2019.

## Promóisean Táirgí Úra

Chuaigh Bord Bia i mbun comhpháirtíochta leis an EPA arís in 2019 agus rinne comhurraíocht ar an gclár garraíodóireachta nua, '*Grow Cook Eat*', a craoladh ar RTÉ i rith an earraigh. Is comhshaothar í an tsraith idir *GIY Ireland* agus an chuideachta léirithe teilifíse, *In productions*. Díríonn an clár ar thorthaí agus glasraí a fhás, a chócaráil agus a ithe agus tá míreanna ar tháirgeoirí gairneoireachta tráchtála ann. D'amharc lucht féachana mór, os cionn 200,000 duine, ar gach eipeasóid.

## Cláir Ghairneoireachta

Faoi Chlár Cúnamh Margaíochta agus Clár Step Change Bhord Bia fuair 30 gnólacht gairneoireachta cúnamh chun tabhairt faoi raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear seónna trádála, taighde margaidh, díolphointe, giniúint lipéadaithe agus forbairt láithreáin ghréasáin.

### *GLAS*

Tionóladh seó trádála, GLAS – an príomhimeacht trádála d'earnáil ornáideach na hÉireann in Iúil in Ionad Comhdhála Citywest. Bhí an seó níos mó ná an bhliain roimhe arís, agus os cionn 144 taispeántóir ann, lena n-áirítear 20 plandlann. Bhí líon na gcuairteoirí go maith agus breis agus 1,000 príomhcheannaitheoir táirgí gairneoireachta i láthair. Reáchtáladh raon seisiún oideachasúla agus faisnéiseacha san Amharclann Foghlama i rith an lae.

### *Aontaí Plandaí Náisiúnta*

Reáchtáladh dhá aonach plandaí i rith an earraigh arna n-eagrú ag Cumann Stoic Plandlainne Chrua na hÉireann le tacaíocht ó Bhord Bia. Ba í aidhm na n-aontaí ceannaitheoirí agus saothróirí plandaí a thabhairt le chéile ar aon láthair amháin chun díolacháin plandaí de tháirge áitiúil a éascú agus a spreagadh ag tús an tséasúir garraíodóireachta.

### *Clár Forbartha Onnmhairí Taitneamhachta*

Aithníodh forbairt agus leathnú onnmhairí do tháirgí taitneamhachta, go háirithe stoc plandlainne, duilliúr gearrtha agus bleibíní, mar dheis leathnaithe. Tá an Clár Onnmhairí Taitneamhachta (AEP) dírithe ar úinéirí gnólachtaí gairneoireachta taitneamhachta ar mian leo tógáil ar dhíolacháin onnmhairí reatha nó dul isteach i margaí onnmhairithe den chéad uair.

Tá na cuideachtaí seo gafa le gairneoireacht taitneamhachta; duilliúr gearrtha, bleibeanna/bláthanna, Crainn Nollag agus plandaí don ghairdín.

In 2019, bhí meantóir ann a raibh teagmháil rialta aige leis na príomh-onnmhaireoirí barra taitneamhachta. I mí Mheán Fómhair, thug Bord Bia tacaíocht do ghrúpa beag plandlann a chuir acmhainní le chéile chun taispeántas a chur ar siúl ag an seó *Four Oaks* sa Ríocht Aontaithe.

Ó thús na bliana, gineadh 128 ábhar cliant d'onnmhaireoirí taitneamhachta agus rinneadh gníomh leanta ina leith, tugadh cuairteanna ar láithreáin dhá shaothróirí crann Nollag agus tugadh cuairteanna ceannaitheoirí isteach ar sheacht bplandlann. In mí na Samhna, d'fhreastail na plandlanna uile a dhéanann onnmhairiú ar sheisiúin chomhairliúcháin phearsantaithe agus saincheaptha faoin onnmhairiú, le meantóir as earnáil taitneamhachta na Ríochta Aontaithe.

### *Seimineár do na Saothróirí Torthaí is Fearr*

Tionóladh an seimineár bliantúil do na saothróirí torthaí is fearr i mí na Nollag inar tugadh nuashonrú ar an margadh miondíola d'úlla, ar threochtaí tomhaltóirí agus rinneadh fiosrú ar dheiseanna do tháirgeacht úll in Éireann. Labhair cainteoirí idirnáisiúnta ag an ócáid agus tugadh cuairt ar úllord áitiúil.

### *Urraíochtaí*

Tacaíonn Bord Bia le riachtanais an tionscail ghairneoireachta trí sholáthar urraíochta chuig comhdhálacha, seimineáir agus ceardlanna ábhartha mar aon le himeachtaí a eagraíonn eagraíochta eile a bhfuil Bord Bia bainteach leo. In 2019 tugadh tacaíocht do bhreis agus 10 n-imeacht/comhlachas dá leithéid. Leanann Bord Bia air ag tabhairt tacaíochta do chomórtas Gairneoir Óg na Bliana agus eagrú Léacht Chuimhneacháin David Robinson chun suim mac léinn san oideachas gairneoireachta a spreagadh, agus tacú leis.

### *Bainistíocht Bharainneach*

Cabhraíonn prionsabail bainistíochta barainní le gnólachtaí chun táirgiúlacht a mhéadú. Tugadh tionscnaimh *Lean Start* chun críche le seacht gcuideachta san earnáil gairneoireachta níos leithne. Tionscadal grúpa a bhí i gceist le trí cinn, a raibh mar chuspóir acu nós imeachta caighdeánach a cheapadh do ghnéithe éagsúla den táirgeadh muisiriún. Reáchtáladh seacht dtionscnamh *Lean Plus* thar raon earnálacha gairneoireachta. Bhí torthaí an-dearfacha ag an gclár, baineadh amach coigilteas mór agus cuireadh ardú ar an táirgiúlacht. Go dtí seo, is ionann luach na dtionscnamh sin don tionscal agus €1.9m, agus tá measúnú fós á dhéanamh ar thorthaí deiridh thrí thionscadal.




# ATHBHREITHNIÚ EARNÁLA: **SEIRBHÍSÍ**

## AN CLÁR ORIGIN GREEN

### Origin Green - Feirmeoirí

Tarlaíonn comhaltacht in Origin Green d'fheirmeoirí trína bheith rannpháirteach i gceann de chúig scéim um dhearbhú inbhuanaitheachta de chuid Bhord Bia do tháirgeoirí. Áirítear orthu sin: an Scéim um Dhearbhú Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe (SBLAS); an Scéim um Dhearbhú Déiríochta Inbhuanaithe (SDAS); an Scéim um Dhearbhú Uibheacha Inbhuanaithe (SEAS); an Scéim um Dhearbhú Gairneoireachta Inbhuanaithe (SHAS); agus an Scéim um Dhearbhú Táirgí Éineola Inbhuanaithe (SPpAS). Bhain SPpAS creidiúnú INAB amach i mí na Samhna 2019 agus deimhnithe dhá ghorlann faoi dheireadh na bliana. Cuireadh an Scéim um Dhearbhú Muc Inbhuanaithe ar aghaidh chuig an INAB lena hathbhreithniú agus lena creidiúnú go luath in 2020. Cuirfear tús láithreach le hiniúchtaí ar an gcaighdeán nua do mhuc ar chreidiúnú a fháil.



Le linn 2019, tugadh iniúchadh chun críche ar na comhaltaí gairneoireachta ar fad agus tugadh deimhniú chuig an gcaighdeán nua SHAS dóibh. As na táirgeoirí sin, tugadh deimhniú chuig SHAS do 86% (M1 & M2) agus tugadh deimhniú chuig an gcaighdeán HQAS arís don 14% eile (38 saothróir), mar a cheadaítear faoi chomhaontú na tréimhse aistrithe.

Tá deis ag na táirgeoirí sin uasghrádú chuig SHAS ag an gcéad iniúchadh eile. De bharr go bhfuil an tréimhse aistrithe tugtha chun críche anois, ní dhéanfar iniúchadh gairneoireachta ach amháin in aghaidh an chaighdeáin SHAS amach anseo, agus ní eiseofar aon deimhniú HQAS nua. Rachaidh an deimhniú HQAS deireanach in éag i mí Feabhra 2021.

Tá na modúil SHAS M3 agus M4 don earnáil ornáideach á rolladh amach faoi láthair. Rinneadh iniúchtaí ar an gcéad mhodúl M4, Teach Pacála Ornáideach, ag deireadh 2019 agus tá deimhniú faighte ag na chéad chomhaltaí anois. Tá rolladh amach an iniúchta iomláin don mhodúl M3, Táirgeadh Ornáideach, beartaithe do mhí na Bealtaine 2020.

## Ballraíocht

Rinneadh líon iomlán de 48,250 iniúchadh ar fheirmeacha sna scéimeanna éagsúla do tháirgeoirí in 2019. Mar seo a leanas a bhí comhaltacht ag deireadh na bliana:


## Comhaltaí Earnála

| | |
|---|---|
| Mairteoil agus Uaineoil | 53,351 |
| Déiríocht | 16,138 |
| Muiceoil | 403 |
| Éineoil | 611 |
| Uibheacha | 188 |
| Gairneoireacht | 293 |

## Origin Green – Déantúsóirí

Faoi dheireadh 2019, bhí os cionn 600 cuideachta cláraithe le Origin Green, agus ba chomhaltaí fíoraithe go hiomlán iad 347 díobh sin, méid arbh ionann é agus os cionn 90% d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann. Ciallaíonn sin go bhfuil gealltanas tugtha ag na comhaltaí rannpháirteacha i leith ar a laghad sé sprioc inbhuanaitheachta faoi Chairt Origin Green agus tá a bpleananna inbhuanaitheachta fíoraithe go neamhspleách ag iniúchóirí idirnáisiúnta, Mabbett.

**Ballraíocht Fhíoraithe in Origin Green**
*2012 - 2019*




Déanann Mabbett athbhreithniú bliantúil ar dhul chun cinn comhaltaí freisin, lena chinntiú go bhfuil a gcuid spriocanna á mbaint amach acu ag cuideachtaí rannpháirteacha. Anuas ar tháirgeoirí bia agus dí, tá 10 gcomhalta fíoraithe ag Origin Green ina chlár miondíola agus seirbhíse bia freisin, agus tá go leor eile ag obair go gníomhach ar phleananna chun comhaltacht a bhaint amach.

Déanann Mabbett iniúchadh agus fíorú neamhspleách ar na pleananna sin freisin lena chinntiú go gcoimeádfar ardleibhéal feidhmíochta ar fud an chláir.

## Caighdeán do Phróiseálaithe Feola

I rith 2019, chuir Bord Bia tús le hathbhreithniú a dhéanamh ar a chaighdeáin do phróiseálaithe feola agus gairneoireachta, le súil agus caighdeán cumaisc nua a chruthú. Struchtúr modúlach atá ag an gcaighdeán nua, agus baineann an chéad mhodúl, Modúl A, le gach déantúsóir bia. Baineann na modúil eile le hearnálacha sonracha, lena n-áirítear feoil agus gairneoireacht. Cuireadh Modúl A ar aghaidh chuig INAB le haghaidh measúnú teicniúil ag deireadh 2019 agus táthar fós á athbhreithniú.

Tionóladh na cruinnithe den choiste comhairleach teicniúil le haghaidh Modúl B (próiseáil feola) i mí na Samhna 2019.

I rith 2019, rinne Bord Bia 123 iniúchadh ar phróiseálaithe feola (an Scéim um Dhearbhú Cáilíochta do Phróiseálaithe Feola (MPQAS)/Comhaltacht Chomhairleach (AM), agus rinneadh 19 iniúchadh eile ar ionaid phacála uibheacha faoin Scéim um Dhearbhú Uibheacha Inbhuanaithe (SEAS).

Faoi láthair, tá 98 gcomhalta le deimhniú MPQAS, 6 Chomhalta Comhairleacha agus 16 chomhaltaí SEAS ann.

## Déiríocht Fhéar-Chothaithe

Mar fhreagra ar an deis a bhí ann chun leas a bhaint as an mbuntáiste nádúrtha atá ag Éirinn maidir le coinníollacha aeráide idéalacha chun féar a fhás, rinne Bord Bia, in éineacht le príomhpháirtithe leasmhara an choiste chomhairligh theicniúil, Caighdeán um Déiríocht Fhéar-Cothaithe a fhorbairt. Bhain Bord Bia creidiúnú amach don chaighdeán sin i mí na Samhna 2019, agus bhí iniúchadh déanta ar thrí cinn agus deimhniú tugtha dóibh faoi dheireadh 2019.


Cheadaigh an Coimisiún Eorpach lógó Bhord Bia um Fhéar-Chothú a úsáid ar tháirgí déiríochta arna dtáirgeadh ag comhaltaí a bhfuil deimhniú faoin scéim acu. Tá obair ar Chaighdeán um Mairteoil Fhéar-Chothaithe fós ar bun.

## Lógó an Dearbhaithe Cáilíochta

Bíonn an úsáid a mbaintear as lógó an Dearbhaithe Cáilíochta ar lipéid mhiondíola ard i gcónaí. In 2019, ceadaíodh tuairim is 1,871 lipéad ó 114 chuideachta agus ba le haghaidh na catagóirí mairteola, uaineola agus slisíní bagúin an líon ab airde iarratas a fuarthas.

## Origin Green – Leibhéal na Cuideachta

Féadfaidh cuideachtaí déantúsaíochta bia agus dí bheith ina mbaill den chlár Origin Green ach tiomantas a thabhairt don Chairt Inbhuanaitheachta, agus pleananna inbhuanaitheachta a fhorbairt ar chaighdeán sách ard le fíorú neamhspleách a ghnóthú. Faoi dheireadh 2018, bhí breis agus 600 cuideachta bia agus dí tar éis clárú don chlár, agus lánchomhaltacht sa chlár bainte amach ag 347 cuideachta. Soláthraíonn na 347 cuideachtaí comhaltachta sin do bhreis agus 90% de na honnmhairí bia agus dí Éireannacha ar fad.




**Soláthraíonn cuideachtaí comhaltachta Origin Green os cionn**

**90%**

**d'Onnmhairí bia agus dí na hÉireann**

Léirítear an fás ar chomhaltacht fhíoraithe Origin Green ó 2012–2019 sa ghraf thíos.

**QA % SKU de réir catagóire 2019**




In 2016, leathnaigh Bord Bia an clár Origin Green go dtí an leibhéal deiridh sa slabhra soláthair, nuair a tugadh isteach 'an Chairt Inbhuanaitheachta Miondíola agus Seirbhíse Bia' mar chuid de chlár píolótach. Faoi dheireadh 2019, bhí 10 gcuideachta seirbhíse bia agus miondíola tagtha chun bheith ina gcomhaltaí fíoraithe Origin Green. De réir mar a tháinig forbairt ar an gclár, tugadh isteach réimsí nua, lena n-áirítear pacáistiú, éagsúlacht agus uilechuimsitheacht, chomh maith leis an réimse fócais roimhe maidir le foinsiú inbhuanaithe, éifeachtúlacht oibriúcháin agus inbhuanaitheacht shóisialta. Leis sin, cinntítear go bhféadfaidh baill Origin Green fanacht céim chun tosaigh ó thaobh Treochtaí margaidh agus leanúint orthu ag freastal ar riachtanais inbhuanaitheachta na gcustaiméirí.

## Origin Green – Straitéis Láidir don Todhchaí

In 2019, bhí an clár Origin Green seacht mbliana ar an bhfód, agus dhírigh obair na bliana ar na ceithre chuspóir straitéiseacha a sholáthar:

1. Rannpháirtíocht na gcomhaltaí a mhéadú
2. Bheith mar cheannaire san inbhuanaitheacht bia
3. Feabhas ar inbhuanaitheacht a bhrú chun cinn
4. Teacht ar an margadh agus ar luach a mhéadú do chomhaltaí Origin Green

Ach na cuspóirí sin a sholáthar, cinnteofar go leanfar le fás Origin Green agus go gcoinneoidh sé a bhuntáiste mar cheannródaí.

## Cuspóir 1: Rannpháirtíocht na gcomhaltaí a mhéadú

Baineann cuid bhunúsach de Origin Green le tacú le déantúsóirí bhia agus dí na hÉireann agus iad ag obair chun targaidí uaillmhianacha ó thaobh na hinbhuanaitheachta a leagan amach agus a bhaint amach. Mar iarracht chun sin a bhaint amach, tá uirlisí agus acmhainní éagsúla ar fáil do chuideachtaí rannpháirteacha agus iad ag obair chun fíorú iomlán a fháil, chomh maith lena stádas mar chomhalta fíoraithe a choimeád bliain i ndiaidh bliana.

Ba iad na tacaíochtaí a bhí ar fáil in 2019:

***Meantóir Origin Green:*** Sannadh meantóir ar leithligh ar gach ceann de na 600 cuideachta Origin Green chun cabhrú leo pleananna inbhuanaitheachta a cheapadh agus athbhreithnithe bliantúla a thabhairt chun críche. Chuir na meantóirí sin tacaíocht agus treoir ar fáil i rith an phróisis, ar bhonn na cuideachta aonair, chun seirbhís shaincheaptha a chinntiú.

***Ceardlanna:*** Reáchtáil foireann Origin Green os cionn 20 seimineár gréasáin réamhléiritheach in 2019 a chabhraigh le cuideachtaí tuiscint a fháil ar an gclár agus a gcuid pleananna a fhorbairt.

***Teimpléid:*** Tugadh teimpléad pleananna bunaidh ar fáil do chuideachtaí Origin Green ina leagtar amach gach rud nach mór a chur san áireamh ina bplean inbhuanaitheachta.

***Cúrsa Ar Líne:*** I ndiaidh cheardlanna a dhéanamh, reáchtáil foireann Origin Green cúrsa forbartha pleananna. Tá an cúrsa ceaptha chun cuideachtaí a thabhairt ón gcéim réamhléiritheach go dtí an chéim ina bhfuil plean inbhuanaitheachta iomlán atá réidh le fíorú forbartha acu.

***Tuarascálacha Aiseolais:*** Tugadh tuarascálacha aiseolas ar leithligh do chuideachtaí a raibh pleananna inbhuanaitheachta á bhforbairt acu, chun cabhrú leis an bhforbairt.

***Duine le Duine:*** Bhí foireann Origin Green ar fáil i rith na bliana chun tacaíocht agus treoir a thabhairt ar bhonn duine le duine.

***Eagraíochtaí comhpháirtíochta Origin Green:*** Tá comhpháirtíocht ar bun ag Origin Green le raon leathan eagraíochtaí a bhfuil saineolas inbhuanaitheachta acu chun cur i bhfeidhm agus forbairt rathúil an chláir a chinntiú. Ó mhí Eanáir 2019, tá pacáistiú ina thargaid éigeantach faoin gcuid de Chairt Origin Green maidir le hamhábhar a aimsiú. Lena chinntiú go mbeadh an t-eolas riachtanach ag cuideachtaí chun spriocanna cuí a leagan amach maidir le pacáistiú, reáchtáil Repak sraith de bhreis agus 20 clinic faoin bpacáistiú inbhuanaithe. Leis na clinicí, tugadh deis do chomhaltaí Origin Green bualadh le teicneolaí pacáistithe de chuid Repak chun bealaí a d'fhéadfaidís a gcuid pacáistithe a dhéanamh níos inbhuanaithe a phlé.

## Cuspóir 2: Bheith mar cheannaire san inbhuanaitheacht bia

Le linn 2019, d'iarr lucht eagraithe comhdhálacha idirnáisiúnta, comhlachtaí rialtais intíre agus idirnáisiúnta, agus príomh-chustaiméirí bhia agus dí na hÉireann ar chomhaltaí de chuid fhoireann Origin Green labhairt faoi fhorbairt agus faoi thorthaí leanúnacha an chláir Origin Green. Thug na hócáidí labhartha sin feasacht agus tuiscint faoi chlár Origin Green do lucht féachana intíre agus idirnáisiúnta.

Forbraíodh Innéacs Origin Green in 2019 mar uirlis chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don suíomh mar cheannaire atá ag Origin Green ó thaobh fheidhmíocht feirmeacha agus cuideachtaí a léiriú.

Bhain innéacs Origin Green le sraith méadrachta inbhuanaitheachta a bhailítear faoi na Scéimeanna um Dhearbhú Inbhuanaitheachta (SAS), agus Cairt Origin Green (Cairt OG), a chur le chéile in aon fhoinse amháin.

Le hInnéacs Origin Green cinntítear go bhféadfaidh foireann OG:

1. Feidhmíocht inbhuanaitheachta ar fud SAS agus Cairt OG a rianú.
2. An fhaisnéis faoi inbhuanaitheacht atá á bailiú a léiriú go hinmheánach agus go seachtrach.

Déanfaidh Bainisteoir Sonraí/Anailísí Origin Green Innéacs Origin Green a nuashonrú ar bhonn bliantúil i R1 gach bliain.

## Cuspóir 3: Feabhas ar inbhuanaitheacht a bhrú chun cinn

Is é an Clár um Inbhuanaitheacht Feirme, a cuireadh i ngníomh in 2019, an príomh-shásra lena ndéanann Bord Bia feabhas ar inbhuanaitheacht a bhrú chun cinn. Tá ceithre ghné ar leithligh sa chlár a bhfuil gaol eatarthu:

### 1 Scéimeanna um Dhearbhú Cáilíochta

Tá Bord Bia ag obair go dlúth le pearsanra as Teagasc agus as an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun an tslí a bhféadfaí na Scéimeanna um Dhearbhú Cáilíochta a leasú chun gníomhartha a mbeidh tionchar dearfach ar inbhuanaitheacht acu a thabhairt isteach.

Díríonn go leor de na hathruithe beartaithe go sonrach ar ghníomhartha as critéir MACC Theagaisc maidir le maolú um an athrú aeráide a chur san áireamh.

### 2 Tuarascálacha nua Aiseolais ó Fheirmeoirí (FFR)

Tá na Tuarascálacha Aiseolais ó Fheirmeoirí, ar eisíodh na chéad chinn d'fheirmeoirí i mí na Nollag 2019, ceaptha treoir a thabhairt d'fheirmeoirí agus do chomhairleoirí feirme maidir le gníomhartha feirme a chuirfidh le hinbhuanaitheacht feirme níos fearr má chuirtear i bhfeidhm iad.

Cuireann na tuarascálacha ar chumas feirmeoirí féachaint ar chomparáid idir iad féin agus a bpiaraí i bhfiontair agus réigiúin chomhchosúla. Tá comhairle shaincheaptha iontu a cheaptar de bhun na sonraí a bhailítear faoin bhfeirm shonrach.

### 3 Rannpháirtíocht feirmeoirí agus aistriú eolais

I rith 2019, dhírigh an clár seo ar chumarsáid a dhéanamh le feirmeoirí, le súil agus aird a tharraingt ar an ról lárnach a imríonn siad maidir le hinbhuanaitheacht thionscal agraibhia na hÉireann, agus le súil agus soiléire a thabhairt maidir le tábhacht na ndintiúr inbhuanaitheachta chun margaí reatha a choimeád agus cinn nua a aimsiú.

I rith 2019, rinneadh cúig Shiúlóid Feirme um Aistriú Eolais. Dhírigh na siúlóidí ar an tslí a bhféadfaidh an Tuarascáil Aiseolais ó Fheirmeoirí, ina sainaithnítear na bearta MACC, cabhrú le feirmeoirí gáis ceaptha teasa ar fheirmeacha a laghdú.

### 4 An tArdán Inbhuanaitheacht Feirme

Bunaithe ar chainteanna comhoibritheacha le páirtithe leasmhara éagsúla, rinne Bord Bia coincheap an Chláir um Inbhuanaitheacht Feirme (FSP) a bhrú chun cinn. Bhainfeadh an clár le hardán náisiúnta amháin a fhorbairt chun gach clár um fheabhsú inbhuanaitheacht feirme á dhéanamh ag táirgeoirí ar feadh na dtionscnamh náisiúnta inbhuanaitheachta ar fad, a aimsiú agus a mhapáil. Chuirfeadh an t-ardán sin bonneagar sonraí láidir agus inchreidte ar fáil ina gcuirfear san áireamh an obair mhór atá déanta ag feirmeoirí cheana féin chun a bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta a fheabhsú.

## Córas cisealaithe comhaltachta agus creidiúintí OG do dhéantúsóirí a thabhairt isteach

Cé go bhfuil rath, den chuid is mó, ar leibhéal déantúsaíochta Origin Green maidir le hearcaíocht, agus fianaise ar fheasacht agus ar fheidhmíocht níos fearr ó thaobh na hinbhuanaitheachta (Taighde Bhord Bia ar Inbhuanaitheacht 2018; Tuarascáil Inhbhuanaitheachta Origin Green 2019), glactar leis go ginearálta go gcaithfidh an clár leanúint de bheith ag éabhlóidiú agus dul in aibíocht lena chinntiú go mbeidh rath air go fadtéarmach. Mar a leagtar amach i Straitéis Bhord Bia maidir le Origin Green 2019–2021, tá sé ag éirí níos tábhachtaí tionchar bríoch a bhrú chun cinn trí bhíthin an chláir, go háirithe ag feasacht níos mó faoi mhaolú athrú aeráide domhanda.

| Feidhmíocht in aghaidh Sprioc Inbhuanaitheachta | Creidiúintí Bronnta | Grádú Sprice |
|---|---|---|
| Gan iarracht déanta sprioc a bhaint amach (gan iarracht cheart déanta an sprioc a bhaint amach) | 0 | Teip |
| Níor baineadh sprioc amach agus iarracht lag déanta ina leith | 1 | Míshásúil / Teip |
| Cibé ar baineadh nó nár baineadh an sprioc amach, tá iarracht réasúnta shoiléir déanta | 2 | Sásúil / Pas |
| Sprioc bainte amach agus fianaise ann gur sháraigh an chuideachta ionchais | 3 | Eiseamláireach |

Rinneadh athrá air sin ar bhealach níos leithne in Éirinn nuair a foilsíodh an Plean Náisiúnta um Athrú Aeráide le déanaí (2019), ina leagtar amach targaidí uaillmhianach, fadtéarmacha. Cuireadh tús leis an obair in 2019 chun béim níos mór ar chur i bhfeidhm spriocanna inbhuanaitheachta a fhorbairt, trí bhíthin córas cisealaithe comhaltachta agus creidiúintí a thabhairt isteach maidir le hinbhuanaitheacht.

## Comhaltacht chisealaithe

Lena chinntiú go bhfuil leibhéal déantúsaíochta Origin Green cothrom do chuideachtaí ar scálaí éagsúla, thosaíomar ar na riachtanais íosta ó thaobh spriocanna do chuideachtaí ar scálaí éagsúla a dhréachtú in 2019, bunaithe ar láimhdeachas cuideachta. Baintear úsáid as ioncam nó láimhdeachas cuideachta mar an bpríomh-deitéarmanant, mar gheall gurb é an táscaire leanúnach is comhleanúnaí é maidir le méid agus fás cuideachta.

Chun freastal ar nádúr éagsúil chuideachtaí ar comhaltaí Origin Green iad, leagtar amach sa tábla thuas riachtanais íosta ó thaobh spriocanna, thar chúig shraith, agus tugtar catagóir bhreise do chuideachtaí a dhéanann táirgeacht a sheachfhoinsiú. Cuirtear comhaltaí sa tsraith chuí den struchtúr beartaithe sin de réir mar a thagann ardú/laghdú ar ioncam na cuideachta. Cinnteoidh sin go ndéantar cuideachtaí a bhainistiú ar bhealach cóir agus trédhearcach agus go mbeidh riachtanais comhaltachta ag brath ar mhéid i gceist.

## Córas creidiúintí inbhuanaitheachta: déantúsaíocht

Anuas air sin, chun éabhlóid leanúnach Origin Green a chosaint agus chun níos mó tionchair ar leibhéal déantúsaíochta an chláir a bhrú chun cinn, beartaítear córas creidiúintí inbhuanaitheachta nua a thabhairt isteach in 2020 le gabháil leis na sraitheanna comhaltachta arna moladh i dTábla 1 thuas.

Is é cuspóir an chórais seo, an próiseas fíoraithe do chuideachtaí rannpháirteacha a shimpliú agus níos mó trédhearcachta a thaispeáin faoin tslí a ndéantar comhaltacht a bhaint amach agus a choimeád. Féadfaidh an clár modheolaíocht shoiléir a thaispeáint don tslí a ndéantar measúnú leanúnach ar an dul chun cinn a dhéantar ar spriocanna inbhuanaitheachta. Tugann an córas seo aird freisin ar an obair mhaith atá déanta ag cuideachtaí ó 2012 i leith; fónann sé mar iarfheistiú leis an gCairt Origin Green reatha agus dearbhaíonn sé leanúnachas do chomhaltaí reatha.

Tá béim níos mó á cur ar inbhuanaitheacht ar fud an domhain ó seoladh Origin Green in 2012. Léirítear sa tábla Feidhmíocht in aghaidh Spriocanna Inbhuanaitheachta an tslí a bhféadfaidh iniúchóirí an chláir measúnú a dhéanamh ar spriocanna inbhuanaitheachta Origin Green agus scór a thabhairt dóibh. Baintear úsáid as an gcóras uimhreacha ar glacadh leis chun aird a tharraingt ar an difríocht shoiléir idir teip agus bheith eiseamláireach, maidir le feidhmíocht in aghaidh spriocanna gach bliain.

## Scórchárta Iniúchóirí don fheidhmíocht in aghaidh spriocanna inbhuanaitheachta

Lena chinneadh cibé an bhfaighidh cuideachta líon leordhóthanach creidiúintí inbhuanaitheachta chun comhaltacht Origin Green a choimeád gach bliain, déanfar a bhfeidhmíocht maidir le gach sprioc a fhabhrú lena chinntiú cibé an bhfuil na riachtanais íosta dá sraith comhaltachta faoi seach á mbaint amach.

## Cuspóir 4:
## Teacht ar an margadh agus ar luach a mhéadú do chomhaltaí Origin Green

In 2019, sheol Origin Green uirlis nua ar líne do chomhaltaí maidir le léargas ar inbhuanaitheacht. Cabhróidh an uirlis leo tuiscint a fháil ar an méid atá tábhachtach don chustaiméir agus don tomhaltóir, maidir le cúrsaí inbhuanaitheachta, bunaithe ar thaighde domhanda a rinneadh in 13 mhargadh. Tabharfar an uirlis cothrom le dáta go leanúnach le linn 2020.

## LÉARGAS AGUS PLEANÁIL STRAITÉISEACH

### FOIREANN BHORD BIA UM LÉARGAS & PLEANÁIL STRAITÉISEACH

Cibé an athruithe in áit an mhargaidh, brúnna iomaíocha nó an mhian rud éigin níos mó agus níos fearr a chruthú a spreagann iad, tá gnólachtaí bia agus dí ag déanamh mionathruithe agus athshainiú de shíor ar an gcaoi a n-oibríonn siad agus ar an rud a dtáirgeann siad.

Féachann foireann Léargas agus Pleanáil Straitéiseach Bhord Bia lena chinntiú go bhfanann léargas ar thomhaltóirí, an margadh agus cúrsaí trádála mar chuid lárnach de na straitéisí margaíochta agus nuálaíochta do ghnólachtaí bia agus dí na hÉireann. Oibríonn Bord Bia le cuideachtaí bia agus dí na hÉireann ag cur rochtain ar fhaisnéis dhomhanda, sain-chatagóirí agus eolas agus taithí faoin margadh ar fáil, chomh maith le taighde gairmiúil agus scileanna éascaitheachta ó smaointeoirí margaíochta soiléire agus samhlaíocha.

### THE THINKING HOUSE

Tá Lárionad Léargas Tomhaltóra Bhord Bia i bhfeidhm go hiomlán mar lárionad léargais den scoth agus is é fís agus cuspóir an lárionaid seo den scoth Éire a ardú ina náisiún táirgthe bia comhaimseartha den 21ú haois a dhéanann tráchtálú ar tháirgeadh bia ag teacht le fíor-riachtanais an tomhaltóra.

Tá mar aidhm leis an Thinking House a chinntiú go dtosóidh agus go gcríochnóidh na slabhraí brandála agus nuálaíochta ar fud thionscal bia agus dí na hÉireann leis an tomhaltóir. Is spás é le haghaidh comhoibriú, comhtháthú agus idirghníomhú – is campas é a nascann tionscal bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann leis an tomhaltóir, a chuireann mianta agus riachtanais an tomhaltóra in iúl don tionscal agus vice versa, táirgí inbhuanaithe, inscálaithe a chruthú de réir riachtanas an tomhaltóra

### NUÁLAÍOCHT

#### *Tionscadail shaincheaptha maidir le nuálaíocht agus léargas cliant*

I rith 2019, rinne 37 gcliantchuideachta as cúig mhargadh (Éire, Sasana, an Eoraip, SAM agus an tSín) caidreamh le The Thinking House faoi thionscadail saincheaptha um léargas cliant agus nuálaíocht chun léargas faoi thomhaltóirí agus faoi chatagóirí, brandáil agus tacaíocht NPD a chur ar fáil d'fhonn nuálaíocht a éascú. Féadfaidh modheolaíochtaí baint a bheith acu le taighde agus anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil i margaí intíre agus idirnáisiúnta.

#### *Turais Taiscéalaíochta Inspioráide*

Éascaíonn Turais Taiscéalaíochta Inspioráide tum-chuairteanna ar chultúir bhia áitiúla agus ar threochtaí tomhaltóra infheicthe. Spreagann na cuairteanna seo ar mhargaí smaointeoireacht úr agus smaointe nuálaíochta a chruthú trí bhíthin eispéiris mhargaidh.

Ghlac deich gcliantchuideachta páirt i dturas taiscéalaíochta inspioráide ar Chóbanhávan, an Danmhairg, i mí an Mhárta.

#### *Ardán le haghaidh coincheapa a leagan amach agus a bhailíochtú*

Leis an uirlis nuálaíochta shaincheaptha seo de chuid Bord Bia, ar a dtugtar BI:TES, tugtar deis do chuideachtaí smaointe le haghaidh táirgí nua a leagan amach agus a thástáil go tapa chun feabhsúcháin incriminteacha, tapa, céim ar chéim a éascú, bunaithe ar aiseolas ó thomhaltóirí. I rith 2019, ghlac ceithre chliantchuideachta in dhá mhargadh páirt sa chlár.

#### *Taste n'Tell do Thomhaltóirí*

Tugann an clár seo tomhas cainníochtúil ar fheidhmíocht táirgí ach scagadh agus measúnú a dhéanamh ar choincheapa táirgí nua agus iad a thagarmharcáil in aghaidh iomaitheoirí. Ghlac cúig chuideachta páirt sa chlár i rith 2019.

#### *Léargas Cultúir – Deiseanna agus Cuairteanna ar Mhargaí Trádála*

I rith 2019, ullmhaíodh tuarascálacha ar mhargaí áitiúla, ag díriú ar leagan amach margaí, faisnéis earnála, agus ar iompar agus treochtaí tomhaltóirí áitiúla, chun tuiscint a fháil ar mhargaí agus cultúir áitiúla roimh chuairteanna trádála.

#### *Léargas ar Shiopadóirí*

Rinneadh taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil chun tuiscint a fháil ar iompar shiopadóirí na hÉireann sa chatagóir bia reoite. Cuireadh an staidéar faoi bhráid os cionn 30 ionadaí ar chlianchuideachtaí ag seisiún léargais i mí an Mhárta. Rinneadh an dara staidéar taighde chun léargas a thabhairt ar shiopadóirí chun tairseach 'ar siúl i gcónaí' a fhorbairt, chun iompar

siopadóirí a rianú sa chatagóir mairteola i gceithre phríomh-mhargadh: an Ríocht Aontaithe, an Iodáil, an Ísiltír agus an Ghearmáin.

### *Nascleantóir Ardphoitéinsil*

Bunaíodh an tionscadal seo a dhíríonn ar nuálaíocht chun caidrimh a chothú agus a dhoimhniú leis an Ríocht Aontaithe, an comhpháirtí trádála is mó atá ag Éirinn. I rith 2019, tugadh tacaíocht do chúig onnmhaireoir trí bhíthin deiseanna nuálaíochta ardphoitéinsil ina gcuid earnálacha a shainaithint agus an próiseas nuálaíochta a nascleanúint ó bhunsmaoineamh, go forbairt an choincheapa, go tráchtálú. D'oibrigh na cuideachtaí le Sainsbury's agus bhí siad in ann a dtáirgí a chur i láthair agus cás a dhéanamh chun liostú nua a fháil, agus táirgí a sheoladh.

## FADBHREATHNAITHEACHT & TREOCHTAÍ

Ach leas a bhaint as treochtaí margaí agus tomhaltóirí, is féidir dearcadh a dhíríonn ar an tomhaltóir a spréadh i measc cinnteoirí. Ach díriú ar an todhchaí ar fud catagóirí agus an tionscail, is féidir le cuideachtaí dearcadh níos fadtéarmaí agus níos straitéisí a bheith acu.

### *An Clár um Threochtaí Stíl Bheatha Tomhaltóra*

Glacann an clár cur chuige domhanda ar threochtaí tomhaltóra, mar go ndéantar taighde i 21 mhargadh ar fud an domhain, trí bhíthin labhairt le 28,000 tomhaltóir. Baintear leas freisin as líonra StreetScapers– daoine a bhfuil nasc acu le cultúr i bpríomhchathracha ar fud an domhain. Soláthraíonn siad samplaí de threochtaí sna margaí, de tháirgí, d'fheachtais bhranda agus d'fhorbairtí i gcúrsaí seirbhíse bia. Tá treochtaí bunúsach ó thaobh obair nuálaíochta agus brandála, mar go ndéantar táirgí agus brandaí nua a mheas in aghaidh fhíor-iompraíocht tomhaltóirí. I rith 2019, tugadh an clár cothrom le dáta trí bhíthin tástáil struis a dhéanamh ar gach ceann de na treochtaí lena chinntiú go raibh siad fós ábhartha. Cuireadh treochtaí nuashonraithe i láthair ag dhá cheardlann seisiúin léargais ar ar fhreastail os cionn 100 ionadaí ar chliantchuideachtaí i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna.

### *Séamataic Pacáistithe*

Ba thionscadal é seo chun tuiscint a fháil ar na treochtaí domhanda a imríonn tionchar ar phacáistiú agus ar fhormáidí, le béim faoi leith ar shaolré pacáistithe faoi cheithre phríomhphointe teagmhála; bunús, naisc, taithí agus saol iar-úsáide. Cuimsíodh dearcthaí roinnt de na príomh-dhearthóirí táirgí agus tionchairí sa staidéar agus soláthraíodh samplaí spreagúla bia agus dí ó ar fud an domhain. As sin, forbraíodh foireann uirlisí pacáistithe a cuireadh i láthair ag dhá cheardlann Sheisiún Léargais ar ar fhreastail líon ard cuideachtaí as na hearnálacha bia agus dí ar fad.

### *Stíleanna Maireachtála Aiste Bia II*

Rinneadh staidéar il-tíre in 2018 maidir le hábhair spreagtha na ndaoine a leanann aiste bia veigeánach, veigeatóireach agus cinn eile atá bunaithe ar phlandaí, chun deiseanna ó thaobh aistí bia bunaithe ar phlandaí a fhiosrú. Rinneadh staidéar eile 2019 a dhírigh ar an Eoraip agus a thug léargas ar stíleanna maireachtála aiste bia san Iodáil, san Ísiltír agus sa Fhrainc.

### *An méid a d'ith Éire aréir*

Sa bhliain 2011 a ndearnadh an staidéar seo ar dtús. Féachann sé le foghlaim faoi ídiú bhéile an tráthnóna agus an tslí ar tháinig athrú air le himeachta ama, chun léargas a fháil agus chun deiseanna nua maidir le béile an tráthnóna a fhiosrú ar fud na n-earnálacha bia agus dí. Sa nuashonrú in 2019, rianaíodh athruithe agus treochtaí le hocht mbliana anuas agus scrúdaíodh nósanna an lae inniu maidir le hídiú bhéile an tráthnóna in Éirinn. Cuireadh an staidéar i láthair ag seisiún léargais ar ar fhreastail os cionn 30 ionadaí ar chliantchuideachtaí.

### *Leabhar Beartaíochta Nuálaíochta um Bia agus Deochanna Feidhmiúla Innovation Playbook*

Rinne Léargas Cainníochtúil agus Cáilíochtúil ar Thomhaltóirí, ar Shaineolaithe agus ar an Margadh fiosrú ar riachtanais tomhaltóirí agus shainaithin deiseanna nuálaíochta sa réimse bia agus deochanna feidhmiúla. Trí bhíthin samhail hibride a úsáid, ina raibh teicnící um tuar margaidh agus suirbhé ar líne, cruthaíodh túsphointe spreagthach chun nuálaíocht a bhfuil cuspóir léi agus atá bunaithe i riachtanais tomhaltóirí agus athruithe cultúir a dhéanamh. Go dtí seo, tá ocht n-ardán nuálaíochta curtha le chéile i leabhar beartaíochta a seoladh ag seisiún léargas ar ar fhreastail os cionn 60 duine ón tionscal. Rinneadh cuir i láthair duine le duine agus ceardlanna ina dhiaidh sin.

Leabhar Beartaíochta le haghaidh Bia Mara mar Chomhábhar Feidhmiúil, ag Tógáil ar an Leabhar Beartaíochta um Bia agus Deochanna Feidhmiúla: díríodh sa staidéar seo ar fhás a chur ar bhia mara mar chomhábhar feidhmiúil. Rinneadh fiosrú ar riachtanais tomhaltóirí atá ag ardú agus ar threochtaí domhanda chun ardáin nuálaíochta ardphoitéinsil agus deiseanna do chliaint bhia mara na hÉireann a shainaithint. Tá an staidéar á phlé ag ceardlanna leis na cliaint bhia mara ar leithligh chun cabhrú leo a gclár oibre nuálaíochta a bhrú chun cinn.

### *Leabhar Beartaíochta um Fheoil Fheidhmiúil*

Ag tógáil ar an Leabhar Beartaíochta um Bia agus Deochanna Feidhmiúla, déantar fiosrú sa staidéar seo ar threochtaí domhanda feola agus sainaithnítear deiseanna nuálaíochta don tionscal feola. Tugadh an staidéar chun críche ag deireadh 2019, agus scaipfear é ar an tionscal go luath in 2020.

### *Todhchaí na nDeochanna d'Aosaigh*

Is staidéar ceannaireachta smaointeoireachta é seo ina nglactar cur chuige réamhghníomhach maidir le tuiscint a fháil ar an gcás don réimse deochanna neamh-alcóil d'aosaigh amach anseo. Agus é bunaithe ar léargas tomhaltóra, déanfaidh an staidéar deiseanna nuálaíochta do dhéantúsóirí deochanna in Éirinn a shainaithint. Beidh an staidéar ar fáil lena rolladh amach go luath in 2020.

### *Todhchaí Agraibhia na hÉireann*

Féachadh, sa staidéar seo, le tuiscint a fháil ar na fórsaí a mhúnlaíonn todhchaí thionscal agraibhia na hÉireann agus cuireadh i láthair é ag an gcomhdháil ASA i mí Mheán Fómhair.

## TAIGHDE BUNAIDH

Cuireann taighde bunaidh léargas ar thomhaltóirí agus ar an margadh ar fáil le gur féidir tuiscint níos doimhne a fháil ar ábhair a bhaineann le bia agus deochanna, d'fhonn cinnteoireacht tráchtála níos eolasaí a éascú. Gach bliain, déantar tionscadail léargais saincheaptha a choimisiúnú ina ndírítear ar réimsí sonracha, amhail céimeanna i saol tomhaltóra, ócáidí béile, nó catagóirí bia. Scaiptear staidéir ar an earnáil trí bhíthin sheisiúin léargais agus ar chuideachtaí ar leithligh. Bíonn siad le fáil ar láithreán gréasáin Bhord Bia freisin.

Comhábhair Déiríochta do Mhargaí Tosaíochta: Measúnú ar an mbealach chuig an margadh i gcás comhábhar déiríochta, chuig an tSeapáin, an Chóiré Theas, Vítneam agus Meicsiceo. Áiríodh ann anailís ar iomaitheoirí agus measúnú ar ábharthacht na teachtaireachta maidir le hinbhuanaitheacht. Tugadh soiléiriú sna tuarascálacha ar an suíomh iomaíoch, féinsoláthar intíre agus an chonair éilimh do chomhábhair déiríochta.

### *An Margadh do Cháis Phíotsa sa tSín a Thuiscint*

Féachadh, sa taighde seo ar thrádáil agus ar an margadh, le tuiscint a fháil ar dheiseanna do tháirgeoirí cáise in Éirinn soláthar a dhéanamh don chatagóir cháis phíotsa sa tSín. Tugadh míniú ar an léargas agus ar an méid a foghlaimíodh faoi cháis Lá na hÁise i mí na Bealtaine agus tugadh faisnéis dheiridh don tionscal i mí Dheireadh Fómhair.

### *Cothú Aosach sa tSín*

Ba staidéar léargais ar an margadh agus ar an trádáil é seo, lenar féachadh le deiseanna a shainaithint do sholáthróirí chomhábhair agus chothú déiríochta na hÉireann. Rinneadh fiosrú agus fíorú sa staidéar ar phointí difreála na hÉireann, i gcomparáid le príomh-iomaitheoirí. Rinneadh staidéar eitneagrafach ar úsáideoirí chothú aosach sa tSín agus sa tSeapáin, chun tuiscint níos fearr ar an úsáideoir deiridh a fháil.

### *Sonraí faoin Margadh Iógairt in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe*

Dianfhiosrú ar an gcatagóir iógairt agus sonraí painéil tomhaltóirí agus siopadóirí á n-úsáid, chun léargas soiléir ar an gcatagóir a fháil sa dá mhargadh agus chun réimsí a bhféadfaí díriú orthu amach anseo a shainaithint. Cuireadh sonraí Kantar i láthair ag seisiún léargais de 20 ionadaí ó chuideachtaí déiríochta Éireannacha.

### *An Ceannaitheoir Feola Miondíola a Thuiscint*

Ba staidéar léargais é seo chun tuiscint níos fearr a fháil ar ábhair spreagtha, riachtanais agus mianta an cheannaitheora feola san Eoraip (an Ghearmáin, an Ríocht Aontaithe, an Ísiltír, an Iodáil agus an Bheilg) agus chun an tóir atá acu ar mhairteoil fhéar-chothaithe a fhiosrú.

### Léargais ar mhiondíol san Iodáil

Bhain an staidéar léargais seo le bheith ag obair go dlúth le comhpháirtí miondíola san Iodáil chun léargas a fháil ar iompraíocht, dearcthaí agus riachtanais tomhaltóirí agus chun pleananna catagóire a fhorbairt don mhairteoil, agus suíomh do mhairteoil a bhfuil dearbhú cáilíochta aici a aimsiú san Iodáil. Cuireadh na torthaí in iúl ag Acadamh Feola Bhord Bia in Milano.

### Mairteoil sa tSín – Seirbhís bhia

Féachadh, sa staidéar cainníochtúil seo, le pictiúr réasúnach agus cruinn a thabhairt fhírinne an scéil maidir le seirbhís bhia sa tSín ó thaobh na mairteola de. Thacaigh taighde eitneagrafach leis an taighde sin. Míníodh na torthaí do chliantchuideachtaí ar bhonn duine le duine.

### Taighde ar Mhairteoil sna Margaí Nordacha

Sa taighde seo, fiosraíodh iompraíocht tomhaltóra agus catagóire maidir le mairteoil úr sna margaí Nordacha. Scaipeadh léargas agus an méid a foghlaimíodh ar na margaí agus ar an tionscal. Baineadh úsáid as na torthaí chun plean cumarsáide agus comhpháirtíocht straitéiseach le miondíoltóir as an tSualainn a fhorbairt.

### Taighde ar Mhairteoil agus ar Mhuiceoil – (An Chóiré, na hOileáin Fhilipíneacha & Vítneam)

Sainaithníodh na 300 páirtí leasmhar is mó sa tionscal feola i ngach tír sa staidéar seo. Sa dara céim de, roghnaíodh na 30 cuideachta is tábhachtaí sa tionscal feola d'onnmhairí feola Éireannaí agus cuireadh faoi agallamh iad. Scaipeadh na torthaí ar chliantchuideachtaí feola i mí na Bealtaine.

### Muiceoil sa tSín – Éagsúlacht Intíre

Tuiscint léargais mhargaidh ar roghanna réigiúnacha sa tSín maidir le cur i láthair agus gearrthacha muiceola. Féadfaidh an tuarascáil luach a chruthú d'onnmhaireoirí muiceola trí bhíthin tairiscintí táirgí saincheaptha do réigiúin difriúla sa tSín. Scaipeadh an fhaisnéis ar chliantchuideachtaí ábhartha i mí an Mheithimh.

### Úsáid agus Dearcthaí i leith Uisce Beatha a Thuiscint

Staidéar il-mhargaidh é Taighde Vista Tomhaltóir Uisce Beatha nua de chuid Bhord Bia ar dhearcthaí tomhaltóirí i leith an uisce beatha agus ar an úsáid a mbaintear as i bpríomh-mhargaí ar fud an domhain. Is é an chéad taighde den chineál sin atá déanta go hidirnáisiúnta ar Uisce Beatha Éireannach agus tá sé ceaptha cabhrú le húinéirí brandaí tuiscint níos fearr a fháil ar thomhaltóirí uisce beatha i SAM, sa tSeapáin, sa tSín agus i Singeapór.

### Tuiscint ar Sheacláid den Scoth in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe

Rinneadh fiosrú, sa staidéar catagóire seo, ar iompraíocht shiopadóirí seacláide den scoth in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Tugann sé tuiscint ar an gciall atá le 'den scoth' do shiopadóirí an lae inniu agus sainaithníonn sé ocht riachtanas siopadóra a mbíonn tionchar acu ar rogha branda agus ar iompraíocht ceannaigh i gcainéil agus ócáidí seacláide. Tá sé ceaptha tuiscint níos fearr a fháil ar an mbealach chuig seacláid den scoth a cheannach agus chun cumarsáid níos fearr le siopadóirí a spreagadh i measc brandaí.

### Cén Chiall atá le Glan?

Bhí an staidéar il-tíre seo ceaptha fiosrú a dhéanamh ar thuiscint an tomhaltóra ar lipéadú glan, agus ar na dinimicí ina leith, lena n-áirítear comhábhair, a mhaíomh gur bia cothaitheach atá i gceist, agus buntáistí spreagthacha féideartha. D'fhéadfadh sé cabhrú le treochlár a sholáthar don tionscal ó thaobh an chuir chuige a bhíonn acu ar lipéadú glan, rud a d'éascódh deiseanna forbartha amach anseo. Cuireadh an staidéar faoi bhráid os cionn 50 cuideachta ag seisiún léargais i mí na Bealtaine.

### 'Saor ó' – an Danmhairg & an tSualainn

Tionscadal léargais mhargaidh agus trádála chun méid an mhargaidh 'saor ó' sa Danmhairg agus sa tSualainn a shainaithint agus chun bealaí chuig an margadh a mholadh do tháirgeoirí Éireannacha. Áiríodh ann dian-anailís ar na miondíoltóirí i ngach margadh agus an cur chuige atá acu ar an gcatagóir 'saor ó' ó thaobh an cheannaigh de.

### Catagóirí béilí ullmhaithe fuaraithe agus anraith

Cur i láthair ar an dá chatagóir le haghaidh margaí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann, lenar áiríodh crann tomhais Kantar, feidhmíocht miondíoltóra, príomh-threochtaí agus moltaí. Curtha ar fáil ag seisiún léargais a tionóladh i mí Iúil le haghaidh 37 n-ionadaí cuideachta.

## Food Brand Ireland – Bia Mara

D’fhéach Food Brand Ireland, staidéar ar bhrandaí domhanda, le tuiscint a fháil ar dhearcthaí tomhaltóirí ar Éirinn mar fhoinse bia agus dí. Forbraíodh creat-shamhail branda le bheith mar bhonn eolais ag straitéis margaíochta agus cumarsáide Bhord Bia sna trí go cúig bliana amach romhainn. Sa staidéar, rinneadh taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil ar 11 mhargadh agus os cionn 11,000 tomhaltóir idirnáisiúnta. In 2019, cuireadh an tsamhail i bhfeidhm san earnáil bia mara agus rinneadh taighde ar 10 margadh (Éire, an Ríocht Aontaithe, SAM, UAE, an Iodáil, an tSeapáin, an Chóiré Theas, an Ghearmáin, an Fhrainc agus an tSín).

## Cloicheáin Éireannacha a Reoitear ar an bhFarraige - Taighde / Margadh na Seapáine

Dírítear sa staidéar seo ar an gcainéal seirbhíse bia sa tSeapáin trí bhíthin sraith agallamh trádála chun tuiscint a fháil ar mhéid an mhargaidh cloicheán sa tSeapáin, an soláthar reatha a fhíorú agus deiseanna féideartha don earnáil Éireannach sa mhargadh sin a fhiosrú.

## Faoitín sa Fhrainc a Thuiscint

Tionscadal i gcomhar le Bord Iascaigh Mhara a bhí anseo, chun tuiscint níos fearr a fháil ar an gcatagóir faoitín in Éirinn, ó thaobh na trádála de. San áireamh sa staidéar bhí agallaimh ag príomh-pháirtithe leasmhara le 31 theagmháil trádála i gcainéil éagsúla miondíola agus seirbhíse bia. I measc na dtorthaí bhí tuiscint ar mhéid an mhargaidh, ar an tslí a ndíoltar agus a n-itear faoitín agus an dearcadh ar faoitín Éireannach i gcomparáid le príomh-iomaitheoirí in Albain, san Ísiltír agus sa Fhrainc.

## Sonraí Painéil Tomhaltóirí

Ceannaíodh Sonraí Painéil Tomhaltóirí ar cheithre phríomhréimse sa tionscal, lena n-áirítear táirgí úra gairneoireachta, feoil úr le haghaidh mhargadh na hÉireann, muisiriúin sa Bhreatain Mhór agus 16 chatagóir de bhia ullmhaithe. Tugann na sonraí sin tuiscint leanúnach ar fheidhmíocht sna catagóirí, agus ar iompraíocht tomhaltóirí ó thaobh dearcthaí agus treochtaí agus ó thaobh iompraíocht ceannaigh.

## Móráireamh Táirgthe

Déanann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara móráireamh táirgthe bliantúil agus cabhraíonn Bord Bia léi chun anailís a dhéanamh ar shonraí agus leis an tuarascáil dheiridh a chur le chéile.

Cuireann an fhaisnéis sin méid na n-earnálacha gairneoireachta agus treochtaí táirgeachta ar fáil, chomh maith le léargas ar fheidhmíocht na n-earnálacha.

## Anailís ar Bharr Prátaí

Déantar anailís gach bliain ar an barr prátaí bliantúil. Cuirtear measúnú neamhspleách ar fáil leis sin, óna ríomhtar an fíor táirgthe prátaí bliantúil. Cuireann sin léargas cruinn do na príomhpháirtithe leasmhara sa tionscal, amhail an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, IFA agus IPF faoin méid prátaí is dócha a bheidh ar an margadh sa séasúr atá ag teacht.

## Iniúchtaí ar an Margadh Miondíola Gairneoireachta

Déantar trí iniúchadh miondíola gach bliain. Is i rith na bpríomh-shéasúr táirgthe do tháirgí a fhástar in Éirinn a dhéantar iad. Is é príomh-chuspóir na sonraí, bunáit na dtáirgí ar an tseilf miondíola a shainaithint agus monatóireacht a dhéanamh ar úsáid Mharc Cáilíochta Bhord Bia ar tháirgí.

## Gairneoireacht Taitneamhachta - toisiú an mhargaidh intíre

Staidéar léargais mhargaidh ar cheannach gairneoireachta taitneamhachta chun tuiscint a fháil ar chaitheamh airgid. Tugann an staidéar tuiscint ar an méid a chaitheann daoine, corparáidí agus eintitis Stáit, mar fhaisnéis do phlandlanna Éireannacha. Scaipeadh an staidéar ar an tionscal ag an ócáid Glas.

## An Margadh Intíre do Sceallóga Úra

Tionscadal féidearthachta chun deiseanna do phrátaí Éireannacha sa mhargadh áitiúil sceallóga úra a shainaithint. Bhain an tionscadal le taighde ar thomhaltóirí agus ar lucht trádála agus cuireadh faoi bhráid an tionscail é i mí Dheireadh Fómhair.

## Tomhas ar an Margadh Garraíodóireachta

I rith 2019, rinne nuashonrú ar staidéar débhliantúil chun an margadh garraíodóireachta in Éirinn a thomhas. Scaipeadh ar an tionscal é trí bhíthin chruinnithe duine le duine, ríomh-iris gairneoireachta agus ag an ócáid trádála Glas.



### *Úsáid Prátaí agus Dearcthaí ina leith a Thuiscint*

Éascaíodh an staidéar seo mar fhaisnéis don tionscal prátaí faoi thomhaltóirí reatha agus ionchais chun fás i margadh na hÉireann a bhrú chun cinn. Thug an cur chuige cainníochtúil eolas faoi iompraíocht tomhaltóirí agus scaipeadh na torthaí ar an tionscal i mí Dheireadh Fómhair. Bhí an taighde mar fhaisnéis ag iarratas chuig an AE ar fheachtas trí bliana faoi phrátaí.

### *Staidéar rianaithe Bloom*

Staidéar náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar shraith phríomh-bheart ar fheasacht, tinreamh agus tionchar Bloom 2019. Cuireann an taighde leis na torthaí ó shuirbhéanna bliantúla ar Bloom ó 2010 i leith. Scaipeadh torthaí an tsuirbhé go hinmheánach agus cuireadh san áireamh iad san athbhreithniú straitéiseach ar Bloom. Beidh gné chainníochtúil de thaighde 2019 mar fhaisnéis do choincheapa ócáidí sna blianta amach romhainn.

### *An Margadh Baile a Rianú*

Leis an taighde rianaithe seo, tugtar deis do Bhord Bia meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar fheachtais. Leis an ngné rianaithe den taighde, éascaítear meastóireacht ar fheasacht, tuiscint agus tionchar maidir le gach feachtas, agus déantar a fheidhmíocht a thomhas. Bíonn mar aidhm leis na feachtais feasacht faoi tháirgí a bhfuil an Marc Cáilíochta acu agus an méid díobh a cheannaítear a ardú. Rianaíodh dhá fheachtas déag in 2019.

### *Meon Tomhaltóirí faoin mBreatimeacht: an Ríocht Aontaithe agus Éire*

Staidéar rianaithe leanúnach chun monatóireacht a dhéanamh ar mhuinín agus ar dhearcthaí thomhaltóirí na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann maidir le hÉirinn agus le bia agus deochanna na hÉireann. Tugadh cúig chuid den staidéar chun críche in 2019 agus scaipeadh na torthaí mar chuid de phacáiste tacaíochta Breatimeachta do chliantchuideachtaí.

### *Suirbhé ar Chomhaltaí Origin Green*

Suirbhé a rinneadh ar chomhaltaí Origin Green chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chuid 'móiminteam a choimeád' den chuspóir d'fheachtas Feasacht an Phobail faoi Origin Green Ireland.

## BRANDÁIL

Cuireann an clár seo saineolas agus cúnamh maidir le brandáil ar fáil do chuideachtaí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann d'fhonn fás tráchtála a chumasú. Cuireann Bord Bia fóram ar fáil freisin chun eolas agus taithí ar chleachtas brandála a roinnt.

### *Seirbhísí Brandála Cliant Saincheaptha*

Clár seirbhísí brandála atá lárnach chun straitéisí branda a dhíríonn ar an tomhaltóir, athbheochan brandaí agus féiniúlachtaí branda nua a sholáthar. Oibríonn lucht an chláir le sainghníomhaireachtaí brandála agus dearaidh sa bhaile agus go hidirnáisiúnta. Cuireann na gníomhaireachtaí sin féiniúlacht branda i gcrích i bhfoirm físe bunaithe ar ár gcuid oibre straitéise branda tosaigh. In 2019, bhí os cionn 28 gcuideachta, ó chinn mheánmhéide go cinn mhóra, rannpháirteach, ar feadh na gcatagóirí ar fad.

### *Gníomhachtú Saincheaptha Bhrandaí Cliant*

Gníomhachtú saincheaptha brandaí, ag cabhrú le cuideachtaí beocht a chur ina gcuid brandaí thar raon phointí teagmhála. I rith 2019, cabhraíodh le 10 gcuideachta chun láithreacht branda iontach, soiléire agus scéalaíocht a sholáthar thar pointí teagmhála amhail caidreamh poiblí, ócáidí i siopaí, ardáin shóisialta agus ar an láithreán gréasáin.

### *Fóram Branda*

Leis an gclár Fóram Branda, déantar líonrú, naisc agus foghlaim a éascú. Tá sé oscailte do na cliantchuideachtaí go léir agus tá go leor leor cláraithe leis. I measc na n-ábhar a cuimsíodh ag imeachtaí ráithiúla na bliana seo bhí topaicí amhail Claochlú Gnó, Brandaí Marthanacha a Thógáil agus An tSlí le hAird a Tharraingt i nDomhan ar Seachrán. Bhí aoichainteoirí den chéad scoth ag gach imeacht. Reáchtáladh cúig Cheardlann faoi dea-chleachtas i dtuin agus i gcóipscríbhneoireacht, a roinnt, tionchairí margaíochta, optamú físeán, grianghrafadóireacht ar theileafóin le haghaidh Instagram agus dearadh pacáistithe.

### *Fóram Branda – Seiceáil Sláinte*

Is ionann Seiceáil Sláinte Bhranda thiomnaithe agus staidéar mór cainníochtúil atá oscailte do chomhaltaí an Fhóraim Bhranda. In 2019, pléadh le 46 chatagóir agus cuireadh ar chumas 66 úinéir branda feasacht, feidhmíocht agus tuiscint maidir lena mbranda a rianú, laistigh dá gcatagóir, i gcomparáid le cúig bhranda iomaitheora.

### *Fóram Branda – Seirbhís Físeán Oideas*

Leis an tseirbhís Físeán Oideas bhliantúil, tugtar deis do chomhaltaí an Fhóraim Bhranda físeáin oidis 60 soicind ar fhad a dhéanamh chun a dtáirgí a thaispeáint. Déantar na físeáin a optamú le haghaidh cuardaigh ar na meáin thraidisiúnta agus dhigiteacha. Reáchtáladh dhá bhabhta den chlár i mbliana. Bhí 24 chuideachta rannpháirteach ann agus léirigh siad 35 fhíseán.

### *SuperBrands*

Tá an clár seo oscailte do chuideachtaí beaga a mbíonn láimhdeachas bliantúil níos lú ná €5m acu.




Oibríonn speisialtóir branda leis na cuideachtaí sin chun straitéis agus suíomh a mbranda a fheabhsú sula bhfaightear seirbhísí ghníomhaireacht chruthaitheach chun cuidiú le féiniúlacht agus pacáistiú nua nó athbheoite. In 2019, bhí seacht gcuideachta as gach catagóir sa tionscal rannpháirteach sa chlár.

## MARGAÍOCHT AGUS CUMARSÁID

### Feachtais Idirnáisiúnta Gnó le Gnó (B2B) de chuid Food Brand Ireland

Stiúir Foireann Margaíochta Branda Bhord Bia feachtais B2B maidir le mairteoil, déiríochta agus bia mara i seacht bpríomh-mhargadh tosaíochta in 2019. Dhírigh na feachtais ar phríomh-chustaiméirí, trádála déantúsaíochta, miondíola agus seirbhíse bia d'fhonn sainroghnú bhia Éireannaigh a bhrú chun cinn i margaí seanbhunaithe, agus chun feasacht faoina sainiúlacht a ardú i margaí nua bunaithe ar a dhintiúir inbhuanaitheachta. Reáchtáladh na feachtais sa Ríocht Aontaithe, i SAM, sa Ghearmáin agus san Iodáil (margaí seanbhunaithe) agus sa tSín, sa tSeapáin agus sa Chóiré Theas (margaí nua).

Forbraíodh samhail nua do bhrandaí domhanda chun bia, deochanna agus gairneoireacht na hÉireann a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear trí bhíthin fheachtais bunaithe ar dhian-staidéir mhargaidh le custaiméirí trádála agus tomhaltóirí.

Cruthaíodh tograí sainiúla domhanda do bhia na hÉireann tríd is tríd agus do na hearnálacha mairteola, déiríochta agus bia mara na hÉireann in 2019. Forbraíodh sraith ábhar margaíochta, lena n-áirítear ábhar preasa, físeáin agus digiteach, agus tá siad comhtháite go hiomlán ar fud na bhfeachtas B2B. Ar phríomh-ghníomhaíochtaí bhí, fógraí sa phreas trádála agus ailt fógraíochta i 17 bpríomh-fhoilseachán trádála agus i 15 fhoilseachán ar líne, na meáin shóisialta agus fógraíocht dhigiteach sna margaí ar fad.

Seoladh an chéad chéim de straitéis cumarsáide margaíochta don tSín in 2019. Is éard is aidhm léi, feasacht faoi shainiúlacht bia na hÉireann agus catagóirí sonracha (mairteoil, déiríocht, bia mara agus muiceoil) a ardú i measc príomh-chustaiméirí seirbhíse bia, allmhaireoirí agus trádálaithe agus miondíoltóirí ar líne. Táthar ag díriú ar na grúpaí sin trí bhíthin chainéil dhigiteacha Bhord Bia (Wechat agus Weibo), trí phromóisin le miondíoltóirí ar líne, comhpháirtíochtaí le príomh-thionchairí ar líne agus ócáidí spriocdhírithe do na meáin.

Bhainistigh Bord Bia tuairim is 50 ócáid ar feadh earnálacha uile an tionscail agus na n-ardán promóisin in Éirinn, san Eoraip, iSAM, sa Mheánoirthear, san Afraic agus san Áise. Bhí pailliúin ag Origin Green/Éire ag 32 aonach trádála agus taispeántas idirnáisiúnta ar ar fhreastail os cionn 1m ceannaitheoir/cuairteoir ar an iomlán.

Ghlac Bord Bia páirt i bpríomh-aontaí trádála suaitheanta amhail Seafood Expo Global sa Bhruiséil agus ANUGA in Cologne, chomh maith le haontaí trádála a bhain le hearnálacha faoi leith, amhail ISM (milseogra), Biofach (bia orgánach), PLMA (lipéad príobháideach), Prowein agus Vinexpo (deochanna meisciúla), Sirha sa Fhrainc agus Internorga sa Ghearmáin (seirbhís bhia), agus FIE, Páras (comhábhair).

Mar gheall ar an bhfás leanúnach ar mhargaí na hÁise, glacadh páirt i 11 aonach trádála ar fud réigiún na hÁise faoi chláir arna maoiniú ag an AE agus Origin Green. Ina measc bhí Foodex sa tSeapáin, Food Hotel Expo, Vítneam, Hofex Hong Cong, SIAL China Shanghai, Seoul Food sa Chóiré, Wofex sna hOileáin Filipíneacha, Food Ingredients Asia in Bangkok, CIMIE i mBéising, China Fisheries and Seafood Expo in Qingdao agus Japan International Seafood i dTóiceo. San áireamh i réigiúin eile bhí Gulfood agus Gulfood Manufacturing sa Mheánoirthear agus taispeántas Wine & Spirits Wholesalers of America (WSWA) agus Seafood Expo North America.

Tugadh tacaíocht do dhá mhisean trádála faoi stiúir Airí in 2019. Thaistil toscaireachtaí chuig an tSín chun freastal ar an aonach trádála SIAL China, agus chuig an tSeapáin agus an Chóiré.

Bhí seisiúin faisnéise ar na margaí, cruinnithe B2B do chuideachtaí Éireannacha agus seimineáir trádála do chustaiméirí trádála i gceist leis na misin trádála. Óstáladh fáiltiú ‘blas na hÉireann’ i dTóiceo.

Baineadh tuairisciú idirnáisiúnta amach le linn 2019 trí bhíthin cuairteanna saindírithe iriseoirí isteach agus feachtais chaidrimh phoiblí for-rochtana ag príomh-mhisin trádála agus aontaí trádála san Eoraip agus san Áise.

## Bloom 2019

Foireann Bloom de chuid Bhord Bia a stiúir forbairt agus éabhlóidiú Bloom in 2019. Reáchtáladh an seó ar feadh cúig lá thar dheireadh seachtaine saoire bainc mhí na Bealtaine. Bhí an seó 13 bliana ar an bhfód agus mheall sé 115,000 cuairteoir, a thuairiscigh ráta sástachta 99.5% lena n-eispéireas. Ar na príomh-athruithe ar eispéireas an chuairteora ar Bloom 2019, bhí criosanna cinn scríbe bríomhara a bhí curtha i ngníomh ag Bord Bia agus ag an tionscal, iad nasctha le chéile chun bealach a aimsiú níos fearr. Criosanna cinn scríbe iad a raibh cuspóir leo, le haghaidh cairde, teaghlaigh agus leanaí. Bhain téama éiceolaíoch leo; bhí plandáil bhreá iontu agus an ghairneoireacht ina gcroí-lár, rud a léiríodh tríd an gcur i láthair bia agus dí.

Ba iad feabhsúcháin ar an mbonneagar, amhail gnéithe faisnéise idirghníomhacha agus an t-eispéireas bia foriomlán le haghaidh 115,000 cuairteoir a chuir leis an ráta sástachta níos airde a chuir cuairteoirí in iúl. Measadh gur caitheadh €9m ag an seó féin agus measadh le taighde a rinneadh i ndiaidh an seó gur caitheadh €24m eile ar phlandaí. Maidir le tionchar na meán in 2019, bhí coibhéis luach fógraíochta (AVE) €4.3m ag Bloom. Baineadh ardchaighdeáin amach ó thaobh cur i láthair ar fud an tseó agus bronnadh 11 bhonn óir ar na dearthóirí gairdín. Den chéad uair ag Bloom, rinne Bord Bia tábhacht an bhricfeasta trádála a thomhas. Gineadh 188 n-ábhar cliaint nua le haghaidh na táirgeoirí a bhí i láthair; bhí os cionn 250 ceannaitheoir i láthair agus cumhacht ceannaigh €15bn acu.

Tugadh athbhreithniú straitéiseach Bhord Bia ar Bloom chun críche in 2019 agus comhaontaíodh pleananna faoi threo nua do Bloom agus go ndéanfaí plean cúig bliana a rolladh amach, ag díriú ar ócáid a arna bainistiú ar bhealach níos inbhuanaithe, a d’úsáidfí chun cuairteoirí reatha agus nua a spreagadh a bheith ina “lucht leanúna ar feadh an tsaoil maidir le bia, deochanna agus gairneoireacht na hÉireann”.

## Ócáidí Corparáideacha agus Tionscail Eile

Rinne an Fhoireann Ócáidí Margaíochta ócáidí Corparáideacha agus Tionscail a bhainistiú in Éirinn in 2019, lenar áiríodh ócáidí páirtithe leasmhara amhail Seimineár ar Mhargaí Feola, Seimineár do Ghnólachtaí Beaga, Seimineár Seirbhíse Bia, Lá Déiríochta Bhord Bia agus Gradaim Bhord Bia um an Tionscal Bia agus Dí.

## Gradaim Bhord Bia um an Tionscal Bia agus Dí 2019

Bronnadh Gradaim débhliantúla Bhord Bia um an Tionscal Bia agus Dí 2019 an 27 Samhain ag ócáid lóin i mBaile Átha Cliath. Bronnadh naoi ngradam san inbhuanaitheacht, fás onnmhairithe agus intíre, bainistiú tallainne agus as úsáid éifeachtach a bhaint as léargas. Tríd is tríd, rinneadh 56 thuairisc ar na gradaim, sroicheadh 2.3m duine agus b'ionann AVE agus €82,260.

Ar na buaiteoirí bhí; ABP, Dawn Meats, The Shed Distillery, Silver Hill Farm, Keelings, Glenilen, Heineken agus Blanco Nino. Anuas ar an aitheantas ón lucht trádála agus ón bpobal a baineadh amach, ba léir ó aiseolas ó na cliaint go bhfuil an-tóir ar na gradaim seo agus an-mheas ag na faighteoirí orthu.

I measc phríomh-ócáidí páirtithe leasmhara eile a tionóladh in 2019 bhí; rannpháirtíocht ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, comhoibriú le Bord Iascaigh Mhara ag Seafest, a d'aistrigh as Gaillimh go dtí Cé Ailbhe i gCathair Chorcaí, áit ar thug ceannaí éisc agus cócaire bia mara taispeántais i rith na hócáide dhá lá sin.

## Feachtais Náisiúnta B2C in Éirinn

## Marc Cáilíochta Bhord Bia

Is éard is aidhm leis an gclár margaíochta, Marc Cáilíochta Bhord Bia, sa mhargadh intíre, sainroghnú bhia a bhfuil dearbhú cáilíochta aige a mhéadú. Mar chuid de sin, dírítear ar dhílseacht shiopadóirí Éireannacha do bhia a bhfuil dearbhú cáilíochta aige, agus an méid a cheannaíonn siad, a mhéadú. Dírítear freisin ar mhinicíocht ídithe na bhfeolta agus uibheacha a bhfuil dearbhú cáilíochta acu a bhrú chun cinn.

Ag díriú ar shiopadóirí grósaeireachta ban 30-60 bliain d'aois, áiríodh ar na gníomhaíochtaí cineálacha, fógraíochta teilifíse don Mharc Cáilíochta, le tacaíocht ó ghníomhaíochtaí ar na meáin shóisialta; feoil a raibh an Marc Cáilíochta aici a chur chun cinn ag Bloom; agus monatóireacht a dhéanamh ar an gcion táirgí feola a bhfuil an Marc acu i measc miondíoltóirí. Ardaíodh an mhinicíocht a ídíodh feolta agus uibheacha a raibh dearbhú cáilíochta acu trí bhíthin fhógraíocht teilifíse, gníomhaíochtaí caidrimh phoiblí agus ábhar digiteach nua a chruthú agus a scaipeadh. Tríd is tríd, rinneadh 22 fheachtas in 2019, lenar áiríodh 39 seachtaine d'fhógraíocht teilifíse.

Measann siopadóirí gurb é Marc Cáilíochta Bhord Bia an foinse ceannasach dearbhaithe ar cháilíocht, ar shábháilteacht agus ar bhunús bia ar an margadh baile i gcónaí. Tá tuairim is 93% de shiopadóirí grósaeireachta na hÉireann ar an eolas faoin marc agus díobh sin, deir 68% gur mó an seans go gceannóidís táirge feola tar éis an Marc Cáilíochta a fheiceáil air.

D'fhág an t-éileamh tomhaltóra méadaithe ar fheoil leis an Marc Cáilíochta ar a sheal gur choinnigh agus gur mhéadaigh miondíoltóirí an cion spáis ar an seilf d'fheoil a bhfuil dearbhú cáilíochta aici. In 2019, tháinig ardú 3% go 80% ar an gcéatadán SKUnna feola a raibh an Marc Cáilíochta acu, ar fud miondíoltóirí.

## Bia Mara na hÉireann

Ba í 2019 an chéad bhliain de straitéis trí bliana iasc geal Éireannach sa mhargadh intíre. Táthar ag díriú ar cholmóir, cadóg agus faoitín Éireannach. An príomh-chuspóir atá leis an straitéis, ilúsáidteacht agus blas an éisc ghil sin a chur ar súile na ndaoine, le go roghnófar iad le haghaidh béilí laethúla agus deireadh seachtaine. Baineadh sin amach ach díriú ar shiopadóirí ban 35–55 bliana d'aois trí bhíthin fhógraíocht teilifíse agus amuigh faoin aer, gníomhaíocht cuardaigh agus na meáin shóisialta. Chuimhnigh 52% den spriocluch féachana ar an bhfógra teilifíse nua a fheiceáil agus díobh sin, dúirt 62% (230,000 siopadóir) gur mó seans go gceannóidís iasc geal Éireannach dá bharr.

## Urraíocht Theilifíse

I rith 2019, rinne Bord Bia urraíocht ar '*Neven's Seafood Trails*' ar RTÉ 1, agus é mar aidhm leis cur le tuiscint tomhaltóirí ar thionscal bia mara na hÉireann agus ar an raon bia mara Éireannach atá ar fáil. I rith na sraithe seacht seachtaine, thug Neven Maguire cuairt ar tháirgeoirí éagsúla bia mara timpeall na hÉireann agus thaispeáin sé an tslí le hoidis éagsúla a chócaráil. Mheall sraith 2019 lucht féachana de bheagnach 200,000 duine, ar an meán, gach eipeasóid.

## Caidreamh/cumarsáid le feirmeoirí

Aithníonn Bord Bia an tábhacht a bhaineann le gaoil láidre le feirmeoirí a thógáil agus a chothabháil, mar gurb iadsan an bhunsraith ar a dtógtar tionscal bia agus dí na hÉireann. In 2019, sheol Bord Bia an chéad Straitéis um Rannpháirtíocht Feirmeoirí, chun cur chuige foirmiúil ar chumarsáid Bhord Bia le feirmeoirí a chruthú. An uaillmhian leathan atá ag an straitéis, an tairbhe agus an luach a bhaineann le heolas agus le gníomhartha Bhord Bia a chur in iúl d'fheirmeoirí, trí bhíthin sraith pointí teagmhála sna meáin talmhaíochta agus réigiúnacha, ag ócáidí talmhaíochta, siúlóidí feirme, cruinnithe feirme agus ar na meáin shóisialta.

Ar phríomh-ócáidí comhpháirtíochta ar an bhféilire um chumarsáid le feirmeoirí bhí; An Lá Déiríochta ag Teagasc sa Chloch Liath, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, agus an Lá Déiríochta i mBaile Phoinse.

Thug Bord Bia Siúlóidí Feirme isteach in 2018, agus reáchtáil siad sraith díobh in 2019 do chomhaltaí na Scéime um Dhearbhú Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe (SBLAS). Reáchtáladh sé shiúlóid idir mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair agus é mar aidhm leo, tacú le feirmeoirí leis an bpróiseas iniúchta, fad a gcuirfí béim ar thábhacht an dearbhaithe cáilíochta don mhargadh.

Reáchtáladh na chéad Siúlóidí Feirme maidir leis an Scéim um Dhearbhú Déiríochta Inbhuanaithe (SDAS) in 2019 ar fheirmeacha bhuaiteoirí Origin Green de chuid Bhord Bia in 2018.

Chuir Bord Bia an Tuarascáil Aiseolais Feirmeoirí faoi bhráid na bhfeirmeoirí ag na siúlóidí feirme SDAS agus SBLAS. Gheobhaidh gach feirmeoir mairteola agus déiríochta na tuarascálacha sin i ndiaidh a gcuid iniúchta.

## Urraíochtaí Gradam

I rith 2019, áiríodh ar urraíochtaí gradam, catagóir bhia agus dí Chomhlachas na nGnólachtaí Beaga agus Chumann Onnmhaireoirí na hÉireann, Gradaim Cháise na hÉireann, comórtas an Mhairc Cháilíochta do Mheánscoileanna ag Listowel Food Fair, chomh maith leis an gcatagóir Ard-Seaimpín agus an chatagóir An Táirgeoir Ceardaí is Fearr ag gradaim Blas na hÉireann.

## Caidreamh Poiblí um Brandaí Corparáideacha agus Cumarsáid

Rinneadh athnuachan ar bhranda Bhord Bia in 2019, le go gcuirfear branda Bhord Bia in iúl dá lucht féachana uile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar bhealach níos soiléire agus comhtháite. Mar thoradh air sin, rinneadh athbhreithniú ar straitéis Chumarsáid Chorparáideach Bhord Bia in 2019, rud a thacaíonn go díreach le hathnuachan branda Bhord Bia agus le bonneagar branda athbhreithnithe.

I mí na Bealtaine 2019, bronnadh rangú Uimh. 1 ar Bhord Bia i staidéar Ireland RepTrak® ar na 100 branda is creidiúnaí in Éirinn. Déanann an staidéar tomhais gach bliain ar an scór Reptrak Pulse – an ceangal mothúchánach idir eagraíocht agus an pobal, bunaithe ar ómós, meas, muinín agus dea-mhothú – trí bhíthin an tsamhail RepTrak, arna forbairt ag an Global Reputation Institute a aithnítear go domhanda.

Tá seacht ghné réasúnacha na Cáile – Saoránacht, Rialachas, Nuálaíocht, Ceannaireacht, Feidhmíocht, Táirgí agus Seirbhísí, Áit Oibre – mar bhonn taca le an scór Pulse sin. Is iad sin na colúin atá ag cáil eagraíochta.

Leis an athnuachan ar bhranda Bhord Bia, cuirtear deis shuntasach agus ardán ar fáil do Bhord Bia tabhairt faoi fheachtas scéalaíochta corparáidí, chun ról agus sainchúraimí Bhord Bia, chomh maith lena chláir faoi na ceithre thosaíocht straitéiseacha, a chur in iúl do sprioclucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Margaíocht Dhigiteach

Bhain an fhoireann dhigiteach claochlú digiteach amach ar fud na feidhme margaíochta in 2019. Ag teacht leis an athnuachan ar bhranda Bhord Bia agus leis an mbonneagar branda athbhreithnithe, tá athbhreithniú, comhtháthú agus feabhsú straitéiseach déanta ar thírdhreach digiteach Bhord Bia agus Food Brand Ireland.



**20%**

**Ardú ar chuairteoirí a tháinig chuig an láithreán gréasáin trí bhíthin chuardach orgánach Google**

Chuir ascnamh CMS agus athnuachan ar phríomh-láithreán gréasáin Bhord Bia, www.bordbia.ie, le hardú 12.58% bliain ar bhliain ar an líon cuairteoirí ar an láithreán - líon iomlán de 1,390,528 cuairteoir – agus ardú 20.12% ar an líon cuairteoirí a tháinig chuig an láithreán gréasáin trí bhíthin chuardach orgánach Google.

Tá taighde ar eispéireas an úsáideora déanta ag Bord Bia. Baineadh úsáid as sin mar bhonn eolais do threochlár le haghaidh comhtháthú agus forbairt gréasáin, dírithe go géar ar chur chuige úsáideoir-lárnach ar chlaochlú digiteach, ar thosaíocht a thabhairt do riachtanais úsáideoirí agus ar aistir thar ilphointí teagmhála.

Seoladh córas bainistithe sócmhainní digiteacha nua Bhord Bia, Mol Margaíochta Bhord Bia, in 2019 chun tacú le samhail margaíochta lárnach/áitiúil nua, níos solúbtha le haghaidh margaí domhanda, as a lean tuilleadh bealaí níos comhoibrithí agus níos éifeachtúlaí le bheith ag obair ar mhaithe le margaíocht sholúbtha, éifeachtach.

## Airgeadas Margaíochta

In 2019, d'iarr Bord Bia iarratais faoi dhá chlár deontais margaíochta, an Clár Cúnaimh Margaíochta (MAP) agus an Clár Athraithe Céime (SCP). Bhí an MAP oscailte do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a raibh láimhdeachas idir €100k agus €3.5m acu. Bhí an SCP, faoinar cuireadh suas go €50k ar fáil i dtreo "ghníomhaíocht/tionscadal nua" suntasach, a bhain le hathrú ollmhór don chuideachta, ar oscailt do tháirgeoirí bia, dí agus gairneoireachta na hÉireann a raibh láimhdeachas idir €100k agus €10m acu. Leis na deontais margaíochta sin, tugtar cúnamh d'fhiontair bhia lena ngníomhaíochtaí margaíochta.

I rith 2019, ceadaíodh méid iomlán de €723,000 do 149 gcuideachta sna hearnálacha cáis feirme, deochanna, déiríocht fhuaraithe, milseogra, báicéireacht, bianna ullmhaithe, charcuterie, bia mara agus gairneoireachta faoin MAP. Ceadaíodh méid iomlán de €300,000 do seacht gcuideachta eile faoin SCP.

Íocadh deontais dar luach iomlán €1,022,500 le 155 chuideachta i rith na bliana sna dá chlár deontas.

## MARGAÍ

In 2019, lean Bord Bia de bheith ag díriú ar chur lena sheirbhísí do chliantchuideachtaí ar fud a líonra idirnáisiúnta de 15 ionad thar lear – ocht gcinn ar fud na hEorpa agus seacht gcinn i margaí idirnáisiúnta. Díríodh go háirithe ar thacú le cliantchuideachtaí trí bhíthin acmhainní breise ar an láthair i margaí idirnáisiúnta. Osclaíodh oifigí nua sa tSeapáin (Tóiceo) agus sa Nigéir (Lagos), agus earcaíodh speisialtóirí margaidh do na hoifigí i Vársá, Nua Eabhrac, Shanghai, Singeapór agus Amstardam. Cé go n-athraíonn an ghníomhaíocht a dtugtar fúithi ag brath ar an gcéim forbartha ag a bhfuil onnmhairí Éireannacha, an cuspóir uileghabhálach atá ann, a bheith mar chuid lárnach d'fhás onnmhairithe inbhuanaithe a sholáthar, trí bhíthin cur leis an bhfeasacht faoi sholáthróirí bhia agus dí na hÉireann ar fud an domhain, leis an gcáil orthu agus lena n-ullmhacht don mhargadh. Le linn 2019, d'oibrigh Bord Bia go dlúth le cuideachtaí Éireannacha, ag cabhrú le gnólachtaí cumas a fhorbairt maidir le meastóireachtaí agus pleananna a dhéanamh, agus fás a sholáthar i margaí tosaíochta arna roghnú go straitéiseach, trí bhíthin raon seirbhísí. An tionscadal Tosaíochta Margaidh a bhí mar bhonn eolais ag na seirbhísí sin. Leanadh leis an tionscadal Tosaíochta in 2019, agus béim faoi leith ar chomhpháirtíochtaí custaiméara straitéiseacha a thógáil i margaí tosaíochta ar fud na gcainéal miondíola, seirbhíse bia agus déantúsaíochta.



**15**

**ionad thar lear – ocht gcinn ar fud na hEorpa agus seacht gcinn i margaí idirnáisiúnta**

Anuas ar fhorfheidhmiú clár agus tionscadal rinne pearsanra margaidh Bhord Bia seo a leanas in 2019:


- Thacaigh le trí mhisean trádála agraibhia chuig an tSín; an tSeapáin agus an Chóiré: an Ghearmáin agus an Ísiltír.
- 1,183 cruinniú le ceannaitheoirí agus cur i láthair
- Ghin 1592 ábhar cliaint ghnó
- Thug 650 freagra ar iarratais cheannaitheora aonair
- 1,124 cruinniú pleanála gnó le cliantchuideachtaí Éireannacha
- D'óstáil cuairteanna cigireachta agus cuairteanna aistrithe eolais teicneolaíochta ón tSín, ón Malaeisia agus ó SAM,
- Ghlac páirt i nGrúpa Stiúrtha an tionscail um rochtain ar an margadh, ag dul i ngleic le rochtain ar mhargaí ardphoitéinsil.

## Cur chuige Comhoibritheach

Leanann Bord Bia de bheith ag obair i gcomhar le príomhranna rialtais, gníomhaireachtaí agus cumainn i bhforbairt agus i bhfeidhmiú tacaíochta don tionscal bia agus dí. Áirítear orthu seo an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Teagasc, BIM, an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Fiontraíocht Éireann, Fáilte Éireann (agus Turasóireacht Éireann), Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus eile.



# ÁR RIALACHAS



# RÁITEAS RIALACHAIS **AGUS TUARASCÁIL NA gCOMHALTAÍ BOIRD**

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Bunaíodh Bord Bia faoin Acht um an mBord Bia 1994 agus feidhmíonn sé de réir fhorálacha na nAchtanna um an mBord Bia 1994 go 2004 agus faoi choimirce an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

## STRUCHTÚIR AN BHOIRD

Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn réimsí seirbhísí chun beartas agus cláir an Bhoird a fheidhmiú. Soláthraíonn an Bord an chothromaíocht chuí

scileanna agus taithí chun tacú le straitéis Bhord Bia. Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas go ceithre ghnáthchomhalta déag a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Faigheann gach comhalta boird nua faisnéis airgeadais agus eile faoi Bhord Bia, agus faisnéis maidir le ról an bhoird agus coistí an bhoird. Is róil ar leithligh iad róil an chathaoirligh agus an phríomhfheidhmeannaigh.

Tá cúig Fho-Bhord ann (Bianna Tomhaltóirí, Déiríocht, Gairneoireacht, Feoil & Beostoc agus Dearbhú Cáilíochta) comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas go dhá ghnáthchomhalta déag a cheapann an Bord le toiliú an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

## FREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um an mBord Bia 1994 ar an mBord *"keep in such form and in respect of such accounting periods as may be approved by the Minister, with the consent of the Minister for Public Expenditure and Reform, all proper and usual accounts monies received or expended by it, including a Statement of Income and Expenditure and Retained Revenue Reserves, a Statement of Comprehensive Income, a Statement of Cash Flow and a Statement of Financial Position and, in particular, shall keep in such form as aforesaid all such special accounts as the Minister may, or at the request of the Minister for Public Expenditure and Reform shall, from time to time direct and the Board shall ensure that separate accounts shall be kept and presented to the Board by any Subsidiary Board that may be established by the Board under this Act and these accounts shall be incorporated in the general statement of account of the Board."*

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

1. **Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;**
2. **Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama;**
3. **Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú go ceann i bhfad, agus**
4. **Luaigh cibé ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar nó a mhínítear sna ráitis airgeadais.**

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith, staid airgeadais Bhord Bia. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tagann an Bord le chéile go rialta, seacht n-uaire sa bhliain de ghnáth, agus tá sé freagrach as bainistiú cuí a dhéanamh ar Bhord Bia.

Is é an Bord a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus a choinníonn smacht iomlán agus éifeachtach agus dóthain solúbthachta á ceadú don bhainistíocht fheidhmiúcháin chun an gnó a reáchtáil go héifeachtach agus go héifeachtúil laistigh de chreat tuairiscithe láraithe. Áirítear ar na buan-nithe ar chlár oibre chruinnithe an Bhoird miontuairiscí an chruinnithe deiridh, ábhair atá tagtha chun cinn, tuarascáil airgeadais, tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, rialachas corparáideach, bainistiú riosca agus aon ghnó eile. Tugann an Cathaoirleach aghaidh ar aon choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag na comhaltaí i leith an chlár oibre ag tús gach cruinnithe.

Déanann an Bord measúnú leanúnach ar phríomhrioscaí agus tá comhthéacs bunaithe acu le rioscaí a aithint, le anailís, measúnú, cóireáil agus monatóireacht a dhéanamh ar riosca. Ar na príomhrioscaí a aithníodh áirítear an riosca gan tosaíocht chuí a thabhairt do phleananna oibre chun cuspóirí a bhaint amach; gan tiomantais tionscail a bhaint amach d'fhorbairt agus do chur chun feidhme Origin Green; rioscaí a bhaineann le cáil bainteach le mí-úsáid phríomhbhrandaí agus marcanna Bord Bia; rioscaí cáile a bhaineann le cáilíocht agus le sábháilteacht bia, rioscaí do mhaoiniú scéimeanna um dhearbhú cáilíochta, agus foinsí maoinithe éagsúla tionscail, etc. Déantar riosca a mhaolú trí phróiseas athbhreithnithe ar an mapa riosca ag gach cruinniú Boird agus déantar comhchomhairliúcháin tionscail a éascú trí bhíthin struchtúr an Fho-Bhoird. Déantar monatóireacht ar úsáid brandaí agus marcanna Bhord Bia ar bhonn leanúnach d'fhonn úsáid atá ceadaithe a chinntiú.

Comhlíonann an Bord na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus áirítear ar chúrsaí a choinnítear go ndéanann an Bord cinneadh orthu, agus ní dháiltear iad ar an mbainistíocht, lena n-áirítear faomhadh, inter alia, éadálacha suntasacha, mór-infheistíochtaí, mórdhiúscairtí, mórchonarthaí, buiséid bhliantúla agus pleananna straitéise, tuarascálacha agus ráitis airgeadais bliantúla, soláthar foirne, leibhéil údaráis tarmligthe, cisteán agus beartas riosca. Bíonn gá le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara d'fháil ábhartha nó diúscairt talún, foirgneamh nó sócmhainní ábhartha eile. Bíonn gá le faomhadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara mar aon le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do ghníomh beartaithe ar bith a leathnódh nó a chuirfeadh athrú suntasach ar nádúr, scóip nó scála gníomhaíochtaí Bhord Bia.

Laistigh de chomhthéacs Food Wise 2025, cáipéis straitéise chun an earnáil agraibhia a fhorbairt, leagtar amach sa Phlean Straitéiseach 'Difreáil a Fhorbairt, Fás a Ghnóthú' na gníomhaíochtaí atá beartaithe i rith tréimhse na straitéise, 2019 – 2021 agus ailínítear buiséid bhliantúla leis an straitéis.

Tugann an Bord faomhadh do bhuiséid bhliantúla agus do mheasúnuithe ar fheidhmíocht iarmhír in aghaidh buiséid. Tugann an Tuarascáil Bhliantúil seo léargas cuimsitheach ar ghníomhaíochtaí Bhord Bia i rith na bliana.

Measann an Bord go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cóir ar fheidhmíocht airgeadais Bhord Bia agus ar a sheasamh airgeadais ag deireadh na bliana.

## RIALACHAS

Tá an Bord tiomanta do na caighdeáin is airde ó thaobh Rialachas Corparáide agus Dea-chleachtais a choinneáil agus tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú glactha ag an mBord agus tá forálacha an Chóid á gcur i bhfeidhm. Tá an Bord tar éis glacadh le Téarmaí Tagartha a leagann amach an creat reachtúil; feidhmeanna ginearálta agus sainfheidhmeanna; ballraíocht, dualgais mhuiníneacha; údarás; ról an rúnaí; freagrachtaí tuairiscithe; sceidealú cruinnithe; nósanna imeachta do chinntithe idir cruinnithe Boird agus chun déileáil le coinbhleachtaí leasa; agus, sceideal foirmiúil cúrsaí a choinnítear don Bhord le cinneadh a dhéanamh. Déanann an Bord athbhreithniú ar Théarmaí Tagartha an Bhoird, na bhFo-Bhord agus na gCoistí ar bhonn bliantúil. I rith 2019, thionóil an Bord dhá chruinniú gan an feidhmeannas i láthair. Chun críocha feidhmiú an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, breathnaítear ar Bhord Bia mar Chomhlacht Stáit neamhthráchtála.

### An Cathaoirleach:

- Treoraíonn sé an Bord agus cinntíonn éifeachtúlacht agus ardchaighdeáin ionracais agus macántachta maidir le cultúr, luachanna agus iompair do Bhord Bia agus d’atmaisféar na bpléití ag leibhéal an Bhoird.
- Cinntíonn sé, in éineacht leis an CEO, go ndéantar clár an Bhoird a bhainistiú go héifeachtach, go gcuirtear am leordhóthanach ar fáil don phlé agus do chur is cúiteamh. Éascaíonn cultúr oscailteachta plé éifeachtach agus ionchuir ón bhfeidhmeannas a fhreastalaíonn ar chruinnithe Boird ar fad nó ar chuid díobh, agus comhaltaí an Bhoird.
- Cinntíonn sé go gcuirtear tuarascálacha agus páipéir ábhartha, airgeadas, tuarascáil an CEO, tuairiscí ó Fho-Bhoird agus ó Choistí agus nuashonraithe cothrom le dáta ar dhul chun cinn agus ar chur i bhfeidhm an bhuiséid bhliantúil agus an phlean straitéisigh nuair is cuí, ar bhealach tráthúil chuig comhaltaí an Bhoird.
- I gcomhairle leis an Rúnaí cinntíonn sé go gcuirtear an fhaisnéis ábhartha ar fad faoi rialachais ar fáil don Bhord agus dá Choistí agus go mbíonn sreafaí maithe faisnéis idir an Bord, na Fo-Bhoird agus na Coistí mar aon le héascú ionduchtaithe, meantóireachta agus ag cuidiú le forbairt ghairme leanúnach.
- Cinntíonn sé go bhfuil deighilt shoiléir freagrachtaí idir an Bord a threorú agus a bhainistiú agus tá freagracht ar an bhfeidhmeannas as Bord Bia a reáchtáil.
- Coinníonn sé an tAire Talmhaíochta, Bia agus mara ar an eolas faoi chúrsaí a eascraíonn maidir le Bord Bia.
- Cuireann sé tuarascáil Chuimsitheach faoi bhráid an Aire de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Thug an Bord faoi luacháil féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht i rith na bliana agus ar fheidhmíocht an Choiste Iniúchóireachta & Riosca agus tugadh aghaidh ar aon laigí a aithníodh. Iarradh ar gach comhalta Boird an measúnú a scóráil ina nduine agus ina nduine, rinne an Cathaoirleach na freagraí a bhreithniú agus cuireadh i láthair an Bhoird é áit ar aithníodh roinnt gníomhaíochtaí chun feidhmíocht an Bhoird a fheabhsú. I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, rinneadh measúnú seachtrach ar éifeachtacht an Bhoird freisin in 2019.

Cuireann an Bord treoir straitéiseach ar fáil, déanann monatóireacht ar ghníomhaíochtaí agus ar éifeachtúlacht na bainistíochta agus déanann monatóireacht ar chomhlíontacht ar bhonn leanúnach a chinntíonn go gcomhlíontar reachtaíocht, rialacháin agus treoirlínte ábhartha.

Tá Comhaontú Maoirseachta do Bhord Bia tugtha chun críche agus chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i bhfeidhm é i rith na bliana.

## COMHALTAÍ BOIRD AGUS NEAMHSPLEÁCHAS

Tá teacht ag gach comhalta boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí/Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta boird, agus go gcomhlíontar rialacha agus rialacháin infheidhme.

Bíonn comhairleoirí gairmiúla Bhord Bia ar fáil le haghaidh comhairliúcháin ag comhaltaí boird de réir mar a theastaíonn. Féadfaidh comhaltaí boird aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil más gá

.

## COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

Tá mionsonraí faoi chomhaltaí an Bhoird i mBord Bia leagtha amach ar leathanach 91.

## COMHALTAÍ AN BHOIRD AGUS FREASTAL AR CHRUINNITHE

Tionóladh seacht gcruinniú Boird i rith 2019 agus tá mionsonraí faoi fhreastal gach comhalta leagtha amach thíos.

**Cruinnithe Boird**

| Comhalta Boird | Cruinnithe Boird ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|
| L. Allen | 6 as 7 |
| N. Browne | 7 as 7 |
| M. Cronin | 7 as 7 |
| R. Doyle | 6 as 7 |
| D. Harvey | 5 as 6 |
| F. Hayes | 2 as 2 |
| J. Healy | 6 as 7 |
| C. Keeling | 5 as 7 |
| T. Keohane | 6 as 7 |
| P. McCormack | 7 as 7 |
| S. McPhillips | 6 as 7 |
| D. MacSweeney | 6 as 7 |
| T. Moran | 7 as 7 |
| P. Murphy | 4 as 4 |
| R. O'Rourke | 6 as 7 |
| P. Whelan | 4 as 7 |

## TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS CHOMHALTAÍ BOIRD

Tá sceideal na dtáillí agus speansais taistil agus cothabhála a íocadh le comhaltaí boird i ndáil le freastal ar chruinnithe Boird in 2019 leagtha amach thíos.

| Comhalta Boird | Táillí Boird | Speansais Taistil & Cothabhála |
|---|---|---|
| D. MacSweeney | €20,520 | €3,915 |
| L. Allen | €11,281 | €231 |
| N. Browne * | - | - |
| M. Cronin | €11,281 | €2,811 |
| R. Doyle | €11,970 | €679 |
| F. Hayes * | - | - |
| D. Harvey | €11,019 | - |
| J. Healy | €11,970 | €1,361 |
| C. Keeling * | - | €96 |
| T. Keohane | €11,970 | - |
| P. McCormack | €11,970 | €1,717 |
| S. McPhillips ** | - | - |
| T. Moran | €11,970 | €46 |
| P. Murphy * | - | - |
| R. O'Rourke | €11,970 | - |
| P. Whelan | €11,970 | €901 |

** Na comhaltaí Boird a tharscaoil cuid de nó iomlán na dtáillí iníoctha, mar Chomhalta Boird in 2019.*

*** Faoin bprionsabal aon tuarastal amháin d'aon duine amháin, níor íocadh aon táillí le S. McPhillips, Ard-rúnaí Cúnta, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.*

Ní bhfuair Comhaltaí Boird aon íocaíochtaí eile i ndáil lena gcomhaltacht ar an mBord in 2019.

B'ionann na suimeanna a íocadh le Comhaltaí Fo-Bhoird maidir le costais taistil agus chothabhála in 2019 agus €17,486. Níor íocadh táillí ar bith le comhaltaí Fo-Bhoird in 2019 i ndáil le freastal ar chruinnithe Fo-Bhoird.

## RÓIL AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Is é an Cathaoirleach a threoraíonn an Bord i gcinneadh a straitéise agus i mbaint amach a chuspóirí. Tá an Cathaoirleach freagrach as eagrú gnó an Bhoird, as a éifeachtacht a chinntiú agus a chlár oibre a leagan amach. Éascaíonn an Cathaoirleach rannpháirtíocht éifeachtach gach comhalta den bhord agus caidreamh inchiallach idir an feidhmeannas agus comhaltaí an bhoird, agus cinntíonn go bhfaigheann comhaltaí an bhoird eolas tráthúil, iomchuí agus cruinn. Tá an Príomhfheidhmeannach i bhfeighil Bhord Bia go díreach ar bhonn laethúil agus tá sé/sí freagrach don Bhord as feidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais Bhord Bia.

## COISTÍ BOIRD

Tháinig an Coiste Iniúchta & Riosca, atá comhdhéanta faoi láthair de chúig chomhalta Boird, M. Cronin, R. Doyle, T. Keohane, S. McPhillips agus R. O'Rourke, agus de chomhalta seachtrach amháin, R. Nolan a bhfuil cúlra airgeadais acu, le chéile ceithre huaire le linn 2019.

Tá an Coiste Iniúchta agus Riosca freagrach as caidreamh iomchuí a choinneáil le hiniúchóirí seachtracha agus as athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní iniúchta inmheánaigh Bhord Bia, srianta airgeadais inmheánacha agus ar an bpróiseas iniúchta. Cuidíonn sé leis an mbord agus iarracht á dhéanamh a chinntiú go dtugann an t-eolas airgeadais agus neamhairgeadais measúnú cothromaithe ar an seasamh atá againn. Tá rochtain iomlán agus neamhtheoranta ag an Iniúchóir Inmheánach agus ag an Iniúchóir Seachtrach ar Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird. Tionóltar seisiúin faisnéisithe chun comhaltaí Choiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird agus an Bord a chur ar an eolas faoi fhorbairtí ábhartha a tharla le deireanaí maidir le saincheisteanna Rialachais Chorparáidigh.

Tháinig an Coiste Luach Saothair agus Pinsin, atá comhdhéanta faoi láthair de thriúr comhaltaí den Bhord, D. MacSweeney, S. McPhillips agus T. Moran, le chéile uair amháin i rith 2019.

Is é an Coiste Luach Saothair agus Pinsin a chinneann, thar ceann an Bhoird, ceapachán, luach saothair agus measúnú maidir le feidhmíocht an Phríomhfheidhmeannaigh agus pleanáil faoin té a thiocfaidh mar chomharba uirthi; agus leasuithe suntasacha ar shochair phinsin an Phríomhfheidhmeannaigh agus na foirne.

Tháinig an Coiste Straitéise le chéile uair amháin i rith na bliana. Tá ceathrar comhalta Boird ar an gCoiste Straitéise faoi láthair, D. MacSweeney, T. Keohane, T. Moran agus S. McPhillips. Tá ról tábhachtach ag an gCoiste Straitéise maidir le tuairimí agus moltaí faoi shaincheisteanna straitéiseacha atá roimh Bord Bia amach a chur ar fáil agus cuireann sé lenár bpróiseas pleanála straitéiseach agus le forbairt na straitéise.

Tá Ráiteas Straitéise Bhord Bia 2019 – 2021, a seoladh an 9 Eanáir 2019, ag teacht le *Food Wise* 2025, agus tá na ceithre thosaíocht straitéiseacha a leanas ann:

- Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint
- Léargas d'fhonn fás a chumhachtú
- Cáil maidir le fás a thógáil
- Ceannaireacht trí bhíthin daoine

## EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ

Tá forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 curtha i bhfeidhm. Tugann comhaltaí Boird agus foirne a bhfuil poist ainmnithe acu ráitis sainleasa don Rúnaí an tráth a cheaptar iad agus ar bhonn bliantúil.

## SAORÁIL FAISNÉISE

Is eagraíocht fhorordaithe í Bord Bia faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Bhunaigh na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise trí cheart reachtúil:

- Ceart rochtana de réir dlí ag gach duine ar aon fhaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí;
- Ceart de réir dlí ag gach duine faisnéis oifigiúil a bhíonn i seilbh comhlachta poiblí a bhaineann leis nó léi sa chás go mbíonn sé neamhiomlán, míchruinn nó míthreorach a leasú;
- Ceart de réir dlí na cúiseanna a fháil do chinntí a dhéanann difear do dhuine féin arna dtógáil ag comhlacht poiblí.

I dteannta riachtanas na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, tá feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 le Bord Bia chomh maith.

Tugann na hAchtanna um Chosaint Sonraí cosaint do príobháideachas daoine aonair a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil. Is éard is sonraí pearsanta ann eolas a bhaineann le duine beo ar féidir a aithint ó na sonraí iad féin nó i gcomhar le heolas eile atá i seilbh.

## COMHIONANNAS

Tá Bord Bia tiomanta do chomhionannas deiseanna a chinntiú agus nach gcaitear le níos lú fabhar le duine den fhoireann nó iarrthóir ar fhostaíocht ná aon duine eile ar bhonn inscne, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creideamh, aois, míchumas, cine, nó comhaltacht i bpobal an Lucht Siúil. Tá cláir forbartha phearsanra agus foirne Bhord Bia leagtha amach dá réir.

Déanann Bord Bia iarracht cuidiú leis an bhfoireann maidir le riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha agus feidhmítear beartais chuí a chlúdaíonn réimsí ar nós forbartha gairmiúla, saoire staidéir, fleisc-ama agus sosanna gairme. Tá Bord Bia tiomanta freisin polasaí rialtais a fheidhmiú i ndáil le daoine faoi mhíchumas a fhostú san earnáil phoiblí. Rinneadh soláthairtí breise sonracha do chuairteoirí faoi mhíchumas agus Ionad Bia Bhord Bia á thógáil. Tá polasaí maidir le ciapadh gnéis i bhfeidhm le tacaíocht agus cosaint a thabhairt do dhínit gach duine.

## AN tACHT UM NOCHTADH COSANTA 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le Bord Bia i rith 2019.

## SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR

Tá Bord Bia ag feidhmiú forálacha na reachtaíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair, lena n-áirítear Ráiteas Sábháilteachta a ullmhú agus a oibriú a thugann aghaidh ar gach ceist a mbíonn tionchar aice ar shábháilteacht, sláinte agus leas fhoireann Bhord Bia agus cuairteoirí a thugann cuairt ar áitreabh Bhord Bia.

## CAIRT SEIRBHÍSE

Leagtar amach i gCairt Seirbhíse Bhord Bia a thiomantais do Phrionsabail Seirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus do Chliaint na hEarnála Poiblí. Tacaíonn Plean Gnímh agus nósanna imeachta inmheánacha iomchuí leis an gCairt le héifeacht phraiticiúil a thabhairt don tiomantas sin.

## ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH AGUS CAOMHNÚ

Bord Bia tiomanta gach iarracht a dhéanamh le bheith éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus le bearta caomhnaithe agus athchúrsála cuí a fheidhmiú. Is iad solas agus teas, a sholáthraítear ó leictreachas, príomh-réimsí úsáid fuinnimh i mBord Bia. Laghdaíodh úsáid bhliantúil fuinnimh go suntasach ó cuireadh tús le hathbhreithniú ar úsáid fuinnimh. Is í seo a leanas úsáid na príomhoifige i mBord Bia:

| | 2019 |
|---|---|
| mWh leictreachais | 170 |
| *(Bunbhliain 2009: 379 mWh)* | |

D'úsáid The Thinking House 42mWh leictreachais i rith na bliana.

Déantar monatóireacht ar úsáid leictreachais mar aon le haithint diomailte, neamhéifeachtaí agus tionscnaimh costéifeachtacha chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh.

## ÍOCAÍOCHTAÍ PRAS

De réir forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Íocaíocht Dheireanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, tá Bord Bia tiomanta a chinntiú go n-íoctar gach soláthróir go pras. I rith 2019, íocadh 97% d'íocaíochtaí laistigh de 15 lá.

## MAOINIÚ ÓN AONTAS EORPACH

Riarann Bord Bia roinnt feachtas margaíochta agus promóisin atá incháilithe do chómhaoiniú ón Aontas Eorpach lena n-áirítear iad siúd do Mhairteoil & d'Uaineoil, Prátaí, Uaineoil agus Bia Mara.

## ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003

Tagann Bord Bia faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 chun creat reachtúil a fhoráil do sheachadadh seirbhísí trí Ghaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

## COSTAIS CHOMHAIRLEOIREACHTA

Áirítear ar na costais chomhairleoireachta an costas i ndáil le comhairle sheachtrach don bhainistíocht agus níl feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách' san áireamh.

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Dlí | **63** | 145 |
| Comhairle Cánach agus Airgeadais | **92** | 82 |
| Caidreamh poiblí / Margaíocht | **14** | 1 |
| Pinsin agus Acmhainní Daonna | **168** | 380 |
| Feabhsú Gnó | **240** | 93 |
| **Iomlán na gCostas Sainchomhairleoireachta** | **577** | 701 |
| Costas Shainchomhairleoireachta | **-** | - |
| Costais Sainchomhairleoireachta caipitlithe curtha chun dochair sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coinnithe | **577** | 701 |
| **Total** | **577** | 701 |

## COSTAIS AGUS SOCRÚCHÁIN DLÍ

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar na suimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí, socrúcháin agus idir-réitigh agus imeachtaí eadrána. Áirítear sna figiúirí thíos caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ghinearálta dlí a fuair Bord Bia a nochtar sna Costais Chomhairleoireachta thuas.

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Táillí Dlí – Imeachtaí Dlí | **63** | 145 |
| Íocaíochtaí Idir-réitigh agus Eadrána | **-** | - |
| Íocaíochtaí | **-** | - |
| Socrúcháin | **-** | - |
| **Iomlán na gCostas Chomhairleoireachta** | **63** | 145 |

## COSTAIS TAISTIL AGUS COTHABHÁLA

Mar seo a leanas a dhéantar catagóiriú ar chaiteachas taistil agus cothabhála:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Baile** | | |
| - Boird | **29** | 30 |
| - Fostaithe | **319** | 268 |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| - Boird | **1** | - |
| - Fostaithe | **986** | 665 |
| **Iomlán** | **1,335** | 963 |

## FÁILTEACHAS

Áirítear sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais an Caiteachas Fáilteachais seo a leanas:

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Fáilteachas Foirne | **3** | 3 |
| Fáilteachas Cliant | **-** | - |
| **Iomlán** | **3** | 3 |

## RÁITEAS COMHLÍONTACHTA

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Chloígh Bord Bia go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i rith 2019.

**Dan MacSweeney**
Cathaoirleach

29 Meitheamh 2020

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach

29 Meitheamh 2020



# STRUCHTÚR **EAGRAÍOCHTÚIL**

**Tá Bord Bia comhdhéanta den Bhord, de chúig Fho-Bhord, den Phríomhfheidhmeannach agus den Fheidhmeannas a sholáthraíonn raon seirbhísí atá riachtanach chun beartas agus cláir an Bhoird a chur i bhfeidhm.**

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus 14 gnáthchomhalta a cheapann an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá cúig Fho-Bhord ann (Feoil agus Beostoc, Bia Tomhaltóirí, Déiríocht, Dearbhú Cáilíochta, agus Gairneoireacht) atá comhdhéanta de Chathaoirleach agus 12 gnáthchomhalta atá ceaptha ag an mBord le toiliú an Aire. Tá Cathaoirleach gach Fo-Bhord ina chomhalta den Bhord.

Tá na Coistí Boird seo a leanas i bhfeidhm: an Coiste Iniúchta, an Coiste Luach Saothair agus Pinsin agus an Coiste Straitéise.

Tá an Feidhmeannas comhdhéanta d'fhoireann atá lonnaithe i gceann oifig an Bhoird agus thar lear.

## Faisnéis Ghinearálta

***An Cheannoifig:***

Cúirt Chlann Liam, Sráid an Mhóta Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.

***Iniúchóirí:***


An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

***Baincéirí:***

Bainc Aontais Éireann

***Solicitors:***

Philip Lee Solicitors


An Príomhbhord
Cathaoirleach
An Bord Feola agus Beostoic
Cathaoirleach
An Bord Bianna Tomhaltóra
Cathaoirleach
An Bord Déiríochta
Cathaoirleach
An Bord Gairneoireachta
Cathaoirleach
Bord Dearbhaithe Cáilíochta
Cathaoirleach
Príomhfheidhmeannach
Tiontú Gnó Margaí
Feoil, Bia agus Deochanna
Gairneoireacht
Léargas agus Pleanáil Straitéiseach
Origin Green & Dearbhú Cáilíochta Inbhuanaithe
Margaíocht agus Cumarsáid
Seirbhísí Corparáideacha
Tallann Tionscail agus Eagraíochta

# STRUCHTÚR FOIRNE

| Príomhfheidhdmeannach | Tara McCarthy |
|---|---|
| Feoil, Bia agus Deochanna | Padraig Brennan |
| Margaíocht agus Cumarsáid | Una Fitzgibbon |
| Tiontú Gnó Margaí | Ailish Forde |
| Léargas agus Pleanáil Straitéiseach | Helen King |
| Seirbhísí Corparáideacha | Susan McDonnell |
| Origin Green agus Dearbhú Cáilíochta Inbhuanaithe | Deirdre Ryan |
| Tallann Tionscail agus Eagraíochta | Michael Murphy |
| Gairneoireacht | Mike Neary |

**Oifigí Thar Lear**

| | |
|---|---|
| Amstardam | Laura Crowley |
| Dubai | Claudia Saumell |
| Dusseldorf | Folamh |
| Lagos | Ese Okpomo |
| Londain | Donal Denvir |
| Maidrid | Cecilia Ruiz |
| Milano | Nicolas Ranninger |
| Moscó | Alla Barinova |
| Nua Eabhrac | Henry Horkan |
| Páras | Finnian O'Luasa |
| Shang hai | James O'Donnell |
| Singeapór | Ciaran Gallagher |
| Stócólm | Linda Madigan |
| Tóiceo | Joe Moore |
| Vársá | Judith Clinton |

I rith 2019, díríodh gníomhaíochtaí Acmhainní Daonna ar chúrsaí earcaíochta chun 29 mball foirne a earcú sna réimsí léargas tomhaltóra, margaíocht agus cumarsáid, agus forbairt gnó. Ina theannta sin, leathnaíodh gníomhaíocht Acmhainní Daonna chun tacú le cláir forbartha tallainne tionscail, bhainistíocht agus don fhoireann trí bhíthin athrú agus dul i ngleic le dúshláin an mhargaidh. Cuirtear sin i gcrích trí bhíthin sraith clár forbartha inmheánaí agus tallainne tionscail sheachtraigh a dhéanann na nithe seo a leanas:

- Raon seirbhísí acmhainní daonna den scoth agus cláir nuálacha intéireachta agus forbartha leis na hollscoileanna is fearr a sholáthar
- Pleananna i ndáil le leagan amach na heagraíochta agus athruithe struchtúrtha a chumasú.
- Struchtúir bhainistíochta tallainne iomchuí agus córais bhainistíochta feidhmíochta a bhunú chun spriocanna straitéiseacha na heagraíochta a sheachadadh go héifeachtúil.
- An fórsa oibre a phleanáil agus acmhainní daonna a bhainistiú maidir leis an mbonneagar oifigí anseo in Éirinn agus thar lear.
- Ceannaireacht den scoth, agus cláir chóitseála agus forbartha tallainne a sholáthar.
- Cumarsáid foirne rannpháirteach, tionscnaimh spreagtha agus leas ag an obair.

Le go bhféadfaidh Bord Bia a uaillmhian straitéiseach a bhaint amach, glactar le straitéisí agus próisis acmhainní daonna dea-chleachtais chun baill foirne a mhealladh, a choinneáil agus a fhorbairt. Táthar ag díriú go fóill ar a chinntiú go bhfuil soiléireacht i gceist maidir leis an gceangal atá idir an méid a chuireann straitéis agus ról ar fáil. I rith na bliana, rinne Bord Bia mionchoigeartú ar a luachanna chun na ráitis seo a leanas a chur san áireamh: táimid nasctha, léirímid meas ar inbhuanaitheacht, táimid stuama, táimid crógach, táimid díograiseach agus táimid éifeachtach. Mar eagraíocht atá oscailte, barántúil agus géarchúiseach, cinntítear go bhfuil gach duine san eagraíocht smacht a bheith acu ar athrú agus a bheith in ann dul i ngleic go tapa le timpeallacht a bhíonn ag athrú de shíor.

# BORD **BHORD BIA**

## CATHAOIRLEACH

**Dan MacSweeney**

Iar-Phríomhfheidhmeannach, Carbery Group.

Ceaptha an 1 Márta 2018

## COMHALTAÍ

**Lorraine Allen**
Stiúrthóir Bainistíochta

Brand Innovation Ireland Ceaptha an 22 Eanáir 2019

**Niall Browne**
Príomhfheidhmeannach, Dawn Meats

Ceaptha an 8 Eanáir 2019

**Tim Cullinan**
Uachtarán, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

Ceaptha an 30 Eanáir 2020

**Michael Cronin**
Sainchomhairleoir Agraibhia

Ceaptha an 22 Eanáir 2019

**Rachel Doyle**
Stiúrthóir, Ionad Garraíodóireachta Arboretum

Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

**David Harvey**
Príomhfheidhmeannach, Peninsula Television

Ceaptha an 30 Eanáir 2019

**Tony Keohane**
Iar-Chathaoirleach, Tesco Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

**Patrick McCormack**
Uachtarán, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

Ceaptha an 19 Nollaig 2017

**Sinead McPhillips**

Ard-Rúnaí Cúnta, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Ceaptha an 13 Feabhra 2018

**Tom Moran**

Iar-Ard-Rúnaí, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

**Pat Murphy**

Uachtarán agus CEO Déiríocht Phríomúil & Gnó Talmhaíochta, Kerry Group Plc.

Ceaptha an 28 Bealtaine 2019

**Raymond O'Rourke**

Dlíodóir Bia & Tomhaltóra

Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

**Patrick Whelan**

Búistéirí Whelan

Ceaptha an 16 Meitheamh 2018

## Príomhfheidhmeannach

**Tara McCarthy**

## Rúnaí/Stiúrthóir

**Susan McDonnell**

## *Athruithe i rith 2019*

### Ceaptha an 8 Eanáir

**Niall Browne**

### Ceaptha an 22 Eanáir

**Lorraine Allen**

**Michael Cronin**

### Ceaptha an 30 Eanáir

**David Harvey**

### Téarma Oifige in Éag 11 Aibreán

**Frank Hayes**, Stiúrthóir Sheirbhísí Corparáideacha, Kerry Group Plc.

### Ceaptha an 28 Bealtaine

**Pat Murphy**

### Téarma Oifige in Éag 10 Nollaig

**Caroline Keeling**, Príomhfheidhmeannach Keeling, Saothróirí/ Allmhaireoirí Torthaí

## *Athruithe i rith 2020*

### D'éirigh as an 29 Eanáir

**Joe Healy**
Uachtarán Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

### Ceaptha an 30 Eanáir

**Tim Cullinan**

# BORD BIA
# BORD BIANNA TOMHALTÓRA

## CATHAOIRLEACH

**Michael Cronin**

Sainchomhairleoir Agraibhia

## COMHALTAÍ

**Alison Cowzer**
Comhbhunaitheoir
East Coast Bakehouse

**Margaret Daly**

Leas-Phríomhfheidhmeannach
Errigal Bay

**Rosemary Garth**

Stiúrthóir, Cumarsáid agus Gnóthaí Corparáideacha, Irish Distillers.

**Maurice Hickey**

Donegal Catch

**Paula Mee**
Saineolaí Cothúcháin

**Larry Murrin**

Stiúrthóir Bainistíochta, Dawn Farm Foods

**Catherine Neilson**

Stiúrthóir Straitéise, Kerry Foods

**John Noonan**

Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta, E. Flahavan & Sons

**Pat Rigney**

Stiúrthóir Bainistíochta, Fastnet Brands Co. Ltd.

**Simon Walker**

Príomhfheidhmeannach
Kepak Convenience Foods

**Michelle Walshe**

Stiúrthóir Bainistíochta, Ribworld

### *Athruithe i rith 2019*

### Athcheaptha an 6 Feabhra

**Larry Murrin**

**John Noonan**

### Ceaptha an 6 Feabhra

**Alison Cowzer**

**Simon Walker**

### Ceaptha an 29 Bealtaine

**Margaret Daly**

**Rosemary Garth**

**Paula Mee**

### Téarmaí Oifige in Éag an 10 Nollaig

**Caroline Keeling** (Cathaoirleach)

### Téarma Oifige in Éag an 2 Deireadh Fómhair

**Pat Connors**

Stiúrthóir Díolacháin agus Próiseála, Marine Harvest

### Téarma Oifige in Éag an 2 Deireadh Fómhair ar lean

**Bernard Coyle**

Cathaoirleach, Mr Crumb

**Colin Gordon**

Iar-Príomhfheidhmeannach, Glanbia Consumer Foods

### *Athruithe i rith 2020*

### Ceaptha an 26 Feabhra

**Michael Cronin (Cathaoirleach)**

### Ceaptha an 26 Feabhra

**Maurice Hickey**

**Michelle Walshe**

# BORD BIA
# BORD FEOLA AGUS BEOSTOIC

## CATHAOIRLEACH

**Tony Keohane**

Iar-Chathaoirleach, Tesco Ireland

## COMHALTAÍ

**Andy Boylan**
Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Éanlaith Chlóis, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann.

**Sean Dennehy**

Cathaoirleach,

An Coiste Náisiúnta Caorach, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Brendan Golden**

Cathaoirleach,

An Coiste Náisiúnta Beostoic, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Tom Finn**

Príomhoifigeach Tráchtála, Kepak

**Jim Hanley**
Príomhfheidhmeannach, Rosderra Irish Meats

**Tom Hogan,**
Cathaoirleach,

An Coiste Náisiúnta Muc agus Muiceola,

Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**Martin Kane**
Stiúrthóir Bainistíochta,

ABP Ireland.

**Brendan Mallon**
Associated Craft Butchers of Ireland

**Des Morrison**
Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

## *Athruithe i rith 2019*

### Ceaptha an 6 Feabhra

**Des Morrison**

### D'éirigh as an 27 Bealtaine

**Paddy Walsh**

Dawn Meats

### Athcheaptha an 16 Meitheamh

**Jim Hanley**

### Ceaptha an 18 Meitheamh

**Tom Finn**

### Téarma Oifige in Éag an 26 Meán Fómhair

**Vincent Carton**

Carton Brothers

## *Athruithe i rith 2020*

### D'éirigh as an 27 Eanáir

**Angus Woods**

Cathaoirleach,

An Coiste Náisiúnta Beostoic, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

### Ceaptha an 26 Feabhra

**Brendan Golden**

### Téarma Oifige in Éag an 21 Márta

**Kevin Quinn**

Quinn International Livestock

# BORD BIA
# AN BORD DÉIRÍOCHTA

## CATHAOIRLEACH

**Tom Moran**

Iar-Ard-Rúnaí,

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

## COMHALTAÍ

**Bernard Condon**

Stiúrthóir Bainistíochta,
an Rannán Comhábhair Dhomhanda, Ornua.

**Noel Corcoran**

Stiúrthóir Díolacháin agus Margaíochta,
Carbery Food Ingredients

**Marc Healy**

Leas-Uachtarán Díolacháin Dhomhanda,
Kerry Group plc.

**Lorcan McCabe**

Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

**William Meagher**

Tipperary Co-Operative Creamery Ltd.

**Sean Molloy**

Príomhoifigach um Fhás Agraghnó,
Glanbia

**John O'Gorman**

Cathaoirleach,
Comharchumann Dairygold

**Tom Phelan**

Cathaoirleach na Comhairle Náisiúnta Déiríochta, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

**An Dr Pat Shiels**

Bainisteoir Ginearálta, an Rannán Talmhaíochta, Lakeland Dairies

## *Athruithe i rith 2019*

### Athcheaptha an 16 Meitheamh

**Lorcan McCabe**

**An Dr Pat Shiels**

# BORD BIA
# AN BORD um DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA

## CATHAOIRLEACH

**Raymond O'Rourke**

Dlíodóir Bia & Tomhaltóirí

## COMHALTAÍ

**Ray Bowe**

Bainisteoir Sábháilteachta & Cáilíochta Bia, Musgrave Retail Partners

**John Cunningham**

Dairygold Food Products roimhe seo

**Maria Dunne**

An Rannán Feola & Beartas Feola, An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Dermott Jewell**

Comhairleoir Beartais agus Comhairle, Comhlachas Tomhaltóirí Éireann.

**John Mohan**

Cathaoirleach, The Egg Association

**Paul Nolan**

Bainisteoir Forbartha Grúpa, Dawn Group

**Liam O'Flaherty**

Comharchumann Dairygold

**Joyce Roche**

Stiúrthóir Bainisteoir Teicniúil, Codd Mushrooms

**Dr Declan Troy**

Ceann Ionaid, An tIonad Náisiúnta Bia, Teagasc

**Maurice Walsh**

Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

### *Athruithe i rith 2019*

### Athcheaptha an 16 Meitheamh

**Liam O'Flaherty**

### Athcheaptha an 22 Samhain

**Ray Bowe**

**Dermott Jewell**

**Paul Nolan**

### *Athruithe i rith 2020*

### D'éirigh as an 8 Eanáir

**Denis Carroll**

Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann

### Téarma Oifige in Éag an 1 Feabhra

**Angus Woods**

Cathaoirleach, An Coiste Náisiúnta Beostoic, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann

### Ceaptha an 26 Feabhra

**Maurice Walsh**

### Athcheaptha an 26 Feabhra

**John Cunningham**

# BORD BIA
# AN BORD GAIRNEOIREACHTA

## CATHAOIRLEACH

**Rachel Doyle**

Stiúrthóir, Ionad Garraíodóireachta Arboretum

## COMHALTAÍ

**Paul Brophy**

Paul Brophy Produce

**Matt Foley**

Kilbush Nurseries

**Nicola Haines**

Tierney Haines Architect

**Karen Kerrigan**

Kerrigan's Mushrooms

**Thomas McKeown**

Bradley Farm

**Celine Murrin**

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

**Áine O'Neill**

Sillis Green Veg

**Brian O'Reilly**

Saothróir muisiriún

**Eoin Reid**

Fernhill Garden Centre

**Padraig Tully**

Tully Nurseries

**Con Traas**

The Apple Farm

## *Athruithe i rith 2019*

### Athcheaptha an 29 Bealtaine

Brian O'Reilly

Eoin Reid

### Téarma Oifige in Éag an 15 Meitheamh

**Jane McCorkell**

Ailtire Tírdhreacha agus Comhairleoir Gairneoireachta

### Athcheaptha an 16 Meitheamh

Paul Brophy

Karen Kerrigan

### D'éirigh as an 9 Meán Fómhair

**Margot Slattery**

Uachtarán Tíre, Sodexo Ireland

### Téarma Oifige in Éag an 26 Meán Fómhair

**Eddie Doyle**

Doyle Produce

### Ceaptha an 22 Samhain

Thomas McKeown

## *Athruithe i rith 2020*

### Athcheaptha an 26 Feabhra

**Matt Foley**

### Ceaptha an 26 Feabhra

**Nicola Haines**

**Con Traas**



# ÁR gCUNTAIS

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### An Bord Bia

### Tuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais

Tá ráitis airgeadais Bhord Bia don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 iniúchta agam de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 21 den Acht um an mBord Bia 1994. Cuimsítear leis na ráitis airgeadais

- An Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
- An Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach
- An Ráiteas maidir le Staid Airgeadais
- An Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha cuntasaíochta.

Is é mo thuairim go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais Bhord Bia amhail 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam agus a chaiteachas 2019 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann*.

#### *Bunús na tuairime*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin seo san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ón mBord Bia agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam i gcomhréir leis caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi.

### Tuairisc ar eolas seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag Bord Bia leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sí tuarascáil bhliantúil, ráiteas maidir le rialachas, tuarascáil na gComhaltaí Boird agus Ráiteas ar Rialú Inmheánach. Tá cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí maidir le tuairisc a thabhairt ar an bhfaisnéis sin, agus ar nithe eile faoi leith ar a dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Colette Drinan**
**Thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**30 Meitheamh 2020**

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

### Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

#### Freagrachtaí Chomhaltaí Boird

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gComhaltaí Boird freagrachtaí na gComhaltaí Boird maidir le

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 21 den Acht um an mBord Bia 1994
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- oiriúnacht na húsáide a bhaineann na stiúrthóirí as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh a mheas, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

#### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 21 den Acht um an mBord Bia 1994 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Bhord Bia agus tuarascáil orthu a thabhairt do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó ar earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna míráiteas ábhartha i gcónaí, más ann dó. Féadfaidh míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreodh siad tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca maidir le ceann a eascraíonn as earráid, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta gaolmhar.
- Tagaim ar thátail maidir le hoiriúnacht na húsáide a bhaintear as an mbonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an fhianaise iniúchóireachta a fhaightear, maidir le cibé acu an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a tharraingt ar chumas Bhord Bia leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo, áfach, bheith ina gcúis le Bord Bia scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir amach.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaithe agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsím le linn m'iniúchta i dtaca le rialú inmheánach.

#### Faisnéis nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an fhaisnéis eile neamhchomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an bhfaisnéis eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Tuairiscím má tá nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloí idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht má tharla na cásanna a leanas, i mo thuairim,

- ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- ní raibh na taifead cuntasaíochta dóthanach chun na ráitis airgeadais a iniúchadh go fonnmhar agus i gceart, nó
- ní raibh na ráitis airgeadais ag teacht le na taifead cuntasaíochta.

# RÁITEAS MAIDIR LE **RIALÚ INMHEÁNACH**

## RAON FEIDHME FREAGRACHTA

Thar ceann Bhord Bhord Bia, aithním an fhreagracht atá orainn, mar a shainmhínítear sa Ráiteas Corparáideach, as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh.

## CUSPÓIR AN CHÓRAIS UM RIALÚ INMHEÁNACH

ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus gan dearbhú iomlán a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraitear iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, curtha i bhfeidhm ag Bord Bia don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

## CUMAS RIOSCA A LÁIMHSEÁIL

Tá bearta déanta ag an mBord lena chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe cuí i bhfeidhm trí bhíthin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar shócmhainní na heagraíochta agus chun iad a chosaint.
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar gach leibhéal den eagraíocht.

## CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu, trí bhíthin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Nádúr, méid agus impleacht airgeadais rioscaí atá os comhair an chomhlachta a shainaithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar gur féidir glacadh leo.
- Measúnú ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí sainaitheanta.
- Oibriú go dlúth leis an Rialtas, plé le páirtithe leasmhara sa tionscal bia agus dí agus le Gníomhaireachtaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ar spriocanna Bhord Bia agus tacaíocht do straitéisí an Bhoird chun na spriocanna sin a bhaint amach.
- Nósanna imeachta a bhunú lena chinntiú go mbeidh na scéimeanna agus na cláir arna riar ag an gcomhlacht ag teacht leis an reachtaíocht a rialaíonn a bhfeidhmiú agus go mbeidh córais bhainistiú riosca cuí i bhfeidhm.

Féadfaidh an Bord a mheas go raibh na próisis atá i bhfeidhm chun rioscaí gnó a shainaithint agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu ag obair go héifeachtach agus mar a beartaíodh sa tréimhse.

Tá an córas um rialú inmheánach bunaithe ar chreat faisnéise bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas, teorainneacha maidir le húdarú agus cuntasacht. Tá an méid seo a leanas i gceist leis go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil á athbhreithniú agus á chomhaontú ag an mBord.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin.
- Targaidí a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas.

- Cloí le gnéithe ábhartha an Chóid Chaiteachais Phoiblí.
- Próisis rialaithe infheistíochta caipitil a shainaithint go soiléir.
- Disciplíní foirmiúla um bhainistiú tionscadal

Tá feidhm um iniúchadh inmheánach seachfhoinsithe ag Bord Bia, a fheidhmíonn de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus a thuairiscíonn go díreach chun an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá anailís ar an riosca dá bhfuil an comhlacht nochta mar bhonn ag obair an iniúchta inmheánaigh agus bunaítear na pleananna bliantúla um iniúchadh inmheánach ar an anailís sin. Formhuineann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an anailís ar riosca agus an plean um Iniúchadh Inmheánach agus tuairiscíonn iad chuig an mBord. Déantar athbhreithniú ar an gclár riosca ag gach cruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag gach cruinniú Boird.

Tagann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ar bhonn rialta i rith na bliana chun dóthanacht agus éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach a athbhreithniú agus a dhearbhú.

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Tá obair an Iniúchóra Inmheánaigh, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Bhord Bia atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata um rialú inmheánach, agus obair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ina iniúchadh bliantúil, mar bhonn taca le monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

## SOLÁTHAR

Cuireadh an próiseas um dearbhú cáilíochta i bhfeidhm don tréimhse iniúchta, de réir an Chóid Caiteachais Phoiblí. Leis sin, tugadh dearbhú go gcomhlíonann an comhlacht na rialacha reatha um sholáthar arna leagan amach ag An Oifig um Sholáthar Rialtais, agus ag riachtanais an Chóid Caiteachais Phoiblí.

## ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTACHT

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019. Rinneadh an t-athbhreithniú i mí na Samhna 2019.

## SAINCHEISTEANNA UM RIALÚ INMHEÁNACH

Níor tuairiscíodh aon laigí sa rialú inmheánach, ná aon sárú ar rialú, caillteanais ábhartha ná calaois i ndáil leis an mbliain 2019 nach mór iad a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Thar ceann an Bhoird

**Dan MacSweeney**

Cathaoirleach

29 Meitheamh 2020

# RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM **AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOINNITHE**

*don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig*

| | Nótaí | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 2 (a) | **44,844** | 40,383 |
| Oireachtas – Maoiniú Eile: | | | |
| Leathadh Amach Náisiúnta Food Dudes | 2 (b) | **3,554** | 3,855 |
| Maoiniú Speisialta na Scéimeanna um Dhearbhú Cáilíochta | 2 (c) | **6,243** | 6,485 |
| Maoiniú Speisialta do Phromóisin Bhia | 2 (d) | **5,644** | 4,173 |
| Tobhach Reachtúil | 2 (e) | **5,964** | 5,935 |
| Ioncam Tionscadail agus Eile | 2 (f) | **9,282** | 9,255 |
| Glanioncam iarchurtha le haghaidh Sochar Scoir | 11(a) i | **3,621** | 3,662 |
| | | **79,152** | 73,748 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | 3 | **114** | 44 |
| **Ioncam Iomlán** | | **79,266** | 73,792 |
| **Caiteachas** | | | |
| Caiteachas Margaíochta agus Promóisin | 5 (a) | **47,016** | 43,761 |
| Rolladh Amach Náisiúnta Food Dudes | | **3,517** | 3,896 |
| Scéimeanna um Dhearbhú Cáilíochta | | **6,571** | 6,476 |
| Airgeadas Margaíochta | 5 (b) | **1,022** | 1,225 |
| Costais Phá agus Sochair Scoir | 6 | **15,326** | 13,721 |
| Caiteachas Oibriúcháin | 4 | **3,976** | 4,049 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **77,428** | 73,128 |
| Barrachas oibriúcháin | | **1,838** | 664 |
| Ús Infhaighte | | **0** | 0 |
| Ús Iníoctha | | **0** | 0 |
| **Glanbharrachas don bhliain airgeadais roimh Ranníocaíocht Sochair Scoir leis an Státchiste** | | **1,838** | 664 |
| Ranníocaíocht Sochair Scoir leis an Státchiste | | **(1,082)** | (1,392) |
| **Glanbharrachas / (easnamh) don bhliain airgeadais i ndiaidh Ranníocaíochta Sochair Scoir leis an Státchiste** | | **756** | (728) |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe amhail an 1 Eanáir | | **715** | 1,443 |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe amhail an 31 Nollaig | | **1,471** | 715 |

*Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha amhail an dáta tuairiscithe.*

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 17.

**Dan MacSweeney**
Cathaoirleach

29 Meitheamh 2020

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach

29 Meitheamh 2020

# RÁITEAS MAIDIR LE **hIONCAM CUIMSITHEACH**

*don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig*

| | Nótaí | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| Glanbharrachas / (easnamh) don bhliain | | **756** | (728) |
| Gnóthachan achtúireach ar Dhliteanais Scéime Sochair Scoir | 11(a)iii | **(6,358)** | 3,215 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir | 11(a)iii | **6,358** | (3,215) |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán / (Caiteachas) don bhliain | | **756** | (728) |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 17.

**Dan MacSweeney**
Cathaoirleach

29 Meitheamh 2020

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach

29 Meitheamh 2020

# RÁITEAS MAIDIR LEIS AN **STAID AIRGEADAIS**

*amhail an 31 Nollaig*

| | Nótaí | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ ARNA nÚSÁID** | | | |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh | 7 | **500** | 615 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Fardail | | **3** | 3 |
| Earraí Infhaighte Trádála agus Eile | | **7,011** | 5,989 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | **8,038** | 6,348 |
| | | **15,052** | 12,340 |
| Dliteantais Reatha : Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 9 | **12,647** | 10,774 |
| Earraí Iníoctha Trádála agus Eile | | | |
| Glansócmhainní Reatha | | **2,405** | 1,566 |
| Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha | | **2,906** | 2,181 |
| **Dliteanais Fadtéarmacha: Méideanna a bheidh dlite tar éis bliana amháin ar a laghad** | | | |
| Soláthar do Dhliteanais agus do Mhuirir | 12 | **935** | 851 |
| Dliteanais maidir le Sochar Scoir | 11 | **(74,725)** | (65,406) |
| Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochar Scoir | 11 | **74,725** | 65,406 |
| | | **-** | - |
| Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais | | **1,971** | 1,330 |
| **ARNA AIRGEADÚ AG** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Cuntas Caipitil | 3 | **500** | 615 |
| Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | **1,471** | 715 |
| | | **1,971** | 1,330 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 17.

**Dan MacSweeney**
Cathaoirleach

29 Meitheamh 2020

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach

29 Meitheamh 2020

# RÁITEAS MAIDIR LE **SREAFAÍ AIRGID**

*don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig*

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain airgeadais | **756** | (728) |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | |
| Dímheas ar Shócmhainní Inláimhsithe | **261** | 290 |
| Aistriú Cuntais Chaipitil | **(115)** | (44) |
| Ús Faighte | **0** | 0 |
| Laghdú / (Ardú) ar Fhardail | **0** | 0 |
| (Ardú) ar earraí infhaighte trádála agus eile | **(1,022)** | (577) |
| Ardú / (Laghdú) ar earraí iníoctha trádála agus eile | **1,873** | (1,336) |
| Ardú ar sholáthair eile | **83** | 100 |
| Glan-Insreabhadh / (Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | **1,836** | (2,295) |
| **Sreafaí Airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh ceannaithe | **(147)** | (251) |
| Ús Faighte | **0** | 0 |
| Caillteanas ar shócmhainní seasta a dhiúscairt | **1** | 5 |
| Glan-Airgead Tirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | **(146)** | (246) |
| Glan-Ardú / (Laghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | **1,690** | (2,541) |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 1 Eanáir | **6,348** | 8,889 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 31 Nollaig | **8,038** | 6,348 |

**Dan MacSweeney**
Cathaoirleach

29 Meitheamh 2020

**Tara McCarthy**
Príomhfheidhmeannach

29 Meitheamh 2020

# NÓTAÍ ATÁ MAR CHUID DE **NA RÁITIS AIRGEADAIS**

*don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig*

## 1. 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

**(a) Bunús leis an Ullmhúchán::**

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019 ullmhaithe de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta, arna eisiúint ag Cuntasóirí Cairte Éireann ("FRS 102") , agus de réir an Achta um an mBord Bia, 1994. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn choinbhinsiún an chostais stairiúil. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach maidir le nithe a mheastar gur ábhartha iad i ndáil le ráitis airgeadais Bhord Bia.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in Euro (€), an t-airgeadra feidhmiúil.

**(b) Breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla**

D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú, ní mór don bhainistíocht breithiúnais, toimhdí agus meastacháin chuntasaíochta criticiúla a dhéanamh. Áirítear ar na nithe sna ráitis airgeadais ina ndearnadh na breithiúnais agus na meastacháin sin:

- Ioncam ó thobhaigh bhaile bunaithe ar an líon measta beostoic a maraíodh;
- Soláthairtí d'earraí infhaighte trádála amhrasacha;
- Soláthairtí le haghaidh dhliteanais sochair scoir, atá bunaithe ar ríomh achtúireach;
- Soláthairtí le haghaidh dímheasa;
- Soláthairtí le haghaidh lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh; agus
- Soláthairtí le haghaidh trochlú foirgneamh.

**(c) Ioncam**

Is ionann an t-ioncam a léirítear sna ráitis airgeadais faoi Dheontais Oireachtais agus fáltais iarbhíre ón bhfoinse sin sa tréimhse.

Scaoiltear teacht isteach ón Maoiniú Speisialta do na Scéimeanna um Dhearbhú Cáilíochta, ó Leathadh Amach Náisiúnta Food Dudes agus ó Mhaoiniú Speisialta um Phromóisin Bhia d'ioncam ag teacht le caiteachas agus cuirtear iarmhéideanna ar bith atá dlite do Bhord Bia nó uaidh san áireamh in Earraí Infhaighte Trádála agus eile agus in Earraí Iníoctha Trádála agus Eile, de réir mar is cuí.

Déantar ioncam a eascraíonn as an Tobhach Reachtúil a thabhairt i gcuntas ar an mbonn fabhruithe.

**(d) Príomhbheartais chuntaasaíochta**

*(1) Réadmhaoin, gléasra agus trealamh*

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a mhaoiniú ó dheontais Oireachtais agus déantar iad a thomhas ar chostas lúide dímheas carntha agus aon chaillteanais lagaithe charntha. Déantar dímheas a ríomh chun costas lúide luach iarmharach measta na sócmhainní seasta inláimhsithe go léir thar a saol úsáideach a scríobh anuas, agus modh na líne dírí á úsáid. Is iad na gnáthrátaí infheidhme:

| | |
|---|---|
| Feabhsú léasaigh | 10% |
| Troscán agus feistis | 12.5% |
| Trealamh ríomhaire | 33.3% |
| Trealamh oifige | 20% |

*(2) Lagú Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh*

Déantar athbhreithniú ar Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh gach dáta tuairiscithe lena chinneadh cibé an ndealraítear gur fhulaing na sócmhainní sin caillteanas lagaithe. Má dhealraítear go bhféadfadh lagú a bheith ann, déantar méid in-aisghabhála aon sócmhainne i gceist a mheas agus a chur i gcomparáid lena suim glanluacha.

Má tá an méid in-aisghabhála measta níos ísle, laghdaítear an tsuim glanluacha chuig a méid in-aisghabhála measta, agus aithnítear caillteanas lagaithe láithreach sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

*(3) Fardal*

Déantar fardal a thomhas leis an modh is Túisce Isteach is Túisce Amach (FIFO).

*(4) Earraí Infhaighte Trádála agus Eile*

Déantar earraí infhaighte gearrthéarmacha a thomhas ar an bpraghas idirbhearta, lúide aon soláthairtí le haghaidh fiachas amhrasach. Déantar drochfhiachais a bhfuiltear ar an eolas fúthu a dhíscríobh.

*(5) Earraí Iníoctha Trádála agus Eile*

Déantar earraí iníoctha gearrthéarmacha a thomhas ar an bpraghas idirbhearta.

*(6) Soláthairtí le haghaidh Dliteanas agus Muirear*

Aithnítear soláthairtí sa chás go bhfuil oibleagáid láithreach (dhlíthiúil nó inchiallaithe) ar Bhord Bia mar thoradh ar eachtra san am atá caite, ar dhócha go mbeidh ar an eagraíocht í a shocrú, agus is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh i leith méid oibleagáide den chineál sin.

Is ionann an méid a aithnítear mar sholáthar d'oibleagáidí den chineál sin agus an meastachán is fearr den chomaoin is gá chun an oibleagáid a shocrú ag deireadh na tréimhse cuntasaíochta, agus na rioscaí agus éiginnteachtaí i leith na hoibleagáide á gcur san áireamh.

Sa chás gur ábhartha í éifeacht

# NÓTAÍ ATÁ MAR CHUID DE **NA RÁITIS AIRGEADAIS**

*don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig*

amluach an airgid, aithnítear an méid a cheaptar a bheidh de dhíth chun an oibleagáid a shocrú ar an luach láithreach, agus ráta lascaine roimh cháin á úsáid, nuair is cuí. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe sa tréimhse ina n-eascraíonn sé.

**e) Sochair Fostaithe**

***Sochair Scoir***

Tá trí Scéim Aoisliúntais i bhfeidhm i mBord Bia.

Is scéim neamh-mhaoinithe í príomhscéim Bhord Bia atá i bhfeidhm ón 31 Nollaig 2009. Íocadh ranníocaíochtaí fostóra agus fostaithe i gciste roimh an 1 Eanáir 2010. Faoi théarmaí an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, aistríodh sócmhainní na scéime chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean le héifeacht ón 31 Nollaig 2009. Is ann don scéim fós do chomhaltaí reatha. Ón 1 Eanáir 2010, d'éirigh Bord Bia freagrach as riar na n-íocaíochtaí sochair scoir le pinsinéirí thar ceann an Státchiste. Beidh an ranníocaíocht mhaoinithe ann i gcónaí faoin socrú nua agus tá sí iníoctha leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i ndiaidh na sochair scoir a íocadh a chur san áireamh Cuirfidh an Roinn maoiniú ar fáil sa chás gur mó na sochair scoir a íoctar ná an maoiniú agus ranníocaíochtaí fostóra.

Maidir le fostaithe an Bhoird Ghlais a bhíodh ann, feidhmítear scéim sochair scoir shainithe neamhranníocach agus scéim ranníocach céilí agus leanaí ar bhonn riaracháin ar feitheamh faomhadh na scéimeanna ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Faoi fhorálacha an Achta um an mBord Bia (Leasú) 2004, aistríodh gach ball foirne ón mBord Glas a bhíodh ann chuig Bord Bia le héifeacht ón 1 Iúil 2004.

Tháinig éifeacht leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair nua ("Scéim Aonair") ón 1 Eanáir 2013. Is comhaltaí den Scéim Aonair é gach iontrálaí nua san fhostaíocht seirbhíse poiblí inphinsin an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin, go ginearálta. Leagtar amach rialacha na Scéime Aonair san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Léiríonn costais sochair scoir na sochair scoir a ghnóthaigh fostaithe sa bhliain. Aithnítear méid comhionann leis an muirear sochair scoir mar ioncam, sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála agus arna fhritháireamh ag Deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí sochair scoir do scéim an Bhoird Ghlais a íoc agus aon easnamh arna eascairt as scéim Bhord Bia.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha arna n-eascairt as dliteanais scéime sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is ionann Dliteanais Sochair Scoir luach láithreach na n-íocaíochtaí sochair scoir sa todhchaí atá tuillte ag baill foirne go dtí seo. Is ionann Maoiniú Iarchurtha le haghaidh Sochair Scoir an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí sa todhchaí ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

***Sochair ghearrthéarmacha***

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain, agus cuirtear sochair arna gcarnadh i rith na bliana san áireamh san fhigiúr 'Earraí Infhaighte Trádála agus Eile' sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

**(f) Aistriú airgeadra eachtraigh**

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, aithnítear idirbhearta in airgeadra seachas an t-airgeadra feidhmiúil ("airgeadra eachtrach") ag an spotráta amhail dhátaí na n-idirbheart nó ar meánráta sa chás go bhfuil an ráta sin gar don ráta iarbhír amhail dháta an idirbhirt. Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar míreanna airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadra eachtrach a ath-aistriú ar ráta an dáta sin. Ní dhéantar míreanna neamh-airgeadaíochta arna dtomhas i dtéarmaí an chostais stairiúil in airgeadra eachtrach a ath-aistriú. Aithnítear difríochtaí malairte sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa tréimhse ina n-eascraíonn siad.

**(g) Sócmhainní Léasaithe**

Déantar cíosanna i ndáil le léasanna oibriúcháin a mhuirearú ar an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe de réir mar a thabhaítear iad.

**(h) Cuntas Caipitil**

Cuirtear an ghné deontais chaipitil de dheontais Oireachtais a fhaigheann Bord Bia do shochar an Chuntas Chaipitil, mar a leagtar amach i nóta 3, agus aistrítear í chuig an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré ionchais na sócmhainne lena mbaineann sí, ag teacht le dímheas.

**(i) Cánachas**

Tá soláthar déanta i ndáil le gach dliteanas CBL, cáin shiarchoinneálach agus párolla.

# NÓTAÍ ATÁ MAR CHUID DE **NA RÁITIS AIRGEADAIS**

*don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig*

## 2. IONCAM OIBRIÚCHÁIN

**(a)** Tarraingíodh deontais Oireachtais dar luach €44,844,000 anuas ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoin Vóta Talmhaíochta (fo-cheannteideal C.6).

**(b)** Eascraíonn méideanna a áirítear faoin gceannteideal Food Dudes – Leathadh Amach Náisiúnta dar luach €3,554,000 i ndáil le maoiniú arna chur ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Fo-cheannteideal C.4.3) chun costais leathadh amach an chláir itheacháin sláintiúil, Food Dudes a chuimsiú ar bhonn náisiúnta.

**(c)** Eascraíonn méideanna a áirítear faoin gceannteideal Maoiniú Speisialta don Scéim um Dhearbhú Cáilíochta dar luach €6,243,000 i ndáil le maoiniú arna chur ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (Fo-cheannteideal C.3.9) chun costais chigireachtaí neamhspleácha feirme agus próisis dheimhnithe ghaolmhara a chuimsiú faoi Scéim Bhord Bia um Dhearbhú Cáilíochta.

**(d)** Eascraíonn méideanna a áirítear faoi Mhaoiniú Speisialta um Phromóisin Bhia i ndáil le maoiniú arna chur ar fáil ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (fo-cheannteidil C.4.3) i ndáil leis na cláir seo a leanas:

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| **Promóisin** | | |
| Mairteoil agus Caoireoil, an Áise | **978** | 1,033 |
| Muiceoil agus Mairteoil | **743** | 0 |
| Muisiriúin | **717** | 437 |
| Caoireoil | **322** | 228 |
| Orgánach | **173** | 150 |
| Aonach Bianna Tomhaltóra agus Feola Orgánaí Biofach | **91** | 51 |
| Prátaí | **0** | 214 |
| Aonach Bia Mara Orgánach Biofach | **0** | 40 |
| **Aontaí Trádála** | | |
| Seafood Expo Global (SEG) | **396** | 392 |
| Boston Seafood | **188** | 185 |
| China Fisheries | **116** | 187 |
| Conxemar | **73** | 72 |
| Seafood Tóiceo | **94** | 75 |
| PLMA | **0** | 27 |
| Biofach | **0** | 38 |
| Seafood Expo Hong Cong | **0** | 70 |
| **Eile** | | |
| Feachtas Bia Mara na hÉireann | **666** | 0 |
| Lean Initiatives - Feoil | **409** | 0 |
| Feachtas Bia mara B2B OG | **290** | 0 |
| Éagsúlú Margaidh Bia Mara | **160** | 0 |
| Promóisean na Catagóire Bia Mara | **144** | 0 |
| Bia Mara – Gnó Nua a Fhás | **74** | 0 |
| Gníomhachtú Bia Mara sa tSín | **10** | 0 |
| Promóisean tomhaltóra éisc | **0** | 542 |
| Feet on the Street | **0** | 143 |
| Taighde Trádála Idirnáisiúnta agus Tomhaltóra | **0** | 253 |
| Promóisin maidir le Margaí atá ag Teacht Chun Cinn | **0** | 36 |
| | **5,644** | 4,173 |

**(e)** Déantar foráil san Acht um an mBord Bia, 1994, le haghaidh tobhach an ceann den bheostoc mharaítear nó a onnmhairítear a íoc leis an mBord. Faoi alt 37 den Acht, socraíodh na rátaí ag €1.90 an ceann d'eallaigh, 25c an ceann do chaoirigh agus 35c an ceann do mhuca. Sa bhliain 2019, rinneadh cuntas ar bhonn fabhraithe de na tobhaigh uile.

**(f)** Áirítear ar ioncam tionscadail agus eile ranníocaíochtaí tionscail le promóisin i gcomhar, aontaí trádála, seirbhísí faisnéis agus táillí seimineár agus comhdhálacha.

# NÓTAÍ ATÁ MAR CHUID DE **NA RÁITIS AIRGEADAIS**

*don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig*

## 3. CUNTAS CAIPITIL

Is ionann an Cuntas Caipitil agus deontais charntha faighte a aistríodh ón  Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus ó na Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Is ionann na Cúlchistí agus barrachas carnach ioncaim thar chaiteachas.

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid an Chuntais Chaipitil amhail an 1 Eanáir | **615** | 659 |
| Méid caipitlithe i ndáil le sócmhainní seasta ceannaithe | **147** | 251 |
| Méideanna scaoilte ar shócmhainní seasta a dhiúscairt | **(1)** | (5) |
| Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní | **(261)** | (290) |
| Glan aistriú (chuig) / ón Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. | **(115)** | (44) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **500** | 615 |

## 4. CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Tugtar an glanbharrachas i ndiaidh iad seo a leanas a mhuirearú: | | |
| Dímheas réadmhaoine, gléasra agus trealaimh | **261** | 290 |
| Cíos agus Rátaí | **1,839** | 1,580 |
| Luach Saothair Iniúchóirí | **29** | 27 |
| Costais Ghinearálta Ghnó | **1,847** | 2,152 |
| Iomlán | **3,976** | 4,049 |

## 5. CAITEACHAS MARGAÍOCHTA AGUS PROMÓISIN

| (a) Anailís de réir Thosaíochtaí Straitéiseacha sa Ráiteas Straitéise | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Léargas d'fhonn Fás a Chumhachtú | **7,047** | 0 |
| Ceannaireacht trí bhíthin Daoine | **4,028** | 0 |
| Cáil maidir le Fás a Thógáil – Cruthúnas a Sholáthar | **3,522** | 0 |
| Rathúlacht agus Fás sa Mhargadh a Thiomáint | **9,684** | 0 |
| Cáil maidir le Fás a Thógáil - Margaíocht | **21,390** | 0 |
| Léargas Tomhaltóra | **0** | 5,042 |
| Daoine Tallann Bonneagar | **0** | 4,010 |
| Origin Green | **0** | 2,904 |
| Bealaí go dtí an Margadh | **0** | 11,856 |
| Cumarsáidí Branda | **0** | 17,656 |
| Seirbhísí Tacaíochta | **1,345** | 2,293 |
| Iomlán | **47,016** | 43,761 |

(b) ***Airgeadas Margaíochta***
Sa bhliain 2019, tugadh deontais dar luach iomlán €704,000 (€725,000 in 2018) faoin gClár Cúnamh Margaíochta. Tugadh deontais dar luach iomlán €318,000 (€115,000 in 2018) faoin gClár Step Change agus cuireadh €0 (€385,000 in 2018) ar fáil faoin gClár Géarú Margaidh in 2019

# NÓTAÍ ATÁ MAR CHUID DE **NA RÁITIS AIRGEADAIS**

*don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig*

## 6. LUACH SAOTHAIR

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Mar seo a leanas a bhí costais foirne i rith na bliana airgeadais: | | |
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | **10,402** | 8,947 |
| Ranníocaíocht an Fhostóra le leas shóisialach | **1,303** | 1,112 |
| Sochair foirceanta | **0** | 0 |
| Costais sochair scoir | **3,621** | 3,662 |
| | **15,326** | 13,721 |

### Deighilt Costas Fostaithe

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Margaíocht agus promóisean | **13,442** | 12,077 |
| Riarachán | **1,884** | 1,644 |
| | **15,326** | 13,721 |

### Deighilt Líon Fostaithe (coibhéis lánaimseartha)

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Margaíocht agus promóisean | **118** | 113 |
| Riarachán | **23** | 22 |
| | **141** | 135 |

### Deighilt shochair ghearrthéarmacha foirne

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | **10,389** | 8,930 |
| Ragobair | **0** | 3 |
| Liúntais | **13** | 14 |
| | **10,402** | 8,947 |

### Sochair Foirceanta

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Sochair foirceanta arna muirearú leis an ráiteas ioncaim agus caiteachais | **0** | 0 |

De réir chiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, leagtar amach thíos sochair fostaithe níos mó ná €60,000 in 2019. Tugtar ar aird go luaitear méideanna roimh asbhaint ar bith a bhaineann le tobhach pinsin na seirbhíse poiblí.

### Sochair fostaithe

| | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|
| | **2019** | 2018 |
| €60,000 go €69,999 | **22** | 13 |
| €70,000 go €79,999 | **13** | 9 |
| €80,000 go €89,999 | **19** | 24 |
| €90,000 go €99,999 | **5** | 7 |
| €100,000 go €109,999 | **9** | 3 |
| €110,000 go €119,999 | **3** | 4 |
| €120,000 go €129,999 | | - |
| €130,000 go €139,999 | **-** | - |
| €140,000 go €149,999 | **-** | - |
| €150,000 go €159,999 | **-** | 1 |
| €160,000 go €170,000 | **1** | - |

# NÓTAÍ ATÁ MAR CHUID DE **NA RÁITIS AIRGEADAIS**

*don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig*

| **Mar seo a leanas luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh sna costais phá thuas:** | **2019 €** | 2018 € |
|---|---|---|
| Tara McCarthy | 163,345 | 157,543 |
| Luach Saothair iomlán | 163,345 | 157,543 |

Ina theannta sin, is comhalta de Scéim Aoisliúntais Bhord Bia í an Príomhfheidhmeannach agus tá teidlíochtaí sochair scoir aici nach mó iad ná na gnáth-theidlíochtaí sa scéim eiseamláireach aoisliúntais sochair shainithe na seirbhíse poiblí

| **Mar seo a leanas costais Príomhphearsanra Bainistíochta atá san áireamh na costais phá thuas;** | **2019 €** | 2018 € |
|---|---|---|
| Tuarastal | **700** | 590 |
| Liúntais | **0** | 0 |
| Sochair foirceanta | **0** | 0 |
| Árachas sláinte | **0** | 0 |
| | **700** | 590 |

Áirítear ar chúiteamh phríomhphearsanra bainistíochta sochair fostaithe a íocadh le comhaltaí sinsearacha na foirne bainistíochta ar leibhéal Grád 1. Nochtar luach saothar an POF agus na gComhaltaí Boird in nóta 6 agus sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil na gComhaltaí Boird faoi seach. Ina theannta sin, is comhaltaí Scéim Aoisliúntais Bhord Bia iad príomhphearsanra bainistíochta agus tá teidlíochtaí sochair scoir acu nach mó iad ná na gnáth-theidlíochtaí sa scéim eiseamláireach aoisliúntais sochair shainithe na seirbhíse poiblí.

B'ionann an líon iomlán fostaithe (daoine páirt-aimseartha san áireamh) amhail an 31 Nollaig 2019 agus 141 (2018: 135). Tugtar costas fostaithe áirithe dar luach €207,722 (2018: €112,915) faoi chaiteachas Margaíochta agus Promóisin.

Íocadh tobhach pinsin iomlán €367,772 (2018: €403,592) leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i rith 2019.

## 7. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | **Feabhsuithe Léasa** €'000 | **Troscán agus Feistis** €'000 | **Trealamh Ríomhaire** €'000 | **Trealamh Oifige** €'000 | **Iomlán** €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 | 2,294 | 630 | 856 | 291 | 4,071 |
| Breisithe | 110 | 1 | 32 | 4 | 147 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | (2) | 0 | (2) |
| Amhail an 31 Nollaig 2019 | **2,405** | **631** | **886** | **295** | **4,216** |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2019 | 1,938 | 516 | 788 | 214 | 3,456 |
| Muirearaithe don bhliain airgeadais | 157 | 25 | 52 | 27 | 261 |
| Diúscairtí | 0 | 0 | (1) | 0 | (1) |
| Amhail an 31 Nollaig 2019 | **2,095** | **541** | **839** | **241** | **3,716** |
| **Glanluach leabhair amhail an 31 Nollaig 2019** | **309** | **90** | **47** | **54** | **500** |
| Glanluach leabhair amhail an 31 Nollaig 2018 | 356 | 114 | 68 | 77 | 615 |

* Ríomhtar muirear dímheasa ar Fheabhsuithe Léasa in Oifig Bhaile Átha Cliath 2019 bunaithe ar shaol fóinteach fanta na sócmhainne, an tréimhse atá fanta sa léas, sa chás seo. Déantar feabhsuithe léasa sna hoifigí thar lear a dhímheas ar an ngnáthráta.

# NÓTAÍ ATÁ MAR CHUID DE **NA RÁITIS AIRGEADAIS**

*don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig*

## 8. EARRAÍ INFHAIGHTE TRÁDÁLA AGUS EILE

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| Earraí Infhaighte Trádála | **4,238** | 3,482 |
| Lúide Soláthar do Dhrochfhiachais | **(847)** | (770) |
| | **3,391** | 2,712 |
| Réamh-íocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | **3,620** | 3,277 |
| | **7,011** | 5,989 |

## 9. EARRAÍ INÍOCTHA TRÁDÁLA AGUS EILE

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| *Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin* | | |
| Earraí Iníoctha Trádála | **5,651** | 3,691 |
| Ranníocaíocht sochair scoir Státchiste | **-** | - |
| Cánachas agus Leas Sóisialach (nóta 10) | **2,114** | 1,213 |
| Fabhruithe* | **4,596** | 5,604 |
| Ioncam Iarchurtha | **286** | 266 |
| | **12,647** | 10,774 |

Tá earraí iníoctha trádála le híoc ar dhátaí éagsúla sna míonna amach romhainn de réir ghnáth-théarmaí creidmheasa na soláthróirí.

* Fabhrú pá saoire €169,000 (€135,000 in 2018) san áireamh. Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Earraí Iníoctha Trádála agus Eile sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais

## 10. CÁNACHAS AGUS LEAS SÓISIALACH

| | 2019<br>€'000 | 2018<br>€'000 |
|---|---|---|
| *Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin* | | |
| CBL | **873** | 73 |
| Cáin Shiarchoinneálach | **826** | 763 |
| Cáin Phárolla | **315** | 272 |
| ÁSPC | **100** | 105 |
| | **2,114** | 1,213 |

Faoi alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, tugtar díolúine ó cháin d'ioncam chomhlachtaí stáit neamh-thráchtála. Tá dliteanas ar Bhord Bia cáin fostóra a íoc in Éirinn agus comhlíonann sé na hoibleagáidí gaolmhara maidir le siarchoinneáil, tuairisciú agus íoc, de réir mar is cuí

# NÓTAÍ ATÁ MAR CHUID DE **NA RÁITIS AIRGEADAIS**

*don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig*

## 11. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

**a i) Anailís ar chostais sochair scoir iomlána arna muirearú chuig an Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse | **2,799** | 2,749 |
| Ranníocaí fostaithe | **(411)** | (360) |
| Costas seirbhíse reatha | **2,388** | 2,389 |
| Costas úis | **1,233** | 1,273 |
| Tabhairt isteach, athruithe, ciorrúcháin agus socrúcháin pleananna | **0** | 0 |
| Iomlán | **3,621** | 3,662 |

**a ii) Ranníocaíochtaí leis an Státchiste**

I gcomhréir leis an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 agus na socrúchán arna leagan amach sna beartais chuntasaíochta, b'ionann ranníocaíochtaí a bhí iníoctha leis an Státchiste agus sochair scoir a íocadh thar ceann an Státchiste agus €1,082,000 sa bhliain (2018: €1,392,000).

Níorbh ann do dhliteanas ar bith amhail an 31 Nollaig 2019 (2018: nialas) i ndáil le ranníocaíochtaí fostaithe iníoctha leis an Státchiste i ndiaidh sochair scoir iníoctha faoi scéim Bhord Bia a fhritháireamh.

**a iii) Anailís ar an méid a aithnítear sa Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach**

| | 2019 €'000 | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Iomlán na n-éifeachtaí atomhais a aithnítear | **(6,358)** | 3,215 |

**b i) Luach láithreach oibleagáidí scéime**

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Luach láithreach oibleagáidí scéime ag tús na bliana | **65,406** | 65,920 |
| Costas Seirbhíse | **2,799** | 2,749 |
| Costas Úis | **1,233** | 1,273 |
| Tabhairt isteach, athruithe, ciorrúcháin agus socrúcháin pleananna | **0** | 0 |
| Gnóthachan achtúireach/ (caillteanas) | **6,358** | (3,215) |
| Sochair íoctha | **(1,070)** | (1,321) |
| Luach láithreach oibleagáidí scéime ag deireadh na bliana | **74,725** | 65,406 |

**b ii) Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha**

Faoi théarmaí an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, aistríodh sócmhainní Scéimeanna Aoisliúntais Bhord Bia chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean le héifeacht ón 31 Nollaig 2009. Is ann fós do na scéimeanna sochair scoir a bhaineann leis na cistí sin do chomhaltaí agus níl aon tionchar ar a sochair ná ar an soláthar gaolmhar do chomhaltaí. Cuirfidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maoiniú ar fáil sa chás gur mó na sochair scoir a íoctar ná na ranníocaíochtaí. Tá an chóireáil agus an nochtadh a éilítear faoin gcaighdeán cuntasaíochta, Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (Alt 28) curtha in oiriúint ag Bord Bia chun na socruithe atá i bhfeidhm a léiriú. Cé go bhfeidhmítear an socrú maoinithe ar bhonn glanphá leis an Roinn, tá Bord Bia sásta go bhfuil nádúr an tsocraithe cosúil le haisíocaíocht iomlán an dliteanais sochair scoir nuair a éiríonn na dliteanais sin dlite le híoc agus dá bharr sin aithnítear an ceart chun an aisíocaíocht a fháil mar shócmhainn ar leithligh sa mhéid is ionann leis an dliteanas ag deireadh na bliana.
Aithníonn Bord Bia sócmhainn arb ionann í agus an dliteanas neamh-mhaoinithe maidir le sochair scoir i scéim an Bhoird Ghlais ar bhonn líon toimhdí agus teagmhas roimhe seo, lena n-áirítear an bonn reachtúil le scéimeanna aoisliúntais a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil le sochair scoir na seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear an próiseas maidir le meastacháin bhliantúla.

# NÓTAÍ ATÁ MAR CHUID DE **NA RÁITIS AIRGEADAIS**

*don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig*

## 11. COSTAIS SOCHAIR SCOIR (Ar lean)

**b ii) Sócmhainn Maoinithe Iarchurtha (ar lean)**

Aithnítear sócmhainn maoinithe iarchurtha de €74.725 milliún, arb ionann í agus an dliteanas sochair scoir, amhail an 31 Nollaig 2019 (2018: €65.406 milliún). Cinneadh an tsócmhainn maoinithe iarchurtha ag deireadh na bliana i ndiaidh na nithe seo a chur san áireamh; glanmhaoiniú sochar scoir iarchurtha sa bhliain, €3.621 milliún, agus coigeartuithe a d'eascair as an ngnóthachan achtúireach, €6.358 milliún, agus as sochair scoir a bhí iníoctha faoi scéim Bhord Bia, €1.070 milliún, a ndearnadh iad a fhritháireamh in aghaidh na ranníocaíochta is iníoctha leis an Státchiste.

| **b iii) Glanmhaoiniú Sochair Scoir Iarchurtha a aithnítear sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Choinnithe** | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála i ndáil le costais sochar scoir na bliana reatha | **3,621** | 3,662 |
| | **3,621** | 3,662 |

**c) Cur síos ar scéimeanna agus toimhdí achtúireacha**

Feidhmíonn an Bord trí scéim aoisliúntais sochair scoir shainithe le haghaidh fostaithe incháilithe áirithe.

1) Príomhscéim Bhord Bia, dá bhfuarthas faomhadh ón Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Íocadh ranníocaíochtaí fostaithe agus Bhord Bia isteach i gciste arna bhainistiú ag na hiontaobhaithe go dtí an 31 Nollaig 2009. Mar a míníodh i nóta 11b ii) thuas, aistríodh sócmhainní na scéim chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean le héifeacht ón 31 Nollaig 2009.

2) Scéim an Bhoird Ghlais a bhíodh ann. Is scéim sochair scoir shainithe neamhranníocach agus scéim ranníocach céilí agus leanaí atá i gceist, agus feidhmítear iad ar bhonn riaracháin ar feitheamh faomhadh na scéimeanna ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

3) An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Leagtar amach rialacha na Scéime Aonair sa Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

An Bord Bia a íocann na costais scoir reatha. Íoctar iad as ioncam reatha. Baintear úsáid as ranníocaíochtaí a fhaigheann Bord Bia ó chomhaltaí na scéimeanna neamh-mhaoinithe ranníocacha thuas luaite chun páirt-mhaoiniú a dhéanamh ar dhliteanais leanúnacha sochair scoir.

Rinneadh luacháil achtúireach ar Scéimeanna Aoisliúntais Bhord Bia amhail an 31 Nollaig 2019 chun críocha an nochtadh FRS 102 seo a ullmhú. Rinneadh measúnú ar na dliteanais agus ar na costais agus modh na n-aonad réamh-mheasta a úsáid

**Toimhdí Airgeadais**

Mar seo a leanas na príomh-thoimhdí achtúireacha a úsáideadh chun na hoibleagáidí sochair scoir faoi FRS 102 a ríomh:

| | **31/12/2019** | 31/12/2018 |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | **1.90%** | 1.95% |
| Ráta Boilscithe | **1.75%** | 1.90% |
| Arduithe Tuarastail | **4.00%** | 4.15% |
| Arduithe ar shochar scoir le haghaidh sochar in íocaíocht | **3.50% / 1.75%** | 3.650% / 1.90% |
| Arduithe ar shochar scoir le haghaidh sochar iarchurtha | **3.50% / 1.75%** | 3.65% / 1.90% |
| Dáta daonáirimh an phlean chomhaltais | **31/12/2019** | 31/12/2018 |

Rinneadh na méideanna seo a leanas a thomhas i gcomhréir le riachtanais FRS 102.

**Toimhdí Déimeagrafacha**

Is ionann an tábla básmhaireachta agus 88% of ILT15 (Fir) d'fhir agus 91% ILT15 (Mná), agus tá feabhsúcháin bhásmhaireachta CSO 2013 i bhfeidhm ón mbliain 2010. Léirítear rátaí ionadaíocha thíos.

Léirítear meánionchas saoil rannpháirtí atá 65 bliana d'aois anois agus meánionchas saoil (os cionn 65) rannpháirtí a bheidh 65 bliana d'aois i gceann 25 bliana, bunaithe ar na táblaí básmhaireachta thuas.

| **Aois** | **Fir** | **Mná** |
|---|---|---|
| 65 | 21.4 | 23.9 |
| 65 i gceann 25 bliana | 24.3 | 26.4 |

# NÓTAÍ ATÁ MAR CHUID DE **NA RÁITIS AIRGEADAIS**

*don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig*

## 11. COSTAIS SOCHAIR SCOIR (Ar lean)

**d) Stair na n-oibleagáidí sainithe sochair scoir, sócmhainní agus gnóthachain agus caillteanais ó thaithí**

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 | 2017 €'000 | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair sainithe | **74,725** | 65,406 | 65,920 | 62,082 | 52,583 |
| Luach cóir shócmhainní na scéime | **-** | - | - | - | - |
| Easnamh ar Scéimeanna Aoisliúntais | **(74,725)** | (65,406) | (65,920) | (62,082) | (52,583) |
| Coigeartuithe ó thaithí ar oibleagáidí scéime | **(6,358)** | 3,215 | 111 | (6,784) | 2,043 |
| Coigeartuithe ó thaithí ar shócmhainní scéime | **-** | - | - | - | - |

## 12. SOLÁTHAR DO DHLITEANAS AGUS MHUIREAR

| | **Dilapidations** €'000 | **Total €'000** |
|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir 2019 | 851 | **851** |
| Breisithe | 84 | **84** |
| Amhail an 31 Nollaig 2019 | **935** | **935** |

Tá an soláthar le haghaidh trochlaithe comhdhéanta de chostas measta aischur réadmhaoine léasa i gcomhréir leis na hoibleagáidí faoi léasanna oibriúcháin.

## 13. GEALLTANAIS

***Maoiniú***

Maidir leis na Cláir Airgeadais Mhargaíochta a fheidhmíonn Bord Bia, gheall an bhainistíocht íocaíochtaí €965,000 (2018: €718,000) laistigh de na chéad 12 mhí eile. Níl aon choinníollacha sonracha maidir le feidhmíocht leis na gealltanais sin, seachas gur ghá go mbeadh an caiteachas taibhithe ag na tairbhithe beartaithe sula gcuirfidís a n-éileamh isteach. Ioncam ó dheontais Oireachtais a mhaoiníonn na gealltanais sin.

| | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir | **718** | 1,314 |
| Breisithe / (Laghduithe) | **247** | (596) |
| Amhail an 31 Nollaig | **965** | 718 |

| ***Léasanna Oibriúcháin*** | **2019 €'000** | 2018 €'000 |
|---|---|---|
| Mar seo a leanas na híocaíochtaí íosta um léasanna oibriúcháin amach anseo: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **1,277** | 1,211 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **898** | 1,732 |
| Níos mó ná cúig bliana | **63** | 102 |

Áitíonn Bord Bia áitreabh ag Cúirt Chlann Liam, Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 faoi chomhaontú cíosa. Cuireadh tús leis an gcomhaontú in 2010 agus rachaidh in éag in 2021. €1,279,000 a bhí sa mhuirear iomlán ar an áitreabh sin in 2019, lenar áiríodh cíos, rátaí agus costais chóiríochta eile. Ina theannta sin, áitíonn Bord Bia cúig áitreabh déag eile in áiteanna éagsúla idirnáisiúnta.
€560,000 an cíos a íocadh as na háitribh sin in 2019.

# NÓTAÍ ATÁ MAR CHUID DE **NA RÁITIS AIRGEADAIS**

*don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig*

## 14. TEAGMHAIS I nDIAIDH AN DÁTA TUAIRISCITHE

Níl ann d'aon teagmhas idir an dáta tuairiscithe agus an dáta a ceadaíodh na ráitis airgeadais seo a éilíonn go ndéanfaí coigeartú ar na ráitis airgeadais.

Aithníonn an Bord gur theagmhas suntasach í paindéim Covid-19 a tharla i ndiaidh an dáta tuairiscithe. Glacann an Bord leis mar theagmhas tromchúiseach agus tá sé ag fanacht ar an airdeall faoin gcás go leanúnach, i gcomhar leis an mbainistíocht. Tá an gnó ag feidhmiú i gcónaí agus tá bearta i bhfeidhm chun baill foirne agus cliaint Bhord Bia a chosaint. Tá cianobair ar bun ag an bhfoireann agus tá seirbhísí á gcur ar fáil i gcónaí. Go dtí seo, tá oibríochtaí agus formhór de ghníomhaíochtaí an eintitis á ndéanamh fós, agus táthar ag dul in oiriúint don bhealach nua ina bhfuil an gnó á sholáthar. Cé nach bhféadfaidh Bord Bia an tionchar a bheidh ag Covid-19 ar a shreafaí airgid a thuar go hiontaofa, táthar ag coinneáil súil ghéar ar fheidhmíocht agus ar oibríochtaí Bhord Bia agus tá réamhaisnéisí rialta faoi shreafaí airgid á dtabhairt don Bhord agus dá máthair-roinn, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Measann an Bord, de bharr go soláthraíonn an t-eintiteas seirbhís phoiblí a fuair 76% dá maoiniú in 2019 ó airgead arna sholáthar ag an Státchiste, via a máthair-roinn, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, gur chuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

## 15. COMHALTAÍ BOIRD – NOCHTADH IDIRBHEART

I ngnáthchúrsaí gnó, féadfaidh an Bord deontais a cheadú agus dul i mbun socrúcháin chonarthacha eile le gnóthais ina bhfuil Comhaltaí Boird Bhord Bia fostaithe, nó a bhfuil leas eile acu iontu. Glac an Bord le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtadh leasa ag Comhaltaí Boird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.

Níor ceadaíodh ná níor íocadh deontas ar bith i rith na bliana le cuideachta a bhfuil gaol ag Comhaltaí Boird leo.

## 16. CUSPÓIRÍ BHORD BIA

Tugtar achoimre ar chuspóirí Bhord Bia inár Ráiteas Misin - "Rathúlacht tráchtála thionscal bia, dí agus gairneoireachta den scoth a thiomáint i gcomhar leis an tionscal agus trí léargas ar an margadh." Tugtar sainmhíniú iomlán air sin inár straitéis chorparáideach, mar a leagtar amach í sa tuarascáil bhliantúil.

## 17. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh an Bord na ráitis airgeadais an 29 Meitheamh 2020.

# CÚNAMH MARGAÍOCHTA
# ÍOCAÍOCHTAÍ DEONTAS

| Ainm na Cuideachta | Íocaíocht € |
|---|---|
| 12 Acres Brewing Company | 3,000 |
| Abbey Nurseries Ltd | 1,209 |
| Adare Farm | 4,670 |
| Allihies Seafood Ltd | 1,733 |
| Amour Nurseries | 2,149 |
| An Sean Teach Ltd | 2,593 |
| Ballykelly Farms Ltd | 3,149 |
| Ballyvolane House Spirits Co.Ltd | 4,000 |
| Bannow Bay Nursery Ltd | 715 |
| Bantry Bay Mussels Ltd | 23,732 |
| Barr an Uisce Uisce beatha Éireannach | 2,366 |
| Barry John Gourmet Sausages | 6,000 |
| Beara Distillery | 300 |
| Beechill Bulbs Ltd | 2,656 |
| Beechlawn Organic Farm Ltd | 6,000 |
| Bells Isle Seafoods Ltd | 638 |
| Big Red Kitchen | 3,500 |
| Blacks of Kinsale | 6,000 |
| Blakes Always Organic | 4,000 |
| Blanco Nino Ltd | 6,000 |
| Boutique Bake Ltd | 321 |
| Bowl a Granola Ltd | 2,000 |
| Brehon Brewhouse Ltd | 4,000 |
| Burren Smokehouse Ltd | 10,000 |
| Cahill's Farm Cheese Ltd | 8,000 |
| Carlingford Oyster Co.Ltd | 3,449 |
| Carrigaline Farmhouse Cheese Ltd | 7,000 |
| Celtic Chocolates Ltd | 37,877 |
| Connemara Fine Foods | 1,637 |
| Connemara Ingredients Ltd | 5,000 |
| Connemara Seafoods Frozen Ltd | 43,074 |
| Connemara Seafoods Ltd | 10,000 |
| Cooleeney Cheese | 10,000 |
| Couverture Desserts Ltd | 12,000 |
| Crossogue Preserves Ltd | 4,000 |
| Crowe Farm Éineoil Ltd | 4,000 |
| D&S Gourmet Food | 6,000 |
| Dairy Concepts Ireland | 5,000 |
| Denise's Delicious Gluten Free | 5,000 |
| Doran Nurseries Ltd | 4,000 |
| DropChef Ltd | 2,538 |
| Dungarvan Shellfish | 4,099 |
| Durrus Cheese Ltd | 5,530 |
| Everest Granola Ltd | 5,000 |
| Finnegans Farm | 5,000 |
| Fitzeally Foods Ltd | 25,484 |
| FitzGerald Nurseries Ltd | 25,360 |
| Flexi Nutrition Ltd | 3,237 |
| Four Seasons Nurseries | 2,000 |
| Genovese Foods Ltd | 3,858 |
| George Harrington Home Bakery | 2,000 |
| Glen of Aherlow Foods Ltd | 3,000 |

| Ainm na Cuideachta | Íocaíocht € |
|---|---|
| Glendalough Uisce beatha Éireannach Ltd | 10,000 |
| Goatsbridge Trout Farm | 28,743 |
| Goodness Grains Gluten Free Bakery | 21,306 |
| Green Saffron Spices Ltd | 7,000 |
| Green Valley Farms | 30,000 |
| G's Gourmet Jams Ltd | 5,000 |
| Harty Nutrition Ltd | 3,686 |
| Harvest Moon Foods Ltd | 4,000 |
| Hassetts Bakers & Confectioners | 8,000 |
| Hatton Produce Ltd | 3,000 |
| Hickeys Bakery Ltd | 2,000 |
| Homespun Foods Ltd | 6,000 |
| Honest Bread & Cakes Ltd | 7,093 |
| Hope Beer | 6,000 |
| Hugh Maguire Ltd | 550 |
| Hughes Roses Ltd | 4,294 |
| Hyde Uisce beatha Éireannach | 6,000 |
| IASC - Irish Atlantic Seafood Co. | 4,500 |
| Inagh Farmhouse Cheese Ltd | 8,000 |
| Irish Premium Oysters | 5,508 |
| Island Seafoods Ltd | 8,000 |
| J.JL & K Purfield | 2,500 |
| Jack & Eddie's Ltd | 4,000 |
| Jane Russell's Original Irish | 3,067 |
| Janet's Country Fayre Ltd | 5,899 |
| JFS Produce | 1,000 |
| JMW Potatoes Ltd | 2,337 |
| JOD Food Products | 5,000 |
| John Hickey & Sons Bakery | 3,359 |
| Keeling F.Juices Ltd | 40,000 |
| Kelly's Nursery Ltd | 7,000 |
| Killeen Farmhouse Cheese | 2,500 |
| Kinnegar Brewing | 8,000 |
| Knockanore Farmhouse Cheese | 8,000 |
| Kush Seafarms Ltd | 8,000 |
| Larry Whelan Potatoes | 5,915 |
| Legacy Irish Cider | 3,000 |
| M&M Nursery | 3,000 |
| Maria Lucia Bakes Ltd | 4,926 |
| Mella's Fudge | 1,565 |
| Michael Kelly Shellfish | 4,000 |
| Milleens Cheese Ltd | 3,719 |
| Mossfield Organic Farm Ltd | 5,255 |
| Mr.Middleton Garden Shop | 4,000 |
| Mulroy Bay Mussels | 2,723 |
| Murphy's Ice Cream | 2,598 |
| Natasha's Living Food | 7,000 |
| Naturally Cordial Ltd | 4,000 |
| Newgrange Gold Ltd | 7,000 |
| Nightpark Nursery | 5,000 |
| Nua Naturals | 10,000 |
| NutShed Ltd | 4,000 |

| Ainm na Cuideachta | Íocaíocht € |
|---|---|
| Oishii Foods Ltd | 7,000 |
| O'Neill's Dry Cure Bacon Co. | 6,429 |
| Origin Spirits Ireland Ltd | 4,000 |
| Pandora Bell | 3,500 |
| Paul Brophy Produce | 10,200 |
| Piranha Beverages Ltd | 8,000 |
| Poachers Premium Beverages | 5,000 |
| Ponticelli Coffee | 7,000 |
| Quarrymount Free Range Meats | 4,000 |
| Radical Fruit Co. Ltd | 888 |
| Redbank Food Company | 1,305 |
| Rentes Plants Ltd | 2,228 |
| Riceshill Farm Ltd | 6,000 |
| Rockfield Dairy Ltd | 3,000 |
| Rosie's Bakehouse Ltd | 2,440 |
| Secret Recipe Ltd | 8,000 |
| Shannon Estuary Oysters Ltd | 5,000 |
| Shines Seafood | 3,000 |
| Smyth & O'Reilly Artisan Irish Distillers | 2,112 |
| Solaris Botanicals Ltd. | 7,500 |
| St.Patrick's Distillery | 7,500 |
| Stam's Bamboo Nursery | 2,846 |
| Stonewell Cider | 7,000 |
| Sussed Nutrition Ltd. | 7,000 |
| Swantons Nurseries Ltd | 3,109 |
| The Food Store | 2,000 |
| The Foods of Athenry | 12,000 |
| The Good Snack Company | 6,078 |
| The Lismore Food Company | 5,000 |
| The Little Milk Company | 11,089 |
| The Real Olive Company | 2,000 |
| The Scullery Ltd | 6,000 |
| The White Hag Brewing Co.Ltd | 8,000 |
| Toons Bridge Dairy | 7,000 |
| Trouble Brewing | 4,000 |
| Trudies Catering Kitchen Ltd | 6,000 |
| Tully Nurseries Ltd | 35,000 |
| Walsh's Bakehouse | 8,000 |
| Waterford Oysters | 6,490 |
| Wexford Home Preserves | 14,606 |
| Wicklow Brewery | 2,263 |
| Wicklow Farmhouse Cheese Ltd | 8,000 |
| Wicklow Way Wines | 4,000 |
| Wicklow Wolf Brewing Company | 4,500 |
| Wild About Food | 4,000 |
| Wild Atlantic Shellfish Ltd | 7,000 |
| Wild Irish Seaweeds Ltd | 6,000 |
| Woodstown Bay Shellfish Ltd | 8,000 |
| Wyldsson Ltd | 3,500 |
| Zanna Cookhouse Ltd | 7,000 |
| **IOMLÁN** | **1,022,500** |

## AN CHEANNOIFIG

Cúirt Chlann Liam,
Sráid an Mhóta Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2,
D02 A344,
Éire.
**T +353 1 668 5155**

## AMSTARDAM

Ionad Trádála Domhanda,
Túr B, 7ú Urlár, Schiphol
Boulevard 299,
1118 BH Schiphol,
An Ísiltír.
**T +31 20 754 6969**

## DUBAI

1Bóthar Sheikh Zayed,
Oifig 1501, 15ú Urlár,
Túr Oifigí H Dubai,
1 SZR,
Bosca OP 115425,
Dubai,
Aontas na
nÉimíríochtaí
Arabacha.
**T +97 143 760 409**

## DUSSELDORF

Derendorfer Allee 6
40476 Dusseldorf, a
n Ghearmáin.
**T +49 211 470 5975**

## LAGOS

f/c Naijalink Limited 2-4
Bóthar Moseley, Ikoyi,
Lagos,
An Nigéir.
**T +234 8 10 644 730**

## LONDAIN

201-203 Great
Portland Street
Londain, W1W 5AB,
An Ríocht Aontaithe.
**T +44 20 7307 3555**

## MAIDRID

Casa de Irlanda
Paseo de la Castellana
No 46 - 3a planta, 28046
Maidrid,
An Spáinn.
**T +34 91 435 6572**

## MILANO

Via E. De Amicis,
53 20123 Milanoo,
An Iodáil.
**T +39 02 7200 2065**

## MOSCÓ

Prospekt Mira 26
foirgneamh 4, Moscó,
An Rúis.
**T +7 499 682 9961**

## NUA EABHRAC

Teach na hÉireann
345 Park Avenue,
17ú Urlár,
Nua Eabhrac,
NY 10154-0037, SAM.
**T +1 212 935 4505**

## PÁRAS

Maison d'Irlande
33, rue de Miromesnil,
75008 Páras,
An Fhrainc.
**T +33 1 42 66 22 93**

## SHANG-HAI

Svuít 733,
Ionad Shang-hai,
Uimh. 1376 Bóthar
Nanjing Thiar,
Shang-hai 200040,
An tSín.
**T +86 21 627 98829**

## SINGEAPÓR

Teach na hÉireann
541 Orchard Road
Liat Towers, 8ú Urlár,
Singeapór.
238881
**T +65 6804 9344**

## STÓCÓLM

Ambasáid na hÉireann
Hovslagargatan 5,
11148 Stócólm,
an tSualainn.
**T + 46 8 545 04058**

## TÓICEO

Teach na hÉireann
2-10-7 Kojimachi
Chiyoda-ku,
Tóiceo 102-0083,
an tSeapáin.

## VÁRSÁ

Ambasáid na
hÉireann Mysia 5,
Vársá,
An Pholainn .
**T + 48 22 564 2224**



BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

www.bordbia.ie